



RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/2486 ÓN gCOIMISIÚN

an 27 Meitheamh 2023

lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na critéir scagtha theicniúla a bhunú chun na coinníollacha a chinneadh faoina bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch cáilithe mar rannchuidiú substaintiúil le húsáid inbhuanaithe agus cosaint uisce agus acmhainní muirí, leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach, le cosc agus rialú ar thruailliú nó leis an mbithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú, agus chun a chinneadh cé acu a dhéantar nó nach ndéantar dochar suntasach leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch sin d'aon cheann de na cuspóirí comhshaoil eile agus lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 a mhéid a bhaineann le nochtadh poiblí sonrach maidir leis na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sin

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistiúocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 8(4), Airteagal 12(2), Airteagal 13(2), Airteagal 14(2) agus Airteagal 15(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2020/852 bunaítear an creat ginearálta chun a chinneadh cé acu a cháilíonn nó nach gcáilíonn gníomhaíocht eacnamaíoch mar ghníomhaíocht eacnamaíoch atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de chun a shuí a mhéid atá infheistiúocht inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Tá an Rialachán sin infheidhme maidir le bearta arna nglacadh ag an Aontas nó ag na Ballstáit lena leagtar amach ceanglais do rannpháirtithe nó eiseitheoirí sa mhargadh airgeadais i leith táirgí airgeadais nó bannaí corparáideacha arna gcur ar fáil mar chinn atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, do rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais a chuireann táirgí airgeadais ar fáil, agus do ghnóthais atá faoi réir na hoibleagáide ráiteas neamh-airgeadais a fhoilsiú de bhun Airteagal 19a de Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾ nó chun ráiteas neamh-airgeadais comhdhlúite a fhoilsiú de bhun Airteagal 29a den Treoir sin. Is féidir le hoibreoirí eacnamaíocha nó údarais phoiblí nach bhfuil cumhdaithe ag Rialachán (AE) 2020/852 an Rialachán sin a chur i bhfeidhm freisin ar bhonn deonach.
- (2) Le hAirteagail 12(2), 13(2), 14(2) agus 15(2) de Rialachán (AE) 2020/852 éilítear ar an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena mbunaítear na critéir scagtha theicniúla chun na coinníollacha a chinneadh faoina bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch shonrach cáilithe mar rannchuidiú substaintiúil le húsáid inbhuanaithe agus cosaint uisce agus acmhainní muirí, leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach, le cosc agus rialú ar thruailliú, nó le cosaint agus athbhunú na bithéagsúlachta agus éiceachóras, faoi seach, agus chun critéir scagtha theicniúla a bhunú, maidir le gach cuspóir comhshaoil ábhartha a leagtar síos in Airteagal 9 den Rialachán sin, chun a chinneadh cé acu a dhéantar nó nach ndéantar dochar suntasach leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch sin do cheann amháin nó níos mó de na cuspóirí comhshaoil sin.
- (3) Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 6 Iúil 2021 'Straitéis maidir leis an Aistriú chuig Geilleagar Inbhuanaithe a Mhaoiniú' ⁽³⁾ fógraíodh bunú critéar scagtha teicniúil le haghaidh cuspóirí comhshaoil lena gcumhdaítear úsáid inbhuanaithe agus cosaint uisce agus acmhainní muirí, an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach, cosc agus rialú ar

⁽¹⁾ IO L 198, 22.6.2020, lch. 13.

⁽²⁾ Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais comhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara maidir le cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19).

⁽³⁾ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiúin – Straitéis maidir leis an Aistriú chuig Geilleagar Inbhuanaithe a Mhaoiniú (COM(2021) 390 final).

thruailliú, agus cosaint agus athbhunú na bithéagsúlachta agus éiceachóras. Ba cheart na critéir scagtha theicniúla sin a ghlacadh sa bhreis ar na critéir scagtha theicniúla a bhunaítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾.

- (4) Na critéir scagtha theicniúla le haghaidh cuspóirí comhshaoil lena gcumhdaítear úsáid inbhuanaithe agus cosaint uisce agus acmhainní muirí, an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach, cosc agus rialú ar thruailliú, agus cosaint agus athbhunú na bithéagsúlachta agus éiceachóras, ba cheart dóibh, amhail na critéir scagtha theicniúla a bunaíodh le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139, i gcás inar féidir, aicmiú na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a leanúint a leagtar síos i gcóras aicmithe Athbhreithniú 2 NACE maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾. Ba cheart a áireamh freisin sa tuairisc shonrach ar ghníomhaíocht eacnamaíoch na tagairtí tásca do chóid NACE is féidir a lua leis an ngníomhaíocht sin, le go bhféadfaidh gnóthais agus rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais na gníomhaíochtaí eacnamaíocha ábhartha ar cheart critéir scagtha theicniúla a bhunú ina leith a shainaithint. Ba cheart na tagairtí sin a thuiscint mar thagairtí tásca agus níor cheart go mbeadh tosaíocht acu ar an sainmhíniú sonrach ar an ngníomhaíocht eacnamaíoch a sholáthraítear sa tuairisc uirthi.
- (5) Leis na critéir scagtha theicniúla le haghaidh gníomhaíochtaí eacnamaíocha a rannchuidíonn go substaintiúil le húsáid inbhuanaithe agus cosaint uisce agus acmhainní muirí, leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach, le cosc agus rialú ar thruailliú, agus le cosaint agus athbhunú na bithéagsúlachta agus éiceachóras, ba cheart a áirithiú go mbeidh tionchar dearfach ag an ngníomhaíocht eacnamaíoch lena mbaineann ar cheann de na cuspóirí sin. Dá bhrí sin, ba cheart go ndéanfaí tagairt leis na critéir scagtha theicniúla sin do thairseacha nó do leibhéil feidhmíochta a bheadh le baint amach ag an ngníomhaíocht eacnamaíoch chun bheith cáilithe mar rannchuidiú substaintiúil le ceann de na cuspóirí sin. Leis na critéir scagtha theicniúla maidir le ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ (DNSH), ba cheart a áirithiú nach bhfuil tionchair chomhshaoil dhiúltacha mhóra ag an ngníomhaíocht eacnamaíoch, lena n-áirítear tionchair a bhaineann leis an aeráid. Dá réir sin, ba cheart a shonrú leis na critéir scagtha theicniúla sin na ceanglais íosta a bheadh le comhlíonadh ag an ngníomhaíocht eacnamaíoch chun bheith cáilithe mar ghníomhaíocht atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.
- (6) Na critéir scagtha theicniúla chun a chinneadh, maidir le gníomhaíocht eacnamaíoch, cé acu a dhéantar nó nach ndéantar rannchuidiú substaintiúil le ceann de na cuspóirí comhshaoil a leagtar síos in Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2020/852 agus cé acu a dhéantar nó nach ndéantar dochar suntasach d’aon cheann de na cuspóirí comhshaoil eile, ba cheart, i gcás inarb ábhartha, tógáil leis na critéir sin ar dhlí an Aontais atá ann cheana féin, ar dheachleachtais, ar dheachaighdeáin agus ar dheamhodheolaíochtaí, agus ar chaighdeáin, ar chleachtais agus ar mhodheolaíochtaí seanbhunaithe a d’fhorbair eintitis phoiblí a bhfuil dea-cháil go hidirnáisiúnta orthu. I gcás nach ann do na caighdeáin, na cleachtais ná na modheolaíochtaí sin le haghaidh réimse beartais sonrach, ba cheart tógáil leis na critéir scagtha theicniúla ar chaighdeáin sheanbhunaithe a d’fhorbair comhlachtaí príobháideacha a bhfuil dea-cháil go hidirnáisiúnta orthu.
- (7) De bhun Airteagal 19(1), pointe (h), de Rialachán (AE) 2020/852, ba cheart a chur san áireamh leis na critéir scagtha theicniúla cineál agus scála na gníomhaíochta eacnamaíche agus an earnáil dá dtagraítear leo, agus cé acu atá nó nach bhfuil an ghníomhaíocht eacnamaíoch ina gníomhaíocht chumasúcháin dá dtagraítear in Airteagal 16 den Rialachán sin. Ionas go gcomhlíonfar ceanglais Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2020/852 leis na critéir scagtha theicniúla ar bhealach atá éifeachtach agus cothrom, ba cheart na critéir scagtha theicniúla sin a shocrú mar thairseach chainníochtúil nó mar cheanglas íosta, mar fheabhsúchán coibhneasta, mar thacar ceanglas um fheidhmíocht cháilíochtúil, mar cheanglais bunaithe ar phróiseas nó ar chleachtas, nó mar thuairisc bheacht ar chineál na gníomhaíochta eacnamaíche féin i gcás go bhféadfaidh an ghníomhaíocht sin, de réir a cineáil, rannchuidiú substaintiúil a dhéanamh leis na cuspóirí comhshaoil.

⁽⁴⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 ón gCoimisiún an 4 Meitheamh 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na critéir scagtha theicniúla a bhunú chun na coinníollacha a chinneadh faoina bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch cáilithe mar rannchuidiú substaintiúil le maolú ar an athrú aeráide nó le hoiriúnú don athrú aeráide agus chun a chinneadh cé acu a dhéantar nó nach ndéantar dochar suntasach leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch sin d’aon cheann de na cuspóirí comhshaoil eile (IO L 442, 9.12.2021, lch. 1).

⁽⁵⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear an t-aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha d’Athbhreithniú 2 NACE agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle chomh maith le Rialachán CE áirithe maidir le réimsí sonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1).

- (8) Na critéir scagtha theicniúla chun coinníollacha a chinneadh faoina bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch cáilithe mar rannchuidiú substaintiúil le húsáid inbhuanaithe agus cosaint uisce agus acmhainní mhuirí, ba cheart go léireofaí leo gur gá stádas maith a bhaint amach do gach dobharlach agus stádas maith comhshaoil a bhaint amach d'uiscí mara, agus gur gá cosc a chur ar mheathlú dobharlach a bhfuil stádas maith comhshaoil acu cheana féin nó ar mheathlú uiscí mara a bhfuil stádas maith comhshaoil acu cheana féin. Is iomchuí, dá bhrí sin, díriú ar dtús ar na gníomhaíochtaí eacnamaíocha agus ar na hearnálacha sin a bhfuil an acmhainn is mó acu na haidhmeanna sin a bhaint amach.
- (9) Le creat an Aontais maidir le cosaint uisce ⁽⁶⁾, áirithítear cur chuige comhtháite maidir le bainistiú uisce, lena n-urramaítear sláine na n-éiceachóras ina n-iomláine. Dá bhrí sin, ba cheart é a bheith d'aidhm ag na critéir scagtha theicniúla aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí díobhálacha sceitheadh fuíolluisce uirbigh agus thionsclaíoch, sláinte an duine a chosaint ar an drochthionchar a bhíonn ag aon éilliú uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine, bainistíocht uisce agus éifeachtúlacht na húsáide uisce a fheabhsú, úsáid inbhuanaithe seirbhísí éiceachórais mhuirí a áirithiú, rannchuidiú le stádas maith comhshaoil uiscí mara agus le stádas maith nó acmhainn mhaith dobharlach, lena n-áirítear dobharlaigh uisce dromchla agus screamhuisce, a bhaint amach agus a chothabháil ar an iomlán. Critéir scagtha theicniúla maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh mar ghníomhaíocht lena ndéantar rannchuidiú substaintiúil le cuspóir comhshaoil amháin nó níos mó, ba cheart iad a athbhreithniú agus, i gcás inar gá, ba cheart iad a leasú, agus dlí ábhartha an Aontais á chur san áireamh, lena n-áirítear Treoir 91/271/CEE ón gComhairle ⁽⁷⁾.
- (10) A mhéid a bhaineann le réitigh a fhaigheann inspioráid agus tacaíocht ón dúlra, lena soláthraítear tairbhí comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha agus lena gcabhraítear le hathléimneacht a chothú, ba cheart é a bheith d'aidhm ag na critéir scagtha theicniúla tuille nó triomaigh a chosc agus cosaint a thabhairt ina gcoinne agus san am céanna coinneáil uisce nádúrtha, an bhithéagsúlacht agus cáilíocht uisce a fheabhsú.
- (11) Is cumasóir inbhuanaitheachta comhshaoil é an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach, rud a chruthaíonn tairbhí móra ó thaobh bainistíocht inbhuanaithe uisce, cosaint agus caomhnú na bithéagsúlachta, truailliú a chosc agus a rialú agus an t-athrú aeráide a mhaolú. Léirítear leis an ngeilleagar ciorclach an gá atá leis go gcuirfear úsáid éifeachtúil acmhainní chun cinn le gníomhaíochtaí eacnamaíocha trí athúsáid agus athchúrsáil iomchuí acmhainní. Dá bhrí sin, leis na critéir scagtha theicniúla chun coinníollacha a chinneadh faoina bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch cáilithe mar rannchuidiú substaintiúil leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach, ba cheart a áirithiú, le linn chéim an deartha agus an táirgthe, go gcuirfidh an t-oibreoir san áireamh coinneáil luacha fhadtéarmach agus laghdú dramhaíola an táirge i gcaitheamh a shaolré. Le linn a chéime úsáide, ba cheart an táirge a bheith faoi réir cothabhála chun síneadh a chur lena shaolré, agus an méid dramhaíola a laghdú san am céanna. Ba cheart an táirge a dhíchóimeáil nó a chóireáil tar éis é a úsáid chun a áirithiú gur féidir é a athúsáid nó a athchúrsáil chun táirge eile a mhonaraí. Leis an gcur chuige sin, is féidir teorainn a chur le spleáchas gheilleagar an Aontais ar ábhair a allmhairítear ó thríú tíortha, rud atá thar a bheith tábhachtach i ndáil le hamhábhair chriticiúla. Is iomchuí, dá bhrí sin, díriú ar dtús ar na gníomhaíochtaí eacnamaíocha agus ar na hearnálacha sin a bhfuil an acmhainn is mó acu na haidhmeanna sin a bhaint amach.

⁽⁶⁾ Go háirithe Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1), Treoir 2008/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin cáilíochta comhshaoil i réimse an bheartais uisce, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear ina dhiaidh sin Treoracha 82/176/CEE, 83/513/CEE, 84/156/CEE, 84/491/CEE, 86/280/CEE ón gComhairle agus lena leasaítear Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 348, 24.12.2008, lch. 84), Treoir 2006/118/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le screamhuisce a chosaint ar thruailliú agus ar mheathlú (IO L 372, 27.12.2006, lch. 19), Treoir 91/271/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1991 maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh (IO L 135, 30.5.1991, lch. 40), Treoir (AE) 2020/2184 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le cáilíocht an uisce atá beartaithe lena thomhailt ag an duine (IO L 435, 23.12.2020, lch. 1), Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais comhshaoil mhuirí (an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí) (IO L 164, 25.6.2008, lch. 19), Treoir 2006/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Feabhra 2006 maidir le cáilíocht uisce snámha a bhainistiú agus lena n-aisghairtear Treoir 76/160/CEE (IO L 64, 4.3.2006, lch. 37) agus Treoir 91/676/CEE ón gComhairle an 12 Nollaig 1991 maidir le huiscí a chosaint ar thruailliú de bharr níotráití ó fhoinsí talmhaíochta (IO L 375, 31.12.1991, lch. 1).

⁽⁷⁾ Treoir 91/271/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1991 maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh (IO L 135, 30.5.1991, lch. 40).

- (12) Agus ciorclaíocht táirge á breithniú, tá céimeanna an deartha agus an táirgthe rithábhachtach chun marthanacht agus athúsáid fhéideartha an táirge a áirithiú agus chun go mbeifear in ann é a athchúrsáil. Tá na céimeanna sin rithábhachtach freisin chun cion na substaintí guaiseacha a laghdú agus substaintí eile a chur in ionad substaintí arb údar mór inní iad in ábhair agus i dtáirgí i rith a saolré. Dá bhrí sin, leis na critéir scagtha theicniúla le haghaidh gníomhaíochtaí monaraíochta a rannchuidíonn go substaintiúil leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach, ba cheart ceanglais deartha a leagan síos d'fhad saoil, d'indeisitheacht agus d'athúsáid táirgí, chomh maith le ceanglais maidir le húsáid ábhar, substaintí agus próiseas lenar féidir an táirge a athchúrsáil ar ardchaighdeán. Ba cheart úsáid substaintí guaiseacha a íoslaghdú. I gcás inar féidir, ba cheart úsáid ábhar athchúrsáilte chun an táirge féin a mhonarú a cheangal leis na critéir freisin.
- (13) San obair leantach maidir leis na Teachtaireachtaí ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 'An Comhaontú Glas don Eoraip' ⁽⁸⁾, an 11 Márta 2020 maidir le Plean Gníomhaíochta nua don Gheilleagar Ciorclach ⁽⁹⁾, an 16 Eanáir 2018 Straitéis Eorpach um Plaistigh ⁽¹⁰⁾ agus an 30 Samhain 2022 maidir le Creat beartais an Aontais maidir le plaistigh bhithbhunaithe, inmhúirínithe agus in-bhithdhíghrádaithe ⁽¹¹⁾, ba cheart na critéir scagtha theicniúla maidir le monarú pacáistíochta plaistí a chomhlánú, a athbhreithniú agus, i gcás inar gá, a athbhreithniú agus dlí ábhartha an Aontais á chur san áireamh, lena n-áirítear Treoir 94/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹²⁾ agus na hathbhreithnithe a dhéanfar uirthi amach anseo.
- (14) In éagmais critéir inbhuanaitheachta arna gcomhaontú go dlíthiúil maidir le ról na bithmhaise i bpacáistíocht phlaisteach, na critéir scagtha theicniúla maidir le monarú pacáistíochta plaistí lena rannchuidítear go substaintiúil leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach, díríonn siad ar úsáid bunábhair bithdhramhaíola. Agus aird á tabhairt ar fhorbairtí teicneolaíochta agus beartais amach anseo, lena n-áirítear an t-athbhreithniú ar Threoir 2018/2001/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹³⁾, chomh maith leis an rannchuidiú a d'fhéadfadh a bheith ann le cuspóirí comhshaoil eile, d'fhéadfadh sé gur gá na critéir sin a athbhreithniú.
- (15) Is cuid thábhachtach den gheilleagar ciorclach é dea-bhainistiú dramhaíola agus cabhraíonn sé le cosc a chur ar dhramhaíl tionchar diúltach a imirt ar an gcomhshaol agus ar shláinte an duine. Le reachtaíocht an Aontais maidir le dramhaíl ⁽¹⁴⁾, cuirtear feabhas ar bhainistiú dramhaíola trí 'ord na réiteach dramhaíola' a leagan amach faoina bhfuil cosc dramhaíola agus ullmhú don athúsáid agus don athchúrsáil ar na roghanna tosaíochta, agus aisghabháil eile ina dhiaidh sin, lena n-áirítear aisghabháil fuinnimh, agus mar rogha dheiridh amháin, diúscairt amhail loscadh gan aisghabháil fuinnimh nó líonadh talún. Dá bhrí sin, maidir leis na critéir scagtha theicniúla chun na coinníollacha a chinneadh faoina gcáilíonn gníomhaíocht eacnamaíoch shonrach mar rannchuidiú substaintiúil leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach, ba cheart é a bheith d'aidhm acu giniúint dramhaíola a chosc nó a laghdú, ullmhú d'athúsáid agus athchúrsáil dramhaíola a mhéadú, agus íoschúrsáil agus diúscairt dramhaíola a sheachaint. Agus é á chur san áireamh gur féidir ábhair atá oiriúnach lena dtabhairt isteach an athuair sa gheilleagar ciorclach, amhail miotail agus salainn neamhorgánacha, a athchúrsáil ó tháirgí dócháin, go háirithe ó bhunluaith ó loscadh dramhaíola neamhghuaisí, tá bunú critéar scagtha teicniúil le haghaidh na gníomhaíochta athchúrsála sin le breithniú.

⁽⁸⁾ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: An Comhaontú Glas don Eoraip (COM(2019) 640 final).

⁽⁹⁾ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún *A new Circular Economy Action Plan For a cleaner and more competitive Europe* [Plean nua Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach i gcomhair Eoraip níos glaine agus níos iomaíche] (COM(2020) 98 final).

⁽¹⁰⁾ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – *A European Strategy for Plastics in a Circular Economy* [Straitéis Eorpach um Plaistigh i nGeilleagar Ciorclach], (COM(2018) 28 final).

⁽¹¹⁾ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Creat beartais an Aontais maidir le plaistigh bhithbhunaithe, inmhúirínithe agus in-bhithdhíghrádaithe (COM(2022) 682 final).

⁽¹²⁾ Treoir 94/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 1994 maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht (IO L 365, 31.12.1994, lch. 10).

⁽¹³⁾ Treoir 2018/2001/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82).

⁽¹⁴⁾ Féach go háirithe Airteagal 4 de Threoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aighairtear Treoracha áirithe (IO L 312, 22.11.2008, lch. 3).

- (16) Is í an fhoirgníocht agus an scartáil is cúis le 37 % den dramhaíl san Aontas ⁽¹⁵⁾. Trína áirithiú gur as ábhair athúsáide nó athchúrsáilte (amhábhair thánaisteacha) den chuid is mó a thagann na hábhair a úsáidtear i bpróiseas tógála agus cothabhála foirgneamh agus réad eile innealtóireachta sibhialta; agus go n-ullmhaítear ina dhiaidh sin iad lena n-athúsáid nó lena n-athchúrsáil nuair a scartálfar an tsócmhainn thógtha, is féidir ról tábhachtach a bheith acu, dá bhrí sin, san aistriú chuig geilleagar ciorclach. Dá bhrí sin, ba cheart critéir scagtha theicniúla a leagan síos maidir le foirgnimh nua a thógáil, foirgnimh atá ann cheana a athchóiriú, foirgnimh agus struchtúir eile a scartáil nó a raiceáil, bóithre agus mótarbhealaí a chothabháil agus coincreít a úsáid i dtionscadail innealtóireachta sibhialta. Ní mór breithnithe ar chiorclaíocht na n-ábhar agus na sócmhainne tógtha a chur san áireamh le linn chéim an deartha, suas go dtí céim an díchoimeála. Dá bhrí sin, ba cheart do na critéir scagtha theicniúla cloí le prionsabail deartha chiorclaigh agus táirgthe chiorclaigh na sócmhainne tógtha, chomh maith le húsáid chiorclach ábhar a úsáidtear chun an tsócmhainn sin a tháirgeadh.
- (17) Le raon nua iomlán de sheirbhísí inbhuanaithe, de shamhlacha gnó táirge mar sheirbhís agus de réitigh dhigiteacha, tá cáilíocht saoil níos fearr, poist nuálacha agus eolas agus scileanna uasghrádaithe ann. I gcomhréir leis an Teachtaireacht *A new Circular Economy Action Plan For a cleaner and more competitive Europe* [Plean Gníomhaíochta nua don Gheilleagar Ciorclach i gcomhair Eoraip níos glaine agus níos iomaíche], soláthraíonn an geilleagar ciorclach táirgí ardcháilíochta, feidhmiúla agus sábháilte, atá éifeachtúil agus inacmhainne, a mhaireann níos faide agus atá deartha lena n-athúsáid, lena ndeisiú agus lena n-athchúrsáil ar ardchaighdeán. Dá bhrí sin, ba cheart na critéir scagtha theicniúla chun na coinníollacha a chinneadh faoina gcáilíonn seirbhísí inbhuanaithe nuálacha mar rannchuidiú substaintiúil leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach a leagan síos le haghaidh gníomhaíochtaí a rannchuidíonn le fad a chur le saolré táirgí.
- (18) Is féidir le réitigh dhigiteacha, lena n-áirítear úsáid pasanna táirgí digiteacha, sonraí fíor-ama a sholáthar maidir le suíomh, riocht agus infhaighteacht earra, agus inrianaitheacht ábhar a mhéadú agus ar an mbealach sin feabhas a chur ar choinneáil luacha i ngach cinneadh dearaidh, monaraíochta agus tomhaltóra. Dá réir sin, cuireann sé sin ar chumas gníomhaithe eacnamaíoch aistriú chuig samhlacha gnó ciorclacha, lena n-áirítear samhail ghnó táirge mar sheirbhís, lena ndíchúpláiltear gníomhaíochtaí eacnamaíoch ar deireadh ó úsáid acmhainní nádúrtha agus lena bhfeabhsaítear tionchar na gníomhaíochta eacnamaíche ar an gcomhshaol. Dá bhrí sin, ba cheart critéir scagtha theicniúla a bhunú le haghaidh réitigh dhigiteacha nua lena bhféidir feabhas a chur ar thrédhearcacht agus éifeachtúlacht an fhaireacháin comhshaoil agus an fhorfheidhmithe rialála, lena n-áirítear cinnteoireacht laistigh de bhainistíocht chomhtháite acmhainní uisce.
- (19) Leis na critéir scagtha theicniúla chun a chinneadh cé na coinníollacha faoina bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch cáilithe mar rannchuidiú substaintiúil le cosc agus rialú ar thruailliú, ba cheart a léiriú an gá atá ann truailliú san aer, san uisce, san ithir, in orgánaigh bheo agus in acmhainní bia a dhíothú. Féadann truailliú tinnis a thabhairt agus mar sin d'fhéadfadh bás anabái a bheith mar thoradh air. Is gnách gurb iad na grúpaí is leochaillí is mó a fhulaingíonn na tionchair is díobhálaí a bhíonn aige ar shláinte an duine ⁽¹⁶⁾. Cuireann truailliú an bhithéagsúlacht i mbaol freisin agus cuireann sé le mórdhíothú speiceas. Mar a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 12 Bealtaine 2021, *Pathway to a Healthy Planet for All, EU Action Plan: Towards Zero Pollution for Air, Water and Soil* [Conair i dtreo Pláinéad Sláintiúil do Chách, Plean Gníomhaíochta AE: I dtreo Truailliú Nialasach don Aeir, d'Uisce agus don Ithir] ⁽¹⁷⁾, is mór na tairbhí eacnamaíoch a bhaineann leis an gcomhrac i gcoinne an truaillithe agus is mó i bhfad na tairbhí don tsochaí ná na costais is gá.
- (20) Ag eascairt as uaillmhian na Teachtaireachta ón gCoimisiún an 14 Deireadh Fómhair 2020 *Chemicals Strategy for Sustainability Towards a Toxic-Free Environment* [Straitéis Ceimiceán don Inbhuanaitheacht – I dTreo Timpeallacht atá Saor ó Thocsainí] ⁽¹⁸⁾, chun cabhrú le truailliú a chosc agus a rialú, tá sé thar a bheith tábhachtach deireadh a chur de réir a chéile leis na substaintí is díobhálaí ó tháirgí lena n-úsáid ag tomhaltóirí nó le haghaidh úsáid ghairmiúil, ach amháin nuair a chruthaítear go bhfuil a n-úsáid riachtanach don tsochaí, agus substaintí arb údar imní iad a ionadú nó a dtáirgeadh agus a n-úsáid a íoslaghdú, a mhéid is féidir.

⁽¹⁵⁾ Bunachar sonraí Eurostat, *Statistics Explained*, lena gcuirtear i láthair sonraí arna mbailiú i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 2150/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2002 maidir le staidreamh dramhaíola (IO L 332, 9.12.2002, lch. 1).

⁽¹⁶⁾ Tuarascáil Uimh. 22/2018 ón nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, *Unequal exposure and unequal impacts: social vulnerability to air pollution, noise and extreme temperatures in Europe* [Nochtadh míchothrom agus tionchair mhíchothroma: leochaileacht shóisialta maidir le truailliú aeir, torann agus teochtaí foircneacha san Eoraip].

⁽¹⁷⁾ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *Pathway to a Healthy Planet for All, EU Action Plan: Towards Zero Pollution for Air, Water and Soil* [Conair chuig Pláinéad Sláintiúil do Chách, Plean Gníomhaíochta an Aontais um uisce, aer agus ithir saor ó thruailliú] (COM(2021) 400 final).

⁽¹⁸⁾ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, *Chemicals Strategy for Sustainability Towards a Toxic-Free Environment* [Straitéis Ceimiceán don Inbhuanaitheacht – I dTreo Timpeallacht atá Saor ó Thocsainí] (COM(2020) 667 final).

- (21) D'fhéadfadh sé go mbainfeadh rioscaí don chomhshaoil agus do shláinte an duine le truailliú ó chomhábhair chógaisíochta áirithe mar a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Márta 2019 *European Union Strategic Approach to Pharmaceuticals in the Environment* [Cur Chuige Straitéiseach an Aontais Eorpaigh i leith Cógaisíocht sa Chomhshaoil] ⁽¹⁹⁾. Dá bhrí sin, maidir le critéir scagtha theicniúla chun comhábhair ghníomhacha chógaisíochta nó substaintí ghníomhacha a mhonarú agus chun táirgí íocshláinte a mhonarú, ba cheart é a bheith mar aidhm acu táirgeadh agus úsáid comhábhar a fhaightear go nádúrtha nó atá aicmithe mar shubstaintí atá in-bhithdhíhíradaithe go héasca a chur chun cinn.
- (22) Maidir le hastú truailléan a chosc agus a laghdú i gcéim deireadh ré táirgí, agus maidir le truailliú atá ann cheana a ghlanadh suas, tá acmhainneacht mhór ann an comhshaoil a chosaint ar thruailliú agus staid an chomhshaoil a fheabhsú. Ba cheart, dá bhrí sin, critéir scagtha theicniúla a bhunú chun dramhaíl ghuaiseach a bhailiú, a iompar agus a chóireáil, ar dramhaíl í a bhfuil riosca níos mó ag baint léi don chomhshaoil agus do shláinte an duine ná mar atá ag dramhaíl neamhghuaiseach, chomh maith le feabhas a chur ar láithreáin líonta talún neamhchomhréireacha agus ar dhumpaí dramhaíola tréigthe nó neamhdhleathacha agus ar láithreáin agus limistéir éillithe.
- (23) Maidir leis na critéir scagtha theicniúla chun coinníollacha a chinneadh faoina bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch cáilithe mar rannchuidiú substaintiúil le bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú, ba cheart a chur san áireamh iontu an gá atá ann an bithéagsúlacht a chosaint, a chaomhnú nó a athbhunú chun dea-bhail na n-éiceachóras a bhaint amach nó éiceachórais atá i ndea-riocht cheana féin a chosaint. Tá cailliúint na bithéagsúlachta agus cliseadh na n-éiceachóras ar cheann de na bagairtí is mó atá roimh an gcine daonna sna deich mbliana amach romhainn ⁽²⁰⁾.
- (24) Tá tairbhí eacnamaíocha díreacha ag baint le caomhnú na bithéagsúlachta do go leor earnálacha den gheilleagar. Dá bhrí sin, ba cheart é a bheith d'aidhm ag na critéir scagtha theicniúla stádas agus treochothaí gnáthóga talún, fionnuisce agus muirí, éiceachórais agus líon speiceas fauna agus flora gaolmhar a choinneáil ag an leibhéal céanna nó iad a fheabhsú.
- (25) Tá luach na bithéagsúlachta agus na seirbhísí gaolmhara a chuireann éiceachórais shláintiúla ar fáil tábhachtach don turasóireacht toisc go gcuireann sé go mór le tarraingteacht agus cáilíocht na gceann scribe turasóireachta, agus dá bhrí sin lena n-iomaíochas. Dá bhrí sin, ba cheart critéir scagtha theicniúla a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí cóiríochta turasóireachta agus ba cheart é a bheith d'aidhm acu a áirithiú go gcomhlíonann na gníomhaíochtaí sin prionsabail iomchuí agus íoscheanglais chun an bithéagsúlacht agus na héiceachórais a chosaint agus a chothú, agus chun rannchuidiú lena gcaomhnú.
- (26) Maidir leis na critéir scagtha theicniúla chun a chinneadh cé acu a dhéantar nó nach ndéantar dochar suntasach d'aon cheann de na cuspóirí comhshaoil eile leis na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a rannchuidíonn go substaintiúil le ceann de na cuspóirí comhshaoil. Ba cheart é a bheith d'aidhm acu a áirithiú nach ndéantar rannchuidiú le ceann de na cuspóirí comhshaoil chun aimhleasa cuspóirí comhshaoil eile. Dá bhrí sin, baineann ról fíor-riachtanach leis na critéir 'gan dochar suntasach a dhéanamh' maidir le hionracas comhshaoil aicmiú na ngníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a áirithiú. Ba cheart na critéir 'gan dochar suntasach a dhéanamh' maidir le cuspóir comhshaoil áirithe a shonrú le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin lena gcruthaítear riosca de dhochar suntasach a dhéanamh don chuspóir sin. Leis na critéir sin, ba cheart ceanglais ábhartha dhlí reatha an Aontais a chur san áireamh agus cur leo.
- (27) Leis na critéir scagtha theicniúla chun a áirithiú nach ndéanann gníomhaíochtaí a rannchuidíonn go substaintiúil le ceann de na cuspóirí comhshaoil dochar suntasach do mhaolú ar an athrú aeráide, ba cheart a áirithiú nach mbeidh astaíochtaí móra gás ceaptha teasa mar thoradh ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhfuil an acmhainneacht acu rannchuidiú go substaintiúil le cuspóirí comhshaoil seachas maolú ar an athrú aeráide.
- (28) Is dócha go ndéanfaidh an t-athrú aeráide difear d'earnálacha uile an gheilleagair. Dá bhrí sin, maidir leis na critéir scagtha theicniúla chun a áirithiú nach ndéantar dochar suntasach d'oiriúnú don athrú aeráide le gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá ina rannchuidiú substaintiúil le ceann de na cuspóirí comhshaoil, ba cheart feidhm a bheith ag na critéir sin maidir le gach ceann de na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sin. Ba cheart a áirithiú leis na critéir sin go sainaithnítear rioscaí atá ann cheana agus rioscaí amach anseo atá ábhartha don ghníomhaíocht eacnamaíoch agus go gcuirtear réitigh oiriúnúcháin chun feidhme chun caillteanais nó tionchair fhéideartha ar leanúnachas gnó a íoslaghdú nó a sheachaint.

⁽¹⁹⁾ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, agus chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, *European Union Strategic Approach to Pharmaceuticals in the Environment* [Cur Chuige Straitéiseach an Aontais Eorpaigh i leith Cógaisíocht sa Chomhshaoil] (COM(2019) 128 final).

⁽²⁰⁾ An Fóram Eacnamaíoch Domhanda (2020), Tuarascáil 2020 maidir le Rioscaí Domhanda.

- (29) Ba cheart na critéir scagtha theicniúla maidir le 'gan dochar suntasach a dhéanamh' d'úsáid inbhuanaithe agus do chosaint acmhainní uisce agus muirí a shonrú le haghaidh na ngníomhaíochtaí uile a d'fhéadfadh bac a chur ar úsáid inbhuanaithe agus ar chosaint den sórt sin. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag na critéir sin go seachnófaí gníomhaíochtaí eacnamaíocha a dhéanann dochar do stádas maith nó d'acmhainn mhaith éiceolaíoch do bharlach, lena n-áirítear uisce dromchla agus screamhuisce, nó do stádas maith comhshaoil uiscí mara, trína éileamh go ndéantar rioscaí díghrádaithe comhshaoil a shainaithint agus go dtugtar aghaidh orthu, i gcomhréir le plean bainistíochta úsáide agus cosanta uisce nó le straitéisí muirí na mBallstát.
- (30) Ba cheart na critéir scagtha theicniúla maidir le 'gan dochar suntasach a dhéanamh' i ndáil le haistriú chuig geilleagar ciorclach a shaincheapadh do ghníomhaíochtaí eacnamaíocha sonracha chun a áirithiú nach mbeidh neamhéifeachtúlachtaí maidir le húsáid acmhainní ina dtoradh ar na gníomhaíochtaí sin nó nach ndéanfar samhlacha táirgthe línigh a ghaibhniú leo, agus go seachnaítear agus go laghdaítear dramhaíl agus, nuair a bhíonn sé dosheachanta, go ndéantar í a bhainistiú i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola. Leis na critéir sin ba cheart a áirithiú freisin nach ndéantar dochar don chuspóir aistriú chuig geilleagar ciorclach.
- (31) Leis na critéir scagtha theicniúla maidir le 'gan dochar suntasach a dhéanamh' i ndáil le cosc agus rialú ar thruailliú ba cheart sainghnéithe na hearnála a chur san áireamh chun tabhairt faoi na foinsí agus cineálacha truaillithe ábhartha san aer, san uisce nó ar talamh, agus tagairt á déanamh, i gcás inarb ábhartha, do na conclúidí maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil arna mbunú faoi Threoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²¹⁾.
- (32) Ba cheart na critéir maidir le 'gan dochar suntasach a dhéanamh' i ndáil le cosaint agus athbhunú na bithéagsúlachta agus éiceachóras a shonrú do na gníomhaíochtaí uile a d'fhéadfadh a bheith ina riosca do stádas nó do riocht gnáthóg, speiceas nó éiceachóras agus ba cheart a éileamh leo, i gcás inarb ábhartha, go ndéantar measúnuithe ar an tionchar ar an gcomhshaol nó measúnuithe iomchuí eile agus go gcuirtear na conclúidí ó na measúnuithe sin chun feidhme. Leis na critéir sin ba cheart go n-áiritheofaí, fiú in éagmais ceanglais chun measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol nó measúnú iomchuí eile a dhéanamh, nach gcuirfear isteach ar speicis faoi chosaint an dlí, ná nach ndéanfaí iad a ghabhail ná a mharú nó nach ndéanfar gnáthóga faoi chosaint an dlí a mheathlú mar thoradh ar ghníomhaíochtaí.
- (33) Ós rud é gur dócha go ndéanfaidh an t-athrú aeráide difear d'earnálacha uile an gheilleagair, ní mór gach earnáil den gheilleagar a chur in oiriúint do dhrochthionchar na haeráide atá ann faoi láthair agus do dhrochthionchar na haeráide a mheastar a bheidh ann amach anseo. Dá bhrí sin, tá critéir scagtha theicniúla maidir le rannchuidiú substaintiúil le hoiriúint don athrú aeráide le bunú amach anseo le haghaidh na n-earnálacha agus na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha uile a chumhdaítear leis na critéir scagtha theicniúla maidir le rannchuidiú substaintiúil le húsáid inbhuanaithe agus cosaint uisce agus acmhainní muirí, leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach, le cosc agus rialú ar thruailliú nó le cosaint agus athbhunú na bithéagsúlachta agus éiceachóras a leagtar amach sa Rialachán seo.
- (34) Le cuimsiú gníomhaíochtaí eacnamaíocha nua a rannchuidíonn le cuspóirí comhshaoil de bhun Airteagail 12(2), 13(2), 14(2) agus 15(2) de Rialachán (AE) 2020/852, leathnófar cumhdach na nochtáí a leagtar síos in Airteagal 8 den Rialachán sin. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 ón gCoimisiún ⁽²²⁾, a glacadh ar bhonn Airteagal 8(4) de Rialachán (AE) 2020/852, a leasú chun an raon feidhme leathnaithe sin a léiriú. Chun aghaidh a thabhairt ar neamhréireachtaí teicniúla agus dlíthiúla áirithe a sainaithníodh ó cuireadh Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 i bhfeidhm, ba cheart leasuithe spriocdhírthe a thabhairt isteach freisin ar an Rialachán sin.
- (35) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 a leasú dá réir sin.

⁽²¹⁾ Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) (IO L 334, 17.12.2010, lch. 17).

⁽²²⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 ón gCoimisiún an 6 Iúil 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí ábhar agus cur i láthair na faisnéise le nochtadh ag gnóthais faoi réir Airteagail 19a nó 29a de Threoir 2013/34/AE a bhaineann le gníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, agus ina sonraítear an mhodheolaíocht chun an oibleagáid nochtá sin a chomhlíonadh (IO L 443, 10.12.2021, lch. 9).

- (36) Tá na ceithre chuspóir chomhshaoil dá dtagraítear in Airteagal 9, pointí (c) go (f), de Rialachán (AE) 2020/852 agus in Airteagail 12, 13, 14 agus 15 den Rialachán sin idirnasctha go dlúth i dtéarmaí na meán trína mbaintear cuspóir amach agus i dtéarmaí na dtairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le ceann de na cuspóirí a ghnóthú ar chuspóirí eile. Dá bhrí sin, na forálacha lena gcinntear cé acu a rannchuidíonn nó nach rannchuidíonn gníomhaíocht eacnamaíoch go substaintiúil le húsáid inbhuanaithe agus cosaint uisce agus acmhainní muirí, leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach, le cosc agus rialú ar thruailliú nó le cosaint agus athbhunú na bithéagsúlachta agus éiceachóras, tá dlúthbhaint acu, agus tá dlúthbhaint acu leis an ngá atá ann na hoibleagáidí nochta a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 a leathnú. Chun comhleánúnachas a áirithiú idir na forálacha sin, ar forálacha iad ar cheart dóibh teacht i bhfeidhm an tráth céanna, chun léargas cuimsitheach a éascú ar an gcreat dlíthiúil do pháirtithe leasmhara agus chun cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2020/852 a éascú, is gá na forálacha sin a chur san áireamh i Rialachán aonair.
- (37) Chun a áirithiú go bhforbróidh cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2020/852 le forbairtí eolaíocha, teicneolaíocha, margaidh agus beartais, ba cheart an Rialachán seo a athbhreithniú go tráthrialta agus, i gcás inarb iomchuí, ba cheart é a leasú a mhéid a bhaineann leis na gníomhaíochtaí a mheastar a bheith ag rannchuidiú go substaintiúil le húsáid inbhuanaithe agus cosaint uisce agus acmhainní muirí, leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach, le cosc agus rialú ar thruailliú, le bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú, agus leis na critéir scagtha theicniúla chomhfhreagracha.
- (38) Tá an Rialachán seo comhsheasmhach leis an gculpóir aeráidneodrachta a leagtar amach in Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²³⁾ agus áirithítear leis an Rialachán dul chun cinn maidir leis an oiriúnú dá dtagraítear in Airteagal 5 den Rialachán sin. Rinne an Coimisiún measúnú ar chomhsheasmhacht na gcritéir scagtha teicniúil chun a áirithiú nach ndéanann gníomhaíochtaí eacnamaíocha a rannchuidíonn go substaintiúil le ceann de na cuspóirí comhshaoil dochar suntasach do mhaolú ar an athrú aeráide ná d'oiriúnú don athrú aeráide le cuspóir agus spriocanna Rialachán (AE) 2021/1119 mar a cheanglaítear le hAirteagal 6(4) den Rialachán sin.
- (39) Ní mór am leordhóthanach a thabhairt do ghnóthais neamhairgeadais agus airgeadais chun measúnú a dhéanamh ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann a ngníomhaíochtaí eacnamaíocha na critéir scagtha theicniúla a leagtar síos sa Rialachán seo, agus chun tuairiscíú ar bhonn an mheasúnaithe sin i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178. Dá bhrí sin, ba cheart dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur siar, agus ba cheart a áirithiú leis na leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 go mbeidh a ndóthain ama ag gnóthais neamhairgeadais agus airgeadais a gceanglais tuairiscithe faoin Rialachán sin a chomhlíonadh,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Critéir scagtha theicniúla a bhaineann le húsáid inbhuanaithe a bhaint as uisce agus acmhainní muirí agus iad a chosaint

Leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo na critéir scagtha theicniúla chun na coinníollacha a chinneadh faoina bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch cáilithe mar rannchuidiú substaintiúil le húsáid inbhuanaithe a bhaint as uisce agus acmhainní muirí agus iad a chosaint agus chun a chinneadh cé acu a dhéantar nó nach ndéantar dochar suntasach leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch sin d'aon cheann de na cuspóirí comhshaoil eile a leagtar síos in Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2020/852.

Airteagal 2

Critéir scagtha theicniúla a bhaineann leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach

Leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo na critéir scagtha theicniúla chun na coinníollacha a chinneadh faoina bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch cáilithe mar rannchuidiú substaintiúil leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach agus chun a chinneadh cé acu a dhéantar nó nach ndéantar dochar suntasach leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch sin d'aon cheann de na cuspóirí comhshaoil eile a leagtar síos in Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2020/852.

⁽²³⁾ Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).

*Airteagal 3***Critéir scagtha theicniúla a bhaineann le cosc agus rialú ar thruailliú**

Leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo na critéir scagtha theicniúla chun na coinníollacha a chinneadh faoina bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch cáilithe mar rannchuidiú substaintiúil le cosc agus rialú ar thruailliú agus chun a chinneadh cé acu a dhéantar nó nach ndéantar dochar suntasach leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch sin d'aon cheann de na cuspóirí comhshaoil eile a leagtar síos in Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2020/852.

*Airteagal 4***Critéir scagtha theicniúla a bhaineann le bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú**

Leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo na critéir scagtha theicniúla chun na coinníollacha a chinneadh faoina bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch cáilithe mar rannchuidiú substaintiúil le bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú agus chun a chinneadh cé acu a dhéantar nó nach ndéantar dochar suntasach leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch sin d'aon cheann de na cuspóirí comhshaoil eile a leagtar síos in Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2020/852.

*Airteagal 5***Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178**

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 mar a leanas:

- (1) in Airteagal 8, scriostar mír 5;
- (2) in Airteagal 10, cuirtear isteach na míreanna 6 agus 7 seo a leanas:

‘6. Ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2024, ní nochtfaidh gnóthais neamhairgeadais ach an cion de ghníomhaíochtaí eacnamaíocha incháilithe don Tacsanomaíocht agus neamh-incháilithe don Tacsanomaíocht de bhun Rialachán Tarmligthe 2023/2486 agus Ranna 3.18 go 3.21, Ranna 6.18 go 6.20 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 agus Ranna 5.13, 7.8, 8.4, 9.3, 14.1 agus 14.2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 ina láimhdeachas iomlán, caiteachas caipitil agus oibríochtúil agus an fhaisnéis cháilíochtúil dá dtagraítear i Roinn 1.2 d'Iarscríbhinn I atá ábhartha maidir leis an nochtadh sin.

Cumhdófar le heochairtháscairí feidhmíochta gnóthas neamhairgeadais na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe 2023/2486 agus Ranna 3.18 go 3.21, Ranna 6.18 go 6.20 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 agus Ranna 5.13, 7.8, 8.4, 9.3, 14.1 agus 14.2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 ón 1 Eanáir 2025.

7. Ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2025, ní nochtfaidh gnóthais airgeadais ach an méid a leanas:

- (a) an cion ina sócmhainní cumhdaithe de neamhchosaintí ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha neamh-incháilithe don Tacsanomaíocht agus incháilithe don Tacsanomaíocht de bhun Rialachán Tarmligthe 2023/2486 agus Ranna 3.18 go 3.21, Ranna 6.18 go 6.20 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 agus Ranna 5.13, 7.8, 8.4, 9.3, 14.1 agus 14.2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139;
- (b) an fhaisnéis cháilíochtúil dá dtagraítear in Iarscríbhinn XI a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha dá dtagraítear i bpointe (a).

Cumhdófar le heochairtháscairí feidhmíochta gnóthas neamhairgeadais na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe 2023/2486 agus Ranna 3.18 go 3.21, Ranna 6.18 go 6.20 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 agus Ranna 5.13, 7.8, 8.4, 9.3, 14.1 agus 14.2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 ón 1 Eanáir 2026.'

- (3) Leasaítear Iarscríbhinní I, II, III, IV, V, VII, IX agus X i gcomhréir le hIarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo;

- (4) Cuirtear an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn VI;
- (5) Cuirtear an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn VIII.

Airteagal 6

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2024.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Meitheamh 2023.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Critéir scagtha theicniúla chun na coinníollacha a chinneadh faoina bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch cáilithe mar rannchuidiú substaintiúil le húsáid inbhuanaithe agus cosaint uisce agus acmhainní muirí agus chun a chinneadh cé acu a dhéantar nó nach ndéantar dochar suntasach leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch sin d'aon cheann de na cuspóirí comhshaoil eile

Clár Ábhar

Leathanach

1. Monaraíocht	11
1.1. Monarú, suiteáil agus seirbhísí gaolmhara le haghaidh teicneolaíochtaí rialaithe sceite lena gcumasaítear laghdú agus cosc sceite i gcórais soláthair uisce	11
2. Soláthar uisce, séarachas, bainistíocht dramhaíola agus gníomhaíochtaí feabhsúcháin	12
2.1. Soláthar uisce	12
2.2. Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh	15
2.3. Córais inbhuanaithe draenála uirbeacha	16
3. Bainistíocht riosca tubaiste	18
3.1. Réitigh dhúlraibhuanaithe maidir le rioscaí tuilte agus triomach a chosc agus cosaint ar rioscaí tuilte agus triomach	18
4. Faisnéis agus cumarsáid	21
4.1. Réitigh shonraibhuanaithe TF/TO a sholáthar chun sceitheadh a laghdú	21

1. **Monaraíocht**1.1. **Monarú, suiteáil agus seirbhísí gaolmhara le haghaidh teicneolaíochtaí rialaithe sceite lena gcumasaítear laghdú agus cosc sceite i gcórais soláthair uisce***Tuairisc ar an ngníomhaíocht*

Leis an ngníomhaíocht eacnamaíocht, déantar seirbhísí gaolmhara le haghaidh teicneolaíochtaí rialaithe sceite lena gcumasaítear laghdú agus cosc sceite i gcórais soláthair uisce a mhonarú, a shuiteáil nó a sholáthar.

D'fhéadfadh na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa chatagóir seo a bheith bainteach le roinnt cóid NACE, go háirithe E36 agus F42.99, i gcomhréir le haicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006.

Is gníomhaíocht chumasúcháin í gníomhaíocht eacnamaíoch sa chatagóir seo i gcomhréir le hAirteagal 12(1), pointe (e), de Rialachán (AE) 2020/852 i gcás ina gcomhlíonann sí na critéir scagtha theicniúla a leagtar amach sa Roinn seo.

Critéir scagtha theicniúla

Rannchuidiú substaintiúil le húsáid inbhuanaithe a bhaint as uisce agus acmhainní muirí agus iad a chosaint

1. Leis an ngníomhaíocht, déantar cothabháil, deisiúcháin nó seirbhísí gairmiúla le haghaidh teicneolaíochtaí rialaithe sceite i gcórais soláthair uisce nua nó i gcórais soláthair uisce atá ann cheana, arb é is aidhm dóibh an brú a rialú go híosbhrú i limistéir méadrachtaí ceantair (DMAnna) an chórais soláthair uisce, a mhonarú, a shuiteáil nó a sholáthar. Áirítear ar na teicneolaíochtaí rialaithe sceite, go sonrach, comhláir rialaithe brú, tarchuradóirí brú, sreabhmheadair agus gairis chumarsáide agus oibreacha sibhialta speisialta, lena n-áirítear dúnphoill chun na comhláir rialaithe brú a chothabháil.
-

2. Sainaitnítear rioscaí díghrádaithe comhshaoil a bhaineann le cáilíocht an uisce a chosaint agus strus maidir le huisce a sheachaint agus tugtar aghaidh ar na rioscaí sin agus é mar aidhm stádas maith uisce agus acmhainn mhaith éiceolaíoch a bhaint amach mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointí (22) agus (23), de Rialachán (AE) 2020/852, i gcomhréir le Treoir 2000/60/CE ⁽¹⁾ agus i gcomhréir le plan bainistíochta úsáide agus cosanta uisce, a fhorbraítear i gcomhréir leis an Treoir sin don dobharlach nó do na dobharlaigh a bhféadfaí difear a dhéanamh dó/dóibh, i gcomhairle le páirtithe leasmhara ábhartha.

I gcás ina ndéantar Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaoil i gcomhréir le Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾ agus i gcás ina bhfuil measúnú ar an tionchar ar an uisce san áireamh sa mheasúnú sin i gcomhréir le Treoir 2000/60/CE, ní éilítear aon mheasúnú breise ar thionchar ar an uisce, ar choinníoll gur tugadh aghaidh ar na rioscaí a sainaithníodh.

Gan dochar suntasach a dhéanamh ('DNSH')

(1) Maolú ar an athrú aeráide	Ní bhaineann le hábhar
(2) Oiriúnú don athrú aeráide	Comhlíontar leis an ngníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscábhinn A a ghabhann leis an Iarscábhinn seo.
(4) Aistriú chuig geilleagar ciorlach	Déanann an ghníomhaíocht infhaighteacht teicnící a mheasúnú agus, i gcás inarb indéanta, na teicnící sin a ghlacadh chun tacú leis an méid a leanas: (a) amhábhair thánaisteacha agus comhpháirteanna athúsáidte a athúsáid agus a úsáid sna táirgí a mhonaraítear; (b) dearadh don ardmharthanacht, in-athchúrsáilteacht, díchoimeáil éasca agus inoiriúnaitheacht sna táirgí a mhonaraítear; (c) bainistíocht dramhaíola lena dtugtar tosaíocht don athchúrsáil in áit na diúscartha sa phróiseas monaraíochta; (d) faisnéis maidir le substaintí arb údar imní iad agus na substaintí sin a rianú ar feadh shaolré na dtáirgí monaraithe.
(5) Cosc agus rialú ar thruailliú	Comhlíontar, leis an ngníomhaíocht, na critéir a leagtar amach i bhFoscábhinn C a ghabhann leis an Iarscábhinn seo.
(6) Bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú	Comhlíontar, leis an ngníomhaíocht, na critéir a leagtar amach i bhFoscábhinn D a ghabhann leis an Iarscábhinn seo.

2. Soláthar uisce, séarachas, bainistíocht dramhaíola agus gníomhaíochtaí feabhsúcháin

2.1. Soláthar uisce

Tuairisc ar an ngníomhaíocht

Córais bailithe, cóireála agus soláthair uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine a thógáil, a leathnú, a oibriú agus a athnuachan bunaithe ar acmhainní nádúrtha uisce a astarraingt ó fhoinsí uisce dromchla nó ó fhoinsí screamhuisce.

⁽¹⁾ Le haghaidh gníomhaíochtaí i dtríú tíortha, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme nó le caighdeán idirnáisiúnta lena saothraítear cuspoirí coibhéiseacha stádas maith uisce agus acmhainn mhaith éiceolaíoch, trí rialacha coibhéiseacha nós imeachta agus substainteacha, i.e. plan bainistíochta úsáide agus cosanta uisce arna fhorbairt i gcomhairle le páirtithe leasmhara ábhartha lena n-áirítear 1) go ndéantar measúnú ar thionchar na ngníomhaíochtaí ar stádas sainaitheanta nó ar acmhainn éiceolaíoch an dobharlaigh nó na ndobharlach a bhféadfaí difear a dhéanamh dó/dóibh agus 2) go seachnaítear meathlú nó cosc ar stádas maith/acmhainn mhaith éiceolaíoch.

⁽²⁾ Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaoil (IO L 26, 28.1.2012, lch. 1).

Áirítear leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch astarraingt na hacmhainne uisce, an chóireáil is gá chun go mbeidh cáilíocht an uisce i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme agus dáileadh ar an daonra agus ar oibreoirí gnólachta bia i gcórais píopaí.

Ní chumhdaítear leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch uisciú agus astarraingt acmhainní uisce chun uisce muirí nó uisce goirt a dhíshalannú.

D'fhéadfadh na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa chatagóir seo a bheith bainteach le roinnt cóid NACE, go háirithe E36.00 agus F42.9, i gcomhréir le haicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006.

Critéir scagtha theicniúla

Rannchuidiú substaintiúil le húsáid inbhuanaithe a bhaint as uisce agus acmhainní muirí agus iad a chosaint

1. Chun córas soláthair uisce atá ann cheana a oibriú chun soláthar uisce a chur ar fáil do thomhaltóirí ar cháilíocht leordhóthanach agus shláintiúil, agus chun rannchuidiú le héifeachtúlacht acmhainní uisce, comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir seo a leanas:
 - (a) comhlíonann an córas soláthair uisce Treoir (AE) 2020/2184, Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/679 ón gCoimisiún ⁽³⁾, agus gníomhartha tarmlichte agus gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh faoin Treoir sin;
 - (b) déantar leibhéal sceite an chórais a ríomh trí úsáid a bhaint as modh rátála an Innéacs Sceite Bonneagair (ILI) ⁽⁴⁾ agus tá an luach tairsí cothrom le 2.0 nó níos lú ná sin, nó ríomhtar é trí mhodh iomchuí eile agus bunaítear an luach tairsí i gcomhréir le hAirteagal 4 de Threoir (AE) 2020/2184. Tá an ríomh sin le cur i bhfeidhm ar fud mhéid cuid shonraithe de líonra soláthair (dáilte) uisce, i.e. ar leibhéal chríos an tsoláthair uisce, limistéar/limistéir méadrachtaí ceantair (DMAnna) nó limistéar/limistéir bhrú-bhainistithe (PMAnna);
 - (c) áirítear leis na córais soláthair uisce méadrú ar leibhéal an tomhaltóra, i gcás ina seachtadtar uisce chuig pointe seachtadta conarthach de chóras dáileacháin uisce óil na dtomhaltóirí féin.
2. Chun córas nua soláthair uisce a thógáil agus a oibriú, nó chun síneadh a chur le córas soláthair uisce atá ann cheana lena gcuirtear uisce ar fáil do limistéir nua nó lena bhfeabhsaítear an soláthar uisce chuig limistéir atá ann cheana, comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir seo a leanas:
 - (a) comhlíonann an córas soláthair uisce Treoir (AE) 2020/2184, lena n-áirítear na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 13(8) den Treoir sin, i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/679, agus i ngníomhartha tarmlichte agus i ngníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh faoin Treoir sin;
 - (b) déantar leibhéal sceite an chórais nua nó an chórais leathnaithe a ríomh trí úsáid a bhaint as modh rátála an Innéacs Sceite Bonneagair (ILI) agus tá an luach tairsí cothrom le 1.5 nó níos lú ná sin, nó ríomhtar é trí mhodh iomchuí eile agus bunaítear an luach tairsí i gcomhréir le hAirteagal 4 de Threoir (AE) 2020/2184. Tá an ríomh sin le cur i bhfeidhm ar fud mhéid na coda dá ndéantar difear agus na coda sonraithe de líonra soláthair (dáilte) uisce ina ndéantar na hoibreacha, i.e. ar leibhéal chríos an tsoláthair uisce, limistéar/limistéir méadrachtaí ceantair (DMAnna) nó limistéar/limistéir bhrú-bhainistithe (PMAnna);
 - (c) áirítear leis an gcóras soláthair uisce méadrú ar leibhéal an tomhaltóra, i gcás ina seachtadtar uisce chuig pointe seachtadta conarthach de chóras dáileacháin uisce óil na dtomhaltóirí féin.
3. Chun córais soláthair uisce atá ann cheana a athnuachan, comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir seo a leanas:

⁽³⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/679 ón gCoimisiún an 19 Eanáir 2022 lena mbunaítear liosta faire de shubstaintí agus comhdhúile is ábhar inní maidir le huisce atá beartaithe lena thomhailt ag an duine dá bhforáiltear i dTreoir (AE) 2020/2184 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 124, 27.4.2022, lch. 41).

⁽⁴⁾ Ríomhtar an tInnéacs Sceite Bonneagair (ILI) mar chaillteanais réadacha bhliantúla atá ann faoi láthair (CARL)/caillteanais réadacha bhliantúla nach féidir a sheachaint (UARL). Is é atá sna caillteanais réadacha bhliantúla atá ann faoi láthair (CARL) an méid uisce a chailltear ón líonra dáilte i ndáiríre (i.e., nach seachtadtar chuig úsáideoirí deiridh). Cuirtear san áireamh le caillteanais réadacha bhliantúla nach féidir a sheachaint (UARL) go mbeidh roinnt sceite ann i gcónaí i líonra dáilte uisce. Ríomhtar UARL bunaithe ar thosca amhail fad an líonra, líon na nasc seirbhíse agus an brú ag a bhfuil an líonra ag oibriú.

- (a) dúnann an ghníomhaíocht an bhearna 20 % ar a laghad idir an leibhéal reatha sceite a mheánaítear thar thréimhse 3 bliana, arna ríomh trí úsáid a bhaint as modh rátála an Innéacs Sceite Bonneagair (ILI) agus ILI de 1.5, nó idir an leibhéal sceite reatha a mheánaítear thar thréimhse 3 bliana, arna ríomh trí úsáid a bhaint as modh iomchuí eile, agus an luach tairsí arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 4 de Threoir (AE) 2020/2184. Déantar an leibhéal sceite reatha a mheánaítear thar thréimhse 3 bliana a ríomh thar mhéid na coda dá ndéantar difear agus na coda sonraithe de líonra soláthair (dáilte) uisce ina ndéantar na hoibreacha i.e., don líonra athnuaithe soláthair (dáilte) uisce ag limistéar/limistéir méadráithe ceantair (DMAAnna) nó ag limistéar/limistéir bhrú-bhainistithe (PMAnna);
- (b) eisíonn an soláthraí uisce plean le spriocanna agus amlínte chun méadrú a chur i bhfeidhm ar leibhéal an tomhaltóra agus déanann na húdaráis inniúla é a fhorfheas.
4. Tá na ceadanna riachtanacha faighte ag an gcóras soláthair uisce chun uisce a astarraingt. Áirítear na hastarraingtí sin sa chlár le haghaidh astarraingtí uisce, i gcomhréir le Treoir 2000/60/CE. Rinneadh measúnú ar an acmhainneacht iarbhrí astarraingthe, d'fhonn a áirithiú nach sárófar an acmhainn screamhuisce atá ar fáil leis an meánráta bliantúil fadtéarmach astarraingthe nó nach gcoiscítear ar an dobharlach dromchla óna ndéantar uisce a aistarraingt stádas maith éiceolaíoch agus acmhainn mhaith éiceolaíoch a bhaint amach agus nach dtiocfaidh meathlú ar stádas ná acmhainneacht na ndobharlach sin mar gheall ar na hastarraingtí.

Ní thagann meathlú ar stádas na ndobharlach a ndéantar difear dóibh mar thoradh ar oibriú an chórais soláthair uisce, ná ní choisceann sé ar an dobharlach stádas maith agus acmhainn mhaith éiceolaíoch a bhaint amach i gcomhréir le Treoir 2000/60/CE ⁽⁹⁾.

An fhaisnéis maidir leis na hastarraingtí, clár na n-astarraingtí, stádas na ndobharlach agus na brúnna agus an tionchar orthu sin, áirítear í i bplean bainistithe abhantraí, nó, i gcás gníomhaíochtaí i dtríú tíortha, i bplean bainistíochta coibhéiseach úsáide agus cosanta uisce.

Níl córais nua soláthair a thógáil ná córais soláthair atá ann cheana a leathnú i gceist leis an ngníomhaíocht i gcás ina bhféadfaidís difear a dhéanamh do dhobharlach amháin nó níos mó nach bhfuil stádas ná acmhainneacht maith acu ar chúiseanna a bhaineann le cainníocht.

Gan dochar suntasach a dhéanamh ('DNSH')

(1) Maolú ar an athrú aeráide	Ní bhaineann le hábhar
(2) Oiriúnú don athrú aeráide	Comhlíontar leis an ngníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn A a ghabhann leis an larscríbhinn seo.
(4) Aistriú chuig geilleagar ciorclach	Ní bhaineann le hábhar
(5) Cosc agus rialú ar thruailliú	Ní bhaineann le hábhar
(6) Bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú	Comhlíontar, leis an ngníomhaíocht, na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn D a ghabhann leis an larscríbhinn seo.

⁽⁹⁾ Le haghaidh gníomhaíochtaí i dtríú tíortha, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme nó le caighdeán idirnáisiúnta lena saothraítear cuspóirí coibhéiseacha stádas maith uisce agus acmhainn mhaith éiceolaíoch, trí rialacha coibhéiseacha nós imeachta agus substainteacha, i.e. plean bainistíochta úsáide agus cosanta uisce arna fhorbairt i gcomhairle le páirtithe leasmhara ábhartha lena n-áirítear 1) go ndéantar measúnú ar thionchar na ngníomhaíochtaí ar stádas sainaitheanta nó ar acmhainn éiceolaíoch an dobharlaigh nó na ndobharlach a bhféadfaí difear a dhéanamh dó/dóibh agus 2) go seachnaítear meathlú nó cosc ar stádas maith/acmhainn mhaith éiceolaíoch.

2.2. Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh

Tuairisc ar an ngníomhaíocht

Bonneagar fuíolluisce uirbigh a thógáil, a leathnú, a uasghrádú, a oibriú agus a athnuachan, lena n-áirítear gléasraí cóireála, líonraí séarachais, struchtúir bhainistíochta uisce stoirme, naisc leis an mbonneagar fuíolluisce, saoráidí dláraithe cóireála fuíolluisce, lena n-áirítear córais aonair agus córais iomchuí eile, agus struchtúir sceite d'eisilteach cóireáilte. D'fhéadfaí cóireálacha nuálacha agus ardghorbartha, lena n-áirítear micreathruailléin a bhaint, a bheith ar áireamh leis an ngníomhaíocht.

D'fhéadfadh na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa chatagóir seo a bheith bainteach le roinnt cóid NACE, go háirithe E37.00 agus F42.9, i gcomhréir le haicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006.

Critéir scagtha theicniúla

Rannchuidiú substaintiúil le húsáid inbhuanaithe a bhaint as uisce agus acmhainní muirí agus iad a chosaint

1. Ní thagann meath ar stádas maith ná ar acmhainneacht mhaith éiceolaíoch aon cheann de na dobharlaigh a ndéantar difear dóibh mar thoradh ar an gcóras cóireála fuíolluisce agus rannchuidíonn sé go substaintiúil le stádas maith agus acmhainneacht mhaith na ndobharlach lena mbaineann a bhaint amach, i gcomhréir le Treoir 2000/60/CE ⁽⁶⁾.

An fhaisnéis a bhaineann le stádas dobharlach, leis na gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an stádas agus leis na bearta a dhéantar chun tionchair den sórt sin a sheachaint nó a íoslaghdú, áirítear í i bplean bainistithe abhantraí, nó, i gcás gníomhaíocht a í dtríú tíortha, i bplean bainistíochta coibhéiseach úsáide agus cosanta uisce. Comhlíonann an córas cóireála fuíolluisce na ceanglais sceite arna mbunú ag na húdaráis áitiúla inniúla. Rannchuidíonn an córas cóireála fuíolluisce freisin le stádas maith comhshaoil uiscí mara a bhaint amach nó a choinneáil ar bun i gcomhréir le Treoir 2008/56/CE, i gcás inarb infheidhme.

2. Tá córas bailithe agus soláthar cóireála tánaistí ag baint leis an gcóras cóireála fuíolluisce. Comhlíonann an córas cóireála fuíolluisce na ceanglais ábhartha atá sonrach ó thaobh méide de maidir le sceitheadh ó ghléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh a leagtar amach i dTreoir 91/271/CEE, go háirithe Airteagail 3 go 8 agus Airteagal 13 den Treoir sin agus larscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin.
3. I gcás ina bhfuil toilleadh 100 000 coibhéis daonra (CD) ⁽⁷⁾ nó níos mó ag an ngléasra cóireála fuíolluisce, nó insreabhadh laethúil d'ualach a bhfuil luach níos mó ná 6 000 kg aige mar éileamh bitheolaíoch ar ocsaigin 5 lá (BOD5), úsáideann sé cóireáil sloda amhail bith-dhíghrádú anaeróbach nó teicneolaíocht lena mbaineann an glanéileamh fuinnimh céanna nó glanéileamh fuinnimh níos ísle (agus giniúint agus tomhaltas fuinnimh araon á gcur san áireamh), chun an sloda a chobhsú.

Gan dochar suntasach a dhéanamh ('DNSH')

(1) Maolú ar an athrú aeráide	Rinneadh measúnú ar na hastaíochtaí GCT díreacha ón gcóras láraithe fuíolluisce, lena n-áirítear bailiú (líonra séarachais) agus cóireáil. Nochtar na torthaí d'infheisteoirí agus do chliaint ach iad a iarraidh ⁽⁸⁾. Maidir le bith-dhíghrádú anaeróbach sloda séarachais, tá plean faireacháin i bhfeidhm i dtaca le sceitheadh meatáin ag an tsaoráid.
-------------------------------	---

⁽⁶⁾ Le haghaidh gníomhaíochtaí i dtríú tíortha, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme nó le caighdeán idirnáisiúnta lena saothraítear cuspoirí coibhéiseacha stádas maith uisce agus acmhainn mhaith éiceolaíoch, trí rialacha coibhéiseacha nós imeachta agus substainteacha, i.e. plean bainistíochta úsáide agus cosanta uisce arna fhorbairt i gcomhairle le páirtithe leasmhara ábhartha lena n-áirítear 1) go ndéantar measúnú ar thionchar na ngníomhaíochtaí ar stádas sainaitheanta nó ar acmhainn éiceolaíoch an dobharlaigh nó na ndobharlach a bhféadfaí difear a dhéanamh dó/dóibh agus 2) go seachnaítear meathlú nó cosc ar stádas maith/acmhainn mhaith éiceolaíoch.

⁽⁷⁾ Ciallaíonn coibhéis daonra (CD) an t-ualach orgánach in-bhithdhíghrádaithe a bhfuil luach 60 g ocsaigine in aghaidh an lae aige mar éileamh bitheolaíoch ar ocsaigin 5 lá (BOD5).

⁽⁸⁾ Mar shampla, i gcomhréir le treoirlínte IPCC d'fhadail náisiúnta de gháis ceaptha teasa maidir le cóireáil fuíolluisce, leagan an 27.6.2023 ar fáil ag https://www.ipcc-nggip.iges.or.jp/public/2019rf/pdf/5_Volume5/19R_V5_6_Ch06_Wastewater.pdf.

(2) Oiriúnú don athrú aeráide	Comhlíontar leis an ngníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn A a ghabhann leis an larscríbhinn seo.
(4) Aistriú chuig geilleagar ciorclach	Ní bhaineann le hábhar
(5) Cosc agus rialú ar thruailliú	Comhlíonann sceitheadh in uiscí glactha na ceanglais a leagtar síos i dTreoir 91/271/CEE nó de réir mar a éilítear i bhforálacha náisiúnta ina luaitear na huasleibhéil truailléan incheadaithe ó sceitheadh in uiscí glactha. Cuireadh bearta chun feidhme chun forsceitheadh díobhálach uisce stoirme ón gcóras bailithe fuíolluisce a sheachaint agus a mhaolú, lena bhféadfaí réitigh dúlrbhunaithe, córais ar leithligh chun uisce stoirme a bhailiú, umair choinneála agus cóireáil an scagtha tosaigh a áireamh. Úsáidtear sloda séarachais i gcomhréir le Treoir 86/278/CEE ón gComhairle ⁽⁹⁾ nó de réir mar a cheanglaítear leis an dlí náisiúnta a bhaineann le leathadh sloda ar an ithir nó sloda a chur ar an ithir agus san ithir ar aon bhealach eile.
(6) Bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú	Comhlíontar, leis an ngníomhaíocht, na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn D a ghabhann leis an larscríbhinn seo.

2.3. Córais inbhuanaithe draenála uirbeacha (CIDU)

Tuairisc ar an ngníomhaíocht

Saoráidí córas draenála uirbeacha a thógáil, a leathnú, a oibriú agus a athnuachan lena maolaítear truailliú agus guaiseacha tuilte mar gheall ar sceitheadh de rith chun srutha uirbeach agus lena bhfeabhsaítear cáilíocht agus cainníocht an uisce uirbigh, trí leas a bhaint as próisis nádúrtha, amhail insíothlú agus coinneáil.

Áirítear leis an ngníomhaíocht CIDU lena gcuirtear insíothlú, galú agus cóireálacha eile uisce stoirme chun cinn (lena n-áirítear butaí uisce, leagan amach agus bainistíocht an láithreáin, cosáin thréscailteacha, scagdhraenacha, claiseanna reatha, scagstíallacha, linnte, bogaigh, tobair insíothlaithe, trinsí agus imchuacha insíothlaithe, díonta glasa, limistéir bhithchoinneála agus gairis réamhchóireála uisce stoirme, lena n-áirítear scagairí gainimh nó gairis bainte siolta ⁽¹⁰⁾) agus córais nuálacha eile.

Ní áirítear leis an ngníomhaíocht réitigh dhúlrbhunaithe chun rioscaí tuilte agus triomaigh a chosc agus chun cosaint orthu lasmuigh den timpeallacht uirbeach (féach Roinn 3.1 den larscríbhinn seo).

D'fhéadfadh na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa chatagóir seo a bheith bainteach le roinnt cóid NACE, go háirithe E36.00, E37.00 agus F42.9 i gcomhréir le haicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006.

⁽⁹⁾ Treoir 86/278/CEE ón gComhairle an 12 Meitheamh 1986 maidir le cosaint an chomhshaoil, agus go háirithe cosaint na hithreach, nuair atá sloda séarachais á úsáid in obair na talmhaíochta (IO L 181, 4.7.1986, lch. 6).

⁽¹⁰⁾ Mar a shainmhínítear sa doiciméad Stóras Foilseachán JRC – *Best Environmental Management Practice for the Public Administration* [An Cleachtas Bainistithe Comhshaoil is Fearr i ndáil leis an Earnáil Riaracháin Phoiblí] (europa.eu).

Critéir scagtha theicniúla

Rannchuidiú substaintiúil le húsáid inbhuanaithe a bhaint as uisce agus acmhainní muirí agus iad a chosaint

Mar thoradh ar an ngníomhaíocht, coinnítear uisce báistí i limistéar sonrach nó cuirtear feabhas ar cháilíocht an uisce trí na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:

- (a) déantar tógáil agus oibriú an chórais inbhuanaithe draenála uirbigh a chomhtháthú sa chóras draenála uirbeach agus cóireála fuíolluisce, mar a léirítear trí bhíthin plean bainistithe riosca tuilte nó trí bhíthin uirlisí pleanála uirbí ábhartha eile. Rannchuidíonn an ghníomhaíocht go substaintiúil le stádas maith agus acmhainn mhaith éiceolaíoch dobharlach dromchla agus screamhuisce a bhaint amach nó le meathlú dobharlach a bhfuil stádas maith agus acmhainn mhaith acu cheana féin a chosc, agus déantar í chun a áirithiú go gcomhlíonfar Treoir 2000/60/CE ⁽¹⁾ agus Treoir 2008/56/CE;
- (b) soláthraítear faisnéis maidir leis an gcéatadán de limistéar sonrach, amhail limistéar cónaithe nó tráchtála, ar limistéar é nach ndéantar uisce báistí a dhraenáil go díreach ann ach ina gcoinnítear é laistigh de láthair an limistéir;
- (c) baintear ceann amháin ar a laghad de na héifeachtaí seo a leanas amach le dearadh an chórais inbhuanaithe draenála uirbigh:
 - (i) coinnítear céatadán cainníochtaithe d'uisce báistí i ndobharcheantar an chórais draenála agus déantar é a sceitheadh le moill agaithe ar na dobharlaigh ghhlactha;
 - (ii) baintear céatadán cainníochtaithe de thruailleáin, lena n-áirítear ola, miotail thromha, ceimiceáin ghuaiseacha agus micreaphlaistigh, ó rith chun srutha uirbeach sula sceitear ar na dobharlaigh ghhlactha é;
 - (iii) laghdaítear, faoi chéatadán cainníochtaithe, an buaicshreabh a bhaineann le rith chun srutha, le tréimhse fillte i gcomhréir le riachtanais na bpleananna bainistithe riosca tuilte nó le forálacha áitiúla eile atá i bhfeidhm.

Gan dochar suntasach a dhéanamh ('DNSH')

(1) Maolú ar an athrú aeráide	Ní bhaineann le hábhar
(2) Oiriúnú don athrú aeráide	Comhlíontar leis an ngníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscábhinn A a ghabhann leis an larscríbhinn seo.
(4) Aistriú chuig geilleagar ciorclach	Ní bhaineann le hábhar
(5) Cosc agus rialú ar thruailliú	De réir thionscnamh an uisce a ghlactar agus de réir an ualaigh truailléan éagsúil, amhail uisce báistí, rith chun srutha báistí ó dhíonta, rith chun srutha báistí ó bhóthair, nó uisce stoirme, déanann CIDU cóireáil ar na huiscí sin sula sceitear nó sula n-insíothlaítear an t-uisce isteach i meáin chomhshaoil eile.
(6) Bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú	Comhlíontar, leis an ngníomhaíocht, na critéir a leagtar amach i bhFoscábhinn D a ghabhann leis an larscríbhinn seo. Cuirtear cosc ar speicis choimhthíocha ionracha a thabhairt isteach, nó bainistítear leathadh na speiceas sin i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹²⁾ .

⁽¹⁾ Le haghaidh gníomhaíochtaí i dtríú tíortha, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme nó le caighdeáin idirnáisiúnta lena saothraítear cuspóirí coibhéiseacha stádas maith uisce agus acmhainn mhaith éiceolaíoch, trí rialacha coibhéiseacha nós imeachta agus substainteacha, i.e. plean bainistíochta úsáide agus cosanta uisce arna fhorbairt i gcomhairle le páirtithe leasmhara ábhartha lena n-áirithítear 1) go ndéantar measúnú ar thionchar na ngníomhaíochtaí ar stádas sainaitheanta nó ar acmhainn éiceolaíoch an dobharlaigh nó na ndobharlach a bhféadfaí difear a dhéanamh dó/dóibh agus 2) go seachnaítear meathlú nó cosc ar stádas maith/acmhainn mhaith éiceolaíoch.

⁽¹²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le tabhairt isteach agus leathadh speiceas coimhthíoch ionrach a chosc agus a bhainistiú (IO L 317, 4.11.2014, lch. 35).

3. **Bainistíocht riosca tubaiste**

3.1. **Réitigh dhúlra bhunaithe maidir le rioscaí tuilte agus triomach a chosc agus cosaint ar rioscaí tuilte agus triomach**

Tuairisc ar an ngníomhaíocht

Bearta dúlra bhunaithe mórsála a phleanáil, a thógáil, a leathnú agus a oibriú chun tuilte nó triomach a bhainistiú agus éiceachórais uisceacha chósta, thrasdultacha agus intíre a athbhunú, ar bearta iad lena rannchuidítear le tuilte nó triomach a chosc agus cosaint a thabhairt ina gcoinne, agus le coinneáil uisce nádúrtha, bithéagsúlacht agus cáilíocht uisce a fheabhsú.

Cuirtear na bearta dúlra bhunaithe mórsála bainistithe tuilte nó triomaigh i bhfeidhm i limistéir pheirea-uirbeacha, thuaithe agus chósta agus déantar iad a chomhordú ar scála abhantraí, réigiúnach nó áitiúil, amhail an scála bardasach.

Áirítear ar an ngníomhaíocht eacnamaíoch na nithe seo a leanas:

- (a) bearta a bhaineann le habhainn nó lochanna, lena n-áirítear:
 - (i) forbairt fásra bhruachánaigh nó tuilemhá nó athbhunú tuilemhá, lena n-áirítear abhainn nó loch a athnascadh lena tuilemhá/thuilemhá nó feabhsú nascachta lasmuigh den chainéal/taobhaí chun acmhainn choinneála na tuilemhá agus feidhm a héiceachórais a athbhunú;
 - (ii) cúrsaí abhann a athlúbadh trí chúrsa lúbach nua a chruthú nó trí lúba scoite a athnascadh nó loch nó grúpa lochanna a athnascadh le habhainn;
 - (iii) athbhunú fadnascachta agus nascachta taobhaí abhann (lena n-áirítear lúblochanna) trí bhacainní atá imithe i léig a bhaint, lena n-áirítear dambaí agus coraí nó bacainní beaga trasna na habhann nó feadh na habhann;
 - (iv) réitigh dhúlra bhunaithe chun bruach nó grinneall a chobhsú a chur in ionad cosaint shaorga ar bhruach abhann nó ar chladach locha mar bhearta le haghaidh athbhunú abhann nó locha;
 - (v) bearta arb é is aidhm dóibh éagsúlú doimhneachta agus leithid abhann nó locha a fheabhsú chun éagsúlacht gnáthóige a mhéadú;
- (b) bearta bogaigh, lena n-áirítear:
 - (i) díoga a chur isteach i gcomhair athfhluchadh, suiteálacha draenála a bhaint, suiteálacha a chur ina n-ionad a rialaíonn an sceitheadh, nó claíocha a chur siar chun tuilte a chumasú;
 - (ii) bogaigh thógtha a chur chun feidhme chun uisce a choinneáil agus a chóireáil, ar tír agus ar dhobharlaigh neamhfhásmhara araon, i gcomhthéacsanna tuaithe agus uirbeacha;
 - (iii) imchuacha coinneála agus linnte coinneála;
- (c) bearta cósta, lena n-áirítear:
 - (i) bogaigh chósta a chaomhnú nó a athbhunú, lena n-áirítear foraoisí mangróibh nó ceapacha d'fhéar mara, a oibríonn mar bhacainn nádúrtha;
 - (ii) bearta arb é atá iontu athruithe moirfeolaíocha agus bacainní a bhaint chun an gá atá le cothú saorga trá a íoslaghdú agus dálaí na n-éiceachóras cósta a fheabhsú, a bhfuil bonn cirt leo ar bhonn staidéar ar cothromaíocht dríodair;
 - (iii) atreisiú agus athbhunú dumhcha, lena n-áirítear fásra dumhcha a chur;
 - (iv) sceireacha cósta a chaomhnú nó a athbhunú;
 - (v) athsholáthair ghainimh sa limistéar cósta;
- (d) bearta bainistíochta ar fud na habhantraí, lena n-áirítear:
 - (i) bearta bainistíochta talún, lena n-áirítear dobharcheantair taiscumar, limistéir chosanta fuarán nó barr tobair agus uiscí uachtair abhantrach i gcoitinne a fhoraoisiú;
 - (ii) insíothlú nádúrtha a athbhunú le haghaidh athlónadh screamhuisce trí chumas coinneála ithreach agus insíothlú na hithreach a éascú nó a mhéadú;
 - (iii) Athlónadh Uiscígh Bainistithe (AUB) ⁽¹³⁾.

⁽¹³⁾ Is éard is Athlónadh Uiscígh Bainistithe ann 'an próiseas trína ndéantar uiscíoch a athlónadh le huisce ó áit eile d'aon ghnó isteach le haghaidh téarnaimh ina dhiaidh sin nó le haghaidh tairbhí comhshaoil'.

Ní áirítear leis an ngníomhaíocht réitigh dhúlra bhunaithe ar mhionscála chun tuille agus triomach a laghdú, lena n-áirítear réitigh ghlasa agus ghorma a chuirtear i bhfeidhm i suíomh uirbeach, amhail díonta glasa, claiseanna reatha, dromchlaí tréscailteacha agus imchuacha insíothlaithe chun uisce stoirme uirbeach a bhainistiú nó le haghaidh Córais Inbhuanaithe Draenála Uirbí (féach Roinn 2.3. den Iarscríbhinn seo).

D'fhéadfadh na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa chatagóir seo a bheith bainteach le cód NACE F42.91 i gcomhréir le haicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006.

Critéir scagtha theicniúla

Rannchuidiú substaintiúil le húsáid inbhuanaithe a bhaint as uisce agus acmhainní muirí agus iad a chosaint

1. Is beart inchainníochtaithe agus teoranta ó thaobh ama í an ghníomhaíocht chun na cuspóirí maidir le laghdú riosca tuile a bhaint amach i gcomhréir le plean bainistithe riosca tuile a chomhordaítear ar scála abhantraí agus a fhorbraítear faoi Threoir 2007/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁴⁾. I ndáil le laghdú riosca triomaigh, is beart inchainníochtaithe agus teoranta ó thaobh ama í an ghníomhaíocht chun cuspóirí Threoir 2000/60/CE a bhaint amach i gcomhréir le plean bainistithe abhantraí, nó plean bainistithe triomaigh atá mar chuid de plean bainistithe abhantraí.

I gcás gníomhaíochtaí i dtríú tíortha, sainaithnítear an ghníomhaíocht mar bheart chun riosca tuile nó riosca triomaigh a laghdú i bplean bainistíochta úsáide agus cosanta uisce ar scála abhantraí nó i bplean comhtháite bainistithe criosanna cósta feadh cósta. Saothraíonn na pleananna sin na cuspóirí maidir le bainistiú rioscaí tuile agus triomaigh chun iarmhairtí díobhálacha a laghdú, i gcás inarb infheidhme do shláinte an duine, don chomhshaol, don oidhreacht chultúrtha agus do ghníomhaíocht eacnamaíoch.

2. Sainaithnítear rioscaí díghrádaithe comhshaoil a bhaineann le cáilíocht an uisce a chosaint agus strus maidir le huisce a sheachaint agus cosc a chur ar mheathlú stádas na ndobharlach a ndéantar difear dóibh agus tugtar aghaidh ar na rioscaí sin chun stádas maith uisce agus acmhainn mhaith éiceolaíoch a bhaint amach mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointí (22) agus (23), de Rialachán (AE) 2020/852, i gcomhréir le Treoir 2000/60/CE agus i gcomhréir le plean bainistithe abhantraí, a fhorbraítear fúthu don dobharlach nó na dobharlaigh a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh, i gcomhairle le páirtithe leasmhara ábhartha.

Sainaithnítear rioscaí díghrádaithe comhshaoil a bhaineann leis an muirthimpeallacht a chaomhnú agus tugtar aghaidh orthu agus é mar aidhm stádas maith comhshaoil a bhaint amach nó a choinneáil ar bun mar a shainmhínítear i bpointe 5 d'Airteagal 3 de Threoir 2008/56/CE.

3. Áirítear leis an ngníomhaíocht gníomhaíochtaí athbhunaithe nó caomhnaithe dúlra a léiríonn comhthairbhí sonracha éiceachórais, a rannchuidíonn le stádas maith nó acmhainn mhaith uisce a bhaint amach i gcomhréir le Treoir 2000/60/CE, stádas maith comhshaoil i gcomhréir le Treoir 2008/56/CE, agus na spriocanna athbhunaithe agus caomhnaithe dúlra a shonraítear sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2020 maidir le 'Straitéis Bithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030' ⁽¹⁵⁾. Tá spriocanna soiléire agus ceangailteacha sa ghníomhaíocht maidir le hathbhunú nó caomhnú an dúlra thar thréimhse ama atá sainithe go soiléir agus déantar cur síos inti ar bhearta chun na spriocanna sin a bhaint amach. Bíonn páirtithe leasmhara áitiúla páirteach ón tús i gcéim na pleanála agus an deartha. Tá an ghníomhaíocht bunaithe ar na prionsabail a leagtar amach i gCaighdeán Domhanda IUCN maidir le réitigh dhúlra bhunaithe.

I gcás gníomhaíochtaí i dtríú tíortha, cuirtear san áireamh sa ghníomhaíocht Straitéisí Náisiúnta agus Pleananna Gníomhaíochta maidir leis an mBithéagsúlacht chun spriocanna caomhnaithe agus athbhunaithe dúlra a leagan síos agus chun cur síos a dhéanamh ar na bearta chun na spriocanna sin a bhaint amach.

4. Tá clár faireacháin i bhfeidhm chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht scéime réitigh dhúlra bhunaithe ó thaobh feabhas a chur ar stádas an dobharlaigh a ndéantar difear dó, na spriocanna caomhnaithe agus athbhunaithe a bhaint amach agus oiriúnú do dhálaí aeráide atá ag athrú. Déantar athbhreithniú ar an gclár de réir chur chuige tréimhsiúil na bpleananna bainistíochta abhantracha (lena n-áirítear pleananna bainistíochta triomach, i gcás inarb ábhartha) agus na bpleananna bainistíochta riosca tuile.

⁽¹⁴⁾ Treoir 2007/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2007 maidir le measúnú agus bainistiú rioscaí tuile, IO L 288, 6.11.2007, lch. 27).

⁽¹⁵⁾ *Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions EU Biodiversity Strategy for 2030 Bringing nature back into our lives* [Teachtairacht ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2020 chuig Parlaimint na hEorpa, chuig gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Straitéis Bithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030 An dúlra a thabhairt ar ais inár saol], COM(2020) 380 final.

I gcás gníomhaíochtaí i dtríú tíortha, déantar athbhreithniú ar an gclár uair amháin ar a laghad in aghaidh na clárthréimhse agus in aon chás gach 10 mbliana. Cloíonn an clár leis na forálacha dlíthiúla agus rialála atá i réim agus tá sé ag teacht leis na forálacha sin, agus tá sé soiléir cé air a bhfuil na freagrachtaí agus na dliteanais dhlíthiúla. Bíonn pobail áitiúla agus páirtithe leasmhara eile lena mbaineann rannpháirteach go gníomhach sa chlár.

Gan dochar suntasach a dhéanamh ('DNSH')

(1) Maolú ar an athrú aeráide	Níl díghrádú talún agus na muirthimpeallachta ag a bhfuil stoc ard carbóin i gceist leis an ngníomhaíocht ⁽¹⁶⁾ .
(2) Oiriúnú don athrú aeráide	Comhlíontar leis an ngníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn A a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.
(4) Aistriú chuig geilleagar ciorclach	Cuireann oibreoirí teorainn le giniúint dramhaíola i bpróisis a bhaineann le foirgníocht agus scartáil agus cuireann siad san áireamh na teicnící is fearr atá ar fáil. Déantar 70 % ar a laghad (de réir meáchain) de dhramhaíl foirgníochta agus scartála neamhghuaiseach (cé is moite d'ábhar a fhaightear go nádúrtha dá dtagraítear in aicme 17 05 04 sa Liosta Dramhaíola Eorpach a bunaíodh le Cinneadh 2000/532/CE) a ghintear ar an láithreán foirgníochta a ullmhú lena hathúsáid, lena hathchúrsáil nó le haghaidh aisghabháil ábhar eile, lena n-áirítear oibríochtaí aislíonta ina n-úsáidtear dramhaíl in ionad ábhair eile, i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola agus le Prótacal Bainistíochta Dramhaíola Foirgníochta agus Scartála an Aontais Eorpaigh ⁽¹⁷⁾ . Úsáideann oibreoirí scartáil roghnaíoch chun gur féidir substaintí guaiseacha a bhaint agus a láimhseáil go sábháilte agus chun athúsáid agus athchúrsáil ardcháilíochta a éascú.
(5) Cosc agus rialú ar thruailliú	Íoslachdaítear úsáid lotnaidicídí agus táthar i bhfabhar cur chuige nó teicnící malartacha, a bhféadfadh roghanna malartacha neamhcheimiceacha ar lotnaidicídí a bheith san áireamh leo, i gcomhréir le Treoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁸⁾ , cé is moite de na hócáidí sin inar gá lotnaidicídí a úsáid chun ráigeanna lotnaidí agus galar a rialú. Íoslachdaítear an úsáid a bhaintear as leasacháin leis an ngníomhaíocht agus ní úsáidtear aoileach inti.
(6) Bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú	Comhlíontar, leis an ngníomhaíocht, na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn D a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo. Ina theannta sin, tá an méid seo a leanas le háirithiú: (a) san Aontas Eorpach, i ndáil le láithreáin Natura 2000: níl éifeachtaí suntasacha ag an ngníomhaíocht ar láithreáin Natura 2000 i bhfianaise a gcuspóirí caomhnaithe ar bhonn measúnú iomchuí arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 6(3) de Threoir 92/43/CEE ón gComhairle ⁽¹⁹⁾ ;

⁽¹⁶⁾ Ciallaíonn talamh a bhfuil stoc ardcharbóin aige bogaigh, lena n-áirítear talamh portaigh, agus limistéir foraoise gan bhriseadh de réir bhrí Airteagal 29(4)(a), (b) agus (c) de Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82).

⁽¹⁷⁾ Prótacal Bainistíochta Dramhaíola Foirgníochta agus Scartála an Aontais Eorpaigh, mí Mheán Fómhair 2016: <https://ec.europa.eu/docsroom/documents/20509/>.

⁽¹⁸⁾ Treoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail chun úsáid inbhuanaithe lotnaidicídí a bhaint amach (IO L 309, 24.11.2009, lch. 71).

⁽¹⁹⁾ Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flóra fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7).

	(b) san Aontas Eorpach, i réimse ar bith: níl an ghníomhaíocht díobhálach do théarnamh ná do chothabháil líon na speiceas atá faoi chosaint Threoir 92/43/CEE agus Threoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁰⁾ agus a bhfuil stádas caomhnaithe fabhrach acu. Chomh maith leis sin, ní dhéanann an ghníomhaíocht dochar do théarnamh nó do chothabháil na gcineálacha gnáthóige lena mbaineann agus atá faoi chosaint faoi Threoir 92/43/CEE ar stádas caomhantais fabhrach agus a bhfuil stádas caomhnaithe fabhrach acu; (c) san Aontas, cuirtear cosc ar speicis choimhthíocha ionracha a thabhairt isteach, nó bainistítear a leathadh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1143/2014; (d) lasmuigh den Aontas, déantar gníomhaíochtaí i gcomhréir leis an dlí is infheidhme a bhaineann le caomhnú gnáthóg agus speiceas agus bainistíocht speiceas coimhthíoch ionrach.
--	--

4. Faisnéis agus cumarsáid

4.1. Réitigh shonraibhunaithe TF/TO a sholáthar chun sceitheadh a laghdú

Tuairisc ar an ngníomhaíocht

Déanann an ghníomhaíocht seirbhísí gairmiúla, lena n-áirítear comhairliúchán teicniúil le haghaidh dearaidh nó faireacháin, le haghaidh réitigh shonraibhunaithe teicneolaíochta faisnéise (TF) nó teicneolaíochta oibríochtúla (TO) ⁽²¹⁾ a mhonarú, a fhorbairt, a shuiteáil, a chur in úsáid, a choinneáil ar bun, a dheisiú nó a sholáthar, chun sceitheadh i gcórais soláthair uisce a rialú, a bhainistiú, a laghdú agus a mhaolú.

D'fhéadfadh na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa chatagóir seo a bheith bainteach le roinnt cóid NACE, go háirithe E36, F42.99 agus J62 i gcomhréir le haicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006.

Is gníomhaíocht chumasúcháin í gníomhaíocht eacnamaíoch sa chatagóir seo i gcomhréir le hAirteagal 12(1), pointe (e), de Rialachán (AE) 2020/852 i gcás ina gcomhlíonann sí na critéir scagtha theicniúla a leagtar amach sa Roinn seo.

Critéir scagtha theicniúla

Rannchuidiú substaintiúil le húsáid inbhuanaithe a bhaint as uisce agus acmhainní muirí agus iad a chosaint

- Déanann an ghníomhaíocht eacnamaíoch monarú, forbairt, suiteáil, úsáid, coinneáil ar bun nó deisiú, nó soláthraíonn sé seirbhísí gairmiúla, lena n-áirítear comhairliúchán teicniúil le haghaidh deartha nó faireacháin, do cheann amháin nó níos mó de na réitigh shonraibhunaithe TF/TO seo a leanas chun sceitheadh sna córais nua soláthair uisce nó sna córais soláthair uisce atá ann cheana a rialú, a bhainistiú, a laghdú agus a mhaolú:
 - córais faireacháin lena n-áirítear foirne feidhmchláir/uirlisí iomlánaíochta TF/TO, nó breiseáin/breisithe le huirlisí den sórt sin a dhéanann sainaithint, lorg a leanúint agus rianú ar sceitheadh uisce;
 - Réitigh TF/TO, nó breiseáin/breisithe le huirlisí den sórt sin, a dhéanann rialú, bainistiú agus maolú ar sceitheadh uisce;
 - Réitigh TF/OT, nó breiseáin/breisithe le huirlisí den sórt sin, lena n-áirítear idir-inoibritheacht na gcórais i limistéir méadraithe ceantair nuair a shuiteáiltear córais faireacháin nua nó réitigh TF/OT nua.

⁽²⁰⁾ Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú (IO L 20, 26.1.2010, lch. 7).

⁽²¹⁾ Áirítear le 'réitigh shonraibhunaithe TF nó TO' táirgí in-nasctha, braiteoirí, anailísíocht agus bogearraí eile, agus teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (TFC) chun sonraí a tharchur, a stóráil agus a thaispeáint agus chun córais a bhainistiú.

2. Sainaitnítear rioscaí díghrádaithe comhshaoil a bhaineann le cáilíocht an uisce a chosaint agus strus maidir le huisce a sheachaint agus tugtar aghaidh ar na rioscaí sin chun stádas maith uisce agus acmhainn mhaith éiceolaíoch a bhaint amach mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointí (22) agus (23), de Rialachán (AE) 2020/852, i gcomhréir le Treoir 2000/60/CE ⁽²²⁾ agus i gcomhréir le plean bainistíochta úsáide agus cosanta uisce, a fhorbraítear fúthu don dobharlach nó do na dobharlaigh a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh, i gcomhairle le páirtithe leasmhara ábhartha.

Gan dochar suntasach a dhéanamh ('DNSH')

(1) Maolú ar an athrú aeráide	Ní bhaineann le hábhar
(2) Oiriúnú don athrú aeráide	Comhlíontar leis an ngníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscábhinn A a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.
(4) Aistriú chuig geilleagar ciorclach	Tá bearta i bhfeidhm chun dramhaíl a bhainistiú agus a athchúrsáil ag deireadh a ré, lena n-áirítear trí chomhaontuithe conarthacha díchoimisiúnúcháin le soláthraithe seirbhísí athchúrsála, an léiriú i réamh-mheastacháin airgeadais nó an doiciméadacht tionscadail oifigiúil. Áirithítear leis na bearta sin go ndéantar comhpháirteanna agus ábhair a dheighilt agus a chóireáil chun an athchúrsáil agus an athúsáid a uasmhéadú i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola, prionsabail an Aontais maidir le rialáil dramhaíola agus na rialacháin is infheidhme, go háirithe trí cheallraí agus leictreonaic agus na hamhábhair chriticiúla iontu a athúsáid agus a athchúrsáil. Áirítear ar na bearta sin freisin rialú agus bainistíocht ábhar guaiseach. Ullmhú le haghaidh athúsáide, aisghabhála nó oibríochtaí athchúrsála, nó le haghaidh cóireáil chuí, lena n-áirítear gach sreabhán a bhaint agus cóireáil roghnaíoch, déantar iad i gcomhréir le hIarscríbhinn VII a ghabhann le Treoir 2012/19/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²³⁾.
(5) Cosc agus rialú ar thruailliú	Comhlíonann an trealamh a úsáidtear na ceanglais a leagtar síos i dTreoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁴⁾ maidir le freastalaithe agus táirgí stórála sonraí. Níl sa trealamh a úsáidtear na substaintí srianta a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2011/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁵⁾, ach amháin i gcás nach mó na luachanna tiúchana de réir meáchain in ábhair aonchineálacha ná na luachanna uasta a liostaítear san Iarscríbhinn sin.
(6) Bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú	Ní bhaineann le hábhar

⁽²²⁾ Le haghaidh gníomhaíochtaí i dtríú tíortha, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme nó le caighdeáin idirnáisiúnta lena saothraítear cuspóirí coibhéiseacha stádas maith uisce agus acmhainn mhaith éiceolaíoch, trí rialacha coibhéiseacha nós imeachta agus substainteacha, i.e. plean bainistíochta úsáide agus cosanta uisce arna fhorbairt i gcomhairle le páirtithe leasmhara ábhartha lena n-áirithítear 1) go ndéantar measúnú ar thionchar na ngníomhaíochtaí ar stádas sainaitheanta nó ar acmhainn éiceolaíoch an dobharlaigh nó na ndobharlach a bhféadfaí difear a dhéanamh dó/dóibh agus 2) go seachnaítear meathlú nó cosc ar stádas maith/acmhainn mhaith éiceolaíoch.

⁽²³⁾ Treoir 2012/19/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le dramhthrealamh leictreach agus leictreonach (DTLL) (IO L 197, 24.7.2012, lch. 38).

⁽²⁴⁾ Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat chun na ceanglais éicidhearthóireachta do tháirgí a bhaineann le fuinneamh a shocrú (athmhúnlú) (IO L 285, 31.10.2009, lch. 10).

⁽²⁵⁾ Treoir 2011/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 maidir le srian ar shubstaintí guaiseacha áirithe a úsáid i dtrealamh leictreach agus leictreonach (IO L 174, 1.7.2011, lch. 88).

Foscábhinn A

Critéir ghinearálta le haghaidh DNSH maidir le hoiriúnú don athrú aeráide**I. Critéir**

Sainithníodh na rioscaí fisiceacha aeráide atá ábhartha don ghníomhaíocht ó na cinn a liostaítear sa tábla i Roinn II den Fhoscábhinn seo trí mheasúnú láidir a dhéanamh ar riosca agus ar leochaileacht i leith na haeráide leis na céimeanna seo a leanas:

- (a) scagadh na gníomhaíochta chun a shainithint cé na rioscaí fisiceacha aeráide ón liosta i Roinn II den Fhoscábhinn seo a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'fheidhmíocht na gníomhaíochta eacnamaíche le linn a saolré ionchasaí;
- (b) i gcás ina measfar go bhfuil an ghníomhaíocht i mbaol i ngeall ar cheann amháin nó níos mó de na rioscaí fisiceacha aeráide atá liostaithe i Roinn II den Fhoscábhinn seo, measúnú ar riosca agus ar leochaileacht aeráide chun ábharthacht na rioscaí fisiceacha aeráide don ghníomhaíocht eacnamaíoch a mheasúnú;
- (c) measúnú ar réitigh oiriúnúcháin atá in ann an riosca fisiceach a sainithníodh don aeráid a laghdú.

Tá an measúnú ar riosca agus ar leochaileacht aeráide i gcomhréir le scála na gníomhaíochta agus lena saolré ionchasaí, ionas gur fíor an méid seo a leanas:

- (a) maidir le gníomhaíochtaí lena mbaineann saolré ionchasaí níos lú ná 10 mbliana, cuirtear an measúnú chun feidhme, ar a laghad, trí réamh-mheastacháin aeráide a úsáid ar an scála iomchuí is lú;
- (b) maidir leis na gníomhaíochtaí uile eile, déantar an measúnú agus úsáid á baint as réamh-mheastacháin aeráide úrscothacha ar an taifeach is airde atá ar fáil thar an raon reatha cásanna a bheidh ann amach anseo ⁽¹⁾ atá comhsheasmhach le saolré ionchasaí na gníomhaíochta, lena n-áirítear, ar a laghad, cásanna réamh-mheastacháin aeráide 10 mbliana go 30 bliain le haghaidh infheistíochtaí móra.

Tá na réamh-mheastacháin aeráide agus an measúnú tionchair bunaithe ar dhea-chleachtas agus ar an treoir atá ar fáil agus cuirtear san áireamh iontu sin an eolaíocht úrscothach maidir le hanailís leochaileachta agus riosca agus modheolaíochtaí gaolmhara i gcomhréir leis na tuarascálacha is déanaí ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide ⁽²⁾, foilseacháin eolaíochta phiarmheasúnaithe agus samhlacha foinse oscailte ⁽³⁾ nó samhlacha íocaíochta.

I gcás gníomhaíochtaí atá ann cheana agus gníomhaíochtaí nua ina n-úsáidtear sócmhainní fisiceacha atá ann cheana, cuireann an t-oibreoir eacnamaíoch réitigh fhisiceacha agus neamhfhisiceacha ('réitigh oiriúnúcháin') chun feidhme thar thréimhse suas le 5 bliana, lena laghdaítear na rioscaí fisiceacha aeráide is tábhachtaí atá sainitheanta agus atá ábhartha don ghníomhaíocht sin. Dréachtaítear plean oiriúnúcháin le haghaidh chur chun feidhme na réiteach sin dá réir sin.

Maidir le gníomhaíochtaí nua agus gníomhaíochtaí atá ann cheana ina n-úsáidtear sócmhainní fisiceacha nuathógtha, comhtháthaíonn an t-oibreoir eacnamaíoch na réitigh oiriúnúcháin a laghdaíonn na rioscaí fisiceacha aeráide is tábhachtaí atá aitheanta agus atá ábhartha don ghníomhaíocht sin tráth an deartha agus na tógála agus cuireann sé chun feidhme iad sula gcuirtear tús leis na hoibríochtaí.

Ní dhéanann na réitigh oiriúnúcháin a chuirtear chun feidhme dochar do na hiarrachtaí oiriúnúcháin ná do leibhéal athléimneachta daoine eile, an dúlra, na hoidhreachtachtaí cultúrtha, sócmhainní agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha eile i leith rioscaí fisiceacha aeráide; tá siad comhsheasmhach le straitéisí agus pleananna oiriúnúcháin áitiúla, earnála, réigiúnacha nó náisiúnta; agus cuimhnítear leo ar úsáid a bhaint as réitigh dhúlra bhunaithe ⁽⁴⁾ nó bíonn siad ag brath ar an mbonnagar glas nó gorm ⁽⁵⁾ a mhéid is féidir.

⁽¹⁾ Áirítear le cásanna sa todhchaí conairí tiúchana ionadaíoch RCP2.6, RCP4.5, RCP6.0 agus RCP8.5 den Phainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide.

⁽²⁾ Tuarascálacha Measúnachta ar an Athrú Aeráide: *Impacts, Adaptation and Vulnerability* [Tionchair, Oiriúnú agus Leochaileacht] a fhoilsíonn an Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) go tréimhsiúil, comhlacht na Náisiún Aontaithe atá freagrach as measúnú a dhéanamh ar an eolaíocht a bhaineann leis an athrú aeráide, <https://www.ipcc.ch/reports/>.

⁽³⁾ Mar shampla, seirbhísí Copernicus arna mbainistiú ag an gCoimisiún Eorpach.

⁽⁴⁾ Sainmhínítear réitigh dhúlra bhunaithe mar 'réitigh a fhaigheann inspioráid agus tacaíocht ón dúlra, atá costéifeachtach, a sholáthraíonn, go comhuaineach, tairbhí comhshaoil, tairbhí sóisialta agus tairbhí eacnamaíocha, agus a chuidíonn le hathléimneacht a chothú. Tugann na réitigh sin níos mó gnéithe agus próisis de chuid an dúlra, níos mó gnéithe agus próisis nádúrtha, agus gnéithe agus próisis níos éagsúla isteach i gcathracha, i dtírdhreacha agus i muirdhreacha, trí idirghabhálacha sistéamacha a oiriúnaítear go háitiúil agus atá tiosach ar acmhainní. Dá bhrí sin, is chun tairbhe na bithéagsúlachta na réitigh dhúlra bhunaithe agus is tacaíocht iad ó thaobh raon seirbhísí éiceachórais a sheachadadh. (leagan an 27.6.2023: <https://ec.europa.eu/research/environment/index.cfm?pg=nbs>).

⁽⁵⁾ Féach an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Bonneagar Glas (BG) — Caipiteal Nádúrtha na hEorpa a Neartú (COM(2013) 249 final).

II. Guaiseacha a bhaineann leis an aeráid a aicmiú ⁽⁶⁾

	Guaiseacha a bhaineann le teocht	Guaiseacha a bhaineann le gaoth	Guaiseacha a bhaineann le huisce	Guaiseacha a bhaineann le mais sholadach
Ainsealach	Athrú teochta (aer, fionnuisce, uisce mara)	Athrú i bpátrúin ghaoithe	Athrú i bpátrúin agus i gcineálacha frasaíochta (báisteach, clocha sneachta, sneachta/leac oighir)	Creimeadh cósta
	Strus teirmeach		Frasaíocht nó inathraitheacht hidreolaíoch	Díghrádú ithreach
	Inathraitheacht teochta		Aigéadú na n-aigéan	Creimeadh ithreach
	Coscairt talún síorshiochta		Ionsá salanda	Sreabhadh ithreach
			Ardú ar leibhéal na mara	
			Strus maidir le huisce	
Géar	Tonn teasa	Cioclón, hairicín, tíofún	Triomach	Maidhm shneachta
	Tonn fuachta/sioc	Stoirm (lena n-áirítear síobadh sneachta, deannach agus stoirmeacha gainimh)	Frasaíocht throm (báisteach, clocha sneachta, sneachta/leac oighir)	Sciorradh talún
	Falscaí	Tornádó	Tuile (chósta, shrutha, bháistiúil, screamhuisce)	Turnamh
			Tobdhíle locha oighrigh	

⁽⁶⁾ Níl an liosta de ghuaiseacha a bhaineann leis an aeráid sa tábla seo iomlán, agus ní chuimsítear ann ach liosta táscach de na guaiseacha is forleithne atá le cur san áireamh mar íosmhéid sa mheasúnú ar riosca agus leochaileacht aeráide.

Foscábhinn C

Critéir ghinearálta le haghaidh DNSH maidir le truailliú a chosc agus a rialú i dtaca le húsáid agus láithreach ceimiceán

Ní dhéantar na nithe a leanas a mhonarú, a chur ar an margadh ná a úsáid mar thoradh ar an ngníomhaíocht:

- (a) substaintí, bídis leo féin, i meascáin nó in earraí, a liostaítear in Iarscríbhinní I nó II a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾, ach amháin i gcás substaintí atá i láthair mar rian-éilleán neamhbheartaithe;
- (b) mearcair agus comhdhúile mearcair, a meascáin agus táirgí ar cuireadh mearcair leo mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2017/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾;
- (c) substaintí, bídis leo féin, i meascáin nó in earraí, a liostaítear in Iarscríbhinní I nó II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1005/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾;
- (d) substaintí, bídis leo féin, i meascáin nó in earraí, a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2011/65/AE, ach amháin i gcás ina bhfuil comhlíontacht iomlán le hAirteagal 4(1) den Treoir sin;
- (e) substaintí, bídis leo féin, i meascáin nó in earraí, a liostaítear in Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾, ach amháin i gcás ina bhfuil comhlíontacht iomlán leis na coinníollacha a shonraítear san Iarscríbhinn sin;
- (f) substaintí, bídis leo féin, nó i meascáin nó in earraí, i dtiúchan is mó ná 0,1 % meáchan de réir meáchain (w/w), agus a chomhlíonann na critéir a leagtar síos in Airteagal 57 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 agus a sainaithníodh i gcomhréir le hAirteagal 59(1) den Rialachán sin ar feadh tréimhse de 18 mí ar a laghad, ach amháin má dhéanann na hoibreoirí measúnú agus doiciméadú air nach bhfuil aon substaint nó teicneolaíocht mhalartach oiriúnach eile ar fáil ar an margadh, agus go n-úsáidtear iad faoi choinníollacha rialaithe ⁽⁵⁾.

Ina theannta sin, ní bheidh mar thoradh ar an ngníomhaíocht go monarófar substaintí eile, go mbeidh siad sa táirge deiridh nó san aschur deiridh, nó go gcuirfear ar an margadh iad, bíodh na substaintí sin leo féin, nó i meascáin nó in earraí, i dtiúchan is mó ná 0,1 % meáchan de réir meáchain (w/w), ar substaintí iad a chomhlíonann critéir Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 le haghaidh ceann de na haicmí guaise nó de na catagóirí guaise a luaitear in Airteagal 57 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, ach amháin má dhéanann na hoibreoirí measúnú agus doiciméadú air nach bhfuil aon substaint nó teicneolaíocht mhalartach oiriúnach eile ar fáil ar an margadh, agus go n-úsáidtear iad faoi choinníollacha rialaithe ⁽⁶⁾.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le truailléin orgánacha mharthanacha (IO L 169, 25.6.2019, lch. 45).

⁽²⁾ Rialachán (AE) 2017/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 maidir le mearcair, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1102/2008 (IO L 137, 24.5.2017, lch. 1).

⁽³⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1005/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le substaintí a ídíonn an ciseal ózóin (IO L 286, 31.10.2009, lch. 1).

⁽⁴⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1).

⁽⁵⁾ Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na heisceachtaí ón toirmeasc ar mhonarú, ar chur ar an margadh nó ar úsáid na substaintí dá dtagraítear i bpointe (f) a luaitear a bheidh prionsabail chothrománacha foilsithe aige maidir le húsáid riachtanach ceimiceán.

⁽⁶⁾ Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na heisceachtaí ón toirmeasc ar mhonarú, láithreach sa táirge deiridh nó san aschur deiridh, nó cur ar an margadh na substaintí dá dtagraítear sa mhír seo a luaitear a bheidh prionsabail chothrománacha foilsithe aige maidir le húsáid riachtanach ceimiceán.

Foscríbhinn D

Critéir ghinearálta le haghaidh DNSH maidir le bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú

Cuireadh Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol (MTC) ⁽¹⁾ nó scagadh i gcrích i gcomhréir le Treoir 2011/92/AE ⁽²⁾.

I gcás ina ndearnadh MTC, cuirtear chun feidhme na bearta maolaithe agus cúiteacha a éilítear chun an comhshaol a chosaint.

Maidir le suíomhanna/oibríochtaí atá suite i limistéir atá íogair ó thaobh na bithéagsúlachta de nó gar dóibh (lena n-áirítear líonra Natura 2000 de limistéir faoi chosaint, láithreáin Oidhreacht Domhanda Unesco agus Príomhlimistéir Bhithéagsúlachta, chomh maith le limistéir eile faoi chosaint), rinneadh measúnú iomchuí ⁽³⁾, i gcás inarbh infheidhme, agus i bhfianaise a chonclúidí cuirtear na bearta maolaithe riachtanacha ⁽⁴⁾ chun feidhme.

⁽¹⁾ An nós imeachta trína gcinneann an t-údarás inniúil cé acu a bheidh nó nach mbeidh na tionscadail a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2011/92/AE faoi réir ag measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol (dá dtagraítear in Airteagal 4(2) den Treoir sin).

⁽²⁾ I gcás gníomhaíochtaí i dtríú tíortha, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta coibhéiseach is infheidhme nó le caighdeán idirnáisiúnta coibhéiseach is infheidhme a éilíonn go gcuirfí MTC nó scagadh i gcrích, mar shampla, Caighdeán Feidhmíochta 1 na Corparáide Airgeadais Idirnáisiúnta (IFC): Measúnú agus Bainistíocht Rioscaí Comhshaoil agus Sóisialta.

⁽³⁾ I gcomhréir le Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú (IO L 20, 26.1.2010, lch. 7) agus Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7). Le haghaidh gníomhaíochtaí atá suite i dtríú tíortha, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta coibhéiseach is infheidhme nó le caighdeán idirnáisiúnta coibhéiseach is infheidhme, arb é is aidhm dóibh gnáthóga nádúrtha, fána fiáin agus flóra fiáin a chosaint, agus a éilíonn go ndéantar (1) nós imeachta scagtha lena chinneadh an bhfuil gá, le haghaidh gníomhaíocht ar leith, le measúnú iomchuí ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ann ar ghnáthóga agus speicis chosanta; (2) measúnú iomchuí den sórt sin i gcás ina gcinntear ón scagadh go bhfuil gá leis, mar shampla, Caighdeán Feidhmíochta 6 na Corparáide Airgeadais Idirnáisiúnta: Caomhnú na Bithéagsúlachta agus Bainistiú Inbhuanaithe na nAcmhainní Nádúrtha Beo.

⁽⁴⁾ Sainaithníodh na bearta sin chun a áirithiú nach mbeidh aon éifeacht mhór ag an tionscadal, ag an bplean ná ag an ngníomhaíocht ar chuspóirí caomhnaithe an limistéir faoi chosaint.

IARSCRÍBHINN II

Critéir scagtha theicniúla chun na coinníollacha a chinneadh faoina bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch cáilithe mar rannchuidiú substaintiúil leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach agus chun a chinneadh cé acu a dhéantar nó nach ndéantar aon díobháil shuntasach leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch sin d'aon cheann de na cuspóirí comhshaoil eile

Clár Ábhar

Leathanach

1. Monaraíocht	28
1.1. Monarú earraí pacáistíochta plaistí	28
1.2. Monarú trealamh leictirigh agus leictreonaigh	32
2. Soláthar uisce, séarachas, bainistiú dramhaíola agus gníomhaíochtaí feabhsúcháin	39
2.1. Aisghabháil fosfair ó fhuíolluisce	39
2.2. Acmhainní malartacha uisce a tháirgeadh chun críoch eile seachas lena gcaitheamh ag an duine	40
2.3. Dramhaíl neamhghuaiseach agus dramhaíl ghuaiseach a bhailiú agus a iompar	42
2.4. Dramhaíl ghuaiseach a chóireáil	44
2.5. Bithdhramhaíl a aisghabháil trí dhíleá anaeróbach nó trí mhúiríní	46
2.6. Díthruailliú agus díchóimeáil táirgí a bhfuil a ré caite	47
2.7. Sórtáil agus aisghabháil ábhair dramhaíola neamhghuaisí	49
3. Gníomhaíochtaí foirgníochta agus réadmhaoine	51
3.1. Foirgnimh nua a thógáil	51
3.2. Athchóiriú foirgneamh atá ann faoi láthair	55
3.3. Scartáil agus raiceáil foirgneamh agus déanmhas eile	59
3.4. Bóithre agus mótarbhealaí a chothabháil	61
3.5. Úsáid coincreíte san innealtóireacht shibhialta	63
4. Faisnéis agus cumarsáid	67
4.1. Réitigh agus TF/TO sonraibhunnaithe a sholáthar	67
5. Seirbhísí	71
5.1. Deisiú, athchóiriú agus athmhonarú	71
5.2. Díol páirteanna spártha	73
5.3. Ullmhú d'athúsáid táirgí agus comhpháirteanna táirgí a bhfuil a ré caite	74
5.4. Díol earraí athlámhe	76
5.5. An táirge mar sheirbhís agus samhlacha seirbhíse eile atá dírithe ar úsáid chiorclach agus ar thorthaí	79
5.6. Margadh le haghaidh trádáil earraí athlámhe lena n-athúsáid	81

1. **Monaraíocht**

1.1. **Monarú earraí pacáistíochta plaistí**

Tuairisc ar an ngníomhaíocht

Monarú earraí pacáistíochta plaistí.

D'fhéadfadh na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa chatagóir seo a bheith bainteach le cód NACE C22.22 i gcomhréir le haicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006.

Critéir scagtha theicniúla

Rannchuidiú substaintiúil leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach

1. Comhlíonann an ghníomhaíocht ceann de na critéir seo a leanas:

- (a) úsáid bunábhair chiorclaigh: go dtí 2028, ábhar iarthomhaltais a athchúrsáiltear go meicniúil le haghaidh pacáistíocht nach bhfuil íogair ó thaobh teagmhála de a bheith in 35 % ar a laghad den táirge pacáistíochta de réir meáchain, agus ábhar iarthomhaltais a athchúrsáiltear go meicniúil le haghaidh pacáistíocht atá íogair ó thaobh teagmhála de a bheith in 10 % de ar a laghad ⁽¹⁾. Ó 2028 ar aghaidh, ábhar iarthomhaltais a athchúrsáiltear go meicniúil le haghaidh pacáistíocht nach bhfuil íogair ó thaobh teagmhála de a bheith in 65 % ar a laghad den táirge pacáistíochta de réir meáchain, agus ábhar iarthomhaltais a athchúrsáiltear go meicniúil le haghaidh pacáistíocht atá íogair ó thaobh teagmhála de a bheith in 50 % de ar a laghad;
- (b) dearadh le haghaidh athúsáide: dearadh an táirge pacáistíochta chun bheith in-athúsáidte laistigh de chóras athúsáide ⁽²⁾ agus comhlíonann sé na ceanglais maidir le húsáid bunábhair chiorclaigh, mar a leagtar amach i bpointe 1.a, agus spriocanna 35 % agus 10 % le haghaidh bunábhar athchúrsáilte i bhfeidhm ó 2028 ar aghaidh agus 65 % agus 50 % i bhfeidhm ó 2032 ar aghaidh. Bunaítear an córas le haghaidh athúsáide ar bhealach lena n-áirítear go bhféadfaí é a athúsáid i gcóras lúbiata nó i gcóras lúboscailte, ar córas é lena mbaineann an méid seo a leanas:
 - (i) soláthraíonn sé struchtúr rialachais sainithe agus coimeádann sé taifid ar an líonadh, na hathúsáidí, na diúltuithe, an ráta bailithe, an méid pacáistíochta in-athúsáidte a chuirtear ar an margadh agus aonaid díolacháin nó aonaid choibhéiseacha;
 - (ii) déanann sé foráil maidir le rialacha i ndáil le raon feidhme an táirge agus formáidí pacáistíochta, agus maidir le pacáistíocht in-athúsáidte a bhailiú, lena n-áirítear dreasachtaí do thomhaltóirí;

⁽¹⁾ Ciallaíonn 'pacáistíocht atá íogair ó thaobh teagmhála de' pacáistíocht atá beartaithe lena húsáid in aon fheidhm phacáistíochta faoi raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe (IO L 268, 18.10.2003, lch. 29), Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2004 maidir le hábhair agus earraí a bheartaítear a bheith i dtadhall le bia agus lena n-aisghairtear Treoracha 80/590/CEE agus 89/109/CEE (IO L 338, 13.11.2004, lch. 4), Rialachán (CE) Uimh. 767/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le beatha a chur ar an margadh agus a úsáid, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 79/373/CEE ón gComhairle, Treoir 80/511/CEE ón gCoimisiún, Treoracha 82/471/CEE, 83/228/CEE, 93/74/CEE, 93/113/CE agus 96/25/CE ón gComhairle agus Cinneadh 2004/217/CE ón gCoimisiún (IO L 229, 1.9.2009, lch. 1), Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le táirgí cosmaideacha (IO L 342, 22.12.2009, lch. 59), Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis, lena leasaítear Treoir 2001/83/CE, Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 agus Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 agus lena n-aisghairtear Treoracha 90/385/CEE agus 93/42/CEE ón gComhairle (IO L 117, 5.5.2017, lch. 1), Rialachán (AE) 2017/746 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis diagnóiseacha *in vitro* agus lena n-aisghairtear Treoir 98/79/CE agus Cinneadh 2010/227/AE ón gCoimisiún (IO L 117, 5.5.2017, lch. 176), Rialachán (AE) 2019/4 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le beatha íocleasaithe a mhonarú, a chur ar an margadh agus a úsáid, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 183/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 90/167/CEE ón gComhairle (IO L 4, 7.1.2019, lch. 1), Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le táirgí íocshláinte tréidliachta agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/82/CE (IO L 4, 7.1.2019, lch. 43), Treoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine (IO L 311, 28.11.2001, lch. 67), nó Treoir 2008/68/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2008 maidir le hiompar intúre earraí contúirteacha (IO L 260, 30.9.2008, lch. 13).

⁽²⁾ Déantar 'in-athúsáidte' agus 'córas athúsáide' a shainiú agus a chur chun feidhme i gcomhréir leis na ceanglais maidir le córais athúsáide pacáistíochta i reachtaíocht an Aontais maidir le pacáistíocht agus pacáistíocht phlaisteach, lena n-áirítear aon chaighdeán a bhaineann leis an líon uainíochtaí i gcóras le haghaidh athúsáide.

- (iii) áiríthíonn sé rochtain agus coinníollacha oscailte agus combhionanna do na hoibreoí eacnamaíocha uile ar mian leo a bheith ina gcuid de, lena n-áirítear dáileadh comhréireach na gcostas agus na sochar ar gach rannpháirtí sa chóras ⁽³⁾;
- (c) úsáid bunábhair bithdhramhaíola: bunábhar bithdhramhaíola inbhuanaithe atá in 65 % ar a laghad den táirge pacáistíochta de réir meáchain ⁽⁴⁾. Maidir le bithdhramhaíl thalmhaíocht bhunaithe a úsáidtear chun pacáistíocht phlaisteach a mhonarú, comhlíonann sí na critéir a leagtar síos in Airteagal 29, míreanna 2 go 5, de Threoir (AE) 2018/2001. Maidir le bithdhramhaíl fhoraoisbhunaithe a úsáidtear chun pacáistíocht phlaisteach a mhonarú, comhlíonann sí na critéir a leagtar síos in Airteagal 29, míreanna 6 agus 7, den Treoir sin.
2. Tá an táirge pacáistíochta in-athchúrsáilte sa chleachtas agus ar scála. Léirítear go bhfuil an táirge pacáistíocht in-athchúrsáilte sa chleachtas agus ar scála trí na critéir uile a shonraítear thíos a chomhlíonadh ⁽⁵⁾.
- 2.1. Tá an t-aonad pacáistíochta ⁽⁶⁾ deartha chun bheith in-athchúrsáilte, ionas gur féidir é a shórtáil agus a athchúrsáil ag deireadh a ré agus go bhfuil an t-ábhar athchúrsáilte a eascraíonn as ar cháilíocht chomh hard sin gur féidir é a úsáid arís i bhfeidhmeanna pacáistíochta. Ní úsáidtear dathanna, breiseáin ná eilimintí dearaidh na pacáistíochta a thruaillíonn an sruth athchúrsála nuair a dhéantar dramhaíl den phacáistíocht agus a laghdaíonn go mór cáilíocht na n-ábhar athchúrsáilte a eascraíonn as. Sa chás is fearr, déantar an t-aonad pacáistíochta as an ábhar amháin (an réiteach mona-ábhair) nó, ar a laghad, na hábhair atá sa phacáistíocht bíonn siad comhoiriúnach leis na sruthanna athchúrsála agus leis na próisis sórtála atá ann cheana. I gcás nach bhfuil gach comhpháirt phacáistíochta comhoiriúnach leis na sruthanna agus na próisis athchúrsála atá ann cheana, ní mór a bheith in ann, trí bhíthin na pacáistíochta, a comhpháirteanna neamh-in-athchúrsáilte a dheighilt, bíodh sin de láimh ag tomhaltóirí nó laistigh de na próisis sórtála agus athchúrsála atá ann cheana.
- 2.2. Ina theannta sin, meastar go bhfuil an phacáistíocht in-athchúrsáilte ar scála i gcás ina gcomhlíonann sí ceann de na critéir seo a leanas:
- (a) tá sé cruthaithe go n-oibríonn bailiú, sórtáil agus athchúrsáil i gcleachtas agus ar scála: le hábhar pacáistíochta plaisteach an aonaid pacáistíochta, baintear amach an sprioc maidir leis an ráta íosta athchúrsála ⁽⁷⁾ le haghaidh dramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach a leagtar síos le Treoir 94/62/CE, bíodh sin sa dlínse náisiúnta ina gcuirtear an phacáistíocht ar an margadh, gan beann ar mhéid na dlínse, nó sna Ballstáit, a bhfuil 100 milliún áitritheoir ar a laghad i dteannta a chéile iontu;
- (b) tá sé cruthaithe go bhfuil bailiú, sórtáil agus athchúrsáil ar an mbóthar ceart chun go n-oibreoidh siad i gcleachtas agus ar scála: tá próisis sórtála agus athchúrsála ar fáil ag Leibhéal 9 na hUllmhachta Teicneolaí mar atá sainithe ag ISO 16290:2013 ⁽⁸⁾.
3. Nuair a tháirgtear an t-ábhar pacáistíochta, ní chuirtear na substaintí seo a leanas, a bhfuil airíonna guaiseacha iontu a shonraítear thíos, leis an mbunábhar:
- (a) substaintí a chomhlíonann na critéir a leagtar síos in Airteagal 57 agus a shainithnítear i gcomhréir le hAirteagal 59(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006;
- (b) substaintí a chomhlíonann na critéir maidir lena n-aicmiú mar shubstaintí carcanaigineacha de chatagóir 1 nó 2, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁹⁾;
- (c) substaintí a chomhlíonann na critéir maidir lena n-aicmiú mar shubstaintí só-ghineacha de chatagóir 1 nó 2, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008;

⁽³⁾ Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na coinníollacha sin a luaithe a ghlacfar an t-athbhreithniú ar Threoir 94/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 1994 maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht (IO L 365, 31.12.1994, lch. 10).

⁽⁴⁾ Tagraíonn bunábhar bithdhramhaíola inbhuanaithe do bhithdhramhaíl thionsclaíoch agus do bhithdhramhaíl chathrach, agus eisiann sé bithmhais phríomhúil in éagmais critéir inbhuanaitheachta arna gcomhaontú go dlíthiúil.

⁽⁵⁾ Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na coinníollacha sin a luaithe a ghlacfar an t-athbhreithniú ar Threoir 94/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 1994 maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht (IO L 365, 31.12.1994, lch. 10).

⁽⁶⁾ Ciallaíonn ‘aonad pacáistíochta’ aonad ina iomláine, lena n-áirítear aon chomhpháirt chomhtháite nó aon chomhpháirt ar leithligh, a bhfuil feidhm phacáistíochta acu i dteannta le chéile amháin coimeád, cosaint, láimhseáil, seachadadh, stóráil, iompar agus cur i láthair na dtáirgí, agus lena n-áirítear aonaid neamhspleácha phacáistíochta ghrúpáilte nó iompair i gcás ina ndíúscaítear iad roimh an díolphointe.

⁽⁷⁾ Is éard is ‘ráta athchúrsála’ ann cion na dramhaíola arna giniúint a athchúrsáiltear.

⁽⁸⁾ ISO 16290:2013, Córais Spáis – Sainmhíniú ar na Leibhéil Ullmhachta Teicneolaíochta agus a gcritéir mheasúnaithe (leagan an 27.6.2023: <https://www.iso.org/obp/ui/#iso:std:iso:16290:ed-1:v1:en>).

⁽⁹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoracha 67/548/CEE agus 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1).

- (d) substaintí a chomhlíonann na critéir maidir lena n-aicmiú mar shubstaint atá tocsaineach don atáirgeadh de chatagóir 1 nó 2, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008;
 - (e) substaintí a chomhlíonann na critéir maidir lena n-aicmiú mar shuaiteoir inchríneach i gcás shláinte an duine de chatagóir 1, nó i gcás an chomhshaoil de chatagóir 1, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008;
 - (f) substaintí a chomhlíonann na critéir maidir lena n-aicmiú mar shubstaintí marthanacha, bithcharnacha agus tocsaineacha i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008;
 - (g) substaintí a chomhlíonann na critéir maidir lena n-aicmiú mar shubstaintí an-mharthanach agus an-bhithcharnach i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008;
 - (h) substaintí a chomhlíonann na critéir maidir lena n-aicmiú mar shubstaintí marthanacha, soghluaiste agus tocsaineacha i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008;
 - (i) substaintí a chomhlíonann na critéir maidir lena n-aicmiú mar shubstaintí an-mharthanach agus an-soghluaiste i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008;
 - (j) substaintí a chomhlíonann na critéir maidir lena n-aicmiú mar íogróirí riospráide de chatagóir 1, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, seachas einsímí;
 - (k) substaintí a chomhlíonann na critéir maidir lena n-aicmiú mar íogróirí craicinn de chatagóir 1, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008;
 - (l) substaintí a chomhlíonann na critéir maidir lena n-aicmiú mar shubstaintí lena mbaineann guais ainsealach don chomhshaoil uisceach de chatagóir 1, 2, 3 nó 4, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008;
 - (m) substaintí a chomhlíonann na critéir maidir lena n-aicmiú mar shubstaintí lena mbaineann guais don chiseal ózóin i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008;
 - (n) substaintí a chomhlíonann na critéir maidir lena n-aicmiú mar shubstaintí ag a bhfuil tocsaineacht sain-spriocorgáin – ilnochtadh de chatagóir 1 nó 2, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008;
 - (o) substaintí a chomhlíonann na critéir maidir lena n-aicmiú mar shubstaintí ag a bhfuil tocsaineacht sain-spriocorgáin – aon nochtadh amháin de chatagóir 1 nó 2, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008.
4. Is le haghaidh málaí plaisteacha an-éadrom, agus lena n-aghaidh sin amháin atá ábhair phlaisteacha inmhuirínithe i bhfeidhmeanna pacáistíochta; tae, caife nó málaí dí eile; tae, caife nó pillíní dí eile agus lipéid ghreamaitheacha a cheanglaítear le torthaí agus glasaí.

Gan dochar suntasach a dhéanamh ('DNSH')

(1) Maolú ar an athrú aeráide	Maidir le plaisteach a mhonaraítear as bunábhar a athchúrsáiltear go ceimiceach, is ísle astaíochtaí saolré GCT an phlaistigh mhonaraithe, gan aon chreidmheas ríofa ó tháirgeadh breoslaí a chur san áireamh, is ísle iad ná astaíochtaí saolré GCT an phlaistigh choibhéisigh i bhfoirm phríomhúil a mhonaraítear as bunábhar breosla iontaise. Déantar astaíochtaí saolré GCT a ríomh trí Mholadh (AE) 2021/2279 ón gCoimisiún ⁽¹⁰⁾ a úsáid nó, ina ionad sin, ISO 14067:2018 ⁽¹¹⁾ nó ISO 14064-1:2018 ⁽¹²⁾ . Déanann tríú páirtí neamhspleách astaíochtaí saolré GCT cainníochtaithe a fhíorú.
-------------------------------	---

⁽¹⁰⁾ Moladh ón gCoimisiún (AE) 2021/2279 an 15 Nollaig 2021 maidir le modhanna an Loirg Comhshaoil a úsáid chun feidhmíocht chomhshaoil táirgí agus eagraíochtaí ar feadh a saolré a thomhas agus a chur in iúl (IO L 471, 30.12.2021, lch. 1).

⁽¹¹⁾ Caighdeán ISO 14067:2018, Gáis ceaptha teasa – lorg carbóin táirgí – ceanglais agus treoirlínte le haghaidh cainníochtú (leagan an 27.6.2023: <https://www.iso.org/standard/71206.html>).

⁽¹²⁾ Caighdeán ISO 14064-1:2018, Gáis ceaptha teasa – Cuid 1: Sonraíocht lena ngabhann treoraíocht ar leibhéal na heagraíochta maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus aistriúcháin a chainníochtú agus a thuairisciú (leagan an 27.6.2023: <https://www.iso.org/standard/66453.html>).

	Astaíochtaí saolré GCT an phlaistigh a mhonaraítear as bunábhar bithdhramhaíola inbhuanaithe, is ísle iad ná astaíochtaí saolré GCT na bplaisteach coibhéiseach i bhfoirm phríomhúil a mhonaraítear as bunábhar breosla iontaise. Déantar astaíochtaí saolré GCT a ríomh trí Mholadh 2013/179/AE ⁽¹³⁾ ón gCoimisiún a úsáid nó, ina ionad sin, trí ISO 14067:2018 nó ISO 14064-1:2018 a úsáid. Déanann tríú páirtí neamhspleách astaíochtaí saolré GCT cainníochtaithe a fhíorú.
(2) Oiriúnú don athrú aeráide	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn A a ghabhann leis an larscríbhinn seo.
(3) Uisce agus acmhainní mairí a úsáid agus a chosaint ar bhonn inbhuanaithe	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn B a ghabhann leis an larscríbhinn seo.
(5) Cosc agus rialú ar thruailliú	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn C a ghabhann leis an larscríbhinn seo. Maidir leis na táirgí a mhonaraítear as ábhair phlaisteacha i bhfoirm phríomhúil, tá astaíochtaí ó mhonarú na n-ábhar plaisteach sin laistigh de nó níos ísle ná na leibhéil astaíochtaí a bhaineann leis na raonta maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT-AEL), ar raonta iad a leagtar amach sna conclúidí ábhartha maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT), lena n-áirítear: (a) na conclúidí maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT) le haghaidh gnáthchórais bhainistíochta/chóireála fuíolluisce agus dramhgháis in earnáil na gceimiceán ⁽¹⁴⁾, le haghaidh astaíochtaí san uisce i gcás ina bhfuil feidhm ag tairseacha astaíochtaí ábhartha; (b) na conclúidí maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT) le haghaidh gnáthchórais bhainistíochta agus chóireála dramhgháis in earnáil na gceimiceán ⁽¹⁵⁾ le haghaidh astaíochtaí suiteálacha nua san aer (nó le haghaidh suiteálacha atá ann cheana laistigh de 4 bliana ó fhoilsiú BATC) i gcás ina mbeidh feidhm ag coinníollacha ábhartha; (c) an Doiciméad Tagartha maidir leis na Teicnící Is Fearr atá ar Fáil (BREF) maidir le Táirgeadh Polaiméirí ⁽¹⁶⁾ le haghaidh na bpróiseas táirgthe faoi choinníollacha nach gcumhdaítear leis an BATC a luaitear thuas; (d) an Doiciméad Tagartha maidir leis na Teicnící Is Fearr atá ar Fáil (BREF) maidir le tionscal na gCeimiceán Neamhorgánach d'Ardoirt – Soladacha agus Eile ⁽¹⁷⁾; (e) an Doiciméad Tagartha maidir leis na Teicnící Is Fearr atá ar Fáil (BREF) maidir le monarú Ceimiceán Neamhorgánach d'Ardoirt - Amóinia, Aigéid agus Leasacháin ⁽¹⁸⁾;

⁽¹³⁾ Moladh ón gCoimisiún an 9 Aibreán 2013 maidir le modhanna coiteanna a úsáid chun feidhmíocht chomhshaoil saolré táirgí agus eagraíochtaí a thomhas agus a chur in iúl (IO L 124, 4.5.2013, lch. 1).

⁽¹⁴⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/902 ón gCoimisiún an 30 Bealtaine 2016 lena mbunaítear conclúidí maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT), faoi Threoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, le haghaidh gnáthchórais bhainistíochta/chóireála fuíolluisce agus dramhgháis in earnáil na gceimiceán (IO L 152, 9.6.2016, lch. 23).

⁽¹⁵⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2427 ón gCoimisiún an 6 Nollaig 2022 lena mbunaítear conclúidí maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT), faoi Threoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha, le haghaidh córais choiteanna bhainistíochta agus chóireála dramhgháis in earnáil na gceimiceán (IO L 318, 12.12.2022, lch. 157).

⁽¹⁶⁾ An Doiciméad Tagartha maidir leis na Teicnící Is Fearr atá ar Fáil (BAT) maidir le Táirgeadh Polaiméirí (leagan an 27.6.2023: https://eippcb.jrc.ec.europa.eu/sites/default/files/2019-11/pol_bref_0807.pdf)

⁽¹⁷⁾ An Doiciméad Tagartha maidir leis na Teicnící Is Fearr atá ar Fáil (BAT) maidir le tionscal na gCeimiceán Neamhorgánach d'Ardoirt – Soladacha agus Eile (leagan an 27.6.2023: https://eippcb.jrc.ec.europa.eu/sites/default/files/2019-11/lvic-s_bref_0907.pdf).

⁽¹⁸⁾ An Doiciméad Tagartha maidir leis na Teicnící Is Fearr atá ar Fáil (BREF) maidir le monarú Ceimiceán Neamhorgánach d'Ardoirt – Amóinia, Aigéid agus Leasacháin (leagan an 27.6.2023: https://eippcb.jrc.ec.europa.eu/sites/default/files/2019-11/lvic_aaf.pdf).

	(f) an Doiciméad Tagartha maidir leis na Teicnící is Fearr atá ar Fáil (BREF) maidir le Monarú Mínceimiceán Orgánach ⁽¹⁹⁾; (g) an Doiciméad Tagartha maidir leis na Teicnící is Fearr atá ar Fáil (BREF) maidir le táirgeadh ceimiceán neamhorgánach speisialtachta (SIC) ⁽²⁰⁾. Níl aon éifeacht trasmheáin mhór ann.
(6) Bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú	Comhlíonann an ghníomhaíocht critéir a leagtar amach i bhFoscáirbhinn D a ghabhann leis an Iarscáirbhinn seo.

1.2. Monarú trealamh leictirigh agus leictreonaigh

Tuairisc ar an ngníomhaíocht

Monarú trealamh leictirigh agus leictreonaigh le haghaidh úsáid thionsclaíoch, ghairmiúil agus tomhaltóirí.

Áirítear leis an ngníomhaíocht sin monarú ceallraí inaistrithe in-athluchtaithe agus neamh-in-athluchtaithe ⁽²¹⁾. Ní áirítear monarú ceallraí de chatagóirí eile leis an ngníomhaíocht.

D'fhéadfadh baint a bheith ag na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa chatagóir seo le roinnt cóid NACE, go háirithe C26 agus C27 i gcomhréir le haicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhunaítear le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006.

Critéir scagtha theicniúla

Rannchuidiú substaintiúil leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach

1. I gcás ina monaraítear leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch trealamh leictreach agus leictreonach a chomhlíonann critéir Éicilipéad uile an Aontais is infheidhme maidir leis an gcatagóir táirge shonrach sin, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 66/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²²⁾, soláthraíonn oibreoir na gníomhaíochta cruthúnas gur comhlíonadh na ceanglais uile a liostaítear, i gcomhréir leis na critéir fíorúcháin dá bhforáiltear le critéir Éicilipéad an Aontais.
2. I gcás nach ann d'aon chritéir táirgeshonrach maidir le hÉicilipéad an Aontais, nó i gcás nár úsáid oibreoir na gníomhaíochta critéir den sórt sin, comhlíonann an ghníomhaíocht eacnamaíoch lena monaraítear trealamh leictreach agus leictreonach na critéir uile seo a leanas is infheidhme maidir le táirge ábhartha:
 - 2.1. Dearadh le haghaidh saolré fhada
 - 2.1.1. I gcás ina bhfuil bogearraí a mbíonn nuashonruithe le déanamh orthu sa táirge, déantar gach leagan de na comhpháirteanna bogearraí, den tacaíocht bogearraí agus de na bogearraí/dochtearraí, lena n-áirítear nuashonruithe, a sholáthar d'úsáideoirí ar feadh saolré ítime mar a shainítear faoi Threoir 2009/125/CE agus faoi ghníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh faoin Treoir sin. I gcás nach rialaítear infhaighteacht nuashonruithe bogearraí, mairfidh an infhaighteacht ar feadh 8 mbliana ar a laghad. Ní laghdaítear feidhmiúlacht ná saolré an táirge le nuashonruithe bogearraí ná le heaspa nuashonruithe bogearraí.

⁽¹⁹⁾ An Doiciméad Tagartha maidir leis na Teicnící is Fearr atá ar Fáil (BREF) maidir le Monarú Mínceimiceán Orgánach (leagan an 27.6.2023: https://eippcb.jrc.ec.europa.eu/sites/default/files/2019-11/ofc_bref_0806.pdf).

⁽²⁰⁾ An Doiciméad Tagartha maidir leis na Teicnící is Fearr atá ar Fáil (BREF) maidir le táirgeadh ceimiceán neamhorgánach speisialtachta (SIC), (leagan an 27.6.2023: <https://eippcb.jrc.ec.europa.eu/reference/production-speciality-inorganic-chemicals>).

⁽²¹⁾ Ciallaíonn 'ceallra inaistrithe' aon cheallra atá séalaithe agus meáchan 5 kg nó níos lú ann agus níl sé deartha chun críoch tionsclaíocha. Ní ceallra feithicle leictirí ná ceallra gluaisteacha é an ceallra inaistrithe.

⁽²²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 66/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le hÉicilipéad an Aontais (IO L 27, 30.1.2010, lch. 1).

2.1.2. Le táirgí lena n-ionchorpraítear ceallraí inaistrithe, áirithítear go bhfuil na ceallraí sin inbhainte agus in-athsholáthraithe go héasca ag an úsáideoir deiridh tráth ar bith le linn shaolré an táirge, gan gá a bheith le huirlisí speisialaithe (mura gcuirtear na huirlisí ar fáil saor in aisce leis an táirge), uirlisí dílsithe, fuinneamh teirmeach, nó tuaslagóirí a úsáid chun iad a dhíchóimeáil, ach amháin i gcás ina ndeartar ceallraí ar bhealach a fhágann nach féidir ach le gairmithe neamhspleácha ceallraí a bhaint agus a athsholáthar sa chás seo a leanas:

- (a) fearais atá deartha go sonrach chun oibriú go príomha i dtimpeallacht ina mbíonn stealladh uisce nó sruthanna uisce orthu go rialta nó ina dtumtar in uisce go rialta iad agus atá beartaithe a bheith in-nite nó insruthlaithe agus, i gcás inar gá, chun sábháilteacht an úsáideora agus an fhearaís a áirithiú;
- (b) feistí gairmiúla íomháiithe leighis agus radaiteiripe, mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²³⁾, agus feistí leighis diagnóiseacha *in vitro* mar a shainmhínítear in Airteagal 2(2) de Rialachán (AE) 2017/746 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁴⁾;
- (c) i gcás ina bhfuil gá le leanúnachas an tsoláthair cumhachta agus ina bhfuil gá le nasc buan idir an táirge agus an ceallra inaistrithe féin chun sábháilteacht an úsáideora agus an fhearaís a áirithiú nó, i gcás táirgí arb iad bailiú agus soláthar a bpríomhfheidhm, ar chúiseanna sláine sonraí.

2.1.3. Ní úsáidtear bogearraí chun difear diúltach a dhéanamh do chiorclaíocht an táirge, lena n-áirítear athsholáthar ceallra inaistrithe, agus ní dhíghrádaítear feidhmiú an táirge le hathsholáthar ceart ceallraí.

2.2. Dearadh le haghaidh deisiúcháin agus ráthaíochta

2.2.1 I gcás ina mbunaítear córas scórála deisithe táirgeshonrach i gcomhréir le dlí an Aontais, áirithíonn oibreoir na gníomhaíochta go bhfuil an aicme indeisitheachta is airde ag táirgí ⁽²⁵⁾.

2.2.2. Soláthraíonn oibreoir na gníomhaíochta rochtain ar fhaisnéis do dheisitheoirí gairmiúla ⁽²⁶⁾ ar feadh shaolré an táirge. Áirítear leis an bhfaisnéis na heilimintí seo a leanas, i gcás inarb infheidhme:

- (a) sainaitheint aonchiallach an fhearaís;
- (b) léarscáil dhíchóimeála nó scar-amharc;
- (c) liosta den trealamh deisiúcháin agus tástála is gá;
- (d) sonraí teicniúla na faisnéise faoi chomhpháirteanna agus faoi dhiagnóis, amhail íosluachanna agus uasluachanna teoiriciúla do thomhais;
- (e) léaráidí sreangaithe agus nasctha;
- (f) cóid dhiagnóiseacha fabht agus earráide, lena n-áirítear cóid a bhaineann go sonrach le monaróir;
- (g) taifid sonraí maidir le teagmhais teipe thuairiscithe atá stóráilte ar an táirge;
- (h) lámhleabhar teicniúil treoracha chun an táirge a dheisiú, lena n-áirítear léaráidí simplí leictreonacha boird, lena n-áirítear marcáil na gcéimeanna aonair;
- (i) treoracha le haghaidh bogearraí agus dochtearraí, lena n-áirítear bogearraí athshocrúcháin;
- (j) faisnéis maidir leis an gcaoi rochtain a fháil ar thaifid sonraí maidir le teagmhais teipe thuairiscithe atá stóráilte ar an bhfeiste i gcás inarb infheidhme, cé is moite d'fhaisnéis inaitheanta phearsanta amhail faisnéis iompair agus suímh a bhaineann leis an úsáideoir.

⁽²³⁾ Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis (IO L 117, 5.5.2017, lch. 1).

⁽²⁴⁾ Rialachán (AE) 2017/746 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis diagnóiseacha *in vitro* (IO L 117, 5.5.2017, lch. 176).

⁽²⁵⁾ Ciallaíonn 'aicme indeisitheachta' aicme lena léirítear an acmhainneacht deisithe atá ag earra, bunaithe ar mhodh a bhunaítear i gcomhréir le dlí an Aontais [ionadchoinneálaí: Airteagal XX den Ghníomh um Lipéadú Fuinnimh].

⁽²⁶⁾ Ciallaíonn 'deisitheoir gairmiúil' oibreoir nó gnóthas a sholáthraíonn seirbhísí deisiúcháin agus cothabhála gairmiúla táirgí faoin ngníomhaíocht sin.

- 2.2.3. Páirteanna spártha rithábachtacha ⁽²⁷⁾, bídis nua nó úsáidte, amhail mótaí, ceallraí, clár agus aon pháirt nó comhpháirt atá riachtanach do dhea-fheidhmiú an táirge, tá siad ar fáil do dheisitheoirí gairmiúla agus d'úsáideoirí deiridh, tar éis aonad deiridh an mhúnla a chur ar an margadh, ar feadh bliain bhreise amháin i gcomparáid leis na ceanglais maidir le hinfhaighteacht páirteanna spártha faoi Threoir 2009/125/CE agus faoi ghníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh faoin Treoir sin. I gcás nach rialaítear infhaighteacht páirteanna spártha do na táirgí ábhartha, tá páirteanna spártha rithábachtacha ar fáil ar feadh 8 mbliana ar a laghad tar éis aonad deiridh an mhúnla a chur ar an margadh.
- 2.2.4. I gcás nach bhfuil aon riosca suntasach sláinte agus sábháilteachta ag baint le deisiú an táirge, soláthróidh oibreoir na gníomhaíochta treoracha soiléire díchoimeála agus deisiúcháin, lena n-áirítear trí bhíthin cóip chrua nó bhog nó trí bhíthin fiseáin, agus cuirfidh sé ar fáil go poiblí iad ar feadh shaolré an táirge, chun díchoimeáil neamhsríosach táirgí a chumasú chun príomh-chomhpháirteanna nó príomhpháirteanna a athsholáthar le haghaidh uasghrúduithe nó deisiúcháin. I gcás ina bhfuil mhórchéistean sábháilteachta ann a bhaineann le deisiú an táirge, áiríteoidh oibreoir na gníomhaíochta go bhfuil rochtain ar dheisitheoirí gairmiúla deimhnithe neamhspleácha. Ar shuíomh gréasáin an oibreora léirítear an próiseas lena féidir le deisitheoirí gairmiúla clárú chun rochtain a fháil ar fhaisnéis ábhartha nó lena féidir leo an fhaisnéis a chomhroinnt ar shuíomh gréasáin saor-rochtana atá ar fáil go poiblí.
- 2.2.5. Maidir le trealamh leictreach agus leictreonach atá deartha le haghaidh úsáid tomhaltóirí, soláthraíonn oibreoir na gníomhaíochta ráthaíocht tráchtála ar feadh 3 bliana ar a laghad agus sin i gcomhréir leis na ceanglais faoi Airteagal 17 de Threoir 2019/771/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁸⁾ gan aon chostas breise a bheith i gceist.
- 2.3. Dearadh le haghaidh athúsáide agus athmhonarú
- 2.3.1. I gcás inar féidir sonraí a stóráil sna táirgí agus go bhfuil na sonraí criptithe, tá gá le feidhm bogearraí lena n-athshocraítear an feiste chuig a socruithe monarchan agus lena scriostar an eochair chriptithe mar réamhshocrú.
- 2.3.2. I gcás inar féidir le táirgí sonraí stóráilte a aistriú, is féidir na sonraí stóráilte a aistriú go héasca agus go hiomlán chuig táirge eile, rud a chinntíonn príobháideacht sonraí agus rúndacht na sonraí.
- 2.4. Dearadh le haghaidh díchoimeála
- 2.4.1. Tá faisnéis maidir le bainistíocht dheireadh ré an táirge ar fáil go poiblí ar feadh shaolré an táirge, lena n-áirítear an fhaisnéis uile a cheanglaítear faoi Threoir 2012/19/AE. Maidir le gach cineál táirge nua a chuirtear ar mhargadh an Aontais den chéad uair, roinneann oibreoir na gníomhaíochta, ar bhonn saor in aisce, faisnéis ábhartha le hionaid athúsáide agus saoráidí cóireála agus athchúrsála tríd an Ardán um Fhaisnéis d'Athchúrsálaithe ⁽²⁹⁾ nó trí chainéal ábhartha eile i gcomhréir le hAirteagal 15(1) de Threoir 2012/19/AE. Áirítear san fhaisnéis díchoimeála seicheamh na gcéimeanna, na n-uirlisí nó na dteicneolaíochtaí díchoimeála is gá chun rochtain a fháil ar an gcomhpháirt spriocdhírthe.
- 2.4.2. Maidir le trealamh leictreach agus leictreonach ina bhfuil cláir chiorcad phríontáilte, tiomántáin diosca chrua (HDDanna), mótaí leictreacha, buanmhaighnéid, ceallraí, púdair fhluaraiseacha, nó aon chomhpháirt eile a shainaithnítear i reachtaíocht an Aontais go bhfuil acmhainneacht ard iontu amhábhair chriticiúla a aisghabháil, áirítear san fhaisnéis maidir le bainistiú deireadh ré táirge dá dtagraítear faoi phointe 2.4.1 tasc ar na hamhábhair chriticiúla ⁽³⁰⁾ a fhaightear sna comhpháirteanna de ghnáth, faisnéis maidir le suíomh na gcomhpháirteanna sin, agus maidir leis na céimeanna is gá chun iad a bhaint ar leithligh.

⁽²⁷⁾ Is éard is páirteanna spártha rithábachtacha ann páirteanna a úsáidtear chun táirge lochtach a dheisiú nó a athchóiriú. I gcás táirgí a chumhdaítear le ceanglais maidir le hinfhaighteacht páirteanna spártha faoi Threoir 2009/125/CE agus faoi ghníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh faoin Treoir sin, meastar gurb iad na páirteanna spártha rithábachtacha na páirteanna sin a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an ngníomh cur chun feidhme is déanaí le haghaidh gach grúpa táirgí.

⁽²⁸⁾ Treoir (AE) 2019/771 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le gnéithe áirithe a bhaineann le conarthaí i ndáil le díolacháin earraí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2017/2394 agus Treoir 2009/22/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/44/CE (IO L 136, 22.5.2019, lch. 28).

⁽²⁹⁾ Ardán I4R (leagan an 27.6.2023: ar fáil ag <https://i4r-platform.eu/about/>).

⁽³⁰⁾ Sainmhínítear amhábhair chriticiúla mar na heilimintí a liostaítear i Liosta Amhábhair Criticiúil an Aontais (a bunaíodh leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le hAthléimneacht Amhábhair Criticiúil: Conair a leagan síos i dtreo Slándáil agus Inbhuanaitheacht níos mó (COM(2020) 474 final)) nó i reachtaíocht ábhartha eile de chuid an Aontais.

2.4.3. Leis an ngníomhaíocht, soláthraítear faisnéis rianaithe maidir le substaintí a shainaitnítear mar shubstaintí arb údar mór inní (SVHC) iad agus maidir le substaintí a chomhlíonann na critéir maidir le substaintí arb údar mór inní (SVHC) í, trí cheann amháin ar a laghad den dá chreat maidir le nochtadh a liostaítear thíos a chomhlíonadh:

- (a) tá faisnéis faoi tháirge maidir le substaintí ar fáil go poiblí, i mbunachar sonraí SCIP ⁽³¹⁾ le haghaidh táirgí ina bhfuil > 0,1 % (w/w) de shubstaint shainaitheanta arb údar mór inní í nó in uirlis phoiblí shonrach arna soláthar ag cuideachta;
- (b) tá faisnéis faoi tháirge maidir le substaintí ar fáil go poiblí, tar éis fhoilsiú IEC62474 ⁽³²⁾ (le haghaidh trealamh leictreach agus leictreonach) agus IEC82474-1 amach anseo ⁽³³⁾ (tionscadal dé-lógó).

2.5. Dearadh le haghaidh in-athchúrsáilteachta

Leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch, monaraítear táirgí a bhfuil in-athchúrsáilteacht níos fearr léirithe acu. Maidir le measúnú ar in-athchúrsáilteacht, braitheann sé ar EN 45555:2019 ⁽³⁴⁾ nó ar aon chaighdeán EN táirgeshonrach a bhíonn ag brath ar EN 45555:2019. Comhlíonann an ghníomhaíocht eacnamaíoch na ceanglais seo a leanas:

- (a) go n-úsáidtear cumaisc polaiméirí aonair nó polaiméirí in-athchúrsáilte;
- (b) nach mbíonn miotal sna hiniaimh phlaisteacha ar miotal é a mhúnláítear iontu nó a ghreamaítear orthu le gliú;
- (c) go mbíonn sé éasca rochtain a fháil ar ábhair nach féidir a athchúrsáil le chéile agus gur féidir iad a dheighilt;
- (d) nach ndéanann feabhsú in-athchúrsáilteachta dochar do mharthanacht an chórais féin;
- (e) go mbíonn sé éasca codanna den táirge ina bhfuil substaintí, meascáin agus comhpháirteanna atá le baint le linn díthruaillithe a shainaitheint, amhail trí mharcáil le haghaidh sórtála arna soláthar ag an monaróir, agus go mbíonn siad infheicthe ar an táirge;
- (f) go bhfuil sé éasca rochtain a fháil ar chlár chiorcad phriontáilte, tiomántáin diosca chrua (HDDanna), mótaí leictreacha, buanmhaighnéid, ceallraí, púdair fhluaraiseacha, nó aon chomhpháirt eile a shainaitnítear i reachtaíocht an Aontais go bhfuil acmhainneacht ard iontu amhábhair chriticiúla a aisghabháil, agus go bhfuil sé éasca iad a bhaint ón táirge;
- (g) go mbíonn sé éasca rochtain a fháil ar chodanna lena laghdaítear an in-athchúrsáilteacht de réir an cháis thagartha maidir le cóireáil deireadh ré táirgí, amhail plaisteach ina n-úsáidtear líontóirí áirithe nó lasairmhoillithigh áirithe, agus go mbíonn sé éasca iad a bhaint den táirge;
- (h) nach gcuireann teicnící nasctha, daingnithe ná séalaithe cosc ar bhaint sábháilte éasca na gcomhpháirteanna a shonraítear i dTreoir 2012/19/AE nó i Rialachán (AE) 2023/1542 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola ⁽³⁵⁾, i gcás inarb ann dóibh.

2.6. Substaintí guaiseacha a ionadú go réamhghníomhach

2.6.1. Monaraítear leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch táirgí lena léirítear ionadú réamhghníomhach substaintí guaiseacha.

2.6.2. Substaintí arb údar mór inní iad a áirítear le hIarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán 1907/2006/CE, níl siad sa táirge.

2.6.3. Tá Díolúintí ó Shrianta ar Shubstaintí Guaiseacha teoranta do na cásanna seo a leanas:

- (a) luaidhe i sáidair de chineál ardteochta leá a chumhdaítear le hiontráil díolúine 7(a) in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2011/65/AE;
- (b) comhpháirteanna leictreacha agus leictreonacha ina bhfuil luaidhe i ngloine nó i gceirmeach a chumhdaítear leis na hiontrálacha díolúine faoi 7(c) in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2011/65/AE.

⁽³¹⁾ Leagan an 16 Meitheamh 2023; le fáil ag <https://echa.europa.eu/scip-database>.

⁽³²⁾ IEC 62474 – Dearbhú Ábhair le haghaidh Táirgí ón Tionscal Leictreicniúil agus don Tionscal Leictreicniúil.

⁽³³⁾ IEC 82474 – Dearbhú Ábhair – Cuid 1: Ceanglais ghinearálta

⁽³⁴⁾ EN 45555:2019 Modhanna ginearálta chun measúnú a dhéanamh ar in-athchúrsáilteacht agus in-aisghabháltacht táirgí a bhaineann le fuinneamh.

⁽³⁵⁾ Rialachán (AE) 2023/1542 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2023 maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena leasaítear Treoir 2008/98/CE agus Rialachán (AE) 2019/1020 agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE (IO L 191, 28.7.2023, lch. 1).

2.6.4. Ní dhéantar na substaintí guaiseacha a shonraítear sa tábla thíos a thabhairt isteach nó a fhoirmiú sna fochóimeálacha sonraithe agus sna comhpháirteanna sonraithe ag an teorainn tiúchana shonraithe nó os a cionn.

Grúpa substaintí	Raon feidhme an tsriain	Teorainneacha tiúchana (i gcás inarb infheidhme)
i) Cobhsaitheoirí, datháin agus éilleáin polaiméirí	Níl na comhdhúile cobhsaitheora orgánastáin seo a leanas i gcábalaí seachtracha: Ocsaíd débhuítiltine Dé-aicéatáit débhuítiltine Délaráit débhuítiltine Mailéait débhuítiltine Ocsaíd stáin dé-ochtaile Délaráit stáin dé-ochtaile Níl na datháin seo a leanas i gcásáil sheachtrach: Asóruaimeanna a d'fhéadfadh greamú de na haimíní arile carcanaigineacha a liostaítear i bhFoscúbhinn 8 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, nó Comhdhúile dathúcháin atá ar áireamh i liosta IEC 62474 de shubstaintí indearbhaithe.	Ní bhaineann le hábhar
ii) Cobhsaitheoirí, datháin agus éilleáin polaiméirí	Níl Hidreacarbóin Il-timthriallacha Aramatacha (HIAanna) i láthair ag tiúchan atá níos mó ná nó cothrom le teorainneacha tiúchana aonair agus le suim iomlán na dteorainneacha tiúchana in aon dromchla seachtrach plaisteach nó rubair de dhéantús an duine. Fíoraítear láithreach ag tiúchan na HIAanna seo a leanas: HIAanna atá srianta le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006: Beinsi[a]piréin Beinsi[e]piréin Beans[a]antraicéin Criséin Beinsea[b]fluaraintéin Beinsea[j]fluaraintéin Beinsea[k]fluaraintéin Débheans(a,h)antraicéin HIAanna breise atá faoi réir srianta: Aicéanaiftéin Aicéanaftailéin Antraicéin Beinsi[ghi]peiriléin Fluaraintéin Fluairéin	Is é 1 mg/kg na teorainneacha tiúchana aonair le haghaidh HIAanna atá srianta faoi Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 Níl suim iomlán na dteorainneacha tiúchana le haghaidh na 18 HIA atá liostaithe níos mó ná 10 mg/kg

	Indéini[1,2,3-cd]piréin Naftailéin Feanaintréin Piréin	
iii) Táirgí bithicéideacha	Táirgí bithicéideacha atá ceaptha chun feidhm fhrithbhaictéarach a chur ar fáil Maolú ar ábhair a dhíoltar in ospidéal agus ar fheidhmeanna cúraim sláinte	Ní bhaineann le hábhar
v) Oibreáin gléghlanta gloine	Ní úsáidtear arsanaic agus a comhdhúile i monarú ghloine aonad taispeána LCD agus gloine clúdaigh scáileáin.	0,0050 % w/w
vi) Plástigh chlóirínbhunaithe	Ní bhíonn polaiméirí clóirínithe i bpáirteanna plaisteacha > 25g. Nóta: Maidir leis an bhfocheanglas sonracha sin, ní mheastar gur 'páirt phlaisteach' í cásáil cáblaí plaisteacha.	Ní bhaineann le hábhar

2.6.5. An halaigin atá sna táirgí, ní théann sí thar na teorainneacha is féidir a bhrath i gcomhréir leis an tomhas a shonraítear sna caighdeáin atá ann cheana maidir lena gcomhpháirteanna uile: cáblaí (EN IEC 60754-3), páirteanna plaisteacha (EN50642), comhpháirteanna leictreonacha (EN IEC 61249-2-21 nó JS709C), tomhaltáin (EN IEC 61249-2-21 agus IPC J-STD-004B).

2.6.6. Níl gás fluair sna táirgí.

2.6.7. Ceadáítear Teitreabrómaibisfeanól A (TBBPA) a úsáid mar chomhpháirt imoibríoch do Chláir Ciorcad Priontáilte, agus dóibh siúd amháin.

2.7. Faisnéis do chustaiméirí:

2.7.1. Soláthraíonn oibreoir na gníomhaíochta faisnéis do chustaiméirí faoi roghanna chun an táirge a úsáid i bhfianaise na sochar comhshaoil, go háirithe fadú shaolré na dtáirgí a bhaineann le modhanna éagsúla an táirge.

2.7.2. Soláthraíonn oibreoir na gníomhaíochta faisnéis do chustaiméirí faoi na roghanna aiscéannaigh, aisdíola agus aisghlactha a bhaineann leis an táirge agus faisnéis faoi bhailiú ar leithligh agus pointí bailithe le haghaidh dramhthrealamh leictreach agus leictreonach (DTLL), chomh maith le faisnéis faoi roghanna athúsáide. Maidir le ceallraí inaistrithe, soláthraítear faisnéis faoi bhailiú ar leithligh agus pointí bailithe le haghaidh ceallraí dramhaíola.

2.7.3. Maidir le trealamh leictreach agus leictreonach, marcálann oibreoir na gníomhaíochta an táirge go hiomchuí leis an tsiombail lena léirítear bailiú ar leithligh a bheith ann do dhramhthrealamh leictreach agus leictreonach mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Treoir 2012/19/AE. Soláthraíonn oibreoir na gníomhaíochta faisnéis ábhartha don tomhaltóir faoi na costais a bhaineann leis an táirge a bhailiú, a chóireáil agus a dhiúscairt ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaoil mar a leagtar amach in Airteagal 14(1) den Treoir sin.

2.8. Freagracht an táirgeora:

2.8.1. Agus trealamh leictreach agus leictreonach á chur ar mhargadh na mBallstát ag oibreoir na gníomhaíochta, bunaíonn sé scéim freagrachta leathnaithe táirgeora aonair nó glacann sé páirt i scéim freagrachta leathnaithe táirgeora chomhchoiteann sna Ballstáit uile ina gcuirtear an táirge ar an margadh, i gcomhréir le Treoir 2012/19/AE. Tá na ranníocaíochtaí airgeadais leis na scéimeanna comhchoiteanna bunaithe ar éiceamhodhnú agus clúdaíonn siad na costais a bhaineann le bailiú agus láimhseáil ar leithligh DTLL.

2.8.2. Maidir le ceallraí inaistrithe, bunaíonn an táirgeoir córais aisghlactha agus bailithe ceallraí inaistrithe dramhaíola, lena n-áirítear pointí bailithe, i ngach Ballstát ina gcuirtear an táirge ar an margadh.

Gan dochar suntasach a dhéanamh ('DNSH')

(1) Maolú ar an athrú aeráide	I gcás ina bhfuil cuisneáin sa táirge monaraithe, comhlíonann sé an fheidhmíocht acmhainneachta téite domhanda (GWP) a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁶⁾. Leis an ngníomhaíocht ní mhonaraítear táirgí ina bhfuil heicseafluairíd shulfair (SF6). I gcás inarb infheidhme, ní ghnóthaíonn an táirge monaraithe scór níos ísle ná an tríú haicme éifeachtúlachta fuinnimh a úsáidtear ⁽³⁷⁾ i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁸⁾.
(2) Oiriúnú don athrú aeráide	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn A a ghabhann leis an larscríbhinn seo.
(3) Uisce agus acmhainní muirí a úsáid agus a chosaint ar bhonn inbhuanaithe	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn B a ghabhann leis an larscríbhinn seo.
(5) Cosc agus rialú ar thruailliú	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn C a ghabhann leis an larscríbhinn seo. Maidir le monarú ceallraí inaistrithe, comhlíonann na ceallraí na rialacha inbhuanaitheachta is infheidhme maidir le ceallraí a chur ar an margadh san Aontas, lena n-áirítear srianta maidir le húsáid substaintí guaiseacha i gceallraí, lena n-áirítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 agus Treoir 2006/66/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁹⁾.
(6) Bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn D a ghabhann leis an larscríbhinn seo.

⁽³⁶⁾ Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le gáis cheaptha teasa fhluairínithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 842/2006 (IO L 150, 20.5.2014, lch. 195).

⁽³⁷⁾ Dirítear leis an gceanglas ar na trí aicme éifeachtúlachta fuinnimh is airde a úsáidtear, ina bhfuil roinnt de na táirgí, ar a laghad, ar an margadh. Chun a thuiscint cé na haicmí is airde a úsáidtear agus ina bhfuil roinnt de na táirgí, ar a laghad, ar an margadh, soláthraíonn Bunachar Sonraí Táirgí Eorpach le haghaidh Lipéadú Fuinnimh forléargas ar na táirgí atá ar fáil ar an margadh (bunaithe ar shonraí oifigiúla).

⁽³⁸⁾ Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2017 lena leagtar amach creat i gcomhair lipéadú fuinnimh agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/30/AE (IO L 198, 28.7.2017, lch. 1).

⁽³⁹⁾ Treoir 2006/66/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Meán Fómhair 2006 maidir le ceallraí agus taisc-cheallraí agus ceallraí dramhaíola agus taisc-cheallraí dramhaíola, agus lena n-aisghairtear Treoir 91/157/CEE (IO L 266, 26.9.2006, lch. 1).

2. Soláthar uisce, séarachas, bainistíocht dramhaíola agus gníomhaíochtaí feabhsúcháin

2.1. Aisghabháil fosfair ó fhuíolluisce

Tuairisc ar an ngníomhaíocht

Saoráidí a thógáil, a uasghrádú, a oibriú agus a athnuachan chun fosfar a aisghabháil ó gléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh (pas uiscí agus sloda) agus ó ábhair (i.e. luaithreach) tar éis ocsaídiú teirmeach (i.e. loscadh) sloda séarachais.

Ní áirítear leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch ach na saoráidí agus na próisis a fhágann gur féidir fosfar a aisghabháil, seachas na céimeanna roimhe sin, amhail saoráidí cóireála fuíolluisce nó loiscithe.

D'fhéadfadh na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa chatagóir seo a bheith bainteach le roinnt cóid NACE, go háirithe E37.00, E38.32 agus F42.99 i gcomhréir le haicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006.

Critéir scagtha theicniúla

Rannchuidiú substaintiúil leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach

1. I gcás an phróisis a chomhtháthaítear ag an ngléasra cóireála fuíolluisce, lena gcumhdaítear de ghnáth salainn fosfair amhail fosfáit amóiniam strúivíte-maignéisiam ($\text{NH}_4\text{MgPO}_4 \cdot 6\text{H}_2\text{O}$), aisghabhtar leis an bpróiseas aisghabhála fosfair 15 % ar a laghad den ualach fosfair a thagann isteach. Ní áirítear ach an t-ábhar buainte, amhail strúivít, chun an tairseach sin a ríomh.
2. I gcás aisghabháil iartheachtach tar éis ocsaídiú teirmeach sloda séarachais le hathshlánú ceimiceach fosfair nó tar éis ocsaídiú teirmeach sloda séarachais le hathshlánú teirmiceimiceach fosfair, aisghabhtar leis an bpróiseas 80 % ar a laghad den ualach fosfair a thagann isteach ó na hábhair ionchuir ar leith, amhail luaithreamhán sloda séarachais.
3. An fosfar a eastósctar as an gcóras, úsáidtear é mar ábhar comhpháirteach i dtáirge leasacháin atá i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/1009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁰⁾ nó le reachtaíocht náisiúnta maidir le leasachán i gcás ina bhfuil sí níos déine, nó i réimse eile cur i bhfeidhm, i gcás ina gcomhlíonann an fosfar aisghafa feidhmeanna sonraithe, i gcomhréir leis na rialacháin éagsúla.

Gan dochar suntasach a dhéanamh ('DNSH')

(1) Maolú ar an athrú aeráide	Ní bhaineann le hábhar
(2) Oiriúnú don athrú aeráide	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn A a ghabhann leis an larscríbhinn seo.
(3) Uisce agus acmhainní muirí a úsáid agus a chosaint ar bhonn inbhuanaithe	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn B a ghabhann leis an larscríbhinn seo.
(5) Cosc agus rialú ar thruailliú	Déantar faireachán ar phríomhpharaiméadair feidhmíochta, lena n-áirítear cothromaíocht maise le haghaidh peantocsaíd fosfair (P_2O_5) agus ar phríomhpharaiméadair chomhshaoil i ndáil le haitheantas agus cainníocht na n-astaíochtaí agus na sruthanna dramhaíola a ghintear.

⁽⁴⁰⁾ Rialachán (AE) 2019/1009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le táirgí leasacháin AE a chur ar fáil ar an margadh agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 agus (CE) Uimh. 1107/2009 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2003/2003 (IO L 170, 25.6.2019, lch. 1).

(6) Bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn D a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.
---	--

2.2. Acmhainní malartacha uisce a tháirgeadh chun críoch eile seachas lena gcaitheamh ag an duine

Tuairisc ar an ngníomhaíocht

Foirgníú, leathnú, oibriú agus athnuachan saoráidí chun uisce athshlánaithe a tháirgeadh ⁽⁴¹⁾, saoráidí chun uisce báistí agus stoirme a bhuain agus saoráidí chun uisce liath a bhailiú agus a chóireáil ⁽⁴²⁾.

Úsáidtear na hacmhainní uisce malartacha sin chun uisce a athsholáthar ó astarraingt nó ó na córais soláthair uisce óil agus is féidir iad a úsáid le haghaidh athlónadh uiscíoch, uisciúcháin, athúsáid thionsclaíoch, caitheamh aimsire agus aon úsáid chathrach eile.

Ní áirítear leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch ach na saoráidí agus na próisis a fhágann gur féidir an t-uisce a athúsáid, amhail saoráidí chun uiscígh a athluchtú nó stóráil uisce dromchla, agus ní áirítear léi na céimeanna roimhe sin, amhail céimeanna príomhúla agus tánaisteacha sa ghléasra cóireála fuíolluisce nó na céimeanna ina dhiaidh sin, céimeanna atá riachtanach le haghaidh athúsáid deiridh na n-acmhainní malartacha uisce sin, amhail córais uisciúcháin.

Ní áirítear díshalannú leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch (féach Roinn 5.13 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139).

Ní áirítear leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch sin soláthar uisce chun críche thomhaltas an duine (féach Roinn 2.1. d'Iarscríbhinn I).

D'fhéadfaí na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa chatagóir seo a bheith bainteach le roinnt cóid NACE, go háirithe E37.00 agus F42.9 i gcomhréir le haicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006.

Critéir scagtha theicniúla

Rannchuidiú substaintiúil leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach

1. Maidir le huisce athshlánaithe a tháirgeadh, comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir seo a leanas:

- tá an t-uisce athshlánaithe oiriúnach lena athúsáid. Maidir le húsáid sa talmhaíocht, comhlíonann an t-uisce athshlánaithe ceanglais an Aontais, amhail na ceanglais sin a leagtar amach i Rialachán (AE) 2020/741 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴³⁾ agus sa reachtaíocht náisiúnta. Maidir le húsáidí seachas uisciú talmhaíochta, tá cáilíocht deiridh an uisce athshlánaithe oiriúnach dá fheidhm agus tá sé i gcomhréir leis an reachtaíocht agus na caighdeáin náisiúnta atá ann cheana;
- tá an tionscadal athúsáide uisce údaraithe ag an údarás inniúil, faoi chuimsiú bainistíochta comhtháite uisce, arb údarás é a chuir bearta inmharthana bainistíochta agus éifeachtúlachta maidir le héileamh ar uisce san áireamh mar thosaíocht, i gcomhairle leis na húdaráis bhainistíochta uisce. Féadfár é sin a chruthú trína áireamh i bplean bainistíochta uisce nó i bplean bainistíochta triomaigh. Maidir le hathúsáid sa talmhaíocht, cuirtear na measúnuithe ar na rioscaí comhshaoil, lena n-áirítear na rioscaí sin a bhaineann le stádas cainníochtúil dobharlach, san áireamh go hiomlán sna pleananna bainistíochta riosca, a cheanglaítear le Rialachán (AE) 2020/741.

⁽⁴¹⁾ Ciallaíonn 'uisce athshlánaithe' fuíolluisce uirbeach a cóireáladh i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i dTreoir 91/271/CEE agus a eascraíonn as cóireáil bhreise i ngléasra athshlánaithe.

⁽⁴²⁾ Ciallaíonn 'uisce liath' fuíolluisce neamhchóireáilte nach bhfuil éillithe ag aon sceitheadh leithris. Áirítear le huisce liath fuíolluisce ó fholcadáin, cithfholcadáin, doirtil seomra folctha, meaisíní níos áine éadaí agus doirtil níos áine.

⁽⁴³⁾ Rialachán (AE) 2020/741 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Bealtaine 2020 maidir le híoscheanglais le haghaidh athúsáid uisce (IO L 177, 5.6.2020, lch. 32).

2. Maidir le saoráidí chun uisce báistí agus stoirme a bhuain, comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir seo a leanas:
- (a) leithscartar an acmhainn (uisce báistí nó stoirme) ag an bhfoinse agus níl fuíolluisce inti;
 - (b) tá an t-uisce oiriúnach lena úsáid tar éis cóireáil chuí ag brath ar leibhéal an éillithe agus ar an úsáid a bhaintear as ina dhiaidh sin;
 - (c) áirítear an tsaoráid in ionstraim pleanála uirbí nó ceada uirbigh, amhail Máistirphlean nó pleanáil bhardasach.
3. Maidir le saoráidí chun uiscí liatha a bhailiú agus a chóireáil, comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir seo a leanas:
- (a) leithscartar an acmhainn (uisce liath) ag an bhfoinse;
 - (b) tá an t-uisce oiriúnach lena athúsáid tar éis cóireáil chuí ag brath ar leibhéal an éillithe agus ar an úsáid a bhaintear as ina dhiaidh sin;
 - (c) dearbhaítear an fheidhmíocht le deimhniú foirgnimh nó tá sí ar fáil sna doiciméid dearaidh theicniúil.

Gan dochar suntasach a dhéanamh ('DNSH')

(1) Maolú ar an athrú aeráide	Maidir le huisce athshlánaithe a tháirgeadh, rinneadh measúnú ar na hastaíochtaí GCT díreacha ón gcóireáil athúsáide ⁽⁴⁾ . Nochtfar na torthaí d'infheistear agus do chliant arna iarraidh sin dóibh.
(2) Oiriúnú don athrú aeráide	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn A a ghabhann leis an larscríbhinn seo.
(3) Uisce agus acmhainní muirí a úsáid agus a chosaint ar bhonn inbhuanaithe	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn B a ghabhann leis an larscríbhinn seo.
(5) Cosc agus rialú ar thruailliú	Maidir leis na húsáidí a fhorordaítear i Rialachán (AE) 2020/741, comhlíonann an ghníomhaíocht an Rialachán sin nó an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme i gcás ina bhfuil sí níos déine. Comhlíonann athlónadh uiscíoch agus insíothlú sreafaí de dhroim talún Treoir 2006/118/CE nó an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme i gcás ina bhfuil sí níos déine.
(6) Bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn D a ghabhann leis an larscríbhinn seo.

⁽⁴⁾ Mar shampla, tar éis fhoilsiú threoirlínte IPCC d'fhardail náisiúnta GCT maidir le cóireáil fuíolluisce (leagan an 27.6.2023: https://www.ipccnggip.iges.or.jp/public/2019rf/pdf/5_Volume5/19R_V5_6_Ch06_Wastewater.pdf)

2.3. Dramhaíl neamhghuaiseach agus dramhaíl ghuaiseach a bhailiú agus a iompar

Tuairisc ar an ngníomhaíocht

Dramhaíl neamhghuaiseach agus ghuaiseach a bhailiú agus a iompar ar leithligh ⁽⁴⁵⁾ arb é is aidhm dó sin an dramhaíl a ullmhú don athúsáid ⁽⁴⁶⁾ nó don athchúrsáil ⁽⁴⁷⁾, lena n-áirítear saoráidí a bhfuil baint acu le bailiú agus iompar dramhaíola den sórt sin a thógáil, a oibriú agus a uasghrádú, amhail ionaid taitneamhachta cathartha agus stáisiúin aistrithe dramhaíola, mar mhodh aisghabhála ábhair.

D'fhéadfadh na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa chatagóir seo a bheith bainteach le roinnt cóid NACE, go háirithe E38.11, E38.12 agus F42.9 i gcomhréir le haicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006.

Critéir scagtha theicniúla

Rannchuidiú substaintiúil leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach

1. An dramhaíl uile a bhailítear agus a iompraítear ar leithligh agus a leithscartar ag an bhfoinse, tá sí beartaithe le hullmhú don athúsáid nó don athchúrsáil.
2. Dramhaíl a leithscartar ag an bhfoinse ina bhfuil (i) páipéar agus cairtchlár, (ii) teicstílí ⁽⁴⁸⁾, (iii) bithdhramhaíl, (iv) adhmaid, (v) gloine, (vi) dramhaíl ó threalamh leictreach agus leictreonach (DTLL) nó (vii) aon chineál dramhaíola guaisí ar leithligh, bailítear í ar leithligh (i.e. i gcodáin aonair) agus ní dhéantar í a mheascadh le dramhshruthanna eile.

Maidir le dramhaíl neamhghuaiseach a leithscartar ag an bhfoinse seachas na codáin a luaitear thuas, ní dhéantar bailiú i gcodáin mheasctha ach amháin i gcás ina gcomhlíonann sé ceann amháin de na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 10, mír 3, fleascanna (a), (b) nó (c) de Threoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁹⁾.

Is féidir cineálacha éagsúla dramhaíola guaisí a chur le chéile i mbosca nó caibinéad dramhaíola guaisí, nó réiteach comhchosúil, ar an gcoinníoll go ndéantar gach cineál dramhaíola a phacáistiú i gceart chun an dramhaíl a choinneáil deighilte sa bhosca nó sa chaibinéad agus go ndéantar dramhaíl ghuaiseach a shórtáil ina cineálacha dramhaíola tar éis a bailithe ó theaghlaigh.

3. Maidir le sruthanna dramhaíola cathrach, comhlíonann an ghníomhaíocht ceann amháin de na critéir seo a leanas:
 - (a) leis an ngníomhaíocht, bailítear dramhaíl sholadach chathrach go príomha trí bhíthin scéimeanna bailithe ó dhoras go doras nó trí bhíthin pointí bailithe faoi mhaoirseacht chun ardleibhéal bailithe ar leithligh agus rátaí ísle éillithe a áirithiú;
 - (b) leis an ngníomhaíocht, bailítear dramhaíl ar leithligh laistigh de chórais bhainistíochta dramhaíola atá eagraithe go poiblí ina ngearrtair muirear ar tháirgeoirí dramhaíola bunaithe ar shásra 'íoc mar a chaitear' (PAYT), ar a laghad don sruth dramhaíola iarmharaí, sin nó tá cineálacha eile ionstraimí eacnamaíocha i bhfeidhm lena ndreasaítear leithscaradh dramhaíola ag an bhfoinse ⁽⁵⁰⁾;

⁽⁴⁵⁾ Is éard is 'dramhaíl ghuaiseach' ann dramhaíl a léiríonn ceann amháin nó níos mó de na hairíonna guaiseacha a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe (IO L 312, 22.11.2008, lch. 3). Áirítear leis sruthanna amhail codáin dramhaíola guaisí arna dtáirgeadh ag teaghlaigh, dramh-olaí, ceallraí, dramhaíl neamh-dhíthruaillithe ó threalamh leictreach agus leictreonach (DTLL), feithicil neamh-dhíthruaillithe a bhfuil a ré caite, dramhaíl leighis, etc. Is féidir aicmiú cuimsitheach dramhaíola guaisí a fháil sa Liosta Dramhaíola Eorpach (Cinneadh 2000/532/CE).

⁽⁴⁶⁾ Ciallaíonn 'ullmhú don athúsáid' seiceáil, glanadh nó deisiú oibríochtaí aisghabhála, ina n-ullmhaítear táirgí nó comhpháirteanna táirgí, ar dramhaíl iad anois, ionas gur féidir iad a athúsáid gan aon réamhphróiseáil eile.

⁽⁴⁷⁾ Ciallaíonn 'athchúrsáil' aon oibríocht aisghabhála lena ndéantar ábhair dramhaíola a athphróiseáil ina dtáirgí, ina n-ábhair nó ina substaintí, chun a gcíoch bunaidh nó chun cíoch eile. Áirítear air sin ábhair orgánacha a athphróiseáil ach ní áirítear air aisghabháil fuinnimh ná ábhar a athphróiseáil ina n-ábhair atá le húsáid mar bhreosla nó le haghaidh oibríochtaí aislíonta.

⁽⁴⁸⁾ Áirítear leis sin teicstílí, éadaí/corpbheart, coisbheart, agus gabhálais, amhail criosanna nó hataí.

⁽⁴⁹⁾ Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe (IO L 312, 22.11.2008, lch. 3).

⁽⁵⁰⁾ Féach 'Treoir maidir le bailiú dramhaíola cathrach ar leithligh' ón gCoimisiún Eorpach, roinn 3.1 (Dreasaíochtaí eacnamaíocha), atá le fáil ag: <https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/bb444830-94bf-11ea-aac4-01aa75ed71a1>.

- (c) leis an ngníomhaíocht, bailítear dramhaíl ar leithligh lasmuigh de chórais bhainistíochta dramhaíola atá eagraithe go poiblí lena gcuirtear córais taisce agus aisíocaíochta i bhfeidhm nó cineálacha eile ionstraimí eacnamaíocha lena ndreasaítear go díreach leithscaradh dramhaíola ag an bhfoinse.
4. Leis an ngníomhaíocht, déantar faireachán agus measúnú leanúnach ar chainníocht agus ar cháilíocht na dramhaíola a bhailítear bunaithe ar Eochairtháscairí Feidhmíochta réamhshainithe chun gach ceann de na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:
- (a) oibleagáidí tuairiscithe a chomhlíonadh i leith páirtithe leasmhara ábhartha, amhail údaráis phoiblí, scéimeanna um Fhreagracht Leathnaithe Táirgeora;
- (b) faisnéis ábhartha a chur in iúl go tréimhsiúil do tháirgeoirí dramhaíola agus don phobal i gcoitinne, i gcomhar le páirtithe leasmhara ábhartha, amhail údaráis phoiblí, scéimeanna um Fhreagracht Leathnaithe Táirgeora;
- (c) riachtanais a shainnithint agus gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh i gcás ina n-imíonn na hEochairtháscairí Feidhmíochta ó spriocanna nó tagarmharcanna is infheidhme, i gcomhar le páirtithe leasmhara ábhartha, amhail údaráis phoiblí, scéimeanna um Fhreagracht Leathnaithe Táirgeora, comhpháirtithe sa slabhra luacha.

Gan dochar suntasach a dhéanamh ('DNSH')

(1) Maolú ar an athrú aeráide	Ní bhaineann le hábhar
(2) Oiriúnú don athrú aeráide	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn A a ghabhann leis an larscríbhinn seo.
(3) Uisce agus acmhainní muirí a úsáid agus a chosaint ar bhonn inbhuanaithe	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn B a ghabhann leis an larscríbhinn seo.
(5) Cosc agus rialú ar thruailliú	1. Baineann an ghníomhaíocht úsáid as feithiclí bailithe dramhaíola a chloíonn le caighdeán Euro V ar a laghad ⁽⁵¹⁾. 2. Bailítear dramhaíl ghuaiseach ar leithligh ó dhramhaíl neamhghuaiseach chun traséiliú a chosc. Déantar bearta iomchuí chun a áirithiú, le linn bailiú agus iompar ar leithligh, nach measctar dramhaíl ghuaiseach le catagóirí eile dramhaíola guaisí ná le dramhaíl, substaintí nó ábhair eile. Áirítear le 'meascadh' substaintí guaiseacha a chaolú. 3. Le bailiú agus láimhseáil chúí, cuirtear cosc ar sceitheadh dramhaíola guaisí le linn bailiú, iompar, stóráil agus seachadadh chuig an tsaoráid chóireála a cheadaítear chun dramhaíl ghuaiseach a chóireáil. 4. Déantar dramhaíl ghuaiseach a phacáistiú agus a lipéadú i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta agus le caighdeáin an Aontais atá i bhfeidhm le linn bailiú, iompar agus stóráil shealadach. 5. An t-oibreoir a bhailíonn dramhaíl ghuaiseach, comhlíonann sé na hoibleagáidí maidir le coimeád taifead, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le cainníocht, cineál, tionscnamh, ceann scríbe, minicíocht an bhailithe, modh iompair agus modh cóireála, a leagtar amach i reachtaíocht an Aontais is infheidhme agus sa reachtaíocht náisiúnta is infheidhme 6. Maidir le dramhaíl ó threalamh leictreach agus leictreonach (DTLL): (a) bailítear ar leithligh na príomhchatagóirí de Threalamh Leictreach agus Leictreonach a bhfuil a ré caite a leagtar amach in larscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2012/19/AE;

⁽⁵¹⁾ I gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú mótarfeithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE (IO L 151, 14.6.2018, lch. 1).

	(b) le bailiú agus iompar, caomhnaítear sláine DTLL agus coisctear sceitheadh substaintí guaiseacha, amhail substaintí ídithe ózóin, gáis ceaptha teasa fhluairínithe nó mearcair atá i lampaí fluaraiseacha. 7. Cuireann an t-oibreoir bailithe agus lóistíochta córas bainistíochta ar bun chun rioscaí comhshaoil, sláinte agus sábháilteachta a bhainistiú.
(6) Bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú	Ní bhaineann le hábhar

2.4. Dramhaíl ghuaiseach a chóireáil

Tuairisc ar an ngníomhaíocht

Saoráidí tiomnaithe a thógáil, a uasghrádú agus a oibriú chun dramhaíl ghuaiseach a chóireáil mar mhodh le haghaidh oibríochtaí aisghabhála ábhair.

Cumhdaítear leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch sin oibríochtaí aisghabhála ábhair *in situ* agus *ex situ* araon maidir le dramhaíl a aicmítear mar dhramhaíl ghuaiseach i gcomhréir leis an Liosta Dramhaíola Eorpach a bunaíodh le Cinneadh 2000/532/CE ⁽³²⁾ agus i gcomhréir le hlarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2008/98/CE. Áirítear na sruthanna seo a leanas leis sin:

- (a) athshlánú nó athghiniúint tuaslagóirí;
- (b) athghiniúint aigéad agus bunanna;
- (c) athchúrsáil nó athshlánú ábhar neamhorgánach seachas miotail nó comhdhúile miotail;
- (d) aisghabháil comhpháirteanna a úsáidtear chun maolú ar thruailliú;
- (e) comhpháirteanna a aisghabháil ó chatalaigh;
- (f) bealaí ola agus dramh-olaí tionsclaíocha eile a athscagadh (gan iad a úsáid mar bhreosla nó mar loscadh).

Ní áirítear leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch athúsáid substaintí nach gcáilíonn mar dhramhaíl, amhail seachtháirgí nó iarmhair ó ghníomhaíochtaí táirgthe, i gcomhréir le hAirteagal 5 de Threoir 2008/98/CE.

Ní áirítear leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch aisghabháil ábhar ó cheallraí, Dramhaíl ó Threalamh Leictreach agus Leictreonach (DTLL), Feithiclí a bhfuil a Ré Caite (FRC), ábhair neamhorgánacha ó phróisis loiscthe, amhail luaithreach, slaiqeanna nó deannach. Ní áirítear leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch dramhaíl núicléach a chóireáil agus a aisghabháil.

D'fhéadfadh na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa chatagóir seo a bheith bainteach le roinnt cóid NACE, go háirithe E38.22, E38.32, F42.9 i gcomhréir le haicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006.

⁽³²⁾ Cinneadh 2000/532/CE an 3 Bealtaine 2000 a chuirtear in ionad Chinneadh 94/3/CE lena mbunaítear liosta dramhaíola de bhun Airteagal 1(a) de Threoir 75/442/CEE ón gComhairle maidir le dramhaíl agus Cinneadh 94/904/CE ón gComhairle lena mbunaítear liosta de dhramhaíl ghuaiseach de bhun Airteagal 1(4) de Threoir 91/689/CEE ón gComhairle maidir le dramhaíl ghuaiseach (IO L 226, 6.9.2000, lch. 3).

Critéir scagtha theicniúla

Rannchuidiú substaintiúil leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach

1. Is éard atá i gceist leis na gníomhaíochtaí aisghabháil ábhair na n-amhábhair tánaisteach (lena n-áirítear substaintí ceimiceacha agus amhábhair chriticiúla) ó dhramhaíl ghuaiseach a leithscartar ag an bhfoinse.
2. Tagann na hábhair aisghafa in ionad amhábhair príomhúil, lena n-áirítear amhábhair chriticiúla, nó ceimiceáin i bpróisis táirgthe ⁽³³⁾.
3. Comhlíonann na hábhair aisghafa na sonraíochtaí tionscail is infheidhme, na caighdeáin chomhchuibhithe is infheidhme, nó na critéir dheiridh dramhaíola is infheidhme, chomh maith le reachtaíocht ábhartha an Aontais is infheidhme agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta is infheidhme.

Gan dochar suntasach a dhéanamh ('DNSH')

(1) Maolú ar an athrú aeráide	Ní mhéadaíonn an ghníomhaíocht, ar bhonn saolré, astaíochtaí GCT i gcomparáid leis an táirgeadh atá bunaithe ar na hamhábhair phríomhúla choibhéiseacha. Déantar astaíochtaí saolré gás ceaptha teasa a ríomh trí Mholadh 2013/179/AE ón gCoimisiún a úsáid nó, ina áit sin, trí ISO 14067:2018 ⁽⁵⁴⁾ nó ISO 14064-1:2018 ⁽⁵⁵⁾ a úsáid. Déanann triú páirtí neamhspleách astaíochtaí saolré GCT cainníochtaithe a fhíorú.
(2) Oiriúnú don athrú aeráide	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn A a ghabhann leis an larscríbhinn seo.
(3) Uisce agus acmhainní muirí a úsáid agus a chosaint ar bhonn inbhuanaithe	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn B a ghabhann leis an larscríbhinn seo. Úsáidtear teicnící ábhartha chun uisce agus acmhainní muirí a chosaint, mar a leagtar amach sna conclúidí maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT) le haghaidh cóireáil dramhaíola ⁽⁵⁶⁾.
(5) Cosc agus rialú ar thruailliú	Comhlíonann gach substaint agus gach meascán a aisghabhatar an reachtaíocht ábhartha is infheidhme, amhail Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, Rialachán (AE) 2019/1021, Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 agus Treoir 2008/98/CE. Leis an ngníomhaíocht, úsáidtear teicnící ábhartha chun truailliú a chosc agus a rialú, mar a leagtar amach sna conclúidí maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT) le haghaidh cóireáil dramhaíola ⁽⁵⁷⁾. Leis an ngníomhaíocht comhlíontar na teorainneacha astaíochtaí gaolmhara ábhartha (BAT-AELanna).
(6) Bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn D a ghabhann leis an larscríbhinn seo.

⁽³³⁾ Tagraíonn próisis táirgthe d'aon chineál gníomhaíochta eacnamaíche lena dtáirgtear ábhar, táirge nó sócmhainn; tagraíonn ábhair aisghafa d'aschur an phróisis aisghabhála.

⁽⁵⁴⁾ ISO 14067:2018(en), Gáis ceaptha teasa – Lorg carbóin táirgí – Ceanglais agus treoirlínte le haghaidh cainníochtú (leagan an 27.6.2023: <https://www.iso.org/obp/ui#iso:std:iso:14067:ed-1:v1:en>).

⁽⁵⁵⁾ ISO 14064-1:2018(en), Gáis ceaptha teasa – Cuid 1: Sonraíocht lena ngabhann treoraíocht ar leibhéal na heagraíochta maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus aistriú a chainníochtú agus a thuairisciú (leagan an 27.6.2023: <https://www.iso.org/obp/ui#iso:std:iso:14064-1:en>).

⁽⁵⁶⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1147 ón gCoimisiún an 10 Lúnasa 2018 lena mbunaítear conclúidí maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT), faoi Threoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, do chóireáil dramhaíola (IO L 208, 17.8.2018, lch. 38).

⁽⁵⁷⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1147.

2.5. Bithdhramhaíl a aisghabháil trí dhíleá anaeróbach nó trí mhúiríníú

Tuairisc ar an ngníomhaíocht

Saoráidí a thógáil agus a oibriú le haghaidh bithdhramhaíl arna bailiú ar leithligh a chóireáil trí dhíleá anaeróbach nó trí mhúiríníú, agus an táirgeadh agus an úsáid bithgháis, bithmheatáin, díleáiteáin, múirín nó ceimiceán mar thoradh air sin.

D'fhéadfaí na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa chatagóir seo a bheith bainteach le roinnt cóid NACE, go háirithe E38.21 agus F42.9 i gcomhréir le haicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006.

Critéir scagtha theicniúla

Rannchuidiú substaintiúil leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach

- Déantar an bithdhramhaíl a úsáidtear le haghaidh díleá anaeróbach a leithscaradh ag an bhfoinse agus a bhailiú ar leithligh. I gcás ina mbailítear bithdhramhaíl i málaí in-bhithdhíghrádaithe, tá caighdeán cuí deimhniúcháin inmhúirínithe EN 13432:2000 ⁽⁵⁸⁾ ag na málaí.
 - Sna gléasraí díleá anaeróbach sin, bithdhramhaíl a leithscartar ag an bhfoinse ó bhailiú ar leithligh atá in 70 % ar a laghad den bhunábhar ionchuir, arna thomhas de réir meáchain, mar mheán bliantúil. Féadfar suas le 30 % de bhunábhar ionchuir an bhunábhair ard-bhithfhuinnimh a liostaítear in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001 a chumhdach le comh-dhíleá, a bhféadfadh sé nach n-áireofaí leis bunábhar éillithe a thagann ó chodán bithmhaise de dhramhaíl mheasctha chathrach agus thionsclaíoch. Ní áirítear leis an ionchur bunábhar a eisiatar i gCuid II d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1009, le haghaidh Chatagóir Comhábhair 3 (Múirín) i gcomhréir le pointe (c) den chatagóir sin agus le haghaidh Chatagóir Comhábhair 5 (Díleáiteán seachas díleáiteán barr úr) i gcomhréir le pointe (c) den chatagóir sin.
 - Gintear ceann amháin díobh seo a leanas leis an ngníomhaíocht:
 - múirín nó díleáiteán a chomhlíonann Rialachán (AE) 2019/1009, go háirithe na ceanglais in Iarscríbhinn II maidir leis na Catagóirí Comhábhair, ag tagairt go sonrach do CMC 3 (Múirín) agus CMC 5 (Díleáiteán seachas díleáiteán barr úr) nó rialacha náisiúnta maidir le leasacháin nó feabhsaitheoirí ithreach, a bhfuil ceanglais chomhionanna nó níos déine acu i gcomparáid leis na ceanglais atá i Rialachán 2019/1009;
 - ceimiceáin trí dhramhaíl orgánach a thiontú go carbocsaláití, aigéid charbocsaileacha nó polaiméirí trí choipeadh le saothráin mheasctha.
 - Déantar dearbhú cáilíochta ar an bpróiseas táirgthe trí úsáid a bhaint as Modúl D1 a leagtar amach i Rialachán (AE) 2019/1009.
 - Ní chuirtear múirín agus díleáiteán a chomhlíonann Rialachán (AE) 2019/1009 nó rialacha náisiúnta coibhéiseacha i líonadh talún.
- Is fearr an díleáiteán a mhúiríníú tar éis díleá anaeróbach chun na buntáistí don ithir ar a gcuirfead í ina dhiaidh sin a uasmhéadú, agus íoslaghdaíonn sé roinnt saincheisteanna agra-chomhshaoil a d'fhéadfadh a bheith ann amhail scaoileadh amóinia agus níotráití.
- I gcás ina suiteáiltear díleá anaeróbach, úsáidtear an bithghás a tháirgtear go díreach chun leictreachas nó teas a ghiniúint, nó déantar é a uasghrádú go bithmheatán lena úsáid mar bhreosla a instealltar go díreach san eangach gháis agus a úsáidtear a thuilleadh chun críoch fuinnimh trína úsáid in ionad gás nádúrtha, agus a úsáidtear mar bhunábhar tionscail chun ceimiceáin eile a tháirgeadh nó déantar é a thiontú go hidrigin lena húsáid mar bhreosla.

Gan dochar suntasach a dhéanamh ('DNSH')

- | | |
|-------------------------------|---|
| (1) Maolú ar an athrú aeráide | Tá plan faireacháin agus teagmhais i bhfeidhm chun sceitheadh meatáin sa tsaoirid a íoslaghdaí. |
|-------------------------------|---|

⁽⁵⁸⁾ EN 13432:2000 Pacaistíocht – Ceanglais maidir le pacáistíocht is inghnóthaithe trí mhúiríníú agus bith-dhíghrádú – Scéim tástála agus critéir mheastóireachta maidir le glacadh críochnaitheach le pacáistíocht.

(2) Oiriúnú don athrú aeráide	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn A a ghabhann leis an larscríbhinn seo.
(3) Uisce agus acmhainní muirí a úsáid agus a chosaint ar bhonn inbhuanaithe	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn B a ghabhann leis an larscríbhinn seo.
(5) Cosc agus rialú ar thruailliú	Maidir le gléasraí díleá anaeróbach a dhéanann cóireáil ar níos mó ná 100 tona in aghaidh an lae agus maidir le gléasraí múirínithe a dhéanann cóireáil ar níos mó ná 75 thona in aghaidh an lae, comhlíonann an ghníomhaíocht na conclúidí maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT) le haghaidh cóireáil dramhaíola ⁽⁵⁹⁾ nó rialáil náisiúnta chomhionann nó níos déine, chun astaíochtaí a laghdú san aer agus chun feabhas a chur ar fheidhmíocht chomhshaoil fhoriomlán chomh maith leis an ionchur dramhaíola a roghnú agus faireachán nó rialú a dhéanamh ar na príomhpharaiméadair dramhaíola agus próisis. Tá astaíochtaí san aer agus san uisce laistigh de nó níos ísle ná na leibhéil astaíochtaí atá bainteach leis na raonta maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT-AEL) a leagtar amach, faoi seach, le haghaidh cóireáil anaeróbach dramhaíola agus cóireáil aeróbach dramhaíola sna conclúidí ábhartha is déanaí maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT), lena n-áirítear na conclúidí maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT) le haghaidh cóireáil dramhaíola ⁽⁶⁰⁾. I gcás díleá anaeróbach, cuirtear cion nítrigine an díleáiteáin a úsáidtear mar leasacháin nó mar fheabhsaitheoir ithreach in iúl don cheannaitheoir nó don eintiteas atá i bhfeighil an díleáiteáin a bhaint, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/1009 nó le leibhéal lamháltais ± 25 %..
(6) Bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn D a ghabhann leis an larscríbhinn seo.

2.6. Díthruailliú agus díchoimeáil táirgí a bhfuil a ré caite

Tuairisc ar an ngníomhaíocht

Foirgniú, oibriú agus uasghrádú saoráidí lena ndíchoimeáiltear agus lena ndíthruaillítear táirgí casta a bhfuil a ré caite, sócmhainní inaistrithe agus a gcomhpháirteanna le haghaidh aisghabháil ábhair nó chun iad a ullmhú le haghaidh athúsáid comhpháirteanna.

Áirítear leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch díchoimeáil táirgí a bhfuil a ré caite agus sócmhainní inaistrithe agus a gcomhpháirteanna d'aon chineál, amhail gluaisteáin, longa agus trealamh leictreach agus leictreonach (TLL) le haghaidh aisghabháil ábhair.

Ní áirítear leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch cóireáil ceallraí a eascraíonn as bailiú ar leithligh nó a bhaintear le linn gníomhaíochtaí díchoimeála agus díthruaillithe, ná scartáil agus raiceáil foirgneamh agus déanmhas eile (féach Roinn 3.3. den larscríbhinn seo).

D'fhéadfadh na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa chatagóir seo a bheith bainteach le roinnt cóid NACE, go háirithe E38.31, E38.32 agus E42.99 i gcomhréir le haicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006.

⁽⁵⁹⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1147.

⁽⁶⁰⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1147.

Critéir scagtha theicniúla

Rannchuidiú substaintiúil leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach

1. Leis an ghníomhaíocht eacnamaíoch, déantar dramhaíl a bhailítear ar leithligh a dhíchóimeáil agus a dhíthruailliú, i saoráidí úrscothacha, ar dramhaíl í a eascraíonn as táirgí casta a bhfuil a ré caite, amhail gluaisteáin, trealamh leictreach agus leictreonach (TLL) nó longa, chun an méid seo a leanas a dhéanamh:
 - (a) páirteanna agus comhpháirteanna a oireann d'athúsáid a bhuain;
 - (b) codáin dramhaíola neamhghuaisí agus codáin dramhaíola guaisí a oireann d'aisghabháil ábhair, lena n-áirítear aisghabháil amhábhhar criticiúil, a dheighilt óna chéile;
 - (c) substaintí, meascáin agus comhpháirteanna guaiseacha a bhaint, ionas go mbeidh siad i sruth inaitheanta ⁽⁶¹⁾ nó ionas gur cuid inaitheanta de shruth laistigh den phróiseas cóireála iad, agus iad a sheoladh chuig saoráidí atá ceadaithe chun dramhaíl ghuaiseach a chóireáil agus a dhiúscairt go cuí;
 - (d) doiciméadacht na n-ábhar a sheoltar le haghaidh tuilleadh cóireála nó athúsáide a chur faoi iamh.
2. An ghníomhaíocht eacnamaíoch lena ndíchóimeáiltear agus lena ndíthruaillítear dramhthrealamh leictreach agus leictreonach (DTLL), comhlíonann sí na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 8 de Threoir 2012/19/AE agus in Iarscríbhinní VII agus VIII a ghabhann leis an Treoir sin. An ghníomhaíocht eacnamaíoch lena ndíchóimeáiltear agus lena ndíthruaillítear feithiclí a bhfuil a ré caite (FRC), comhlíonann sí na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 6 agus 7 de Threoir 2000/53/CE agus in Iarscríbhinní I a ghabhann leis an Treoir sin.
3. Maidir le dramhlonga a dhíchóimeáil agus a dhíthruailliú, áirítear an tsaoráid ar an Liosta Eorpach de shaoráidí athchúrsála long mar a leagtar síos i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/2323 ón gCoimisiún ⁽⁶²⁾. Chun saoráid nua a thógáil nó chun saoráid atá ann cheana a uasghrádú ar saoráid í nach bhfuil san áireamh go fóill ar an Liosta Eorpach de shaoráidí athchúrsála long, comhlíonann an tsaoráid na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 13 de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁶³⁾ agus rinne sí iarratas ar a bheith ar an Liosta Eorpach de shaoráidí athchúrsála long.
4. Chun Dramhaíl ó Threalamh Leictreach agus Leictreonach (DTLL) agus ó Fheithiclí a bhfuil a Ré Caite (FRCanna) a dhíchóimeáil agus a dhíthruailliú, tagann an dramhaíl ó phointí bailithe a chomhlíonann na ceanglais is infheidhme a leagtar síos le reachtaíocht an Aontais ⁽⁶⁴⁾ agus leis an reachtaíocht náisiúnta.

Gan dochar suntasach a dhéanamh ('DNSH')

(1) Maolú ar an athrú aeráide	Ní bhaineann le hábhar
(2) Oiriúnú don athrú aeráide	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscríbhinn A a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.
(3) Uisce agus acmhainní muirí a úsáid agus a chosaint ar bhonn inbhuanaithe	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscríbhinn B a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.

⁽⁶¹⁾ Bíonn substaint, meascán nó comhpháirt inaitheanta más féidir faireachán a dhéanamh air nó uirthi chun cóireáil atá sábháilte ó thaobh an chomhshaoil de a fhíorú.

⁽⁶²⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme 2016/2323 ón gCoimisiún lena mbunaítear an Liosta Eorpach de shaoráidí athchúrsála long de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hathchúrsáil long (IO L 345, 20.12.2016, lch. 119).

⁽⁶³⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 maidir le hathchúrsáil long agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 agus Treoir Uimh. 2009/16/CE (IO L 330, 10.12.2013, lch. 1).

⁽⁶⁴⁾ Ar leibhéal an Aontais, leagtar síos na ceanglais is infheidhme maidir le DTLL le Treoir 2012/19/AE agus le haghaidh FRCanna le Treoir 2000/53/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2000 maidir le feithiclí a bhfuil a ré caite (IO L 269, 21.10.2000, lch. 34).

(5) Cosc agus rialú ar thruailliú	1. Tá an tsaoráid feistithe chun substaintí, meascáin agus comhpháirteanna guaiseacha a bhaintear le linn na n-oibríochtaí díthruaillithe a bhainistiú agus a stóráil go sábháilte agus ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol. 2. I gcás feithiclí a bhfuil a ré caite (FRCanna), comhlíonann an tsaoráid na ceanglais le haghaidh láithreáin maidir le hoibríochtaí stórála agus cóireála, díthruaillithe agus cóireála a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2000/53/CE. 3. Maidir le dramhaíl ó threalamh leictreach agus leictreonach (DTLL), comhlíonann an tsaoráid na ceanglais maidir le cóireáil chuí a leagtar amach in Airteagal 8 de Threoir 2012/19/AE, go háirithe na ceanglais maidir le cóireáil roghnaíoch d'ábhair agus do chomhpháirteanna DTLL a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Treoir 2012/19/AE agus maidir le hoibríochtaí stórála agus cóireála a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Treoir 2012/19/AE. Comhlíonann an tsaoráid na ceanglais normatacha is ábhartha dá gníomhaíochtaí díthruaillithe a leagtar amach sna caighdeáin EN 50625-1:2014 ⁽⁶⁵⁾, EN 50625-2-1:2014 ⁽⁶⁶⁾, EN 50625-2-2:2015 ⁽⁶⁷⁾, EN 50625-2-3:2017 ⁽⁶⁸⁾ agus EN 50625-2-4:2017 ⁽⁶⁹⁾. Is féidir cur chun feidhme na mbeart sin a léiriú freisin trí cheanglais rialála a chomhlíonadh atá coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar amach sna caighdeáin EN a luaitear thuas. Maidir le cóireáil DTLL ina bhfuil fluaracarbóin sho-ghalaithe (VFCanna) agus hidreacarbóin sho-ghalaithe (VHCanna) agus cóireáil DTLL ina bhfuil mearcair, tá astaíochtaí laistigh de nó níos ísle ná na leibhéil astaíochtaí a bhaineann leis na raonta maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT-AEL) mar a leagtar amach sna conclúidí maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT) le haghaidh cóireáil dramhaíola ⁽⁷⁰⁾. 4. I gcás athchúrsála long, comhlíonann an tsaoráid na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 13 de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 agus áirítear í sa Liosta Eorpach de shaoráidí athchúrsála long arna bhunú faoin Rialachán sin. Comhlíonann an tsaoráid na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 7 den Rialachán sin maidir le plean athchúrsála a bhaineann go sonrach le long a ullmhú sula ndéanfar aon athchúrsáil ar long.
(6) Bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn D a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.

2.7. Sórtáil agus aisghabháil ábhair dramhaíola neamhghuaisí

Tuairisc ar an gníomhaíocht

Saoráidí a thógáil, a uasghrádú agus a oibriú chun sruthanna dramhaíola neamhghuaisí a shórtáil nó a aisghabháil ina n-amhábhair thánaisteacha ardcháilíochta trí phróiseas claochlaithe mheicniúil a úsáid.

⁽⁶⁵⁾ EN 50625-1:2014 Bailiú, lóistíocht & Riachtanais chóireála le haghaidh WEEE – Cuid 1: Ceanglais ghinearálta chóireála.

⁽⁶⁶⁾ EN 50625-2-1:2014 Bailiú, lóistíocht agus riachtanais chóireála le haghaidh WEEE – Cuid 2-1: Ceanglais chóireála do lampaí.

⁽⁶⁷⁾ EN 50625-2-2:2015 Bailiú, lóistíocht & Riachtanais chóireála le haghaidh WEEE – Cuid 2-2: Ceanglais chóireála le haghaidh WEEE ina bhfuil CRTanna agus taispeántí painéil chomhréidh.

⁽⁶⁸⁾ EN 50625-2-3:2017 Bailiú, lóistíocht & Riachtanais chóireála le haghaidh WEEE – Cuid 2-3: Ceanglais chóireála do threalamh malartaithe teochta agus do DTLL eile ina bhfuil VFC agus/nó VHC.

⁽⁶⁹⁾ EN 50625-2-4:2017 Bailiú, lóistíocht & riachtanais chóireála le haghaidh WEEE – Cuid 2-4: Ceanglais chóireála do phainéil fhótavoltacha.

⁽⁷⁰⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1147.

Ní áirítear leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch sórtáil agus aisghabháil codán indóite ó dhramhaíl iarmharach mheasctha chun breosla arna dhíorthú ó dhramhaíl a tháirgeadh, amháil i ngléasraí cóireála meicniúla agus bitheolaíocha.

D'fhéadfadh baint a bheith ag na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa chatagóir seo le roinnt cóid NACE, go háirithe E38.32 agus F42.9 i gcomhréir le haicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhunaítear le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006.

Critéir scagtha theicniúla

Rannchuidiú substaintiúil leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach

1. Tionscnamh an bhunábhair

Tagann an bunábhar dramhaíola neamhghuaisí ó cheann amháin nó níos mó de na foinsí seo a leanas:

- (a) dramhaíl a bhailítear agus a iompraítear ar leithligh, lena n-áirítear i gcodáin mheasctha ⁽⁷¹⁾;
- (b) codáin dramhaíola neamhghuaisí a thagann ó ghníomhaíochtaí díchoimeála agus dí-thruaillithe ó tháirgí a bhfuil a ré caite;
- (c) dramhaíl foirgníochta agus scartála a thagann ó scartáil roghnaíoch nó a leithscartar ag an bhfoinse ar bhealach eile;
- (d) codáin dramhaíola neamhghuaisí a thagann as sórtáil dramhaíola measctha atá beartaithe lena hathchúrsáil i gcás ina gcomhlíonann an tsaoirid critéar cáilíochta sainithe feidhmíochta agus ina bhfuil an dramhaíl ag teacht ó limistéir a chomhlíonann na hoibleagáidí maidir le bailiú ar leithligh a leagtar amach i dTreoir 2008/98/CE.

2. Aisghabháil ábhair

Leis an ngníomhaíocht, déantar rátaí aisghabhála ábhair a bhaineann go sonrach le gléasra atá ann cheana a ghnóthú nó a shárú, ar rátaí iad a leagtar amach ag údarais inniúla i bpleananna, ceadanna nó conarthaí bainistíochta dramhaíola is infheidhme nó i scéimeanna um Fhreagracht Leathnaithe Táirgeora. Cuireann an tsaoirid Eochairtháscairí Feidhmíochta a shainítear go himmheánach chun feidhme chun feidhmíocht nó gnóthú na rátaí aisghabhála is infheidhme a rianú.

Maidir le hábhair a bhfuil bailiú ar leithligh éigeantach ina leith, leis an ngníomhaíocht, déantar 50 % ar a laghad, i dtéarmaí meáchain, den dramhaíl neamhghuaiseach a bhailítear agus a phróiseáiltear ar leithligh a thiontú go hamhábhair thánaisteacha atá oiriúnach le cur in ionad amhábhair príomhúil i bpróisis táirgeachta.

3. Bainistiú ceart dramhaíola

An tsaoirid lena ndéantar dramhaíl neamhghuaiseach a aisghabháil, chuir sí na Teicnící is Fearr atá ar Fáil (BAT) chun feidhme bunaithe ar BAT 2 maidir le feabhas a chur ar fheidhmíocht chomhshaoil fhoriomlán an ghléasra a leagtar amach sna conclúidí maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT) le haghaidh cóireáil dramhaíola ⁽⁷²⁾ lena n-áirítear:

- (a) nós imeachta maidir le tréithriú dramhaíola agus nós imeachta dian maidir le glacadh dramhaíola i ndáil le cáilíocht na dramhaíola a thagann isteach;
- (b) córas rianaithe agus fardal arb é is aidhm dóibh suíomh agus cainníocht na dramhaíola sa ghléasra a rianú;
- (c) córas bainistíochta cáilíochta aschuir chun a áirithiú go bhfuil aschur na cóireála dramhaíola i gcomhréir leis na ceanglais nó na caighdeáin cháilíochta is infheidhme, agus úsáid á baint, mar shampla, as caighdeáin EN nó ISO atá ann cheana;
- (d) na bearta nó na nósanna imeachta ábhartha maidir le leithscaradh dramhaíola chun a áirithiú go gcoinneofar dramhaíl deighilte tar éis í a dheighilt, ag brath ar a hairíonna, chun stóráil agus cóireáil atá níos éasca agus níos sábháilte ó thaobh an chomhshaoil de a chumasú;

⁽⁷¹⁾ I gcomhréir le hAirteagal 10(3) de Threoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe (IO L 312, 22.11.2008, lch. 3) agus leis an reachtaíocht náisiúnta agus na pleananna bainistíochta dramhaíola náisiúnta.

⁽⁷²⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1147.

- (e) na bearta ábhartha chun comhoiriúnacht dramhaíola a áirithiú sula ndéanfar dramhaíl a mheascadh nó a chumasc;
- (f) shuiteáil an tsaoráid an teicneolaíocht agus na próisis sórtála agus aisghabhála ábhair chun sonraíochtaí teicniúla ábhartha, caighdeáin cháilíochta nó critéir dheiridh dramhaíola a chomhlíonadh. Leis an ngníomhaíocht, úsáidtear teicneolaíochtaí úrscothacha atá oiriúnach do na codáin dramhaíola a phróiseáiltear lena n-áirítear deighilt optúil trí chórais speictreascópachta neas-infridheirge nó trí chórais X-gha, deighilt de réir dlúis, deighilt mhaighnéadach nó deighilt mhéide.

4. Cáilíocht na n-amhábhair tánaisteach

Leis an ngníomhaíocht, tiontaítear dramhaíl, nó ceadaítear í a thiontú, ina n-amhábhair thánaisteacha, lena n-áirítear amhábhair chriticiúla, atá oiriúnach chun cur in ionad amhábhair príomhúil i bpróisis táirgthe.

Gan dochar suntasach a dhéanamh ('DNSH')

(1) Maolú ar an athrú aeráide	Ní bhaineann le hábhar
(2) Oiriúnú don athrú aeráide	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn A a ghabhann leis an larscríbhinn seo.
(3) Uisce agus acmhainní mairí a úsáid agus a chosaint ar bhonn inbhuanaithe	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn B a ghabhann leis an larscríbhinn seo.
(5) Cosc agus rialú ar thruailliú	Maidir le gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme na gconclúidí maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT) le haghaidh cóireáil dramhaíola ⁽⁷³⁾ , cuirtear chun feidhme leis an ngníomhaíocht na teicnící ábhartha maidir le cosc agus rialú truaillithe agus comhlíonann sí na teorainneacha astaíochtaí gaolmhara ábhartha (BAT-AELanna). Suiteáiltear scagachán i saoráidí athchúrsála plaisteach sula scaoiltear an níochán, ar scagachán é atá in ann ar a laghad 75 % de mhicreaphlaistigh is mó ná 5µm a bhaint.
(6) Bitheagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn D a ghabhann leis an larscríbhinn seo.

3. Gníomhaíochtaí foirgníochta agus réadmhaoine

3.1. Foirgnimh nua a fhoirgniú

Tuairisc ar an ngníomhaíocht

Tionscadail foirgníochta a fhorbairt le haghaidh foirgnimh chónaithe agus neamhchónaithe, trí bhithin modhanna airgeadais, teicniúla agus fisiceacha a chónascadh d'fhonn an foirgneamh a dhíol tráth a sheachadta nó ar dháta níos déanaí, chomh maith le foirgnimh chónaithe nó neamhchónaithe iomlána a fhoirgniú, ar a gcuntas féin lena ndíol nó ar bhonn táille nó conartha.

D'fhéadfadh na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa chatagóir seo a bheith bainteach le roinnt cóid NACE, go háirithe F41.1, F41.2 agus F43 i gcomhréir le haicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006.

⁽⁷³⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1147.

Critéir scagtha theicniúla

Rannchuidiú substaintiúil leis an aistriú chuig gilleagar ciorclach

1. Déantar gach dramhaíl foirgníochta agus scartála a ghintear a chóireáil i gcomhréir le reachtaíocht dramhaíola an Aontais agus le seicliosta iomlán Phrótacal Bainistíochta Dramhaíola Foirgníochta agus Scartála an Aontais Eorpaigh, go háirithe trí chórais sórtála agus iniúchtaí réamh-scartála a shocrú ⁽⁷⁴⁾. An dramhaíl neamhghuaiseach foirgníochta agus scartála a ghintear ar an láithreán foirgníochta, ullmhaítear ar a laghad 90 % de (de réir maise i gcileagraim) lena hathúsáid ⁽⁷⁵⁾ nó lena hathchúrsáil ⁽⁷⁶⁾, cé is moite d'aislónadh ⁽⁷⁷⁾. Ní áirítear leis sin ábhar a fhaightear go nádúrtha dá dtagraítear i gcatagóir 17 05 04 sa Liosta Dramhaíola Eorpach arna bhunú le Cinneadh 2000/532/CE. Léiríonn oibreoir na gníomhaíochta comhlíonadh na tairisí 90 % trí thuairisciú a dhéanamh ar tháscaire Leibhéil/Leibhéal 2.2 ⁽⁷⁸⁾ trí úsáid a bhaint as formáid tuairiscithe Leibhéal 2 le haghaidh sruthanna dramhaíola éagsúla.
2. Acmhainneacht Téite Domhanda shaolré an fhoirgnimh a eascraíonn as an bhfoirgníú, ríomhadh le haghaidh gach céime saolré i agus nochtaí i d'infheisteoirí agus do chliant arna iarraidh sin dóibh ⁽⁷⁹⁾.
3. Tacaíonn dearáí agus teicnící foirgníochta le ciorclaíocht trí choincheapa maidir le dearadh le haghaidh inoiriúnaitheachta agus dífhoirgnithe a ionchorprú mar a leagtar amach i dtáscairí Leibhéil/Leibhéal 2.3 agus 2.4 faoi seach. Léirítear comhlíonadh an cheanglais sin trí thuairisciú a dhéanamh ar tháscairí Leibhéil/Leibhéal 2.3 ⁽⁸⁰⁾ agus 2.4 ⁽⁸¹⁾ ar Leibhéal 2.

⁽⁷⁴⁾ Prótacal Bainistíochta Dramhaíola Foirgníochta agus Scartála an Aontais Eorpaigh, Iarscríbhinn F (leagan an 27.6.2023: <https://ec.europa.eu/docsroom/documents/20509/>).

⁽⁷⁵⁾ Ciallaíonn 'ullmhú don athúsáid' seiceáil, glanadh nó deisiú oibríochtaí aisghabhála, ina ndéantar táirgí nó comhpháirteanna táirgí atá anois ina ndramhaíl a ullmhú ionas gur féidir iad a athúsáid gan aon réamhphróiseáil eile. Áirítear leis sin, mar shampla, codanna áirithe d'fhoirgnimh amháil eilimintí dín, fuinneoga, doirse, brící, clocha nó eilimintí coicréite a ullmhú lena n-athúsáid. De ghnáth bíonn dífhoirgníú roghnaíoch foirgneamh nó déanmhas eile ina réamhriachtanas maidir le heilimintí foirgníochta a ullmhú lena n-athúsáid.

⁽⁷⁶⁾ Ciallaíonn 'athchúrsáil' aon oibríocht aisghabhála lena ndéantar ábhair dramhaíola a athphróiseáil ina dtáirgí, ina n-ábhair nó ina substaintí, chun a gcríoch bunaidh nó chun críoch eile. Áirítear air sin ábhair orgánacha a athphróiseáil ach ní áirítear air aisghabháil fuinnimh ná ábhar a athphróiseáil ina n-ábhair atá le húsáid mar bhreosla nó le haghaidh oibríochtaí aislíonta.

⁽⁷⁷⁾ Ciallaíonn 'aislónadh' aon oibríocht aisghabhála ina n-úsáidtear dramhaíl neamhghuaiseach oiriúnach chun críoch míntiúcháin i limistéir thochailte nó chun críoch innealtóireachta sa tírdhreachú. Dramhaíl a úsáidtear le haghaidh aislíonadh ní mór í a chur in ionad ábhair neamh-dramhaíola, ní mór í a bheith oiriúnach do na críocha thuasluaite, agus ní mór a bheith teoranta go dian don mhéid is gá chun na críocha sin a bhaint amach.

⁽⁷⁸⁾ Féach táscaire Leibhéil/Leibhéal 2.2: Dramhaíl agus ábhair foirgníochta agus scartála, Lámhleabhar Úsáideora: réamhsheisiún faisnéise, treoracha agus treoraíocht (Leagan foilseacháin 1.1), https://susproc.jrc.ec.europa.eu/product-bureau/sites/default/files/2021-01/UM3_Indicator_2.2_v1.1_40pp.pdf. Chun tuairisciú a dhéanamh, tá an scarbhileog Excel atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin le húsáid: Dramhaíl Foirgníochta agus Scartála agus ábhair, teimpléad Excel: chun meastachán (Leibhéal 2) agus taifeadadh (Leibhéal 3) a dhéanamh ar mhéideanna agus cineálacha Dramhaíola Foirgníochta agus Scartála agus a gceann scríbe deiridh (leagan 1.1), <https://susproc.jrc.ec.europa.eu/product-bureau/product-groups/412/documents>.

⁽⁷⁹⁾ Cuirtear an Acmhainneacht Téite Domhanda in iúl mar tháscaire uimhriúil le haghaidh gach céime saolré, mar kgCO₂e/m³ (den achar urláir inmheánach fóna) meánaithe le haghaidh bliain amháin de thréimhse staidéir tagartha 50 bliain. Déantar roghnú sonraí, sainmhíniú cásanna agus ríomhanna i gcomhréir le EN 15978 (BS EN 15978:2011). Beidh raon feidhme gnéithe foirgníochta agus trealamh theicniúil mar a shainmhínítear i gcreat comhchoiteann Leibhéil/Leibhéal an Aontais Eorpaigh maidir le táscaire 1.2. De réir fhormaid thuairiscithe táscaire Leibhéil/Leibhéal 1.2, cuirtear an táscaire in iúl mar Acmhainneacht Téite Domhanda iontaise, Acmhainneacht Téite Domhanda bhithghineach, Acmhainneacht Téite Domhanda úsáide talún agus athraithe ar úsáid talún, chomh maith le suim na dtáscairí sin (Acmhainneacht Téite Domhanda foriomlán). I gcás inarb ann d'uirlis ríofa náisiúnta, nó ina n-éilítear ceann chun nochtaidh a dhéanamh nó chun ceadanna foirgníochta a fháil, is féidir an uirlis i gceist a úsáid chun an nochtaidh a éilítear a sholáthar. Is féidir uirlisí ríofa eile a úsáid má chomhlíonann siad na híoschritéir a leagtar síos le creat comhchoiteann Leibhéil/Leibhéal an Aontais Eorpaigh, féach táscaire Leibhéil/Leibhéal 1.2: Acmhainneacht Téite Domhanda Saolré, Lámhleabhar úsáideora: réamhsheisiún faisnéise, treoracha agus treoraíocht (Leagan foilseacháin 1.1), https://susproc.jrc.ec.europa.eu/product-bureau/sites/default/files/2021-01/UM3_Indicator_1.2_v1.1_37pp.pdf.

⁽⁸⁰⁾ Féach táscaire Leibhéil/Leibhéal 2.3: Dearadh le haghaidh inoiriúnaitheachta agus athchóirithe, Lámhleabhar úsáideora: réamhsheisiún faisnéise, treoracha agus treoraíocht (Leagan foilseacháin 1.1), https://susproc.jrc.ec.europa.eu/product-bureau/sites/default/files/2021-01/UM3_Indicator_2.3_v1.1_23pp.pdf.

⁽⁸¹⁾ Féach táscaire Leibhéil/Leibhéal 2.4: Dearadh le haghaidh dífhoirgnithe, lámhleabhar úsáideora: réamhsheisiún faisnéise, treoracha agus treoraíocht (Leagan foilseacháin 1.1), https://susproc.jrc.ec.europa.eu/product-bureau/sites/default/files/2021-01/UM3_Indicator_2.4_v1.1_18pp.pdf.

4. Íoslaghdaítear úsáid amhábhair príomhúil i bhfoirgníú an fhoirgnimh trí amhábhair thánaisteacha a úsáid ⁽⁸²⁾. Áirithíonn oibreoir na gníomhaíochta go gcomhlíonann na trí chatagóir ábhair is troime a úsáidtear chun an foirgneamh a fhoirgníú, arna dtomhas de réir maise i gcileagraim, na huasmhéideanna iomlána seo a leanas d'amhábhair príomhúil a úsáidtear:
- (a) maidir le comhiomlán na coinceíte ⁽⁸³⁾ nó na cloiche nádúrtha nó ceirtleánaithe, is ó amhábhair príomhúil a thagann 70 % ar a mhéad den ábhar;
 - (b) maidir le comhiomlán na mbrící, na dtíleanna agus na gceirmeach, is ó amhábhair príomhúil a thagann 70 % ar a mhéad den ábhar;
 - (c) maidir le táirgí bithbhunaithe ⁽⁸⁴⁾, is ó amhábhair príomhúil a thagann 80 % ar a mhéad den ábhar iomlán;
 - (d) maidir le comhiomlán na gloine agus an inslithe mhianraigh, is ó amhábhair príomhúil a thagann 70 % ar a mhéad den ábhar iomlán;
 - (e) maidir le plaisteach neamh-bhithbhunaithe, is ó amhábhair príomhúil a thagann 50 % ar a mhéad den ábhar iomlán;
 - (f) maidir le miotail, is ó amhábhair príomhúil a thagann 30 % ar a mhéad den ábhar iomlán;
 - (g) maidir le gipseam, is ó amhábhair príomhúil a thagann 65 % ar a mhéad den ábhar.
- Déantar na tairseacha a ríomh tríd an amhábhair thánaisteach a dhealú ó mhéid iomlán gach catagóire ábhair a úsáidtear le linn na n-oibreacha arna dtomhas de réir maise i gcileagraim. I gcás nach mbeidh an fhaisnéis maidir le hábhar athchúrsáilte táirge foirgníochta ar fáil, áireofar gur amhábhair príomhúil atá in 100 % den táirge sin. Chun urraim a thabhairt d'Ord na Réiteach Dramhaíola agus ar an gcaoi sin tús áite a thabhairt don athúsáid thar an athchúrsáil, ní mór táirgí foirgníochta athúsáidte, lena n-áirítear iad siúd ina bhfuil ábhair nach dramhaíl iad a athphróiseáiltear ar an suíomh, a áireamh mar tháirge nach bhfuil aon amhábhair príomhúil ann. Léirítear go bhfuil an critéar seo á chomhlíonadh trí thuairisciú i gcomhréir le táscaire Leibhéil/Leibhéal 2.1 ⁽⁸⁵⁾.
5. Úsáideann oibreoir na gníomhaíochta uirlisí leictreonacha chun tuairisc a thabhairt ar shaintréithe an fhoirgnimh mar a tógadh é, lena n-áirítear na hábhair agus na comhpháirteanna a úsáideadh, chun críche cothabhála, aisghabhála agus athúsáide amach anseo, mar shampla trí EN ISO 22057:2022 a úsáid chun Dearbhuithe Comhshaoil maidir le Táirgí a sholáthar ⁽⁸⁶⁾. Stóráiltear an fhaisnéis i bhformáid dhigiteach agus cuirtear ar fáil d'infheisteoirí agus do chliaint í arna iarraidh sin dóibh. Ina theannta sin, áirithíonn an t-oibreoir caomhnú fadtéarmach na faisnéise sin thar shaolré úsáideach an fhoirgnimh trí úsáid a bhaint as na córais bainistíochta faisnéise a chuirtear ar fáil le huirlisí náisiúnta, amhail cadastar nó clár poiblí.

⁽⁸²⁾ Chun críocha an Ghnímh Tharmilgthe, ciallaíonn 'amhábhair thánaisteacha' ábhair a ullmhaíodh lena n-athúsáid nó a athchúrsáladh i gcomhréir le hAirteagal 3 den Treoir Réime Dramhaíola agus nach dramhaíl iad a thuilleadh faoi Airteagal 6 den Treoir sin.

⁽⁸³⁾ Baineann sin leis an ábhar coinceít, lena n-áirítear a comhábhair (tathagú, mar shampla). Déantar aon atreisiú cruach a eisiáil ós rud é gur ábhar difriúil é seo is féidir a chur san áireamh faoi mhíotail.

⁽⁸⁴⁾ Déantar ábhair bhithbhunaithe trí úsáid a bhaint as acmhainní bitheolaíochta (ainmhithe, plandaí, miocrorgánaigh agus bithmhais díorthaithe, lena n-áirítear dramhaíl orgánach), mar a shainítear in COM(2018) 673. Áirítear orthu gnáthábhair bhithbhunaithe a dhéantar go traidisiúnta as bithmhais (amhail adhmaid, corc, rubar nádúrtha, páipéar, teicstílí, ábhar foirgníochta adhmaid) agus ábhair a forbraíodh le déanaí amhail ceimiceáin bhithbhunaithe nó plaistigh bhithbhunaithe.

⁽⁸⁵⁾ Féach táscaire Leibhéil/Leibhéal 2.1: Bille Cairníochtaí, ábhair agus saolréanna, Lámhleabhar úsáideora: réamhsheisiún faisnéise, treoracha agus treoraíocht (Leagan foilseacháin 1.1), https://susproc.jrc.ec.europa.eu/product-bureau/sites/default/files/2021-01/UM3_Indicator_2.1_v1.1_34pp.pdf. Chun tuairisciú a dhéanamh, tá an scarbhileog Excel atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin le húsáid: Bille Cairníochtaí, ábhair agus saolréanna, teimpléad Excel: chun meastachán (Leibhéal 2) agus taifeadadh (Leibhéal 3) a dhéanamh ar chainníochtaí agus costais ceannachán ábhartha (leagan 1.2), <https://susproc.jrc.ec.europa.eu/product-bureau/product-groups/412/documents>.

⁽⁸⁶⁾ Caighdeán ISO 22057:2022, Inbhuanaitheacht i bhfoirgnimh agus in oibreacha innealtóireachta sibhialta – Teimpléid sonraí i ndáil le dearbhuithe comhshaoil maidir le táirgí a úsáid le haghaidh táirgí foirgníochta i samhaltú faisnéise foirgneamh (leagan an 27.6.2023: <https://www.iso.org/standard/72463.html>).

Gan dochar suntasach a dhéanamh ('DNSH')

(1) Maolú ar an athrú aeráide	Ní thiomnaítear an foirgneamh d'eastóscadh, stóráil, iompar ná monarú breoslaí iontaise. Ní mó an Príomhéileamh Fuinnimh ⁽⁸⁷⁾ lena leagtar amach feidhmíocht fuinnimh an fhoirgnimh a eascraíonn as an bhfoirgníocht ná an tairseach a leagtar amach le haghaidh na gceanglas d'fhoirgnimh nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh sa rialachán náisiúnta lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁸⁸⁾. Deimhnítear an fheidhmíocht fuinnimh agus Deimhniú Feidhmíochta Fuinnimh (EPC) mar a tógadh á úsáid.
(2) Oiriúnú don athrú aeráide	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn A a ghabhann leis an larscríbhinn seo.
(3) Uisce agus acmhainní muirí a úsáid agus a chosaint ar bhonn inbhuanaithe	I gcás ina suiteáiltear iad, seachas le haghaidh suiteálacha in aonaid foirgneamh cónaithe, deimhnítear an úsáid uisce shonrach le haghaidh na bhfearas uisce seo a leanas le bileoga sonraí táirge, deimhniúchán foirgneamh nó lipéad táirge atá ann cheana san Aontas, i gcomhréir leis na sonraíochtaí teicniúla a leagtar síos i bhFoscscríbhinn E a ghabhann le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmiligthe (AE) 2021/2139: (a) tá sreabhadh uasta uisce de 6 lítear/nóiméad ag sconnáí báisín níos áine agus sconnáí cistine; (b) tá sreabhadh uasta uisce de 8 lítear/nóiméad ag cithfholcadáin; (c) Tá toirt sruthlaithe iomlán uasta de 6 lítear agus meántoirt sruthlaithe 3,5 lítear ag leithris, lena n-áirítear svúiteanna, soithí agus sistéil sruthlaithe; (d) úsáideann úirínéil uasmhéid de 2 lítear/soitheach/uair an chloig. Tá toirt sruthlaithe iomlán uasta de 1 lítear ag úirínéil sruthlaithe. Chun tionchar ón láithreán foirgníochta a sheachaint, comhlíontar na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn B a ghabhann leis an larscríbhinn seo leis an ngníomhaíocht.
(5) Cosc agus rialú ar thruailliú	Comhlíonann na comhpháirteanna agus ábhair foirgníochta a úsáideadh san fhoirgníocht na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn C a ghabhann leis an larscríbhinn seo. Maidir le comhpháirteanna agus ábhair foirgníochta a úsáidtear san fhoirgníocht a d'fhéadfadh a bheith i dteagmháil le háititheoirí ⁽⁸⁹⁾, astaíonn siad níos lú ná 0,06 mg d'fhormaildéad in aghaidh an m³ d'aer seomra tástála, de réir tástála i gcomhréir leis na dálaí a shonraítear in Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, agus níos lú ná 0,001 mg de chomhdhúile so-ghalaithe orgánacha carcanaigineacha d'aicme 1A agus 1B in aghaidh an m³ d'aer seomra tástála, de réir tástála i gcomhréir le CEN/EN 16516 ⁽⁹⁰⁾ nó ISO 16000-3:2011 ⁽⁹¹⁾ nó de réir dálaí tástála agus modhanna cinntithe caighdeánacha coibhéiseacha eile ⁽⁹²⁾.

⁽⁸⁷⁾ An méid ríofa fuinnimh is gá chun freastal ar an éileamh fuinnimh a bhaineann le gnáth-úsáidí fuinnimh foirgnimh, á chur in iúl ag táscaire uimhriúil maidir le húsáid iomlán fuinnimh phríomhúil i kWh/m² in aghaidh na bliana agus bunaithe ar an modheolaíocht ríofa náisiúnta ábhartha agus mar a léirítear ar an Deimhniú Feidhmíochta Fuinnimh.

⁽⁸⁸⁾ Treoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 2010 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (IO L 153, 18.6.2010, lch. 13).

⁽⁸⁹⁾ Tá feidhm aige seo maidir le péinteanna agus vearnaí, tileanna síleála, clúdaigh urláir lena n-áirítear greamacháin agus séaltáin lena mbaineann, insliú inmheánach agus cóireálacha dromchla inmheánaigh amhail cóireálacha in aghaidh taise agus múscaín.

⁽⁹⁰⁾ CEN/TS 16516: 2013, Táirgí foirgníochta – Measúnú ar scaoileadh substaintí contúirteacha – Astaíochtaí isteach san aer laistigh a chinneadh.

⁽⁹¹⁾ ISO 16000-3:2011, Aer laistigh – Cuid 3: Formaildéad agus comhdhúile carbóinile in aer laistigh agus in aer seomra tástála a chinneadh – Modh samplála gníomhaí.

⁽⁹²⁾ Baineann na tairseacha astaíochtaí le haghaidh comhdhúile so-ghalaithe orgánacha carcanaigineacha le tréimhse tástála 28 lá.

	I gcás ina bhfuil an fhoirgníocht nua lonnaithe ar láithreán a d'fhéadfadh a bheith éillithe (láithreán athfhorbraíochta), rinneadh an láithreán a imscrúdú le haghaidh éilleáin a d'fhéadfadh a bheith ann, mar shampla trí chaighdeán ISO 18400 a úsáid ⁽⁹³⁾. Déantar bearta chun torann, deannach agus astaíochtaí truaileán a laghdú i rith oibreacha foirgníochta nó cothabhála.
(6) Bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn D a ghabhann leis an larscríbhinn seo. Níl an fhoirgníocht nua tógtha ar cheann de na nithe seo a leanas: (a) talamh arúil agus talamh barr ina bhfuil leibhéal measartha go dtí ardleibhéal torthúlachta ithreach agus bithéagsúlachta faoi thalamh, dá dtagraítear i suirbhé LUCAS an Aontais ⁽⁹⁴⁾; (b) láithreán úrnua a bhfuil ardluach bithéagsúlachta aitheanta aige agus talamh atá in úsáid mar ghnáthóg ag speicis atá i mbaoil (flora agus fauna) a liostaítear ar an Liosta Dearg Eorpach ⁽⁹⁵⁾ nó ar Liosta Dearg IUCN ⁽⁹⁶⁾; (c) talamh atá ag teacht leis an sainmhíniú ar fhoraois mar a leagtar amach sa dlí náisiúnta a úsáidtear san fhardal náisiúnta de gháis ceaptha teasa, nó i gcás nach bhfuil sé sin ar fáil, atá i gcomhréir le sainmhíniú FAO ar fhoraois ⁽⁹⁷⁾.

3.2. Athchóiriú foirgneamh atá ann faoi láthair

Tuairisc ar an ngníomhaíocht

Oibreacha foirgníochta agus innealtóireachta sibhialta nó iad a ullmhú.

D'fhéadfaí na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa chatagóir seo a bheith bainteach le roinnt cóid NACE, go háirithe F41 agus F43 i gcomhréir le haicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006.

⁽⁹³⁾ Sraith ISO 18400 faoi Cháilíocht ithreach – Sampláil.

⁽⁹⁴⁾ JRC ESDCA, LUCAS: Suirbhé staidrimh fráma limistéir ar chumhdach/úsáid talún (leagan an 27.6.2023: <https://esdac.jrc.ec.europa.eu/projects/lucas>).

⁽⁹⁵⁾ An tAontas Idirnáisiúnta do Chaomhnú an Dúlra (IUCN), Liosta Dearg Eorpach IUCN na Speiceas faoi Bhagairt (leagan an 27.6.2023: <https://www.iucn.org/regions/europe/our-work/biodiversity-conservation/european-red-list-threatened-species>).

⁽⁹⁶⁾ An tAontas Idirnáisiúnta do Chaomhnú an Dúlra (IUCN), Liosta Dearg IUCN na Speiceas faoi Bhagairt (leagan an 27.6.2023: <https://www.iucnredlist.org>).

⁽⁹⁷⁾ Talamh is fairsinge ná 0,5 heicteár agus é faoi chrainn is airde ná cúig mhéadar agus ceannbhrat aige is mó ná 10 %, nó faoi chrainn atá in ann na tairseacha sin a bhaint amach *in situ*. Ní áirítear leis talamh atá faoi úsáid talmhaíochta nó uirbeach den chuid is mó, Measúnú ar Acmhainní Foriomlána FAO 2020. Téarmaí agus sainmhínithe. (leagan an 27.6.2023: <http://www.fao.org/3/I8661EN/i8661en.pdf>).

Critéir scagtha theicniúla

Rannchuidiú substaintiúil leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach

1. Déantar gach dramhaíl foirgníochta agus scartála a ghintear a chóireáil i gcomhréir le reachtaíocht dramhaíola an Aontais agus le seicliosta iomlán Phrótacal Bainistíochta Dramhaíola Foirgníochta agus Scartála an Aontais Eorpaigh, go háirithe trí chórais sórtála agus iniúchtaí réamh-scartála a shocrú ⁽⁹⁸⁾. An dramhaíl neamhghuaiseach foirgníochta agus scartála a ghintear ar an láithreán foirgníochta, ullmhaítear ar a laghad 70 % de (de réir maise i gcileagraim) lena hathúsáid ⁽⁹⁹⁾ nó lena hathchúrsáil ⁽¹⁰⁰⁾, cé is moite d'aislónadh ⁽¹⁰¹⁾. Ní áirítear leis sin ábhar a fhaightear go nádúrtha dá dtagraítear i gcatagóir 17 05 04 sa Liosta Dramhaíola Eorpach arna bhunú le Cinneadh 2000/532/CE. Léiríonn oibreoir na gníomhaíochta comhlíonadh na tairsí 70 % trí thuairisciú a dhéanamh ar tháscaire Leibhéil/Leibhéal 2.2 ⁽¹⁰²⁾ agus úsáid á baint as formáid tuairiscithe Leibhéal 2 le haghaidh sruthanna dramhaíola éagsúla.
 2. Acmhainneacht Téite Domhanda ⁽¹⁰³⁾ shaolré oibreacha athchóirithe an fhoirgnimh, ríomhadh le haghaidh gach céime saolré í, ó phointe an athchóirithe ar aghaidh, agus nochtar í d'infheisteoirí agus do chliant arna iarraidh sin dóibh.
 3. Tacaíonn dearáí agus teicnící foirgníochta le ciorclaíocht trí choincheapa maidir le dearadh le haghaidh inoiriúnaitheachta agus dífhoirgnithe a ionchorprú mar a leagtar amach i dtáscairí Leibhéil/Leibhéal 2.3 agus 2.4 faoi seach. Léiríonn oibreoir na gníomhaíochta comhlíonadh an cheanglais sin trí thuairisciú a dhéanamh ar tháscairí Leibhéil/Leibhéal 2.3 ⁽¹⁰⁴⁾ agus 2.4 ⁽¹⁰⁵⁾ ar Leibhéal 2.
-

⁽⁹⁸⁾ Prótacal Bainistíochta Dramhaíola Foirgníochta agus Scartála an Aontais Eorpaigh, Iarscríbhinn F (leagan an 27.6.2023: <https://ec.europa.eu/docsroom/documents/20509/>).

⁽⁹⁹⁾ Ciallaíonn 'ullmhú don athúsáid' seiceáil, glanadh nó deisiú oibríochtaí aisghabhála, ina n-ullmhaítear táirgí nó comhpháirteanna táirgí, ar dramhaíl iad anois, ionas gur féidir iad a athúsáid gan aon réamhphróiseáil eile. Áirítear leis sin, mar shampla, codanna áirithe d'fhoirgnimh amhail eilimintí dín, fuinneoga, doirse, brící, clocha nó eilimintí coinceáilte a ullmhú lena n-athúsáid. De ghnáth bíonn dífhoirgniú roghnaíocht foirgneamh nó déanamh eile ina réamhriachtanas maidir le heilimintí foirgníochta a ullmhú lena n-athúsáid.

⁽¹⁰⁰⁾ Ciallaíonn 'athchúrsáil' aon oibríocht aisghabhála lena ndéantar ábhair dramhaíola a athphróiseáil ina dtáirgí, ina n-ábhair nó ina substaintí, chun a gcíoch bunaidh nó chun cíoch eile. Áirítear air sin ábhair orgánacha a athphróiseáil ach ní áirítear air aisghabháil fuinnimh ná ábhar a athphróiseáil ina n-ábhair atá le húsáid mar bheosla nó le haghaidh oibríochtaí aislíonta.

⁽¹⁰¹⁾ Ciallaíonn 'aislónadh' aon oibríocht aisghabhála ina n-úsáidtear dramhaíl neamhghuaiseach oiriúnach chun cíoch míntíriúcháin i limistéir thochailte nó chun cíoch innealtóireachta sa tírdhreachú. Dramhaíl a úsáidtear le haghaidh aislíonadh ní mór í a chur in ionad ábhair neamh-dramhaíola, ní mór í a bheith oiriúnach do na críocha thuasluaite, agus ní mór a bheith teoranta go dian don mhéid is gá chun na críocha sin a bhaint amach.

⁽¹⁰²⁾ Féach táscaire Leibhéil/Leibhéal 2.2: Dramhaíl agus ábhair foirgníochta agus scartála, Lámhleabhar Úsáideora: réamhsheisiún faisnéise, treoracha agus treoraíocht (Leagan foilseacháin 1.1), https://susproc.jrc.ec.europa.eu/product-bureau/sites/default/files/2021-01/UM3_Indicator_2.2_v1.1_40pp.pdf. Chun tuairisciú a dhéanamh, tá an scarbhileog Excel atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin le húsáid: Dramhaíl Foirgníochta agus Scartála agus ábhair, teimpléad Excel: chun meastachán (Leibhéal 2) agus taifeadadh (Leibhéal 3) a dhéanamh ar mhéideanna agus cineálacha Dramhaíola Foirgníochta agus Scartála agus a gceann scríbe deiridh (leagan 1.1), <https://susproc.jrc.ec.europa.eu/product-bureau/product-groups/412/documents>.

⁽¹⁰³⁾ Cuirtear an Acmhainneacht Téite Domhanda in iúl mar tháscaire uimhriúil le haghaidh gach céime saolré, mar kgCO₂e/m² (den achar urláir inmheánach fóna) meánaithe le haghaidh bliain amháin de thréimhse staidéir tagartha 50 bliain. Déantar roghnú sonraí, sainmhíniú cásanna agus ríomhanna i gcomhréir le EN 15978 (BS EN 15978:2011. Inbhuaíne oibreacha foirgníochta. Measúnú ar fheidhmíocht chomhshaoil foirgneamh. Modh ríofa). Beidh raon feidhme gnéithe foirgníochta agus trealamh theicniúil mar a shainmhíniú i gcreat comhchoiteann Leibhéil/Leibhéal an Aontais Eorpaigh maidir le táscaire 1.2. I gcás inarb ann d'uirlis ríofa náisiúnta, nó ina n-éilítear ceann chun nochtadh a dhéanamh nó chun ceadanna foirgníochta a fháil, is féidir an uirlis i gceist a úsáid chun an nochtadh a éilítear a sholáthar. Is féidir uirlisí ríofa eile a úsáid má chomhlíonann siad na híoschritéir a leagtar síos le creat comhchoiteann Leibhéil/Leibhéal an Aontais Eorpaigh, féach táscaire Leibhéil/Leibhéal 1.2: Acmhainneacht Téite Domhanda Saolré, Lámhleabhar úsáideora: réamhsheisiún faisnéise, treoracha agus treoraíocht (Leagan foilseacháin 1.1), https://susproc.jrc.ec.europa.eu/product-bureau/sites/default/files/2021-01/UM3_Indicator_1.2_v1.1_37pp.pdf.

⁽¹⁰⁴⁾ Féach táscaire Leibhéil/Leibhéal 2.3: Dearadh le haghaidh inoiriúnaitheachta agus athchóirithe, Lámhleabhar úsáideora: réamhsheisiún faisnéise, treoracha agus treoraíocht (Leagan foilseacháin 1.1), https://susproc.jrc.ec.europa.eu/product-bureau/sites/default/files/2021-01/UM3_Indicator_2.3_v1.1_23pp.pdf.

⁽¹⁰⁵⁾ Féach táscaire Leibhéil/Leibhéal 2.4: Dearadh le haghaidh dífhoirgnithe, lámhleabhar úsáideora: réamhsheisiún faisnéise, treoracha agus treoraíocht (Leagan foilseacháin 1.1), https://susproc.jrc.ec.europa.eu/product-bureau/sites/default/files/2021-01/UM3_Indicator_2.4_v1.1_18pp.pdf.

4. Coinnítear 50 % ar a laghad den fhoirgneamh bunaidh. Déanfar é sin a ríomh bunaithe ar an oll-achar urláir seachtrach a choinnítear ón bhfoirgneamh bunaidh agus an modheolaíocht tomhais náisiúnta nó réigiúnach is infheidhme á húsáid, nó de rogha air sin, an sainmhíniú ar 'IPMS 1' atá sna Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thomhas Maoine á úsáid ⁽¹⁰⁶⁾.
5. Íoslaghdaítear úsáid amhábhbar príomhúil in athchóiriú an fhoirgnimh trí amhábhbar thánaisteacha a úsáid ⁽¹⁰⁷⁾. Áirithíonn oibreoir na gníomhaíochta go gcomhlíonann na trí chatagóir ábhair is troime a cuireadh as an nua leis an bhfoirgneamh le linn athchóiriú an fhoirgnimh, arna dtomhas de réir maise i gcileagraim, na tairseacha seo a leanas a bhaineann leis an uasmhéid d'amhábhbar príomhúil a úsáideadh:
 - (a) maidir le comhiomlán na coinchréite ⁽¹⁰⁸⁾ nó na cloiche nádúrtha nó ceirtleánaithe, is ó amhábhbar príomhúil a thagann 85 % ar a mhéad den ábhar;
 - (b) maidir le comhiomlán na mbrící, na dtileanna agus na gceirmeach, is ó amhábhbar príomhúil a thagann 85 % ar a mhéad den ábhar;
 - (c) maidir le táirgí bithbhunaithe ⁽¹⁰⁹⁾, is ó amhábhbar príomhúil a thagann 90 % ar a mhéad den ábhar;
 - (d) maidir le comhiomlán na gloine agus an inslithe mhianraigh, is ó amhábhbar príomhúil a thagann 85 % ar a mhéad den ábhar;
 - (e) maidir le plaisteach neamh-bhithbhunaithe, is ó amhábhbar príomhúil a thagann 75 % ar a mhéad den ábhar;
 - (f) maidir le miotail, is ó amhábhbar príomhúil a thagann 65 % ar a mhéad den ábhar;
 - (g) maidir le gipseam, is ó amhábhbar príomhúil a thagann 83 % ar a mhéad den ábhar.

Déantar na tairseacha a ríomh tríd an amhábhbar tánaisteach a dhealú ó mhéid iomlán gach catagóire ábhair a úsáidtear le linn na n-oibreacha arna dtomhas de réir maise i gcileagraim. I gcás nach mbeidh an fhaisnéis maidir le hábhar athchúrsáilte an táirge foirgníochta ar fáil, áireofar gur amhábhbar príomhúil atá in 100 % den táirge sin. Chun urraim a thabhairt d'Ord na Réiteach Dramhaíola agus ar an gcaoi sin tús áite a thabhairt don athúsáid thar an athchúrsáil, ní mór táirgí foirgníochta athúsáidte, lena n-áirítear iad siúd ina bhfuil ábhair nach dramhaíl iad a athphróiseáiltear ar an suíomh, a áireamh mar tháirge nach bhfuil aon amhábhbar príomhúil ann. Léirítear go bhfuil an critéar seo á chomhlíonadh trí thuairisciú i gcomhréir le táscaire Leibhéal/Leibhéal 2.1 ⁽¹¹⁰⁾.

⁽¹⁰⁶⁾ Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thomhas Maoine: Gach Foirgneamh. Arna bhfoilsíú ag Comhghuaillíocht na gCaighdeáin Idirnáisiúnta um Thomhas Maoine (IPMSC), <https://ipmsc.org/>.

⁽¹⁰⁷⁾ Chun críocha an Ghnímh Tharmhligthe, ciallaíonn 'amhábhbar thánaisteacha' ábhair a ullmhaíodh lena n-athúsáid nó a athchúrsáladh i gcomhréir le hAirteagal 3 den Treoir Réime Dramhaíola agus nach dramhaíl iad a thuilleadh faoi Airteagal 6 den Treoir sin.

⁽¹⁰⁸⁾ Baineann sin leis an ábhar coinchréit, lena n-áirítear a comhábhbar (tathagú, mar shampla). Déantar aon atreisiú cruach a eisiáimh ós rud é gur ábhar difriúil é seo is féidir a chur san áireamh faoi mhiotail.

⁽¹⁰⁹⁾ Déantar ábhair bhithbhunaithe trí úsáid a bhaint as acmhainní bitheolaíocha (ainmhithe, plandaí, miocrorgánaigh agus bithmhais díorthaithe, lena n-áirítear dramhaíl orgánach), mar a shainítear in COM(2018) 673. Áirítear orthu gnáthábhair bhithbhunaithe a dhéantar go traidisiúnta as bithmhais (amhail adhmaid, corc, rubar nádúrtha, páipéar, teicstílí, ábhar foirgníochta adhmaid) agus ábhair a forbraíodh le déanaí amhail ceimiceáin bhithbhunaithe nó plaistigh bhithbhunaithe.

⁽¹¹⁰⁾ Féach táscaire Leibhéal/Leibhéal 2.1: Bille Cinníochtaí, ábhair agus saolréanna, Lámhleabhar úsáideora: réamhsheisiún faisnéise, treoracha agus treoraíocht (Leagan foilseacháin 1.1), https://susproc.jrc.ec.europa.eu/product-bureau/sites/default/files/2021-01/UM3_Indicator_2.1_v1.1_34pp.pdf. Chun tuairisciú a dhéanamh, tá an scarbhileog Excel atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin le húsáid: Bille Cinníochtaí, ábhair agus saolréanna, teimpléad Excel: chun meastachán (Leibhéal 2) agus taifeadadh (Leibhéal 3) a dhéanamh ar chinníochtaí agus costais ceannachán ábhartha (leagan 1.2), <https://susproc.jrc.ec.europa.eu/product-bureau/product-groups/412/documents>.

6. Úsáideann oibreoir na gníomhaíochta uirlisí leictreonacha chun tuairisc a thabhairt ar shaintréithe an fhoirgnimh mar a tógadh é, lena n-áirítear na hábhair agus na comhpháirteanna a úsáideadh, chun críche cothabhála, aisghabhála agus athúsáide amach anseo, mar shampla trí EN ISO22057:2022 a úsáid chun Dearbhuithe Comhshaoil maidir le Táirgí a sholáthar ⁽¹¹¹⁾. Stóráiltear an fhaisnéis i bhformáid dhigiteach agus cuirtear ar fáil d'infheisteoirí agus do chliaint í arna iarraidh sin dóibh. Ina theannta sin, áirithíonn oibreoir na gníomhaíochta caomhnú fadtéarmach na faisnéise sin thar shaolré úsáideach an fhoirgnimh trí úsáid a bhaint as na córais bainistíochta faisnéise a chuirtear ar fáil le huirlisí náisiúnta, amhail cadastar nó clár poiblí.

Gan dochar suntasach a dhéanamh ('DNSH')

(1) Maolú ar an athrú aeráide	Ní thiomnaítear an foirgneamh d'eastóscadh, stóráil, iompar ná monarú breoslaí iontaise.
(2) Oiriúnú don athrú aeráide	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn A a ghabhann leis an larscríbhinn seo.
(3) Uisce agus acmhainní muirí a úsáid agus a chosaint ar bhonn inbhuanaithe	I gcás ina suiteáiltear iad mar chuid de na hoibreacha athchóirithe, seachas oibreacha athchóirithe in aonaid foirgneamh cónaithe, deimhnítear an úsáid uisce shonrach le haghaidh na bhfearas uisce seo a leanas le bileoga sonraí táirge, deimhniúchán foirgneamh nó lipéad táirge atá ann cheana san Aontas, i gcomhréir leis na sonraíochtaí teicniúla a leagtar síos i bhFoscscríbhinn E a ghabhann le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139: (a) tá sreabhadh uasta uisce de 6 lítear/nóiméad ag sconnáí báisín níocháin agus sconnáí cistine; (b) tá sreabhadh uasta uisce de 8 lítear/nóiméad ag cithfholcadáin; (c) Tá toirt sruthlaithe iomlán uasta de 6 lítear agus meántoirt sruthlaithe 3,5 lítear ag leithris, lena n-áirítear svuiteanna, soithí agus sistéil sruthlaithe; (d) úsáideann úirínéil uasmhéid de 2 lítear/soitheach/uair an chloig. Tá toirt sruthlaithe iomlán uasta de 1 lítear ag úirínéil sruthlaithe.
(5) Cosc agus rialú ar thruailliú	Comhlíonann na comhpháirteanna agus ábhair foirgníochta a úsáideadh san fhoirgníocht na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn C a ghabhann leis an larscríbhinn seo. Maidir le comhpháirteanna foirgneamh agus ábhair a úsáidtear san fhoirgníocht a d'fhéadfadh a bheith i dteagmháil le háititheoirí ⁽¹¹²⁾, astaíonn siad níos lú ná 0,06 mg d'fhormaildéad in aghaidh an m³ den ábhar nó den chomhpháirt, de réir tástála i gcomhréir leis na coinníollacha a shonraítear in Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, agus níos lú ná 0,001 mg de chomhdhúile so-ghalaithe orgánacha carcanaigineacha d'aicme 1A agus 1B in aghaidh an m³ den ábhar nó den chomhpháirt, de réir tástála i gcomhréir le EN/TS 16516 agus ISO 16000-3:2011 ⁽¹¹³⁾ nó de réir dálaí tástála agus modhanna cinntithe caighdeánacha inchomparáide eile. Déantar bearta chun torann, deannach agus astaíochtaí truaileán a laghdú i rith oibreacha foirgníochta nó cothabhála.

⁽¹¹¹⁾ Caighdeán ISO 22057:2022, Inbhuanaitheacht i bhfoirgnimh agus in oibreacha innealtóireachta sibhialta – Teimpléid sonraí i ndáil le dearbhuithe comhshaoil maidir le táirgí a úsáid le haghaidh táirgí foirgníochta i samhaltú faisnéise foirgneamh (leagan Aibreán 2022), <https://www.iso.org/standard/72463.html>.

⁽¹¹²⁾ Tá feidhm aige seo maidir le péinteanna agus vearnaisí, tileanna síleála, clúdaigh urláir (lena n-áirítear greamacháin agus séaltáin lena mbaineann), insliú inmheánach agus cóireálacha dromchla inmheánaigh, amhail cóireálacha in aghaidh taise agus múscaín.

⁽¹¹³⁾ ISO 16000-3:2011, Aer laistigh – Cuid 3: Formaildéad agus comhdhúile carbóinile in aer laistigh agus in aer seomra tástála a chinneadh – Modh samplála gníomhaí (leagan an 27.6.2023: <https://www.iso.org/standard/51812.html>).

(6) Bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú	Ní bhaineann le hábhar
---	------------------------

3.3. Scartáil agus raiceáil foirgneamh agus déanmhas eile

Tuairisc ar an ngníomhaíocht

Scartáil agus raiceáil foirgneamh, bóithre agus rúdbhealaí, iarnród, droichead, tollán, oibreacha cóireála dramhuisce, oibreacha cóireála uisce, píblínte, toibreacha agus tollpholl, gléasraí giniúna cumhachta, gléasraí ceimiceacha, dambaí agus taiscumar, mianach agus cairéal, struchtúr amach ón gcósta, oibreacha gar don chladach, calafort, oibreacha uiscebhealaigh nó foirmiú agus míntíriú talún ⁽¹¹⁴⁾.

Maidir le tionscadail a bhaineann leis na gníomhaíochtaí 'Foirgnimh nua a fhoirgníú' nó 'Athchóiriú foirgneamh atá ann faoi láthair' (féach Ranna 3.1. agus 3.2. den larscríbhinn seo), i gcás ina bhfaightear na hoibreacha scartála agus na hoibreacha foirgníochta nó athchóirithe faoin gconradh céanna, beidh feidhm ag na critéir scagtha theicniúla maidir leis na gníomhaíochtaí foirgníochta nó athchóirithe.

Ní áirítear leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch scartáil agus raiceáil foirgneamh agus déanmhas eile a dhéantar mar chuid den ghníomhaíocht 'Feabhsúchán ar láithreáin éillithe agus ar limistéir éillithe' (féach Roinn 2.4. d'Iarscríbhinn III).

D'fhéadfadh baint a bheith na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa chatagóir seo le cód NACE F43.1 i gcomhréir le haicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006.

Critéir scagtha theicniúla

Rannchuidiú substaintiúil leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach

1. Sula gcuirfear tús leis an ngníomhaíocht scartála nó raiceála, pléitear agus comhaontaítear leis an gcliant na gnéithe seo a leanas ar a laghad ó sheicliosta coincheapa dearaidh Leibhéal 1 de sheicliosta tháscaire Leibhéal/Leibhéal 2.2 ⁽¹¹⁵⁾:
 - (a) príomhtháscairí feidhmíochta agus spriocleibhéal uaillmhéine a shainiú;
 - (b) na srianta tionscadal-shonracha a d'fhéadfadh an spriocleibhéal uaillmhéine (amhail am, saothar agus spás) a chur i mbaol agus an chaoi leis na srianta sin a íoslaghdú a shainaithint;
 - (c) mionsonraí an nós imeachta iniúchóireachta réamhscartála;
 - (d) achomre ar phlean bainistíochta dramhaíola ina dtugtar tosaíocht don dífhoirgníú roghnaíoch, don dí-éilliú roghnaíoch agus do deighilt roghnaíoch sruthanna dramhaíola ag an bhfoinse. I gcás nach dtugtar tosaíocht do na gníomhaíochtaí sin, cuirtear míniú ar fáil chun údar a thabhairt leis an bhfáth nach bhfuil dífhoirgníú roghnaíoch, dí-éilliú roghnaíoch ná deighilt roghnaíoch sruthanna dramhaíola ag an bhfoinse indéanta go teicniúil sa tionscadal. Ní cúis inghlactha iad costas ná cúinsí airgeadais chun comhlíonadh an cheanglais sin a sheachaint.

⁽¹¹⁴⁾ Féach na gníomhaíochtaí a liostaítear leis an gCaighdeán Idirnáisiúnta um Bainistíocht Costais in 'ICMS: Comhsheasmhacht Dhomhanda maidir le Costais Saolré Foirgníochta agus Astaíochtaí Carbóin a Chur i Láthair, an 3ú heagrán, Tábla 1: Tionscadail ICMS lena gcóid chomhfhreagracha', https://icmsc.blog.files.wordpress.com/2021/11/icms_3rd_edition_final.pdf.

⁽¹¹⁵⁾ Féach táscaire Leibhéal/Leibhéal 2.2: Dramhaíl agus ábhair Foirgníochta agus Scartála, Lámhleabhar Úsáideora: réamhsheisiún faisnéise, treoracha agus treoraíocht (Leagan foilseacháin 1.1), https://susproc.jrc.ec.europa.eu/product-bureau/sites/default/files/2021-01/UM3_Indicator_2.2_v1.1_40pp.pdf

2. Déanann oibreoir na gníomhaíochta iniúchadh réamhscartála i gcomhréir le Prótacal Bainistíochta Dramhaíola Foirgníochta agus Scartála an Aontais Eorpaigh ⁽¹¹⁶⁾.
3. Déantar an dramhaíl scartála uile a ghintear le linn na gníomhaíochta scartála nó raiceála a chóireáil i gcomhréir le reachtaíocht dramhaíola an Aontais agus le seicliosta iomlán Phrótacal Bainistíochta Dramhaíola Foirgníochta agus Scartála an Aontais Eorpaigh ⁽¹¹⁷⁾.
4. An dramhaíl neamhghuaiseach foirgníochta agus scartála a ghintear ar an láithreán foirgníochta, ullmhaítear ar a laghad 90 % de (de réir maise i gcileagraim) lena hathúsáid ⁽¹¹⁸⁾ nó lena hathchúrsáil ⁽¹¹⁹⁾, cé is moite d'aislónadh ⁽¹²⁰⁾. Ní áirítear leis sin ábhar a fhaightear go nádúrtha dá dtagraítear i gcatagóir 17 05 04 sa Liosta Dramhaíola Eorpach arna bhunú le Cinneadh 2000/532/CE. Léiríonn oibreoir na gníomhaíochta comhlíonadh na tairsí 90 % trí thuairisciú a dhéanamh ar tháscaire Leibhéil/Leibhéal 2.2 ⁽¹²¹⁾ trí úsáid a bhaint as formáid tuairiscithe Leibhéal 3 le haghaidh sruthanna dramhaíola éagsúla. De rogha air sin, déantar 95 % ar a laghad den chodán mianrach ⁽¹²²⁾, agus 70 % den chodán neamh-mhianrach, den dhramhaíl scartála neamhghuaiseach a bhailiú ar leithligh agus a ullmhú lena hathúsáid nó lena hathchúrsáil.

Gan dochar suntasach a dhéanamh ('DNSH')

- ⁽¹¹⁶⁾ Treoirlínte le haghaidh na n-iniúchtaí dramhaíola roimh oibreacha scartála agus athchóirithe foirgneamh. Bainistíocht Dramhaíola Foirgníochta agus Scartála an Aontais Eorpaigh, Bealtaine 2018: <https://ec.europa.eu/docsroom/documents/31521/attachments/1/translations/en/renditions/native>. Chun meastacháin Dhramhaíl Scartála Leibhéal 2 a thuairisciú, tá an scarbhileog Excel atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin le húsáid: Dramhaíl Foirgníochta agus Scartála agus ábhair, teimpléad Excel: chun meastachán (Leibhéal 2) agus taifeadadh (Leibhéal 3) a dhéanamh ar mhéideanna agus cineálacha Dramhaíola Foirgníochta agus Scartála agus a gceann scríbe deiridh (leagan 1.1), <https://susproc.jrc.ec.europa.eu/product-bureau/product-groups/412/documents>.
- ⁽¹¹⁷⁾ Treoirlínte le haghaidh na n-iniúchtaí dramhaíola roimh oibreacha scartála agus athchóirithe foirgneamh. Bainistíocht Dramhaíola Foirgníochta agus Scartála an Aontais Eorpaigh, Bealtaine 2018: <https://ec.europa.eu/docsroom/documents/31521/attachments/1/translations/en/renditions/native>. Chun meastacháin Dhramhaíl Foirgníochta agus Scartála Leibhéal 3 a thuairisciú, tá an scarbhileog Excel atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin le húsáid: Dramhaíl Foirgníochta agus Scartála agus ábhair, teimpléad Excel: chun meastachán (Leibhéal 2) agus taifeadadh (Leibhéal 3) a dhéanamh ar mhéideanna agus cineálacha Dramhaíola Foirgníochta agus Scartála agus a gceann scríbe deiridh (leagan 1.1), <https://susproc.jrc.ec.europa.eu/product-bureau/product-groups/412/documents>. Chuige sin, clibeáiltear gach cineál dramhaíola scartála leis an gcód sé dhigit iomchuí ón Liosta Dramhaíola Eorpach a bunaíodh le Cinneadh 2000/532/CE. Nuair a áirítear an cineál cóireála dramhaíola sa scarbhileog Excel (i.e. ullmhú le haghaidh athúsáide, le haghaidh athchúrsála, aisghabháil ábhair, aisghabháil nó diúscairt fuinnimh), cuirtear fianaise san áireamh maidir leis na hoibreoirí eacnamaíocha a fhaigheann an dramhaíl go bhfuil an cumas teicniúil acu an chóireáil sin a dhéanamh. D'fhéadfadh nasc a bheith i gceist le fianaise den sórt sin chui leathanaigh ghréasáin na cuideachta i gcás ina bhfuil sé sin doiciméadaithe, nó d'fhéadfadh ráiteas sínithe ó ionadaí de chuid na cuideachta a bheith i gceist. I gcás ina ndéantar an chóireáil ar an láithreán scartála, amhail athúsáid nó athchúrsáil ar an láthair, d'fhéadfadh ráiteas sínithe ó ionadaí de chuid na cuideachta a bheith i gceist le fianaise inghlactha.
- ⁽¹¹⁸⁾ Ciallaíonn 'ullmhú don athúsáid' seiceáil, glanadh nó deisiú oibríochtaí aisghabhála, ina n-ullmhaítear táirgí nó comhpháirteanna táirgí, ar dramhaíl iad anois, ionas gur féidir iad a athúsáid gan aon réamhphróiseáil eile. Áirítear leis sin, mar shampla, codanna áirithe d'fhoirgnimh amhail eilimintí dín, fuinneoga, doirse, brící, clocha nó eilimintí coincréite a ullmhú lena n-athúsáid. De ghnáth bíonn difhoirgniú roghnaíoch foirgneamh nó déanmhas eile ina réamhriachtanas maidir le heilimintí foirgníochta a ullmhú lena n-athúsáid.
- ⁽¹¹⁹⁾ Ciallaíonn 'athchúrsáil' aon oibríocht aisghabhála lena ndéantar ábhair dramhaíola a athphróiseáil ina dtáirgí, ina n-ábhair nó ina substaintí, chun a gcríoch bunaidh nó chun críoch eile. Áirítear air sin ábhair orgánacha a athphróiseáil ach ní áirítear air aisghabháil fuinnimh ná ábhar a athphróiseáil ina n-ábhair atá le húsáid mar bhreosla nó le haghaidh oibríochtaí aislíonta.
- ⁽¹²⁰⁾ Ciallaíonn 'aislónadh' aon oibríocht aisghabhála ina n-úsáidtear dramhaíl neamhghuaiseach oiriúnach chun críoch míntíriúcháin i limistéir thochailte nó chun críoch innealtóireachta sa tírdhreachú. Dramhaíl a úsáidtear le haghaidh aislíonadh ní mór í a chur in ionad ábhair neamh-dramhaíola, ní mór í a bheith oiriúnach do na críocha thuasluaite, agus ní mór a bheith teoranta go dian don mhéid is gá chun na críocha sin a bhaint amach.
- ⁽¹²¹⁾ Féach táscaire Leibhéil/Leibhéal 2.2: Dramhaíl agus ábhair foirgníochta agus scartála, Lámhleabhar Úsáideora: réamhsheisiún faisnéise, treoracha agus treoraíocht (Leagan foilseacháin 1.1), https://susproc.jrc.ec.europa.eu/product-bureau/sites/default/files/2021-01/UM3_Indicator_2.2_v1.1_40pp.pdf.
- ⁽¹²²⁾ Féach Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán 849/2010 ón gCoimisiún maidir le dramhaíl foirgníochta agus scartála neamhghuaiseach mhianrach a chatagóiriú, <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32010R0849&from=EN>.

(1) Maolú ar an athrú aeráide	Áirithíonn úinéir nó conraitheoir an fhoirgnimh, le linn gníomhaíochtaí athchóirithe, athfheistithe nó scartála lena dtugtar le tuisceant go mbainfear painéil cúir, nó cláir lannaithe atá suiteáilte i gcuasa nó i struchtúir foirgnithe, ina bhfuil cúir lena ngabhann gáis ceaptha teasa Fluairínithe, Hidreafluoracarbóin sháithithe agus neamhsháithithe, agus Substaintí Ídithe Ózóin, mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 agus i Rialachán (AE) Uimh. 1005/2009, go seachnófar na hastaíochtaí a mhéid is féidir trí na cúir nó na gáis atá iontu a láimhseáil ar bhealach lena n-áirithítear athúsáid nó scriosadh na bpainéal cúir nó na ngás atá sna cúir. Is pearsanra cuí-oilte a dhéanann aisghabháil na ngás atá sna cúir. I gcás nach bhfuil aisghabháil na gcúir sin indéanta go teicniúil, tarraingeoidh an t-oibreoir doiciméadacht suas ina gcuirfear fianaise ar fáil maidir le neamh-indéantacht na haisghabhála sa chás sonrach sin. Coinnítear doiciméadacht den sórt sin ar feadh 5 bliana agus cuirtear ar fáil í ach sin a iarraidh.
(2) Oiriúnú don athrú aeráide	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn A a ghabhann leis an larscríbhinn seo.
(3) Uisce agus acmhainní muirí a úsáid agus a chosaint ar bhonn inbhuanaithe	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn B a ghabhann leis an larscríbhinn seo.
(5) Cosc agus rialú ar thruailliú	Déantar bearta chun torann, deannach agus astaíochtaí truaileán a laghdú i rith oibreacha scartála agus raiceála.
(6) Bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn D a ghabhann leis an larscríbhinn seo.

3.4. Bóithre agus mótarbhealaí a chothabháil

Tuairisc ar an ngníomhaíocht

Cothabháil sráideanna, bóithre agus mótarbhealaí, bealaí eile feithiclí agus coisithe, obair dhromchla ar shráideanna, bóithre, mórbhealaí, droichid, tolláin, rúidbhealaí aeradróim, bealaí innlithe agus naprúin, arna sainmhíniú mar gach gníomh a dhéantar chun fóinteacht ⁽¹²³⁾ agus leibhéal seirbhíse na mbóithre ⁽¹²⁴⁾ a chothabháil agus a athbhunú. I gcás droichead agus tollán, ní áirítear leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch ach cothabháil an bhóthair atá ar an droichead nó a théann tríd an tollán. Ní áirítear leis cothabháil an droichid nó an tolláin féin.

Áirítear leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch gnáthchothabháil, ar féidir í a sceidealú ar bhonn tréimhsiúil. Áirítear leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch freisin cothabháil choiscitheach agus athshlánú coiscitheach a shainítear mar oibreacha a dhéantar chun fóinteacht a chaomhnú nó a athbhunú agus chun saol seirbhíse ⁽¹²⁵⁾ bóthair atá ann cheana a leathnú. Tá an oibríocht chothabhála dírithe go príomha ar bhainistíocht pábhála agus ní bhaineann sé ach leis na príomhghnéithe seo a leanas den bhóthar: cúrsa ceanglóra, cúrsa dromchla agus leaca coincreíte. Na bóithre i raon feidhme na gníomhaíochta eacnamaíche seo, as asfalt, as coincreit nó as teaglaime den dá ábhar atá siad déanta.

D'fhéadfadh na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa chatagóir seo a bheith bainteach le cód NACE F42.11 i gcomhréir le haicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006.

⁽¹²³⁾ Tagraíonn 'fóinteacht' do na coinníollacha faoina meastar go bhfuil sócmhainn thógtha fós sábháilte lena húsáid.

⁽¹²⁴⁾ Tagraíonn 'leibhéal seirbhíse' do bheart cáilíochtúil nó cainníochtúil chun measúnú a dhéanamh ar chumas an bhonneagair freastal ar na héilimh tráchta a chuirtear air.

⁽¹²⁵⁾ Tagraíonn 'saol seirbhíse' don tréimhse úsáide i seirbhís, i.e. ón dáta foirgníochta go dtí dáta an athfhoirgnithe nó na scartála.

Critéir scagtha theicniúla

Rannchuidiú substaintiúil leis an aistriú chuig gilleagar ciorclach

1. I gcás ina scartáiltear nó ina mbaintear amach príomheilimintí bóthair (cúrsa ceanglóra, cúrsa dromchla nó leaca coincreíte), ullmhaítear 100 % (de réir maise i gcileagraim) den dramhaíl neamhghuaiseach a ghintear ar an láithreán lena hathúsáid ⁽¹²⁶⁾ nó lena hathchúrsáil ⁽¹²⁷⁾, cé is moite d'aislónadh ⁽¹²⁸⁾. Ní áirítear leis sin ábhar a fhaightear go nádúrtha dá dtagraítear i gcatagóir 17 05 04 sa Liosta Dramhaíola Eorpach arna bhunú le Cinneadh 2000/532/CE.
2. I gcás ina ndéantar na heilimintí bóthair (an bealach so-aimsithe, an cúrsa dromchla agus na leaca coincreíte) a shuiteáil as an nua tar éis scartála nó aistriú, lena n-áirítear aon bhóthar a thógtar go sealadach chun na hoibreacha cothabhála a dhéanamh, is ábhair athúsáidte nó ábhair athchúrsáilte nó fotháirgí tionsclaíocha neamhghuaiseacha atá in 50 % (de réir maise i gcileagraim) ar laghad de na heilimintí bóthair struchtúracha a úsáidtear.
3. Ní aistrítear na hábhair athúsáidte nó athchúrsáilte thar achair níos mó ná 2,5 oiread an fhaid idir an láithreán foirgníochta agus an tsaoráid táirgthe is gaire ina dtáirgtear amhábhair phríomhúla choibhéiseacha, ionas nach mbeidh astaíochtaí CO₂ níos airde mar thoradh ar úsáid ábhair athúsáidte nó athchúrsáilte i gcomparáid le húsáid amhábhair príomhúil.
4. I gcás ina suiteáiltear an cúrsa ceanglóra as an nua, níl saolré seirbhíse níos giorra ná 20 bliain aige ⁽¹²⁹⁾.
5. Déantar úsáid amhábhair phríomhúil do throsacán bóthair a íoslághdú trí úsáid a bhaint as amhábhair thánaisteacha ⁽¹³⁰⁾. I gcás miotal, amháil córais bactha cruach, áirithíonn oibreoir na gníomhaíochta go dtagann uasmhéid 30 % den ábhar ó amhábhair príomhúil. Déantar an tairseach a ríomh tríd an amhábhair thánaisteach a dhealú ó mhéid iomlán gach catagóire ábhair a úsáidtear le linn na n-oibreacha arna dtomhas de réir maise i gcileagraim. I gcás nach mbeidh an fhaisnéis maidir le hábhair athchúrsáilte an táirge foirgníochta ar fáil, áireofar gur amhábhair príomhúil atá in 100 % den táirge sin. Chun urraim a thabhairt d'Ord na Réiteach Dramhaíola agus ar an gcaoi sin tús áite a thabhairt don athúsáid thar an athchúrsáil, ní mór táirgí foirgníochta athúsáidte, lena n-áirítear iad siúd ina bhfuil ábhair nach dramhaíl iad a athphróiseáiltear ar an suíomh, a áireamh mar tháirge nach bhfuil aon amhábhair príomhúil ann.

Gan dochar suntasach a dhéanamh ('DNSH')

(1) Maolú ar an athrú aeráide	Cuirtear i láthair plean maolaithe brú tráchta atá le cur i bhfeidhm le linn na n-oibreacha cothabhála.
(2) Oiriúnú don athrú aeráide	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscábhinn A a ghabhann leis an larscríbhinn seo.

⁽¹²⁶⁾ Ciallaíonn 'ullmhú don athúsáid' seiceáil, glanadh nó deisiú oibríochtaí aisghabhála, ina n-ullmhaítear táirgí nó comhpháirteanna táirgí, ar dramhaíl iad anois, ionas gur féidir iad a athúsáid gan aon réamhphróiseáil eile. Áirítear leis sin, mar shampla, codanna áirithe d'fhoirgnimh amháil eilimintí dín, fuinneoga, doirse, brící, clocha nó eilimintí coincreíte a ullmhú lena n-athúsáid. De ghnáth bíonn dífhoirgniú roghnaíoch foirgneamh nó déanmhas eile ina réamhriachtanas maidir le heilimintí foirgníochta a ullmhú lena n-athúsáid.

⁽¹²⁷⁾ Ciallaíonn 'athchúrsáil' aon oibríocht aisghabhála lena ndéantar ábhair dramhaíola a athphróiseáil ina dtáirgí, ina n-ábhair nó ina substaintí, chun a gcríoch bunaidh nó chun críoch eile. Áirítear air sin ábhair orgánacha a athphróiseáil ach ní áirítear air aisghabháil fuinnimh ná ábhar a athphróiseáil ina n-ábhair atá le húsáid mar bhreosla nó le haghaidh oibríochtaí aislíonta.

⁽¹²⁸⁾ Ciallaíonn 'aislónadh' aon oibríocht aisghabhála ina n-úsáidtear dramhaíl neamhghuaiseach oiriúnach chun críoch míntíriúcháin i limistéir tochairle nó chun críoch innealtóireachta sa tírdhreachú. Dramhaíl a úsáidtear le haghaidh aislíonadh ní mór í a chur in ionad ábhair neamh-dhramhaíola, ní mór í a bheith oiriúnach do na críocha thuasluaite, agus ní mór a bheith teoranta go dian don mhéid is gá chun na críocha sin a bhaint amach.

⁽¹²⁹⁾ Doiciméad Inmheánach Oibre de Chuid an Choimisiúin. Critéir an Aontais Eorpaigh um Sholáthar Poiblí Glas do Dheadradh, Foirgniú agus Cothabháil Bóithre (SWD(2016) 203), 2016, lch. 17, colún 'critéir chuimsitheacha', (leagan an 27.6.2023: <https://ec.europa.eu/environment/gpp/pdf/toolkit/roads/EN.pdf>).

⁽¹³⁰⁾ Chun críocha an Ghníomh Tharmilgthe, ciallaíonn 'amhábhair thánaisteacha' ábhair a ullmhaíodh lena n-athúsáid nó a athchúrsáladh i gcomhréir le hAirteagal 3 den Treoir Réime Dramhaíola agus nach dramhaíl iad a thuilleadh faoi Airteagal 6 den Treoir sin.

(3) Uisce agus acmhainní mairí a úsáid agus a chosaint ar bhonn inbhuanaithe	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn B a ghabhann leis an larscríbhinn seo.
(5) Cosc agus rialú ar thruailliú	Déantar bearta chun torann, creathanna, deannach agus astaíochtaí truaileán a laghdú le linn oibreacha foirgníochta nó cothabhála. Nuair a roghnaítear cineálacha dromchla bóthair, is ag dromchlaí bóthair ísealtorainn atá an tosaíocht, i gcomhréir le critéir cuimsitheach B7 'íosriachtanais maidir le dearadh pábhála ísealtorainn' de Chritéir an Aontais Eorpaigh um Sholáthar Poiblí Glas do Dhearadh, Foirgniú agus Cothabháil Bóithre ⁽¹³¹⁾ , agus meastar gur tosaíocht le haghaidh gach bóthair é gur dromchlaí bóthair ísealtorainn a bheidh iontu faoi raon feidhme Threoir 2002/49/CE.
(6) Bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn D a ghabhann leis an larscríbhinn seo.

3.5. Úsáid coinchréite san innealtóireacht sibhialta

Tuairisc ar an ngníomhaíocht

Úsáid coinchréite chun réada innealtóireachta sibhialta nua a thógáil, a atógáil nó a chothabháil ⁽¹³²⁾, seachas dromchlaí coinchréite bóthair, ar na gnéithe seo a leanas: sráideanna, mótarbhealaí, mórbhealaí, bealaí eile feithicle agus coisithe, droichid, tolláin agus rúidbhealaí aeradróim, bealaí innlithe agus naprúin a chumhdaítear faoin ngníomhaíocht eacnamaíoch 'Cothabháil bóithre agus mótarbhealaí' (Féach Roinn 3.4. den larscríbhinn seo).

D'fhéadfadh gníomhaíocht eacnamaíoch sa chatagóir seo a bheith bainteach le roinnt cóid NACE, go háirithe F42.12, F42.13, F42.2 agus F42.9 i gcomhréir le haicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006.

⁽¹³¹⁾ Doiciméad Inmheánach Oibre de Chuid an Choimisiúin. Critéir an Aontais Eorpaigh um Sholáthar Poiblí Glas do Dhearadh, Foirgniú agus Cothabháil Bóithre (SWD(2016) 203), 2016, lch. 15, colún 'critéir chuimsitheacha', (leagan an 27.6.2023: <https://ec.europa.eu/environment/gpp/pdf/toolkit/roads/EN.pdf>).

⁽¹³²⁾ Sainmhínítear 'cothabháil réada innealtóireachta sibhialta' mar gach gníomh a dhéantar chun fóinteacht agus leibhéal seirbhíse na mbóithre a chothabháil agus a athbhunú.

Critéir scagtha theicniúla

Rannchuidiú substaintiúil leis an aistriú chuig gilleagar ciorclach

1. Déantar gach dramhaíl foirgníochta agus scartála a ghintear a chóireáil i gcomhréir le reachtaíocht dramhaíola an Aontais agus le seicliosta iomlán Phrótacal Bainistíochta Dramhaíola Foirgníochta agus Scartála an Aontais Eorpaigh, go háirithe trí chórais sórtála a shocrú ⁽¹³³⁾. An dramhaíl neamhghuaiseach foirgníochta agus scartála a ghintear ar an láithreán foirgníochta, ullmhaítear ar a laghad 90 % de (de réir maise i gcileagraim) lena hathúsáid ⁽¹³⁴⁾ nó lena hathchúrsáil ⁽¹³⁵⁾, cé is moite d'aislónadh ⁽¹³⁶⁾. Ní áirítear leis sin ábhar a fhaightear go nádúrtha dá dtagraítear i gcatagóir 17 05 04 sa Liosta Dramhaíola Eorpach arna bhunú le Cinneadh 2000/532/CE. Léiríonn oibreoir na gníomhaíochta comhlíonadh na tairisí 90 % trí thuairisciú a dhéanamh ar tháscaire Leibhéil/Leibhéal 2.2 trí úsáid a bhaint as formáid tuairiscithe Leibhéal 2 le haghaidh sruthanna dramhaíola éagsúla.
 2. Tacaíonn dearáí agus teicnící foirgníochta le ciorclaíocht trí choincheapa maidir le dearadh le haghaidh inoiriúnaitheachta agus dífhoirgnithe a ionchorprú mar a leagtar amach i dtáscairí Leibhéil/Leibhéal 2.3 agus 2.4 faoi seach. Léirítear comhlíonadh an cheanglais sin trí thuairisciú a dhéanamh ar tháscairí Leibhéil/Leibhéal 2.3 ⁽¹³⁷⁾ agus 2.4 ⁽¹³⁸⁾ ar Leibhéal 2.
 3. Déantar úsáid amhábhair príomhúil a íoslághdú trí úsáid a bhaint as amhábhair thánaisteacha ⁽¹³⁹⁾. Maidir le coincréit, is ó amhábhair príomhúil a thagann 70 % ar a mhéad den ábhar. Tá feidhm ag an gcrítéar seo maidir le coincréit a dhoirteadh *in situ*, le táirgí réamhtheilgthe agus leis na comhábhair go léir, lena n-áirítear aon atreisiú. Ríomhtar an tairseach tríd an amhábhair thánaisteach a dhealú ó mhéid iomlán an ábhair a úsáidtear arna thomhas de réir maise i gcileagraim. I gcás nach mbeidh an fhaisnéis maidir le hábhar athchúrsáilte an táirge foirgníochta ar fáil, áireofar gur amhábhair príomhúil atá in 100 % den táirge sin. Chun urraim a thabhairt d'Ord na Réiteach Dramhaíola agus ar an gcaoi sin tús áite a thabhairt don athúsáid thar an athchúrsáil, ní mór táirgí foirgníochta athúsáidte, lena n-áirítear iad siúd ina bhfuil ábhair nach dramhaíl iad a athphróiseáiltear ar an suíomh, a áireamh mar tháirge nach bhfuil aon amhábhair príomhúil ann.
 4. Ní aistrítear na hamhábhair thánaisteacha thar achair níos mó ná 2,5 oiread an fhaid idir an láithreán foirgníochta agus an tsaoiréid táirgthe is gaire ina dtáirgtear amhábhair príomhúla choibhéiseacha, ionas nach mbeidh astaíochtaí CO₂ níos airde mar thoradh ar úsáid ábhar athúsáidte nó athchúrsáilte i gcomparáid le húsáid amhábhair príomhúil.
-

⁽¹³³⁾ Prótacal Bainistíochta Dramhaíola Foirgníochta agus Scartála an Aontais Eorpaigh, Iarscríbhinn F (leagan an 27.6.2023: <https://ec.europa.eu/docsroom/documents/20509/>).

⁽¹³⁴⁾ Ciallaíonn 'ullmhú don athúsáid' seiceáil, glanadh nó deisiú oibríochtaí aisghabhála, ina ndéantar táirgí nó comhpháirteanna táirgí atá anois ina ndramhaíl a ullmhú ionas gur féidir iad a athúsáid gan aon réamhphróiseáil eile. Áirítear leis sin, mar shampla, codanna áirithe d'fhoirgnimh amháil eilimintí dín, fuinneoga, doirse, brící, clocha nó eilimintí coincréite a ullmhú lena n-athúsáid. De ghnáth bíonn dífhoirgniú roghnaíoch foirgneamh nó déanmhas eile ina réamhriachtanas maidir le heilimintí foirgníochta a ullmhú lena n-athúsáid.

⁽¹³⁵⁾ Ciallaíonn 'athchúrsáil' aon oibríocht aisghabhála lena ndéantar ábhair dramhaíola a athphróiseáil ina dtáirgí, ina n-ábhair nó ina substaintí, chun a gcíoch bunaidh nó chun cíoch eile. Áirítear air sin ábhair orgánacha a athphróiseáil ach ní áirítear air aisghabháil fuinnimh ná ábhar a athphróiseáil ina n-ábhair atá le húsáid mar bhreosla nó le haghaidh oibríochtaí aislíonta.

⁽¹³⁶⁾ Ciallaíonn 'aislónadh' aon oibríocht aisghabhála ina n-úsáidtear dramhaíl neamhghuaiseach oiriúnach chun cíoch míntíriúcháin i limistéir thochailte nó chun cíoch innealtóireachta sa tírdhreachú. Dramhaíl a úsáidtear le haghaidh aislíonadh ní mór í a chur in ionad ábhair neamh-dramhaíola, ní mór í a bheith oiriúnach do na cíocha thuasluaite, agus ní mór a bheith teoranta go dian don mhéid is gá chun na cíocha sin a bhaint amach.

⁽¹³⁷⁾ Féach táscaire Leibhéil/Leibhéal 2.3: Dearadh le haghaidh inoiriúnaitheachta agus athchóirithe, Lámhleabhar úsáideora: réamhsheisiún faisnéise, treoracha agus treoraíocht (Leagan foilseacháin 1.1), https://susproc.jrc.ec.europa.eu/product-bureau/sites/default/files/2021-01/UM3_Indicator_2.3_v1.1_23pp.pdf.

⁽¹³⁸⁾ Féach táscaire Leibhéil/Leibhéal 2.4: Dearadh le haghaidh dífhoirgnithe, lámhleabhar úsáideora: réamhsheisiún faisnéise, treoracha agus treoraíocht (Leagan foilseacháin 1.1), https://susproc.jrc.ec.europa.eu/product-bureau/sites/default/files/2021-01/UM3_Indicator_2.4_v1.1_18pp.pdf.

⁽¹³⁹⁾ Chun críocha an Ghnímh Tharmilgthe, ciallaíonn 'amhábhair thánaisteacha' ábhair a ullmhaíodh lena n-athúsáid nó a athchúrsáladh i gcomhréir le hAirteagal 3 den Treoir Réime Dramhaíola agus nach dramhaíl iad a thuilleadh faoi Airteagal 6 den Treoir sin.

5. Úsáideann oibreoir na gníomhaíochta uirlisí leictreonacha chun tuairisc a thabhairt ar shaintréithe an fhoirgnimh mar a tógadh é, lena n-áirítear na hábhair agus na comhpháirteanna a úsáideadh, chun críche cothabhála, aisghabhála agus athúsáide amach anseo, mar shampla trí EN ISO 22057:2022 a úsáid chun Dearbhuithe Comhshaoil maidir le Táirgí a sholáthar ⁽¹⁴⁰⁾. Stóráiltear an fhaisnéis i bhformáid dhigiteach agus cuirtear ar fáil d'infheisteoirí agus do chliaint í arna iarraidh sin dóibh. Ina theannta sin, áirithíonn an t-oibreoir caomhnú fadtéarmach na faisnéise sin thar shaolré úsáideach an fhoirgnimh trí úsáid a bhaint as na córais bainistíochta faisnéise a chuirtear ar fáil le huirlisí náisiúnta, amhail cadastar nó clár poiblí.
6. Déanann cigire, atá formheasta go náisiúnta, iniúchadh rialta ar dhroichid, tolláin, cladáin agus bualchomhláí agus úsáidtear na sonraí chun riachtanais chothabhála a thuar.

Gan dochar suntasach a dhéanamh ('DNSH')

(1) Maolú ar an athrú aeráide	Ní thiomnaítear an tsócmhainn thógtha d'eastóscadh, stóráil, iompar ná monarú breoslaí iontaise. Maidir leis an gcoincreít a úsáidtear sa ghníomhaíocht sin, is iad seo a leanas na hastaíochtaí gás ceaptha teasa ⁽¹⁴¹⁾ a eascraíonn ó na próisis táirgthe: (a) maidir le clincear stroighne léithe, níos ísle ná 0,816 ⁽¹⁴²⁾ tCO₂e in aghaidh an tona de chlincear stroighne léithe; (b) maidir le stroighin ó chlincear liath nó ceanglóir hiodrálach eile, níos ísle ná 0,530 ⁽¹⁴³⁾ tCO₂e in aghaidh an tona de stroighin nó de cheanglóir eile arna mhonarú.
(2) Oiriúnú don athrú aeráide	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscríbhinn A a ghabhann leis an larscríbhinn seo.
(3) Uisce agus acmhainní muirí a úsáid agus a chosaint ar bhonn inbhuanaithe	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscríbhinn B a ghabhann leis an larscríbhinn seo.

⁽¹⁴⁰⁾ Caighdeán ISO 22057:2022, Inbhuanaitheacht i bhfoirgnimh agus in oibreacha innealtóireachta sibhialta – Teimpléid sonraí i ndáil le dearbhuithe comhshaoil maidir le táirgí a úsáid le haghaidh táirgí foirgníochta i samhaltú faisnéise foirgneamh (leagan Aibreán 2022), <https://www.iso.org/standard/72463.html>.

⁽¹⁴¹⁾ Arna ríomh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/331.

⁽¹⁴²⁾ Léiriú ar mheánluach na suiteálacha in 2016 agus 2017 (coibhéisí/t t CO₂) de na sonraí a bailíodh i gcomhthéacs Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún a bhunú, á chinneadh ar bhonn na faisnéise fíoraithe maidir le héifeachtúlacht gás ceaptha teasa na suiteálacha arna dtuairisciú de bhun Airteagal 11 de Threoir 2003/87/CE.

⁽¹⁴³⁾ Léiriú ar mheánluach na suiteálacha in 2016 agus 2017 (coibhéisí/t t CO₂) de na sonraí a bailíodh le haghaidh clincear stroighne léithe i gcomhthéacs Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún a bhunú, arna iolrú faoin gcóimheas clincir le stroighin (0,65), á chinneadh ar bhonn na faisnéise fíoraithe maidir le héifeachtúlacht gás ceaptha teasa na suiteálacha arna dtuairisciú de bhun Airteagal 11 de Threoir 2003/87/CE.

(5) Cosc agus rialú ar thruailliú	Comhlíonann na comhpháirteanna agus na hábhair a úsáidtear san fhoirgníocht na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn C a ghabhann leis an larscríbhinn seo. Maidir leis na comhpháirteanna agus na hábhair a úsáidtear san fhoirgníocht a d'fhéadfadh a bheith i dteagmháil le háititheoirí ⁽¹⁴⁴⁾, astaíonn siad níos lú ná 0,06 mg d'fhormaildéad in aghaidh an m³ d'aer seomra tástála, de réir tástála i gcomhréir leis na dálaí a shonraítear in larscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, agus níos lú ná 0,001 mg de chomhdhúile so-ghalaithe orgánacha carcanaigineacha d'aicme 1A agus 1B in aghaidh an m³ d'aer seomra tástála, de réir tástála i gcomhréir le CEN/EN 16516 ⁽¹⁴⁵⁾ nó ISO 16000-3:2011 ⁽¹⁴⁶⁾ nó de réir dálaí tástála agus modhanna cinntithe caighdeánacha coibhéiseacha eile ⁽¹⁴⁷⁾. I gcás ina bhfuil an fhoirgníocht nua lonnaithe ar láithreán a d'fhéadfadh a bheith éillithe (láithreán athfhorbraíochta), rinneadh an láithreán a imscrúdú le haghaidh éilleáin a d'fhéadfadh a bheith ann, mar shampla trí chaighdeán ISO 18400 a úsáid. Déantar bearta chun torann, creathanna, deannach agus astaíochtaí truailléan a laghdú le linn oibreacha foirgníochta nó cothabhála. I gcás inarb iomchuí, i bhfianaise iogaireacht an limistéir dá ndéantar difear, go háirithe i dtéarmaí mhéid an daonra agus an fhána dá ndéantar difear, maolaítear torann agus creathanna ó fhoirgníú, úsáid agus cothabháil an bhonneagair trí phleanáil fhuaimiúil lena dtugtar isteach trinsí oscailte, bacainní balla nó bearta iomchuí eile i gcomhréir le Treoir 2002/49/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁴⁸⁾.
(6) Bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn D a ghabhann leis an larscríbhinn seo. Ina theannta sin, tá an méid seo a leanas le háirithiú: (a) san Aontas, i ndáil le láithreáin Natura 2000: nach mbíonn éifeachtaí móra ag an ngníomhaíocht ar láithreáin Natura 2000 i bhfianaise a gcuipóirí caomhantais ar bhonn measúnú iomchuí arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 6(3) de Threoir 92/43/CEE; (b) san Aontas, in aon limistéar: nach bhfuil an ghníomhaíocht díobhálach do théarnamh ná do chothabháil líon na speiceas a chosnaítear faoi Threoir 92/43/CEE agus faoi Threoir 2009/147/CE ag stádas caomhantais fabhrach. Nach ndéanann an ghníomhaíocht dochar ach oiread do théarnamh ná do chothabháil na gcineálacha gnáthóige lena mbaineann, ar cineálacha iad a chosnaítear faoi Threoir 92/43/CEE ag stádas caomhantais fabhrach; (c) lasmuigh den Aontas, déantar gníomhaíochtaí i gcomhréir leis an dlí is infheidhme a bhaineann le gnáthóga agus speicis a chaomhnú.

⁽¹⁴⁴⁾ Tá feidhm aige seo maidir le péinteanna agus vearnaí, tileanna síleála, clúdaigh urláir lena n-áirítear greamacháin agus séaltáin lena mbaineann, insliú inmheánach agus cóireálacha dromchla inmheánaigh amhail cóireálacha in aghaidh taise agus múscaín.

⁽¹⁴⁵⁾ CEN/TS 16516: 2013, Táirgí foirgníochta – Measúnú ar scaoileadh substaintí contúirteacha – Astaíochtaí isteach san aer laistigh a chinneadh.

⁽¹⁴⁶⁾ ISO 16000-3:2011, Aer laistigh – Cuid 3: Formaildéad agus comhdhúile carbóinile in aer laistigh agus in aer seomra tástála a chinneadh – Modh samplála gníomhaí.

⁽¹⁴⁷⁾ Baineann na tairseacha astaíochtaí le haghaidh comhdhúile so-ghalaithe orgánacha carcanaigineacha le tréimhse tástála 28 lá.

⁽¹⁴⁸⁾ Treoir 2002/49/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Meitheamh 2002 maidir le torann timpeallachta a mheasúnú agus a bhainistiú – Dearbhú ón gCoimisiún sa Choiste Idir-réitigh um an Treoir maidir le torann timpeallachta a mheasúnú agus a bhainistiú (IO L 189, 18.7.2002, lch. 12).

4. **Faisnéis agus cumarsáid**

4.1. **Réitigh agus TF/TO sonraibhúnaithe a sholáthar**

Tuairisc ar an ngníomhaíocht

Leis an ngníomhaíocht déantar seirbhísí gairmiúla a mhonarú, a fhorbairt, a shuiteáil, a imscaradh, a chothabháil, a dheisiú nó a sholáthar, lena n-áirítear comhairliúcháin teicniúil chun na nithe seo a leanas a dhearadh nó chun faireachán a dhéanamh orthu:

- (a) córais bogearraí ⁽¹⁴⁹⁾ agus teicneolaíochta faisnéise (TF) nó teicneolaíochta oibríochtúla (TO) ⁽¹⁵⁰⁾, lena n-áirítear réitigh bunaithe ar an intleacht shaorga (IS), amhail réitigh don mheaisínfhoghlaim uathoibrithe, a thógtar chun críche cianfhaireacháin agus cothabhála tuarthaí, lena n-áirítear córais chun an méid seo a leanas a dhéanamh:
 - (i) sonraí ó threalamh, ó táirgí nó ó bhonneagar a bhailiú, a phróiseáil, a aistriú agus a stóráil go cianda le linn a n-úsáide nó a n-oibriúcháin;
 - (ii) anailís a dhéanamh ar na sonraí agus léargas a fháil ar fheidhmíocht oibríochtúil agus ar bhail an trealamh, an táirge nó an bhonneagair;
 - (iii) cianchothabháil agus moltaí a chur ar fáil maidir leis na bearta is gá chun cliseadh oibríochtúil a sheachaint agus an trealamh/táirge nó bonneagar a choinneáil i riocht oibriúcháin barmhaith agus fad a chur lena saolré úsáide agus úsáid acmhainní agus dramhaíl a laghdú;
- (b) bogearraí rianaithe agus lorgaireachta agus córais TF nó TO arna dtógáil chun sainathint, rianú agus lorgaireacht ábhar, táirgí agus sócmhainní a sholáthar trína slabhraí luacha faoi seach (lena n-áirítear pasanna ábhair dhigitigh agus táirgí) agus é mar phríomhchuspóir acu tacú le ciorclaíocht sreafaí ábhair agus táirgí nó le cuspóirí eile a leagtar amach i Rialachán (AE) 2020/852;
- (c) bogearraí measúnaithe saolré lena dtacaítear leis an measúnú saolré agus le tuairisciú gaolmhar le haghaidh táirgí, trealamh nó bonneagair;
- (d) bogearraí dearaidh agus innealtóireachta lena dtacaítear le héicidhearthóireacht táirgí, trealamh agus bonneagair, lena n-áirítear bainistiú dramhaíola agus éifeachtúlacht acmhainne;
- (e) bogearraí bainistíochta soláthróirí lena dtacaítear le soláthar glas ábhar, táirgí agus seirbhísí a bhfuil tionchar íseal acu ar an gcomhshaol, ach gan oibriú áiteanna margaidh a thacaíonn le trádáil na n-earraí sin a chur san áireamh;
- (f) bogearraí bainistíochta feidhmíochta saolré lena dtacaítear le faireachán agus measúnú ar fheidhmíocht chiorclaíochta táirgí, trealamh nó bonneagar le linn a saolré.

D'fhéadfadh na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa chatagóir seo a bheith bainteach le roinnt cóid NACE, go háirithe C26, C27, J58.29, J61, J62 agus J63.1 i gcomhréir le haicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006.

Is gníomhaíocht chumasúcháin í gníomhaíocht eacnamaíoch sa chatagóir seo i gcomhréir le hAirteagal 13(1), pointe (l), de Rialachán (AE) 2020/852 i gcás ina gcomhlíonann sí na critéir scagtha theicniúla a leagtar amach sa Roinn seo.

⁽¹⁴⁹⁾ Áirítear le 'bogearraí' bogearraí ar an láthair agus bogearraí néalbhúnaithe.

⁽¹⁵⁰⁾ Áirítear le 'córais TF nó TO' táirgí innasctha, braiteoirí, anailísíocht agus bogearraí eile, agus teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (TFC) chun sonraí agus bainistíocht córais a tharchur, a stóráil agus a thaispeáint.

Critéir scagtha theicniúla

Rannchuidiú substaintiúil leis an aistriú chuig gilleagar ciorclach

1. Leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch déantar seirbhísí gairmiúla a mhonarú, a fhorbairt, a shuiteáil, a imscaradh, a chothabháil, a dheisiú nó a sholáthar, lena n-áirítear comhairliúchán teicniúil maidir le dearadh nó faireachán, le haghaidh ceann amháin nó níos mó de na réitigh shonraibhunaithé TF/OT seo a leanas a sholáthraíonn na cumais a liostaítear thíos. I measc na réiteach sonraibhunaithé TF/OT sin tá braiteoirí (amhail cumhacht, teocht, creathadh, físeán, fuaim, slaodacht), trealamh bailithe sonraí agus trealamh cumarsáide sonraí, stór sonraí (imeall nó néal), agus bogearraí. I gcás ina bhfuil na cumais sin mar chuid de thairiscint bogearraí nó tairiscint TF/TO níos leithne, ní cháileoidh ach forlíontáin bogearraí shonracha lena gcuirtear na cumais sin chun feidhme.
2. Maidir le córais chianfhaireacháin agus cothabhála tuarthaí, comhlíontar dhá cheann ar a laghad de na cumais seo a leanas a shonraítear i bpointí (a) go (d) ina raon feidhme iomlán:
 - (a) an t-úsáideoir a chur ar an eolas faoi luachanna neamhghnácha braiteora, agus stádas an táirge, an trealaimh nó an bhonneagair a mheasúnú, saincheisteanna caithimh agus cuimilte nó leictreacha a bhrath, agus teacht ar chonclúidí maidir le cineál beacht na ndálaí neamhghnácha oibriúcháin trí bhithin ardmhodhanna anailíseacha;
 - (b) an saolré a mheastar a bheidh fágtha ag táirge, trealamh nó bonneagair a thuar, agus bearta a mholadh chun síneadh ama a chur leis an saolré atá fágtha;
 - (c) cliseadh táirge, trealaimh nó bonneagair atá ag teacht aníos a thuar agus bearta a mholadh chun cliseadh den sórt sin a chosc;
 - (d) moltaí a thabhairt maidir leis an gcéad timthriall úsáide eile lena ngabhann an luach is airde, amhail athúsáid, comhpháirteanna a aisghabháil trí pháirteanna a bhuain lena n-athmhonarú, nó lena n-athchúrsáil, agus meascán tosca maidir le riocht an táirge á chur san áireamh.

Córais TF/TO atá dírithe ar (i) faireachán a dhéanamh ar athsholáthar tomhaltáin ⁽¹⁵¹⁾, amhail dúch printéara, (ii) cianfhaireachán agus cianchothabháil a dhéanamh ar ghléasraí giniúna cumhachta atá níos déine ná 100 gCO₂e/kWh ar gháis cheaptha teasa, nó (iii) faireachán agus cianbhainistiú a dhéanamh ar aon chineál innill breosla iontaise, ní cháilíonn siad.

3. Maidir le bogearraí rianaithe agus lorgaireachta agus córais TF/OT, comhlíontar ar a laghad ceann amháin de na cumais seo a leanas a shonraítear i bpointí (a) go (d) ina raon feidhme iomlán:
 - (a) sainaithint, rianú agus lorgaireacht ábhar, táirgí agus sócmhainní a sholáthar trí shlabhraí luacha chun go mbeidh rochtain ar shonraí struchtúrtha (amhail inneachar ábhair, substaintí, faisnéis chomhshaoil) is gá le haghaidh measúnuithe saolré nó dearbhuithe ábhartha de réir caighdeáin ábhartha, amhail Moladh 2021/2279, ISO 14067:2018 ⁽¹⁵²⁾ nó ISO 14040:2006 ⁽¹⁵³⁾ ón gCoimisiún, agus comhroinnt na sonraí sin le comhpháirtithe slabhra luacha, tomhaltóirí, agus gníomhaithe eacnamaíocha eile i gcomhréir le caighdeáin ábhartha maidir le samhaltú sonraí, idir-inoibritheacht, príobháideacht sonraí agus slándáil sonraí;
 - (b) soláthar agus comhroinnt doiciméad agus sonraí a thacaíonn go díreach le deisiú agus cothabháil táirgí agus trealaimh, amhail treoir deisiúcháin, trealamh tástála, léaráidí sreangaithe agus nasctha, cóid dhiagnóiseacha lochta agus earráide, treoracha díchoimeála;
 - (c) tacú le lóistíocht droim ar ais, lena n-áirítear táirgí a ghlacadh ar ais chun iad a athmhonarú, a athchóiriú nó a athchúrsáil, trí bhearta agus idirbhearta a bhainistiú sa phróiseas glactha ar ais, amhail socrúchán orduithe bailithe, rianú sonraí maidir le hidirbhearta díolacháin, dianscaoileadh an táirge ina n-ábhair a bheidh le hath-instealladh i sreafaí ábhair ciorclacha, agus trí chinntí a bharrfheabhsú chun íoschúrsáil a chosc agus aisghabháil acmhainní a uasmhéadú. Pasanna táirge digiteacha a chomhlíonann na híoscheanglais i ndlí an Aontais, ní mheastar iad a bheith aillínithe le tacsanomaíocht;

⁽¹⁵¹⁾ Is éard is 'tomhaltáin' ann tráchtearraí neamh-mharthanacha atá beartaithe lena n-úsáid, lena n-ídiú nó lena n-ionadú. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá leo d'fheidhmiú táirge tomhaltais, nó d'fhéadfaí iad a úsáid i monarú, gan iad a ionchorprú sa táirge críochnaithe.

⁽¹⁵²⁾ Caighdeán ISO 14067:2018, Gáis cheaptha teasa – Lorg carbóin táirgí – Ceanglais agus treoirlínte le haghaidh cainníochtú (leagan an 27.6.2023: <https://www.iso.org/standard/71206.html>).

⁽¹⁵³⁾ Caighdeán ISO 14040:2006, Bainistíocht chomhshaoil – Measúnú saolré – Prionsabail agus creat (leagan an 27.6.2023: <https://www.iso.org/standard/37456.html>).

- (d) tacú le húsáid táirgí a bharrfheabhsú agus a threisiú, trí shamhlacha gnó ciorclacha amhail táirgí a sholáthar mar sheirbhís nó comhroinnt idir píaraí.
4. Maidir le bogearraí measúnaithe saolré, comhlíontar ceann amháin ar a laghad de na cumais seo a leanas a shonraítear i bpointí (a) go (c) ina raon feidhme iomlán:
- (a) tacú le measúnú saolré táirgí, trealamh nó bonneagair le modhanna agus algartaim arna gcur chun feidhme ag bogearraí de réir caighdeáin ábhartha amhail Moladh (AE) 2021/2279 ón gCoimisiún, ISO 14067:2018 ⁽¹⁵⁴⁾ nó ISO 14040:2006 ⁽¹⁵⁵⁾;
- (b) na sonraí is gá le haghaidh anailís saolré a sholáthar, amhail luachanna caighdeánacha astaíochta carbóin agus tionchair eile ar an gcomhshaol maidir le táirgí agus ábhair a úsáidtear go minic nó le céimeanna táirgthe;
- (c) moltaí a dhéanamh maidir le dearadh táirge, trealamh nó bonneagair a fheabhsú chun a lorg ábhair agus carbóin a íoslaghú.
5. Maidir le bogearraí deartha agus innealtóireachta, comhlíontar ceann amháin ar a laghad de na cumais seo a leanas a shonraítear i bpointí (a) go (e) ina raon feidhme iomlán:
- (a) tacú le húsáideoirí ciorclaíocht tháirge-shonrach agus spriocanna agus ceanglais eile maidir le dearadh comhshaoil a cheapadh, a dhoiciméadú agus a bhainistiú, amhail dearadh le haghaidh athmhónaraíochta, dearadh le haghaidh fóinteachta, an tionchar is lú is féidir ar an gcomhshaol de bharr an táirge a úsáid nó a oibriú, dramhaíl íosta le linn an táirgthe nó na tógála agus táirgeadh saincheaptha chun róshonrú a dhíothú agus ionchuir ábhair a laghdú;
- (b) tacú le húsáideoirí deartha táirgí a fhiosrú chun deartha táirgí a mheasúnú agus a bharrfheabhsú i gcoinne cuspóirí sonracha ciorclacha nó cuspóirí comhshaoil eile, nó chun an chomhbhabhtáil is fearr a aimsiú idir spriocanna dearaidh atá ag teacht salach ar a chéile, amhail stóinseacht vs. úsáid ábhair, ábhar níos glaise vs. costáil nó suiteáil sceideal nó costas córas iarteachtach athúsáide agus athchúrsála;
- (c) dearadh a bhailíochtú trí anailís agus ionsamhlú i gcoinne ciorclaíocht shonraithe agus spriocanna agus ceanglas eile maidir le dearadh comhshaoil;
- (d) tacú leis an bpróiseas deartha táirgí ríomhchuidithe – lena n-áirítear dearadh meicniúil, leictreach, leictreonach nó oidis – le sonraí agus faisnéis faoin tionchar a bhíonn ag cinntí deartha agus tógála ar chiorclaíocht agus ar fheidhmíocht chomhshaoil;
- (e) tacú le roghnú ábhar agus comhpháirteanna a bhfuil tionchar íseal acu ar an gcomhshaol trí sonraí a sholáthar faoi ábhair agus comhpháirteanna atá ar fáil don mhargadh agus faoina gcostas.
6. Maidir le bogearraí bainistíochta soláthróra, comhlíontar ceann amháin ar a laghad de na cumais seo a leanas a shonraítear i bpointí (a) go (e) ina raon feidhme iomlán:
- (a) faisnéis a sholáthar don úsáideoir maidir le soláthróirí agus soláthairtí táirgí ciorclacha, táirgí láithreacha, comhpháirteanna agus ábhair atá deartha le haghaidh córais lúbiata, athúsáid, athmhónaraíocht nó athrú cuspóra. Sáraíonn an fhaisnéis a sholáthraítear na híoscheanglais faisnéise i ndlí an Aontais atá ann cheana ⁽¹⁵⁶⁾;
- (b) tacú le comhlíonadh caighdeán agus deimhnithe a bhaineann le soláthar na n-ábhar, na dtáirgí agus na gcomhpháirteanna sin ag soláthraithe a bhainistiú agus a rianú;
- (c) tacú le malartú sonraí le soláthróirí ar sonraí iad a theastaíonn chun feidhmíocht chomhshaoil na n-ábhar, na dtáirgí agus na gcomhpháirteanna arna soláthar a fhíorú;
- (d) tacú le trádáil agus meaitseáil idir soláthróirí agus ceannaitheoirí táirgí, ábhar agus comhpháirteanna ciorclacha, éicidhearthóireachta nó atá neamhdhíobhálach don chomhshaol ar bhealach eile;

⁽¹⁵⁴⁾ Caighdeán ISO 14067:2018, Gáis ceaptha teasa – Lorg carbóin táirgí – Ceanglais agus treoirí le haghaidh cainníochtú (leagan an 27.6.2023: <https://www.iso.org/standard/71206.html>).

⁽¹⁵⁵⁾ Caighdeán ISO 14040:2006, Bainistíocht chomhshaoil – Measúnú saolré – Prionsabail agus creat (leagan an 27.6.2023: <https://www.iso.org/standard/37456.html>).

⁽¹⁵⁶⁾ Áirítear ar an bhfaisnéis íosta ceanglais lipéadaithe fuinnimh faoi chreat-rialachán an Aontais maidir le lipéadú fuinnimh, faisnéis faoi raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, faisnéis faoi na Substaintí ar Ábhar Mór Imní iad in earraí nó i réada casta (Táirgí) a bunaíodh faoi Threoir 2008/98/CE, nó faisnéis faoi shábháilteacht nó faoi bharánta.

- (e) tacú le lóistíocht droim ar ais.
7. Maidir le bogearraí bainistíochta feidhmíochta saolré, comhlíontar ceann amháin ar a laghad de na cumais seo a leanas a shonraítear i bpointí (a) go (e) ina raon feidhme iomlán:
- (a) tacú le faireachán agus measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht chiorclaíochta ⁽¹⁵⁷⁾ táirge, trealamh nó bonneagair le linn a shaolré le himeacht ama;
- (b) feidhmíocht chiorclaíochta a chur i gcomparáid le spriocanna dearaidh chiorclaíochta bunaidh, anailís a dhéanamh ar dhialltaí agus ar na bunchúiseanna atá leo;
- (c) tacú le pleanáil agus doiciméadú na mbearta is gá chun fad a chur le saolré úsáideach an táirge, an trealamh nó an bhonneagair, amhail cothabháil, iarfheistiú nó seirbhísí eile;
- (d) tacú leis an measúnú tionchair ar bhearta den sórt sin maidir le feidhmíocht chiorclaíochta;
- (e) na sonraí is gá a sholáthar don úsáideoir chun cinntí a dhéanamh maidir le húsáid an táirge, an trealamh nó an bhonneagair amach anseo, amhail iarfheistiú, athrú úsáide, díchoimisiúnú agus athchúrsáil.
8. Ba cheart do gach réiteach sonraíbhunaithe TF/TO na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:
- (a) glactar teicnící a thacaíonn le hathúsáid agus le húsáid amhábhhar tánaisteach agus comhpháirteanna athúsáidte, agus tá na réitigh deartha ionas go mbeidh siad in oiriúint don ardmharthanacht, don in-athchúrsáilteacht, don díchoimeáil éasca, don inoiriúnaitheacht agus don in-uasghrádú;
- (b) tá bearta i bhfeidhm chun dramhaíl a bhainistiú agus a athchúrsáil ag deireadh a ré, lena n-áirítear trí bhíthin comhaontuithe conarthacha díchoimisiúnúcháin le soláthraithe seirbhísí athchúrsála, trí bhíthin léiriú i réamh-mheastacháin airgeadais nó i ndoiciméadacht tionscadail oifigiúil. Áirithítear leis na bearta sin go ndéantar comhpháirteanna agus ábhair a dheighilt agus a chóireáil chun an athchúrsáil agus an athúsáid a uasmhéadú i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola, le prionsabail an Aontais maidir le rialáil dramhaíola agus na rialacháin is infheidhme, go háirithe trí cheallraí agus leictreonaic agus na hamhábhair chriticiúla iontu a athúsáid agus a athchúrsáil. Áirítear ar na bearta sin freisin rialú agus bainistíocht ábhar guaiseach;
- (c) tugtar i gcrích, i gcomhréir le hIarscríbhinn VII a ghabhann le Treoir 2012/19/AE, ullmhú le haghaidh athúsáide, aisghabhála nó oibrióchtáil athchúrsála, cóireáil chuí, lena n-áirítear gach sreabhán a bhaint agus cóireáil roghnaíoch.

Gan dochar suntasach a dhéanamh ('DNSH')

(1) Maolú ar an athrú aeráide	Ní bhaineann le hábhar
(2) Oiriúnú don athrú aeráide	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscríbhinn A a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.
(3) Uisce agus acmhainní muirí a úsáid agus a chosaint ar bhonn inbhuanaithe	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscríbhinn B a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.

⁽¹⁵⁷⁾ Déanfar 'feidhmíocht chiorclaíochta' a mheasúnú ar bhonn na nithe seo a leanas: i) an táirge a bheith inmhharthanach agus iontaofa, a bheith in ann an táirge a athúsáid, a uasghrádú agus a dheisiú, a bheith in ann é a chothabháil agus a athchóiriú go héasca; ii) láithreach substaintí a chuireann bac ar chiorclaíocht táirgí agus ábhar; iii) úsáid fuinnimh nó éifeachtúlacht fuinnimh na dtáirgí; iv) úsáid acmhainne nó éifeachtúlacht acmhainne na dtáirgí; v) ábhar athchúrsáilte i dtáirgí; vi) a éasca atá sé táirgí agus ábhair a dhíchóimeáil, a athmhonarú agus a athchúrsáil; vii) tionchar táirgí ar an gcomhshaol le linn a saolré, lena n-áirítear a lorg carbóin agus a lorg comhshaoil; viii) dramhaíl, lena n-áirítear dramhaíl ó phacáistíocht, a chosc agus a laghdú.

(5) Cosc agus rialú ar thruailliú	Comhlíonann an trealamh a úsáidtear chun na bogearraí a oibriú na ceanglais a leagtar síos i dTreoir 2009/125/CE maidir le freastalaithe agus táirgí stórála sonraí. Níl sa trealamh a úsáidtear na substaintí srianta a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2011/65/AE, ach amháin i gcás nach mó na luachanna tiúchana de réir meáchain in ábhair aonchineálacha ná na luachanna uasta a liostaítear san Iarscríbhinn sin.
(6) Bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú	Ní bhaineann le hábhar

5. Seirbhísí

5.1. Deisiú, athchóiriú agus athmhonarú

Tuairisc ar an ngníomhaíocht

Deisiú ⁽¹⁵⁸⁾, athchóiriú ⁽¹⁵⁹⁾ agus athmhonarú ⁽¹⁶⁰⁾ earraí a d'úsáid custaiméir (duine fisiciúil nó duine dlítheanach) chun na críche a bhí beartaithe dóibh.

Ní áirítear leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch tomhaltáin ⁽¹⁶¹⁾ a athsholáthar, amhail dúch printéara, cartúis tonóra, bealaí le haghaidh páirteanna gluasteacha nó ceallraí.

Baineann an ghníomhaíocht eacnamaíoch le táirgí a mhonaraítear trí ghníomhaíochtaí eacnamaíocha a aicmítear faoi chóid NACE C13 Monarú teicstíle, C14 Monarú corpbhírt, C15 Monarú leathair agus táirgí gaolmhara, C16 Monarú adhmaid agus táirgí adhmaid agus coirc, seachas troscán; monarú earraí tuí agus ábhar trilsithe, C22 Monarú táirgí rubair agus plaisteacha, C23.3 Monarú ábhar tógála cré, C23.4 Monarú táirgí poircealláin agus ceirmeacha eile, C25.1 Monarú táirgí struchtúracha miotail, C25.2 Monarú umar, taiscumair agus coimeádán miotail, C25.7 Monarú sceanra, uirlisí agus cruá-earraí ginearálta, C25.9 Monarú táirgí miotail monaraithe eile, C26 Monarú táirgí ríomhaireachta, leictreonacha agus optúla, C27 Monarú trealamh leictirigh, C28.22 Monarú trealamh ardaithe agus láimhseála, C28.23 Monarú innealra agus trealamh oifige (seachas ríomhairí agus trealamh forimeallach), C28.24 Monarú uirlisí láimhe cumhacht-tiomáinte, C28.25 Monarú trealamh fuaraithe agus aeraithe neamhthí, C28.93 Monarú innealra do phróiseáil bia, dí agus tobac, gan innealra próiseála tobac a áireamh, C28.94 Monarú innealra do tháirgeadh teicstíle, éadaí agus leathair, C28.95 Monarú innealra do tháirgeadh páipéir agus cairtchláir, C28.96 Monarú innealra plaisteach agus rubair, C31 Monarú troscáin agus C32 Monarú eile.

Níl cóid thiomnaithe NACE ag na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa chatagóir seo dá dtagraítear san aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006.

⁽¹⁵⁸⁾ Ciallaíonn 'deisiú' an próiseas chun táirge lochtach a chur ar ais i riocht inar féidir leis an táirge sin an úsáid atá beartaithe dó a chomhlíonadh, mar sheirbhís nó d'fhonn an táirge deisithe a athdhiúl ina dhiaidh sin.

⁽¹⁵⁹⁾ Ciallaíonn 'athfheistiú' táirge úsáidte a thástáil agus, i gcás inar gá, a dheisiú, a ghlanadh nó a mhodhnú chun a fheidhmíocht nó a fheidhmíúlacht a mhéadú nó a athbhunú nó chun na caighdeáin theicniúla nó na ceanglais rialála is infheidhme a chomhlíonadh, agus a bhfuil de thoradh air táirge lánfheidhmíúil a dhéanamh atá le húsáid chun críche arb é ar a laghad an ceann a bhí beartaithe i dtosach agus chun a choimeád ar bun go gcomhlíonann sé na caighdeáin theicniúla nó na ceanglais rialála is infheidhme a ceapadh ar dtús ag céim an deartha.

⁽¹⁶⁰⁾ Ciallaíonn 'athmhonarú' próiseas tionsclaíoch caighdeánaithe a tharlaíonn laistigh de shuíomhanna tionsclaíocha nó i suíomhanna monarchan, ina ndéantar táirgí a athbhunú faoi bhail agus faoi fheidhmíocht bhunaidh nó níos fearr, agus ina gcuirtear ar an margadh iad de ghnáth le ráthaíocht tráchtála.

⁽¹⁶¹⁾ Earraí, comhpháirteanna nó ábhair nach mór a athsholáthar go rialta toisc go n-imíonn siad ó mhaith nó go n-úsáidtear iad.

Critéir scagtha theicniúla

Rannchuidiú substaintiúil leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach

1. Is éard atá i gceist leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch saolré táirgí a shíneadh trí tháirgí a dheisiú, a athchóiriú nó a athmhonarú, ar táirgí iad a d'úsáid custaiméir (duine fisiciúil nó duine dlítheanach) cheana féin chun na críche atá beartaithe dóibh.
2. Comhlíonann an ghníomhaíocht eacnamaíoch ceann amháin de na critéir seo a leanas:
 - (a) tá na codanna athsholáthraithe, na táirgí athchóirithe nó na táirgí athmhonaraithe cumhdaithe le conradh díolacháin i gcás inarb ábhartha agus i gcomhréir leis na forálacha a mhéid a bhaineann le comhréireacht an táirge, dliteanas an díoltóra ⁽¹⁶²⁾ (lena n-áirítear an rogha tréimhse dhliteanais nó theorann níos giorra a bheith ann do tháirgí athláimhe), dualgas cruthúnais, leigheasanna ar easpa comhréireachta, na módúlachtaí maidir le feidhmiú na leigheasanna sin, deisiú nó athsholáthar na n-earraí, agus ráthaíochtaí tráchtála;
 - (b) leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch, cuirtear plean bainistíochta dramhaíola chun feidhme lena n-áiríthítear go ndéanfar ábhair an táirge, go háirithe amháibhair chriticiúla, agus comhpháirteanna nár athúsáideadh sa táirge céanna a athúsáid in áit eile, nó, i gcás nach féidir iad a athúsáid (de bharr damáiste, díghrádaithe nó substaintí guaiseacha), go ndéanfar iad a athchúrsáil, nó, sa chás nach bhfuil athúsáid agus athchúrsáil inmharthana agus sa chás sin amháin, go ndíúscrófar iad i gcomhréir leis an reachtaíocht an Aontais is infheidhme agus leis an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme. maidir le hathmhonaraíocht, tá rochtain ag an bpobal ar an bplean bainistíochta dramhaíola.

Gan dochar suntasach a dhéanamh ('DNSH')

(1) Maolú ar an athrú aeráide	I gcás ina mbaineann an ghníomhaíocht le giniúint teasa, le fuarú nó le comhghiniúint ar an láthair, lena n-áirítear cumhacht, tá astaíochtaí GCT díreacha na gníomhaíochta níos ísle ná 270 gCO ₂ e/kWh.
(2) Oiriúnú don athrú aeráide	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscríbhinn A a ghabhann leis an larscríbhinn seo.
(3) Uisce agus acmhainní muirí a úsáid agus a chosaint ar bhonn inbhuanaithe	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscríbhinn B a ghabhann leis an larscríbhinn seo.
(5) Cosc agus rialú ar thruailliú	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscríbhinn C a ghabhann leis an larscríbhinn seo. Maidir le páirteanna spártha a shuiteáiltear trí dheisiú, athchóiriú nó athmhonarú, comhlíonann siad rialacha ábhartha uile an Aontais maidir le srian ar shubstaintí guaiseacha, de chineál cineálach nó atá ábhartha go sonrach don chatagóir táirge sin, amhail Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, Treoir 2011/65/AE, agus Treoir (AE) 2017/2102 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁶³⁾. I gcás gníomhaíochtaí deisithe nó athchóirithe, níl feidhm ag na ceanglais sin maidir leis na comhpháirteanna bunaidh a coinníodh sa táirge. Maidir le suiteálacha a thagann faoi raon feidhme Threoir 2010/75/AE, tá astaíochtaí laistigh de nó níos ísle ná na leibhéil astaíochtaí a bhaineann leis na raonta maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT-AEL) a leagtar amach sna conclúidí ábhartha is déanaí maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT) agus an tráth céanna áiríthítear leo nach mbíonn aon éifeacht shuntasach trasmheán ann.

⁽¹⁶²⁾ Socraítear comhréireacht an táirge agus tréimhse dhliteanais an díoltóra i gcomhréir le forálacha ábhartha Threoir (AE) 2019/771.

⁽¹⁶³⁾ Treoir (AE) 2017/2102 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Samhain 2017 lena leasaítear Treoir 2011/65/AE maidir le srian ar shubstaintí guaiseacha áirithe a úsáid i dtrealamh leictreach agus leictreonach (IO L 305, 21.11.2017, lch. 8).

(6) Bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú	Ní bhaineann le hábhar
---	------------------------

5.2. Díol páirteanna spártha

Tuairisc ar an ngníomhaíocht

Díol páirteanna spártha ⁽¹⁶⁴⁾.

Ní áirítear leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch tomhaltáin a athsholáthar, amhail dúch printéara, cartúis tonóra, bealaí le haghaidh páirteanna gluaisteacha nó ceallraí agus cothabháil.

Baineann an ghníomhaíocht eacnamaíoch le páirteanna spártha a úsáidtear i dtáirgí a mhonaraítear le gníomhaíochtaí eacnamaíocha a aicmítear faoi chóid NACE C26 Monarú táirgí ríomhaireachta, leictreonacha agus optúla, C27 Monarú trealamh leictirigh, C28.22 Monarú trealamh ardaithe agus láimhseála, C28.23 Monarú innealra agus trealamh oifige (seachas ríomhairí agus trealamh forimeallach), C28.24 Monarú uirlisí láimhe cumhacht-tiomáinte agus C31 Monarú troscáin.

D'fhéadfaí na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa chatagóir seo a bheith bainteach le roinnt cóid NACE, go háirithe G46 agus G47 i gcomhréir le haicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006.

Critéir scagtha theicniúla

Rannchuidiú substaintiúil leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach

- Is éard atá i gceist leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch páirteanna spártha a dhíol sa bhreis ar oibleagáidí dlíthiúla.
- Comhlíonann an ghníomhaíocht eacnamaíoch ceann amháin de na critéir seo a leanas:
 - tá gach páirt spártha a dhíoltar cumhdaithe le Conradh díolacháin i gcás inarb ábhartha agus i gcomhréir leis na forálacha a mhéid a bhaineann le comhréireacht an táirge, dlíteanas an díoltóra ⁽¹⁶⁵⁾ (lena n-áirítear an rogha tréimhse dhlíteanais nó teorann níos giorra a bheith ann do tháirgí athláimhe), dualgas cruthúnais, leigheasanna ar easpa comhréireachta, na módúlachtaí maidir le feidhmiú na leigheasanna sin, deisiú nó athsholáthar na n-earraí, agus ráthaíochtaí tráchtála;
 - tagann gach páirt spártha a dhíoltar le haghaidh táirge in ionad páirte atá ann cheana, nó tá sé beartaithe go dtiocfaidh gach páirt den sórt sin in ionad páirte a bheidh ann cheana amach anseo, chun feidhmiúlacht an táirge a athbhunú nó a uasghrádú, go háirithe i gcás ina mbristear an pháirt atá ann cheana.
- I gcás ina mbaineann an ghníomhaíocht eacnamaíoch le táirgí pacáistithe a sheachadadh do chustaiméirí (duine fisiciúil nó duine dlítheanach) lena n-áirítear nuair a oibrítear an ghníomhaíocht mar ríomhthráchtáil ⁽¹⁶⁶⁾, comhlíonann príomhphacáistíocht agus pacáistíocht thánaisteach an táirge ceann de na critéir seo a leanas:

⁽¹⁶⁴⁾ Ciallaíonn 'páirt spártha' páirt ar leith de tháirge is féidir a chur in ionad páirte de tháirge ag a bhfuil an fheidhm chéanna nó feidhm chomhchosúil. Ní féidir leis an táirge feidhmiú mar atá beartaithe gan an pháirt sin den táirge. Déantar feidhmiúlacht táirge a athchóiriú nó a uasghrádú nuair a chuirtear páirt spártha in ionad na páirte i gcomhréir le Treoir 2011/65/AE. Féadfar páirteanna spártha a bheith ina bpáirteanna úsáidte.

⁽¹⁶⁵⁾ Socraítear comhréireacht an táirge agus tréimhse dhlíteanais an díoltóra i gcomhréir le forálacha ábhartha Threoir (AE) 2019/771.

⁽¹⁶⁶⁾ Is féidir 'ríomhthráchtáil' a shainmhíniú go ginearálta mar dhíol nó ceannach earraí nó seirbhísí, bíodh sin idir gnólaigh, teaghlaigh, daoine aonair nó eagraíochtaí príobháideacha, trí idirbhearta leictreonacha a dhéantar tríd an idirlíon nó trí líonraí ríomhchuidithe eile (cumarsáid ar líne), féach Gluais Mhínte Staidrimh Eurostat, atá ar fáil ag <https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=Category:Glossary>.

- (a) ábhar athchúrsáilte atá in 65 % ar a laghad den phacáistíocht. I gcás ina ndéantar an phacáistíocht as páipéar nó as cairtchlár, déanann an Chomhairle um Maoirseacht ar Fhoraoisí (FSC), an Clár um Scéimeanna Deimhniúcháin Foraoise a Fhormhuiniú (PEFC Idirnáisiúnta), nó scéimeanna coibhéiseacha aitheanta an bunábhar atá fágtha a dheimhniú. Ní úsáidtear bratuithe ina bhfuil plaistigh nó miotail. Maidir le pacáistíocht phlaisteach ní úsáidtear ach mona-ábhair gan bratuithe, ní úsáidtear polaiméirí ina bhfuil halaigin. Cuirfear dearbhú comhlíontachta ar fáil ina sonrófar comhdhéanamh ábhair na pacáistíochta agus sciartha an amhábhair athchúrsáilte agus an amhábhair phríomhúil;
- (b) dearadh an phacáistíocht le bheith in-athúsáidte laistigh de chóras athúsáide⁽¹⁶⁷⁾. Bunaítear an córas le haghaidh athúsáide ar bhealach lena n-áirítear go bhféadfaí é a athúsáid i gcóras lúbiata nó i gcóras lúboscailte.

Gan dochar suntasach a dhéanamh ('DNSH')

(1) Maolú ar an athrú aeráide	I gcás ina mbaineann an ghníomhaíocht le giniúint teasa, le fuarú nó le comhghiniúint ar an láthair, lena n-áirítear cumhacht, tá astaíochtaí GCT díreacha na gníomhaíochta níos ísle ná 270 gCO ₂ e/kWh. Leis an ngníomhaíocht, forbraítear straitéis chun astaíochtaí GCT a eascraíonn as iompar feadh an tslabhra luacha a chur san áireamh agus a laghdú, lena n-áirítear loingseoireacht agus filltí, a mhéid is féidir iad sin a rianú.
(2) Oiriúnú don athrú aeráide	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn A a ghabhann leis an larscríbhinn seo.
(3) Uisce agus acmhainní muirí a úsáid agus a chosaint ar bhonn inbhuanaithe	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn B a ghabhann leis an larscríbhinn seo.
(5) Cosc agus rialú ar thruailliú	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn C a ghabhann leis an larscríbhinn seo. Maidir le páirteanna spártha a dhíoltar, comhlíonann siad rialacha ábhartha uile an Aontais maidir le srian ar shubstaintí guaiseacha, de chineál cineálach nó atá ábhartha go sonrach don chatagóir táirge sin, amhail Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, Treoir 2011/65/AE, agus Treoir (AE) 2017/2102.
(6) Bitheagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú	Ní bhaineann le hábhar

5.3. Ullmhú d'athúsáid táirgí agus comhpháirteanna táirgí a bhfuil a ré caite

Tuairisc ar an ngníomhaíocht

Ullmhú d'athúsáid táirgí agus comhpháirteanna ag deireadh a saolré⁽¹⁶⁸⁾.

Ní áirítear leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch gníomhaíochtaí deisiúcháin, gníomhaíochtaí a dhéantar le linn chéim úsáide an táirge.

⁽¹⁶⁷⁾ Déantar 'in-athúsáidte' agus 'córas athúsáide' a shainiú agus a chur chun feidhme i gcomhréir leis na ceanglais maidir le córais athúsáide pacáistíochta i reachtaíocht an Aontais maidir le pacáistíocht agus pacáistíocht phlaisteach, lena n-áirítear aon chaighdeán a bhaineann leis an líon uainíochtaí i gcóras le haghaidh athúsáide.

⁽¹⁶⁸⁾ Is éard atá i gceist le hullmhú don athúsáid oibríochtaí nó sraith oibríochtaí ina ndéantar táirgí nó comhpháirteanna táirgí atá anois ina ndramhaíl a ullmhú ionas gur féidir iad a athúsáid gan aon réamhphróiseáil eile. Is é an rogha is airde cóireála dramhaíola ar ord na réiteach dramhaíola é (i ndiaidh cosc dramhaíola).

Baineann an ghníomhaíocht eacnamaíoch le táirgí agus a gcomhpháirteanna a mhonaraítear trí ghníomhaíochtaí eacnamaíocha a aicmítear faoi chóid NACE C13 Monarú teicstíle, C14 Monarú corpbhírt, C15 Monarú leathair agus táirgí gaolmhara, C16 Monarú adhmaid agus táirgí adhmaid agus coirc, seachas troscán; monarú earraí tuí agus ábhar trilsithe, C18 Priontáil agus atáirgeadh meán taifeadta, C22 Monarú táirgí rubair agus plaisteacha, C23.3 Monarú ábhar tógála cré, C23.4 Monarú táirgí poircealláin agus ceirmeacha eile, C25.1 Monarú táirgí struchtúracha miotail, C25.2 Monarú umar, taiscumair agus coimeádán miotail, C25.7 Monarú sceanra, uirlisí agus cruia-earraí ginearálta, C25.9 Monarú táirgí miotail monaraithe eile, C26 Monarú táirgí ríomhaireachta, leictreonacha agus optúla, C27 Monarú trealamh leictirigh, C28.22 Monarú trealamh ardaithe agus láimhseála, C28.23 Monarú innealra agus trealamh oifige (seachas ríomhairí agus trealamh forimeallach), C28.24 Monarú uirlisí láimhe cumhacht-tiomáinte, C28.25 Monarú trealamh fuaraithe agus aeraithe neamhthí, C28.93 Monarú innealra do phróiseáil bia, dí agus tobac, gan innealra próiseála tobac a áireamh, C28.94 Monarú innealra do tháirgeadh teicstíle, éadaí agus leathair C28.95 Monarú innealra do tháirgeadh páipéir agus cairtchláir, C28.96 Monarú innealra plaisteach agus rubair, C29 Monarú mótarfheithiclí, leantóirí agus leathleantóirí, C30.1 Tógáil long agus bád, C30.2 Monarú inneall traenach agus rothstoc iarnróid, C30.3 Monarú aerárthaí agus spásárthaí agus innealra ghaolmhair, C30.9 Monarú trealamh iompair nach n-aicmítear in áit ar bith eile, C31 Monarú troscáin agus C32 Monarú eile.

Níl cód tiomnaithe NACE ag na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa chatagóir seo dá dtagraítear san aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006.

Critéir scagtha theicniúla

Rannchuidiú substaintiúil leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach

1. Leis an ngníomhaíocht, déantar táirgí nó comhpháirteanna táirgí atá anois ina ndramhaíl a ullmhú ionas gur féidir iad a athúsáid gan aon réamhphróiseáil eile.
2. Eascraíonn bunábhar dramhaíola na gníomhaíochta ó dhramhaíl a bhailítear agus a iompraítear ar leithligh i gcodáin a leithscaradh ag an bhfoinse nó i gcodáin mheasctha ⁽¹⁶⁹⁾.
3. Tá nósanna imeachta glactha, sábháilteachta agus cigireachta curtha chun feidhme ag an ngníomhaíocht a chomhlíonann na critéir seo a leanas:
 - (a) tá nós imeachta i bhfeidhm chun seiceáil a dhéanamh ar a oiriúnaí atá sé ullmhú d'athúsáid nó d'athchúrsáil, agus go gcuirtear chun feidhme leis an ngníomhaíocht plean bainistíochta dramhaíola atá ar fáil go poiblí, lena n-áirithítear go ndéanfar táirgí a bhfuil a ré caite a dhiúscaítear agus nach bhfuil oiriúnach chun ullmhú d'athúsáid (mar gheall ar dhamáiste, díghrádú nó substaintí guaiseacha) a sheoladh lena n-athchúrsáil nó, sa chás nach bhfuil athúsáid ná athchúrsáil inmharthana, agus sa chás sin amháin, go ndiúschrófar iad;
 - (b) an nós imeachta is féidir a bhunú ar chigireacht sheachtrach amhairc nó de láimh in aghaidh critéir réamhchinnitithe, tá sé oiriúnach do chatagóir na dtáirgí diúscairthe a bhfuil a ré caite, ar táirgí iad a ullmhaítear lena n-athúsáid;
 - (c) cuirtear oiliúint chuif ar fáil agus áirithítear léi go bhfuil na hoibreoirí athúsáide cáilithe chun ullmhú do ghníomhaíochtaí athúsáide na dtáirgí diúscairthe a bhfuil a ré caite atá i gceist.
4. Leis an ngníomhaíocht, baintear úsáid as na huirlisí agus as an trealamh a oireann don ullmhú le haghaidh athúsáid táirgí a bhfuil a ré caite a dhiúscaítear.
5. Tá córas ag an ngníomhaíocht chun tuairisciú a dhéanamh ar ráta aisghabhála agus, i gcás inarb infheidhme, spriocanna maidir le hullmhú d'athúsáid nó d'athchúrsáil arna leagan amach i reachtaíocht an Aontais nó sa reachtaíocht náisiúnta.

⁽¹⁶⁹⁾ San Aontas, tá an ghníomhaíocht i gcomhréir le hAirteagal 10(3) de Threoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe (IO L 312, 22.11.2008, lch. 3), nó le reachtaíocht earnála de chuid an Aontais a bhaineann le dramhaíl agus an reachtaíocht náisiúnta agus pleananna bainistíochta dramhaíola náisiúnta.

6. Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir seo a leanas:

- (a) is éard atá in aschur na gníomhaíochta táirgí nó comhpháirteanna táirgí atá oiriúnach lena n-athúsáid gan aon phróiseáil eile;
 - (b) tá earraí a dhíoltar cumhdaithe le conradh díolacháin i gcás inarb ábhartha agus i gcomhréir leis na forálacha a mhéid a bhaineann le comhréireacht an táirge, dliteanas an díoltóra ⁽¹⁷⁰⁾ (lena n-áirítear an rogha tréimhse dhliteanais nó teorann níos giorra a bheith ann do tháirgí athláimhe), dualgas cruthúnais, leigheasanna ar easpa comhréireachta, na módúlachtaí maidir le feidhmiú na leigheasanna sin, deisiú nó athsholáthar na n-earraí, agus ráthaíochtaí tráchtála.
7. Chun Dramhaíl ó Threalamh Leictreach agus Leictreonach (DTLL) a ullmhú lena hathúsáid, ceadáítear leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch dramhaíl a chóireáil agus córas bainistíochta comhshaoil a chur chun feidhme trí úsáid a bhaint as ISO 14001:2015 ⁽¹⁷¹⁾, Scéim an Aontais Eorpaigh um Bainistíocht agus Iniúchadh Comhshaoil (EMAS) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁷²⁾ nó a choibhéis agus Córas bainistíochta cáilíochta trí úsáid a bhaint as ISO 9001:2015 ⁽¹⁷³⁾.

Gan dochar suntasach a dhéanamh ('DNSH')

(1) Maolú ar an athrú aeráide	I gcás ina mbaineann an ghníomhaíocht le giniúint teasa, le fuarú nó le comhghiniúint ar an láthair, lena n-áirítear cumhacht, tá astaíochtaí GCT díreacha na gníomhaíochta níos ísle ná 270 gCO ₂ e/kWh.
(2) Oiriúnú don athrú aeráide	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn A a ghabhann leis an larscríbhinn seo.
(3) Uisce agus acmhainní muirí a úsáid agus a chosaint ar bhonn inbhuanaithe	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn B a ghabhann leis an larscríbhinn seo.
(5) Cosc agus rialú ar thruailliú	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn C a ghabhann leis an larscríbhinn seo. Leis an ngníomhaíocht, cuirtear chun feidhme na nósanna imeachta sábháilteachta is gá chun sláinte agus sábháilteacht na n-oibríthe a dhéanann ullmhú d'oibríochtaí athúsáide a chosaint.
(6) Bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú	Ní bhaineann le hábhar

5.4. Díol earraí athláimhe

Tuairisc ar an ngníomhaíocht

Díol earraí athláimhe a d'úsáid custaiméir (duine fisiciúil nó duine dlítheanach) cheana chun na críche a bhí beartaithe dóibh, b'fhéidir i ndiaidh deisithe, athchóirithe nó athmhonaraithe.

⁽¹⁷⁰⁾ Socraítear comhréireacht an táirge agus tréimhse dhliteanais an díoltóra i gcomhréir le forálacha ábhartha Threoir (AE) 2019/771.

⁽¹⁷¹⁾ ISO 14001:2015, Córais bhainistíochta comhshaoil – Ceanglais agus treoraíocht maidir le húsáid, (leagan an 27.6.2023: <https://www.iso.org/standard/60857.html>).

⁽¹⁷²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le rannpháirtíocht shaorálach eagraíochtaí i scéim Chomhphobail um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil (EMAS), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 761/2001 agus Cinntí 2001/681/CE agus 2006/193/CE ón gCoimisiún (IO L 342, 22.12.2009, lch. 1).

⁽¹⁷³⁾ ISO 9001:2015, Córais bhainistíochta cáilíochta – Ceanglais (leagan an 27.6.2023: <https://www.iso.org/standard/62085.html>).

Baineann an ghníomhaíocht eacnamaíoch le táirgí a mhonaraítear trí ghníomhaíochtaí eacnamaíocha a aicmítear faoi chóid NACE C13 Monarú teicstíle, C14 Monarú corpbhirt, C15 Monarú leathair agus táirgí gaolmhara, C16 Monarú adhmaid agus táirgí adhmaid agus coirc, seachas troscán; monarú earraí tuí agus ábhar trilsithe, C18 Priontáil agus atáirgeadh meán taifeadta, C22 Monarú táirgí rubair agus plaisteacha, C23.3 Monarú ábhar tógála cré, C23.4 Monarú táirgí poircealláin agus ceirmeacha eile, C25.1 Monarú táirgí struchtúracha miotail, C25.2 Monarú umar, taiscumair agus coimeádán miotail, C25.7 Monarú sceannra, uirlisí agus cruia-earraí ginearálta, C25.9 Monarú táirgí miotail monaraithe eile, C26 Monarú táirgí ríomhaireachta, leictreonacha agus optúla, C27 Monarú trealamh leictirigh, C28.22 Monarú trealamh ardaithe agus láimhseála, C28.23 Monarú innealra agus trealamh oifige (seachas ríomhairí agus trealamh forimeallach), C28.24 Monarú uirlisí láimhe cumhacht-tiomáinte, C28.25 Monarú trealamh fuaraithe agus aeraithe neamhthí, C28.93 Monarú innealra do phróiseáil bia, dí agus tobac, gan innealra próiseála tobac a áireamh, C28.94 Monarú innealra do tháirgeadh teicstíle, éadaí agus leathair, C28.95 Monarú innealra do tháirgeadh páipéir agus cairtchláir, C28.96 Monarú innealra plaisteach agus rubair, C29 Monarú mótarfheithiclí, leantóirí agus leathleantóirí, C31 Monarú troscáin, C32 Monarú eile.

D'fhéadfaí na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa chatagóir seo a bheith bainteach le roinnt cóid NACE, go háirithe G46 agus G47 i gcomhréir le haicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006.

Critéir scagtha theicniúla

Rannchuidiú substaintiúil leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach

1. Is éard atá i gceist leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch táirge athláimhe a dhíol ar táirge é a d'úsáid custaiméir (duine fisiciúil nó duine dlítheanach) chun na críche a bhí beartaithe dó, b'fhéidir tar éis é a ghlanadh, a dheisiú, a athchóiriú nó a athmhonarú roimh ré.
2. Tá an táirge arna dhíol cumhdaithe le conradh díolacháin i gcás inarb ábhartha agus i gcomhréir leis na forálacha a mhéid a bhaineann le comhréireacht an táirge, dlíteanas an díoltóra ⁽¹⁷⁴⁾ (lena n-áirítear an rogha tréimhse dhlíteanais nó theorann níos giorra a bheith ann do tháirgí athláimhe), dualgas cruthúnais, leigheasanna ar easpa comhréireachta, na módúlachtaí maidir le feidhmiú na leigheasanna sin, deisiú nó athsholáthar na n-earraí, agus ráthaíochtaí tráchtála.
3. I gcás ina ndearnadh an táirge a dheisiú, a athchóiriú nó a athmhonarú sula ndéantar é a athdhíol, cuirtear plean bainistíochta dramhaíola chun feidhme leis an ngníomhaíocht lena n-áirítear go ndéanfar ábhair agus comhpháirteanna an táirge nár athúsáideadh sa táirge céanna a athúsáid in áit eile, nó i gcás nach féidir iad a athúsáid (mar shampla i ngeall ar dhamáiste, díghrádú nó substaintí guaiseacha), go ndéanfar iad a athchúrsáil, nó i gcás nach bhfuil athúsáid ná athchúrsáil inmharthana, go ndéanfar iad a dhiúscairt. Maidir le hathmhonaraíocht, tá rochtain ag an bpobal ar an bplean bainistíochta dramhaíola.
4. I gcás ina mbaineann an ghníomhaíocht eacnamaíoch le táirgí pacáistithe a sheachadadh do chustaiméirí (duine fisiciúil nó duine dlítheanach) lena n-áirítear nuair a oibrítear an ghníomhaíocht mar ríomhthráchtáil ⁽¹⁷⁵⁾, comhlíonann príomhphacáistíocht agus pacáistíocht thánaisteach an táirge ceann de na critéir seo a leanas:
 - (a) ábhar athchúrsáilte atá in 65 % ar a laghad den phacáistíocht. I gcás ina ndéantar an phacáistíocht as páipéar nó as cairtchlár, déanann an Chomhairle um Maoirseacht ar Fhoraoisí (FSC), an Clár um Scéimeanna Deimhniúcháin Foraoise a Fhormhuiniú (PEFC Idirnáisiúnta), nó scéimeanna coibhéiseacha aitheanta an bunábhar atá fágtha a dheimhniú. Ní úsáidtear bratuithe ina bhfuil plaistigh nó miotail. Maidir le pacáistíocht phlaisteach ní úsáidtear ach mona-ábhair gan bratuithe, ní úsáidtear polaiméirí ina bhfuil halaigin. Cuirfear dearbhú comhlíontachta ar fáil ina sonrófar comhdhéanamh ábhair na pacáistíochta agus sciatha an amhábhair athchúrsáilte agus an amhábhair príomhúil;

⁽¹⁷⁴⁾ Socraítear comhréireacht an táirge agus tréimhse dhlíteanais an díoltóra i gcomhréir le forálacha ábhartha Threoir (AE) 2019/771.

⁽¹⁷⁵⁾ Is féidir 'ríomhthráchtáil' a shainmhíniú go ginearálta mar dhíol nó ceannach earraí nó seirbhísí, bíodh sin idir gnólaigh, teaghlaigh, daoine aonair nó eagraíochtaí príobháideacha, trí idirbhearta leictreonacha a dhéantar tríd an idirlíon nó trí líonraí ríomhchuidithe eile (cumarsáid ar líne), féach Gluais Mhínte Staidrimh Eurostat, atá ar fáil ag <https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=Category:Glossary>.

- (b) dearadh an phacáistíocht le bheith in-athúsáidte laistigh de chóras athúsáide ⁽¹⁷⁶⁾. Bunaítear an córas le haghaidh athúsáide ar bhealach lena n-áirítear go bhféadfaí é a athúsáid i gcóras lúbiata nó i gcóras lúboscailte.

Gan dochar suntasach a dhéanamh ('DNSH')

(1) Maolú ar an athrú aeráide	I gcás ina mbaineann an ghníomhaíocht le giniúint teasa, le fuarú nó le comhghiniúint ar an láthair, lena n-áirítear cumhacht, tá astaíochtaí GCT díreacha na gníomhaíochta níos ísle ná 270 gCO₂e/kWh. Leis an ngníomhaíocht, forbraítear straitéis chun astaíochtaí GCT a eascraíonn as iompar feadh an tslabhra luacha a chur san áireamh agus a laghdú, lena n-áirítear loingseoireacht agus filltí, a mhéid is féidir iad sin a rianú. I gcás ina dtáirgtear an táirge arna dhíol leis na gníomhaíochtaí a aicmítear faoi chóid NACE C29 ar dtús, agus gur feithicil, comhpháirt shoghluaisteachta, córas, aonad teicniúil ar leithligh, páirt nó páirt spártha é mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2018/858, nuair a dhíoltar ar an margadh tánaisteach é tar éis 2025 agus roimh 2030, beidh feidhm ag na critéir seo a leanas: (a) comhlíonann feithicilí de chatagóir M₁ agus N₁ a aicmítear mar fheithicilí saothair éadroim teorannacha sonracha maidir le hastaíochtaí CO₂, mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (h), de Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁷⁷⁾, níos ísle ná 50gCO₂/km (feithicilí saothair éadroim le hastaíochtaí ísle nó saor ó astaíochtaí); (b) feithicilí i gcatagóir L ⁽¹⁷⁸⁾ lena mbaineann astaíochtaí sceithphíopa CO₂ comhionann le 0 g CO₂e/km arna ríomh i gcomhréir leis an tástáil astaíochtaí a leagtar síos i Rialachán (AE) 168/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁷⁹⁾; (c) feithicilí de chatagóirí N₂ agus N₃, agus N₁ a aicmítear mar fheithicilí tromshaothair, nach bhfuil tiomnaithe do bhreoslaí iontaise a iompar lena mbaineann uasmhais luchtaithe atá ceadaithe go teicniúil nach mó ná 7,5 tona atá ina 'bhfeithicilí tromshaothair atá saor ó astaíochtaí' mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (11), de Rialachán (AE) 2019/1242; (d) feithicilí de chatagóirí N₂ agus N₃ nach bhfuil tiomnaithe do bhreoslaí iontaise a iompar lena mbaineann uasmhais luchtaithe atá ceadaithe go teicniúil níos mó ná 7,5 tona atá ina 'bhfeithicilí tromshaothair atá saor ó astaíochtaí' mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (11), de Rialachán (AE) 2019/1242 nó ina 'bhfeithicilí tromshaothair astaíochtaí ísle' mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (12) den Rialachán sin. I gcás ina dtáirgtear an táirge leis na gníomhaíochtaí a aicmítear faoi chóid NACE C29 ar dtús, agus gur feithicil, comhpháirt shoghluaisteachta, córas, aonad teicniúil ar leithligh, páirt nó páirt spártha é mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2018/858, nuair a dhíoltar ar an margadh tánaisteach é tar éis 2030, tá astaíochtaí sonracha CO₂, mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (h), de Rialachán (AE) 2019/631, nialasach.
-------------------------------	---

⁽¹⁷⁶⁾ Déantar 'in-athúsáidte' agus 'córas athúsáide' a shainiú agus a chur chun feidhme i gcomhréir leis na ceanglais maidir le córais athúsáide pacáistíochta i reachtaíocht an Aontais maidir le pacáistíocht agus pacáistíocht phlaisteach, lena n-áirítear aon chaighdeán a bhaineann leis an líon uainíochtaí i gcóras le haghaidh athúsáide.

⁽¹⁷⁷⁾ Rialachán (AE) Uimh. 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO₂ do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d'fheithicilí tráchtála éadroma nua, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 443/2009 agus (AE) Uimh. 510/2011 (IO L 111, 25.4.2019, lch. 13).

⁽¹⁷⁸⁾ Mar a shainmhínítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2013 maidir le ceadú agus le faireachas margaidh ar fheithicilí dhá nó trí roth agus cuadrothair (IO L 60, 2.3.2013, lch. 52).

⁽¹⁷⁹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2013 maidir le ceadú agus le faireachas margaidh ar fheithicilí dhá nó trí roth agus cuadrothair (IO L 60, 2.3.2013, lch. 52).

	I gcás ina dtáirgtear an táirge arna dhíol leis na gníomhaíochtaí a aicmítear faoi chóid NACE C26 nó C27 ar dtús, comhlíonann an táirge Treoir 2009/125/CE agus na rialacháin cur chun feidhme arna nglacadh faoin Treoir sin.
(2) Oiriúnú don athrú aeráide	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn A a ghabhann leis an larscríbhinn seo.
(3) Uisce agus acmhainní muirí a úsáid agus a chosaint ar bhonn inbhuanaithe	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn B a ghabhann leis an larscríbhinn seo.
(5) Cosc agus rialú ar thruailliú	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn C a ghabhann leis an larscríbhinn seo. I gcás ina dtáirgtear an táirge arna dhíol leis na gníomhaíochtaí a aicmítear faoi chóid NACE C29 ar dtús, agus gur feithicil, comhpháirt shoghluaisteachta, córas, aonad teicniúil ar leithligh, páirt nó páirt spártha é mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2018/858, comhlíonann sé ceanglais na céime is déanaí is infheidhme de chineálcheadú astaíochtaí tromshaothair Euro VI a leagtar amach i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 nó ceanglais na céime is déanaí is infheidhme de chineálcheadú astaíochtaí saothair éadroim Euro 6 a leagtar amach i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 nó a gcomharbaí. I gcás feithiclí bóthair de chatagóirí M agus N, comhlíonann boinn, seachas boinn atráchtaithe, na ceanglais maidir le torann seachtrach rollta san aicme is airde a úsáidtear agus comhlíontar leo freisin an Chomhéifeacht Friotaíochta Rollta (rud a bhfuil tionchar aige ar éifeachtúlacht fuinnimh na feithicle) sa dá aicme éifeachtúlachta fuinnimh is airde a úsáidtear mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2020/740 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus mar is féidir a fhíorú ón gClárann Táirgí Eorpach um Lipéadú Fuinnimh (EPREL). Comhlíonann boinn comharbaí Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 agus Rialachán (CE) Uimh. 595/2009.
(6) Bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú	Ní bhaineann le hábhar

5.5. An táirge mar sheirbhís agus samhlacha seirbhíse eile atá dírithe ar úsáid chiorclach agus ar thorthaí

Tuairisc ar an ngníomhaíocht

Rochtain a sholáthar do chustaiméirí (duine fisiciúil nó duine dlítheanach) ar tháirgí trí shamhlacha seirbhíse, ar seirbhísí iad atá dírithe ar úsáid, i gcás ina bhfuil an táirge fós lárnach, ach ina bhfanann a úinéireacht ag an soláthraí agus ina ndéantar an táirge a léasú, a chomhroinnt, a fháil ar cíos nó a chomhthiomsú; nó ar seirbhísí iad atá dírithe ar thorthaí, i gcás ina bhfuil an íocaíocht réamhshainithe agus ina seachadtar an toradh comhaontaithe (i.e. pá in aghaidh an aonaid seirbhíse).

Cumhdaítear leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch táirgí a mhonaraítear trí ghníomhaíochtaí eacnamaíocha a aicmítear faoi chóid NACE C13 Monarú teicstíle, C14 Monarú corpbhirt, C15 Monarú leathair agus táirgí gaolmhara, C16 Monarú adhmaid agus táirgí adhmaid agus coirc, seachas troscán; monarú earraí tuí agus ábhar trilsithe, C22 Monarú táirgí rubair agus plaisteacha, C23.3 Monarú ábhar tógála cré, C23.4 Monarú táirgí poircealláin agus ceirmeacha eile, C25.1 Monarú táirgí struchtúracha miotail, C25.2 Monarú umar, taiscumair agus coimeádán miotail, C25.7 Monarú seanra, uirlisí agus crua-earraí ginearálta, C25.9 Monarú táirgí miotail monaraithe eile, C26 Monarú táirgí ríomhaireachta, leictreonacha agus optúla, C27 Monarú trealamh leictirigh, C28.22 Monarú trealamh ardaithe agus láimhseála, C28.23 Monarú innealra agus trealamh oifige (seachas ríomhairí agus trealamh forimeallach), C28.24 Monarú uirlisí láimhe cumhacht-tiomáinte, C28.25 Monarú trealamh fuaraithe agus aeraithe neamhthí, C28.93 Monarú innealra do phróiseáil bia, dí agus tobac, gan innealra próiseála tobac a áireamh, C28.94 Monarú innealra do tháirgeadh teicstíle, éadaí agus leathair, C28.95 Monarú innealra do tháirgeadh páipéir agus cairtchláir, C28.96 Monarú innealra plaisteach agus rubair, C31 Monarú troscáin agus C32 Monarú

eile.

D'fhéadfadh baint a bheith ag na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa chatagóir seo le roinnt cóid NACE, go háirithe G46, G47 agus N.77 i gcomhréir le haicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006.

Critéir scagtha theicniúla

Rannchuidiú substaintiúil leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach

1. Leis an ngníomhaíocht, tugtar rochtain don chustaiméir (daoine fisiciúla nó dlítheanacha) ar tháirgí agus soláthraítear úsáid táirgí, agus an tráth céanna áirithítear go bhfanfaidh an úinéireacht leis an gcuideachta a sholáthraíonn an tseirbhís sin, amhail monaróir, speisialtóir nó miondíoltóir. Áirithítear leis na téarmaí agus coinníollacha conarthacha go gcomhlíonfar na fo-chritéir uile seo a leanas:
 - (a) tá oibleagáid ar sholáthraí na seirbhíse an táirge úsáidte a thógáil ar ais ag deireadh an chomhaontaithe chonarthaigh;
 - (b) tá oibleagáid ar an gcustaiméir an táirge úsáidte a thabhairt ar ais ag deireadh an chomhaontaithe chonarthaigh;
 - (c) leanfaidh soláthraí na seirbhíse de bheith ina úinéir ar an táirge;
 - (d) íocann an custaiméir as rochtain ar an táirge agus as úsáid an táirge, nó as toradh na rochtana ar an táirge sin agus as toradh a úsáide.
2. Bíonn saolré leathnaithe nó déine úsáide mhéadaithe an táirge mar thoradh ar an ngníomhaíocht.
3. I gcás ina mbaineann an ghníomhaíocht eacnamaíoch le táirgí pacáistithe a sheachadadh do chustaiméirí (duine fisiciúil nó duine dlítheanach) lena n-áirítear nuair a oibrítear an ghníomhaíocht mar ríomhthráchtáil⁽¹⁸⁰⁾, comhlíonann príomhphacáistíocht agus pacáistíocht thánaisteach an táirge ceann de na critéir seo a leanas:
 - (a) ábhar athchúrsáilte atá in 65 % ar a laghad den phacáistíocht. I gcás ina ndéantar an phacáistíocht as páipéar nó as cairtchlár, déanann an Chomhairle um Maoirseacht ar Fhoraoisí (FSC), an Clár um Scéimeanna Deimhniúcháin Foraoise a Fhormhuiniú (PEFC Idirnáisiúnta), nó scéimeanna coibhéiseacha aitheanta an bunábhar atá fágtha a dheimhniú. Ní úsáidtear bratuithe ina bhfuil plaistigh nó miotail. Maidir le pacáistíocht phlaisteach ní úsáidtear ach mona-ábhair gan bratuithe, ní úsáidtear polaiméirí ina bhfuil halaigin. Cuirfear dearbhú comhlíontachta ar fáil ina sonrúfóir comhdhéanamh ábhair na pacáistíochta agus sciartha an amhábhair athchúrsáilte agus an amhábhair phríomhúil;
 - (b) dearadh an phacáistíocht le bheith in-athúsáidte laistigh de chóras athúsáide⁽¹⁸¹⁾. Bunaítear an córas le haghaidh athúsáide ar bhealach lena n-áirithítear go bhféadfaí é a athúsáid i gcóras lúbiata nó i gcóras lúboscailte.
4. Maidir le corpbheart, i gcás ina mbaineann an ghníomhaíocht eacnamaíoch le níocháin agus tirim-ghlanadh corpbhírt úsáidte, comhlíonann an ghníomhaíocht éicilipéad ISO cineál 1 nó a chomhionann.

⁽¹⁸⁰⁾ Is féidir 'ríomhthráchtáil' a shainmhíniú go ginearálta mar dhíol nó ceannach earraí nó seirbhísí, bíodh sin idir gnólachtaí, teaghlach, daoine aonair nó eagraíochtaí príobháideacha, trí idirbhearta leictreonacha a dhéantar tríd an idirlíon nó trí líonraí ríomhchuidithe eile (cumarsáid ar líne), féach Gluais Mhínithe Staidrimh Eurostat, atá ar fáil ag <https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=Category:Glossary>.

⁽¹⁸¹⁾ Déantar 'in-athúsáidte' agus 'córas athúsáide' a shainiú agus a chur chun feidhme i gcomhréir leis na ceanglais maidir le córais athúsáide pacáistíochta i reachtaíocht an Aontais maidir le pacáistíocht agus pacáistíocht phlaisteach, lena n-áirítear aon chaighdeán a bhaineann leis an líon uainíochtaí i gcóras le haghaidh athúsáide.

Gan dochar suntasach a dhéanamh ('DNSH')

(1) Maolú ar an athrú aeráide	I gcás ina mbaineann an ghníomhaíocht le giniúint teasa, le fuarú nó le comhghiniúint ar an láthair, lena n-áirítear cumhacht, tá astaíochtaí GCT díreacha na gníomhaíochta níos ísle ná 270 gCO₂e/kWh. Leis an ngníomhaíocht, forbraítear straitéis chun astaíochtaí GCT a eascraíonn as seirbhísí réamhtheachtacha agus iarthachtacha an tslabhra luacha a chur san áireamh agus a laghdú, lena n-áirítear: (a) táirgí idirmheánacha agus amhábhair; (b) iompar feadh an tslabhra luacha, lena n-áirítear loingseoireacht agus filltí; (c) cothabháil agus oibríochtaí, lena n-áirítear níocháin agus glanadh; (d) deireadh saolré, lena n-áirítear bainistíocht dramhaíola.
(2) Oiriúnú don athrú aeráide	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscábhinn A a ghabhann leis an larscríbhinn seo.
(3) Uisce agus acmhainní mairiú a úsáid agus a chosaint ar bhonn inbhuanaithe	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscábhinn B a ghabhann leis an larscríbhinn seo.
(5) Cosc agus rialú ar thruailliú	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscábhinn C a ghabhann leis an larscríbhinn seo.
(6) Bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú	Ní bhaineann le hábhar

5.6. Margadh le haghaidh trádáil earraí athláimhe lena n-athúsáid

Tuairisc ar an ngníomhaíocht

Margaí ⁽¹⁸²⁾ agus fógraí rangaithe ⁽¹⁸³⁾ a fhorbairt agus a oibriú le haghaidh trádáil (díol nó malartú) táirgí athláimhe, ábhar athláimhe nó comhpháirteanna athláimhe lena n-athúsáid, i gcás ina ngníomhaíonn na margaí agus na fógraí rangaithe mar idirghabhálaí chun ceannaitheoirí atá ag lorg seirbhíse nó táirge a mheaitseáil le díoltóirí nó soláthraithe na dtáirgí nó na seirbhísí sin.

Clúdaítear leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch margaí agus fógraí rangaithe lena dtacaítear le díolacháin B2B, B2C agus 'Custaiméir le Custaiméir' (C2C). Cumhdaítear leis an ngníomhaíocht seirbhísí amhail nascadh ceannaitheora-díoltóra, íocaíocht nó seirbhís seachadta.

Ní áirítear leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch trádáil mhórdhiola nó mhiondhiola earraí athláimhe.

Baineann an ghníomhaíocht eacnamaíoch le táirgí a mhonaraítear trí ghníomhaíochtaí eacnamaíocha a aicmítear faoi chóid NACE C10 Monarú táirgí bia, C11 Monarú deochanna, C13 Monarú teicstílí, C14 Monarú corpbhírt, C15 Monarú leathair agus táirgí gaolmhara, C16 Monarú adhmaid agus táirgí adhmaid agus coirc, seachas troscán; monarú earraí tuí agus ábhar trilsithe, C17 Monarú páipéir agus táirgí páipéir, C18 Priontáil agus atáirgeadh meán taifeadta, C22 Monarú táirgí rubair agus plaisteacha, C23.3 Monarú ábhar tógála cré, C23.4 Monarú táirgí poircealláin agus ceirmeacha eile, C24 Monarú miotal bunúsach, C25.1 Monarú táirgí struchtúracha miotail, C25.2 Monarú umar, taiscumair agus coimeádán miotail, C25.7 Monarú seanra, uirlisí agus cruia-earraí ginearálta, C25.9 Monarú táirgí miotail monaraithe eile, C26 Monarú táirgí

⁽¹⁸²⁾ Is éard is 'margaí' ann ardáin lena nasctar ceannaitheoirí agus díoltóirí agus lena n-éascaítear idirbhearta trí chumasú teicneolaíochta nó trí sheirbhísí, amhail tairseach íocaíochta nó seirbhísí lóistíochta.

⁽¹⁸³⁾ Is éard is 'fógraí rangaithe' ann ardáin lena nasctar ceannaitheoirí agus díoltóirí.

ríomhaireachta, leictreonacha agus optúla, C27 Monarú trealaimh leictrigh, C28.22 Monarú trealaimh ardaithe agus láimhseála, C28.23 Monarú innealra agus trealaimh oifige (seachas ríomhairí agus trealamh forimeallach), C28.24 Monarú uirlisí láimhe cumhacht-tiomáinte, C28.25 Monarú trealaimh fuaraithe agus aeraithe neamhthí, C28.93 Monarú innealra do phróiseáil bia, dí agus tobac, gan innealra próiseála tobac a áireamh, C28.94 Monarú innealra do tháirgeadh teicstíle, éadaí agus leathair, C28.95 Monarú innealra do tháirgeadh páipéir agus cairtchláir, C28.96 Monarú innealra plaisteach agus rubair, C31 Monarú troscáin agus C32 Monarú eile.

D'fhéadfadh na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa chatagóir seo a bheith bainteach le roinnt cóid NACE, go háirithe J58.29, J61, J62 agus J63.1 i gcomhréir le haicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006.

Is gníomhaíocht chumasúcháin í gníomhaíocht eacnamaíoch sa chatagóir seo i gcomhréir le hAirteagal 13(1), pointe (l), de Rialachán (AE) 2020/852 i gcás ina gcomhlíonann sí na critéir scagtha theicniúla a leagtar amach sa Roinn seo.

Critéir scagtha theicniúla

Rannchuidiú substaintiúil leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach

1. Is éard atá sa ghníomhaíocht eacnamaíoch margaí nó fógraí rangaithe a fhorbairt agus a oibriú chun tacú le táirgí, comhpháirteanna nó ábhair athláimhe a dhíol nó a athúsáid.

Cumasaítear leis an ngníomhaíocht trádáil (díol nó malartú) chun earraí athláimhe a athúsáid mar a shonraítear sa tuairisc ghníomhaíochta ar earraí iad a úsáideadh cheana féin chun na críche a bhí beartaithe dóibh ag tomhaltóir nó eagraíocht, bíodh deisiú orthu nó ná bíodh.

2. I gcás ina bhfuil freastalaithe agus táirgí stórála sonraí á n-úsáid:

- (a) comhlíonann an trealamh a úsáidtear na ceanglais maidir le freastalaithe agus táirgí stórála sonraí a leagtar amach i gcomhréir le Treoir 2009/125/CE;
- (b) níl sa trealamh a úsáidtear na substaintí srianta a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2011/65/AE, ach amháin i gcás nach mó na luachanna tiúchana de réir meáchain in ábhair aonchineálacha ná na luachanna a liostaítear san Iarscríbhinn sin;
- (c) tá plean bainistíochta dramhaíola i bhfeidhm chun tús áite a thabhairt d'athúsáid mar thosaíocht agus d'athchúrsáil ag deireadh saolré trealaimh leictrigh agus leictreonaigh, amhail comhaontuithe conarthacha le comhpháirtithe athchúrsála;
- (d) ag deireadh a shaolré, ullmhaítear an trealamh le haghaidh athúsáide, aisghabhála nó oibríochtaí athchúrsála, nó chun é a chóireáil go cuí, lena n-áirítear gach sreabhán a bhaint agus cóireáil roghnaíoch i gcomhréir le hlarscríbhinn VII a ghabhann le Treoir 2012/19/AE.

Gan dochar suntasach a dhéanamh ('DNSH')

- (1) Maolú ar an athrú aeráide

I gcás ina bhfuil lárionaid sonraí á n-úsáid agus á n-oibriú, léiríodh leis an ngníomhaíocht na hiarrachtaí is fearr chun na cleachtais ábhartha a chur chun feidhme a liostaítear mar 'chleachtais a bhfuil coinne leo' sa leagan is déanaí den Chód Iompair Eorpach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh Lárionad Sonraí, nó i ndoiciméad CLC TR50600-99-1 'Data centre facilities and infrastructures – Part 99-1: Recommended practices for energy management' [Acmhainní agus bonneagair lárionad sonraí – Cuid 99-1: Cleachtais mholta don bhainistíocht fuinnimh] ⁽¹⁸⁴⁾ de chuid CEN-Cenelec agus cuireadh chun feidhme leis an ngníomhaíocht gach cleachtas a bhfuil coinne leis ar sannadh luach uasta 5 dóibh de réir an leagain is déanaí den Chód Iompair Eorpach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh Lárionad Sonraí.

⁽¹⁸⁴⁾ Arna eisiúint an 1 Iúil 2019 ag an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) agus ag Coiste Eorpach na gCaighdeán Leictreicniúil (Cenelec), (leagan an 27.6.2023: https://www.cenelec.eu/dyn/www/f?p=104:110:508227404055501:::FSP_ORG_ID,FSP_PROJECT,FSP_LANG_ID:1258297,65095,25).

(2) Oiriúnú don athrú aeráide	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn A a ghabhann leis an larscríbhinn seo.
(3) Uisce agus acmhainní muirí a úsáid agus a chosaint ar bhonn inbhuanaithe	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn B a ghabhann leis an larscríbhinn seo.
(5) Cosc agus rialú ar thruailliú	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn C a ghabhann leis an larscríbhinn seo.
(6) Bitheagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú	Ní bhaineann le hábhar

Foscábhinn A

Critéir ghinearálta le haghaidh DNSH maidir le hoiriúnú don athrú aeráide**I. Critéir**

Sainithníodh na rioscaí fisiceacha aeráide atá ábhartha don ghníomhaíocht ó na rioscaí a liostaítear sa tábla i Roinn II den Fhoscábhinn seo trí mheasúnú láidir a dhéanamh ar riosca agus leochaileacht aeráide leis na céimeanna seo a leanas:

- (a) scagadh na gníomhaíochta chun a shainithint cé na rioscaí fisiceacha aeráide ón liosta i Roinn II den Fhoscábhinn seo a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'fheidhmíocht na gníomhaíochta eacnamaíche le linn a saolré ionchasach;
- (b) i gcás ina measfar go bhfuil an ghníomhaíocht i mbaol i ngeall ar cheann amháin nó níos mó de na rioscaí fisiceacha aeráide atá liostaithe i Roinn II den Fhoscábhinn seo, measúnú riosca agus leochaileachta aeráide chun ábharthacht na rioscaí fisiceacha aeráide don ghníomhaíocht eacnamaíoch a mheasúnú;
- (c) measúnú ar réitigh oiriúnaithe atá in ann an riosca fisiceach aeráide a sainaithníodh a laghdú.

Tá an measúnú ar riosca agus leochaileacht aeráide i gcomhréir le scála na gníomhaíochta agus lena saolré ionchasach, ionas gur fíor an méid seo a leanas dá réir sin:

- (a) maidir le gníomhaíochtaí lena mbaineann saolré ionchasach níos lú ná 10 mbliana, cuirtear an measúnú chun feidhme, ar a laghad, trí réamh-mheastacháin aeráide a úsáid ar an scála iomchuí is lú;
- (b) maidir leis na gníomhaíochtaí uile eile, cuirtear an measúnú i bhfeidhm agus na réamh-mheastacháin aeráide úrscothacha ar an taifeach is airde atá ar fáil á n-úsáid thar an raon cásanna a bheidh ann amach anseo atá ann cheana ⁽¹⁾ i gcomhréir le saolré ionchasach na gníomhaíochta, lena n-áirítear, ar a laghad, cásanna réamh-mheastacháin aeráide 10 mbliana go 30 bliain i gcás infheistíochtaí móra.

Tá na réamh-mheastacháin aeráide agus na measúnuithe tionchair bunaithe ar dhea-chleachtas agus ar threoir atá ar fáil agus tugtar an eolaíocht úrscothach maidir le hanailís leochaileachta agus riosca agus modheolaíochtaí gaolmhara san áireamh leo i gcomhréir leis na tuarascálacha is déanaí ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide ⁽²⁾, le foilseacháin eolaíochta phiarmheasúnaithe agus le samhlacha foinse oscailte ⁽³⁾ nó samhlacha íocaíochta.

I gcás gníomhaíochtaí atá ann cheana agus gníomhaíochtaí nua ina n-úsáidtear sócmhainní fisiceacha atá ann cheana, cuireann an t-oibreoir eacnamaíoch réitigh fhisiceacha agus neamhfhisiceacha ('réitigh oiriúnaithe') chun feidhme thar thréimhse suas le 5 bliana, lena laghdaítear na rioscaí fisiceacha aeráide is tábhachtaí atá sainaitheanta agus atá ábhartha don ghníomhaíocht sin. Dréachtaítear plean oiriúnaithe le haghaidh chur chun feidhme na réiteach sin dá réir sin.

Maidir le gníomhaíochtaí nua agus gníomhaíochtaí atá ann cheana ina n-úsáidtear sócmhainní fisiceacha nua-thógtha, comhtháthaíonn an t-oibreoir eacnamaíoch na réitigh oiriúnaithe lena laghdaítear na rioscaí fisiceacha aeráide is tábhachtaí atá sainaitheanta agus atá ábhartha don ghníomhaíocht sin tráth an deartha agus na tógála agus cuireann sé chun feidhme iad sula gcuirtear tús leis na hoibríochtaí.

ní bhíonn tionchar diúltach ag na réitigh oiriúnaithe arna gcur i bhfeidhm ar na hiarrachtaí oiriúnaithe ná ar leibhéal na seasmhachta in aghaidh rioscaí fisiceacha aeráide ó dhaoine eile, ón dúlra, ón oidhreacht chultúrtha, ó shócmhainní agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha eile; tá siad comhsheasmhach le straitéisí agus pleananna oiriúnaithe áitiúla, eanála, réigiúnacha nó náisiúnta; agus féachaint an bhféadfaí réitigh dhúlra bhunaithe ⁽⁴⁾ a úsáid nó brath ar bhonneagar gorm nó glas ⁽⁵⁾ a mhéid is féidir.

⁽¹⁾ Áirítear le cásanna a bheidh ann amach anseo conairí tiúchana ionadaíoch RCP2.6, RCP4.5, RCP6.0 agus RCP8.5 den Phainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide.

⁽²⁾ Tuarascálacha Measúnachta ar an Athrú Aeráide: Tionchair, Oiriúnú agus Leochaileacht, a fhoilsíonn an Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) go tréimhsiúil, comhlacht na Náisiún Aontaithe atá freagrach as measúnú a dhéanamh ar an eolaíocht a bhaineann leis an athrú aeráide, <https://www.ipcc.ch/reports/>.

⁽³⁾ Amhail seirbhísí Copernicus arna mbainistiú ag an gCoimisiún Eorpach.

⁽⁴⁾ Sainmhínítear réitigh dhúlra bhunaithe mar 'réitigh arb é an nádúr atá ina inspioráid dóibh agus arb é an nádúr is crann taca dóibh, atá costéifeachtach agus lena dtugtar tairbhí comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha i gcomhthráth agus lena gcothaítear athléimneacht. Leis na réitigh sin, tugtar níos mó gnéithe agus próisis, ar gnéithe agus próisis níos éagsúla, níos nádúrtha agus a bhaineann leis an dúlra iad, isteach i gcathracha, tírdhreacha agus muirdhreacha, trí idirghabhálacha atá oiriúnaithe go háitiúil, tíosach ar acmhainní agus córasach'. Dá bhrí sin, is chun tairbhe na bithéagsúlachta na réitigh dhúlra bhunaithe agus is tacaíocht iad maidir le raon seirbhísí éiceachórais a sholáthar (leagan an 27.6.2023: <https://ec.europa.eu/research/environment/index.cfm?pg=nbs>).

⁽⁵⁾ Féach an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Bonneagar Glas (GI) – Caipiteal Nádúrtha na hEorpa a Mhéadú (COM(2013) 249 final).

II. Guaiseacha a bhaineann leis an aeráid a aicmiú ⁽⁶⁾

	Rioscaí a bhaineann le teocht	Rioscaí a bhaineann le gaoth	Rioscaí a bhaineann le huisce	Rioscaí a bhaineann le mais sholadach
Ainsealach	Athrú teochta (aer, fionnuisce, uisce mara)	Athrú i bpátrúin ghaoithe	Athrú i bpátrúin agus i gcineáil frasaíochta (báisteach, clocha sneachta, sneachta/leac oighir)	Creimeadh cósta
	Strus teirmeach		Frasaíochta nó inathraitheacht hidreolaíocha	Díghrádú ithreach
	Inathraitheacht teochta		Aigéadú na n-aigéan	Creimeadh ithreach
	Talamh síorshioctha ag leá		Ionsá salanda	Sreabhadh ithreach
			Ardú ar leibhéal na farraige	
			Strus maidir le huisce	
Géar	Tonn teasa	Cioclón, hairicín, tíofún	Triomach	Maidhm shneachta
	Tonn fuachta/sioc	Stoirm (lena n-áirítear síobadh sneachta, stoirmeacha deannaigh agus stoirmeacha gainimh)	Frasaíocht throm (báisteach, clocha sneachta, sneachta/leac oighir)	Maidhm shléibhe
	Falscaí	Tornádó	Tuile (chósta, srutha, bháistiúil, screamhuisce)	Turnamh
			Ráig locha oighrigh	

⁽⁶⁾ Níl an liosta de ghuaiseacha a bhaineann leis an aeráid sa tábla seo iomlán, agus ní chuimsítear ann ach liosta táscach de na guaiseacha is forleithne atá le cur san áireamh mar íosmhéid sa mheasúnú ar riosca agus leochaileacht aeráide.

Foscábhinn B

Critéir ghinearálta le haghaidh DNSH maidir le húsáid inbhuanaithe a bhaint as uisce agus acmhainní mairí agus iad a chosaint

Sainithnítear rioscaí díghrádaithe comhshaoil a bhaineann le cáilíocht an uisce a chosaint agus strus maidir le huisce a sheachaint agus tugtar aghaidh ar na rioscaí sin d'fhonn stádas maith uisce agus acmhainn mhaith éiceolaíoch a bhaint amach mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointí (22) agus (23), de Rialachán (AE) 2020/852, i gcomhréir le Treoir 2000/60/CE ⁽¹⁾ agus le plean bainistíochta úsáide agus cosanta uisce, a fhorbraítear fúthu don dobharlach nó na dobharlaigh a bhféadfaí difear a dhéanamh dó nó dóibh, i gcomhairle le páirtithe leasmhara ábhartha.

I gcás ina ndéantar Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaoil i gcomhréir le Treoir 2011/92/AE agus ina bhfuil measúnú ar an tionchar ar an uisce san áireamh i gcomhréir le Treoir 2000/60/CE, ní éilítear aon mheasúnú breise ar thionchar ar an uisce, ar choinníoll gur tugadh aghaidh ar na rioscaí a sainithníodh.

Ní chuireann an ghníomhaíocht isteach ar uiscí mara dea-stádas comhshaoil a bhaint amach ná ní chuireann sí meath ar uiscí mara a bhfuil dea-stádas comhshaoil acu cheana féin mar a shainmhínítear i bpointe 5 d'Airteagal 3 de Threoir 2008/56/CE ⁽²⁾, agus Cinneadh (AE) 2017/848 ón gCoimisiún á chur san áireamh i ndáil leis na critéir ábhartha agus na caighdeáin mhodheolaíochta maidir leis na tuairisceoirí sin.

⁽¹⁾ Maidir le gníomhaíochtaí i dtríú tíortha, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme nó na caighdeán idirnáisiúnta is infheidhme lena saothraítear cuspoirí atá coibhéiseach le stádas maith uisce agus acmhainn mhaith éiceolaíoch, trí rialacha coibhéiseacha nós imeachta agus substainteacha, i.e. plean bainistíochta úsáide agus cosanta uisce arna fhorbairt i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara ábhartha lena n-áiríthítear 1) go ndéantar measúnú ar thionchar na ngníomhaíochtaí ar stádas sainaitheanta nó acmhainn éiceolaíoch an dobharlaigh nó na ndobharlach uisce a bhféadfaí difear a dhéanamh dó nó dóibh agus 2) go seachnaítear meathlú nó cosc ar stádas maith/acmhainn éiceolaíoch nó, i gcás nach féidir sin a dhéanamh, 3) go bhfuil údar leis an ngníomhaíocht mar gheall ar easpa roghanna malartacha comhshaoil níos fearr nach bhfuil costasach go díréireach/dodhéanta go teicniúil, agus go nglactar gach beart praiticiúil chun an drochthionchar ar stádas an dobharlaigh a mhaolú.

⁽²⁾ Leis an sainmhíniú a leagtar síos i bpointe 5 d'Airteagal 3 de Threoir 2008/56/CE foráiltear go háirithe go bhfuil dea-stádas comhshaoil le cinneadh ar bhonn na dtuairisceoirí cáilíochtúla a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin.

Foscábhinn C

Critéir ghinearálta le haghaidh DNSH maidir le truailliú a chosc agus rialú maidir le húsáid agus láithreach ceimiceán

Ní dhéantar na nithe a leanas a mhonarú, a chur ar an margadh ná a úsáid mar thoradh ar an ngníomhaíocht:

- (a) substaintí, astu féin, i meascáin nó in earraí, arna liostú in Iarscríbhinn I nó II a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021, seachas i gcás substaintí a bhíonn ann mar rian-éilleán neamhbheartaithe;
- (b) mearcair agus comhdhúil mhearcair, a meascáin agus táirgí ar cuireadh mearcair leo mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2017/852;
- (c) substaintí, astu féin, i meascáin nó in earraí, arna liostú in Iarscríbhinn I nó II le Rialachán (CE) Uimh. 1005/2009;
- (d) substaintí, astu féin, i meascáin nó in earraí, arna liostú in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2011/65/AE, seachas i gcás ina bhfuil comhlíontacht iomlán le hAirteagal 4(1) den Treoir sin;
- (e) substaintí, astu féin, i meascáin nó in earraí, arna liostú in Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) 1907/2006, seachas i gcás ina bhfuil comhlíontacht iomlán leis na coinníollacha a shonraítear san Iarscríbhinn sin;
- (f) substaintí, bídis leo féin, nó i meascáin nó in earraí, i dtiúchan is mó ná 0,1 % meáchan de réir meáchain (w/w), agus a chomhlíonann na critéir a leagtar síos in Airteagal 57 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 agus a sainaithníodh i gcomhréir le hAirteagal 59(1) den Rialachán sin ar feadh tréimhse 18 mí ar a laghad, seachas i gcás ina léirítear le measúnú agus doiciméadú ag na hoibreoirí nach bhfuil aon substaint nó teicneolaíocht mhalartach oiriúnach eile ar fáil ar an margadh, agus go n-úsáidtear iad faoi dhálaí rialaithe ⁽¹⁾.

Ina theannta sin, ní bheidh mar thoradh ar an ngníomhaíocht seo go monarófar substaintí eile, go mbeidh siad sa táirge deiridh nó san aschur deiridh, nó go gcuirfeadh ar an margadh iad, bíodh na substaintí sin leo féin, nó i meascáin nó in earraí, i dtiúchan is mó ná 0,1 % meáchan de réir meáchain (w/w), ar substaintí iad a chomhlíonann critéir Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 le haghaidh ceann de na haicmí guaise nó na catagóirí guaise a luaitear in Airteagal 57 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, seachas i gcás ina léirítear le measúnú agus doiciméadú ag na hoibreoirí nach bhfuil aon substaint nó teicneolaíocht mhalartach oiriúnach eile ar fáil ar an margadh, agus go n-úsáidtear iad faoi dhálaí rialaithe ⁽²⁾.

⁽¹⁾ Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na heisceachtaí ón toirmeasc ar mhonarú, ar chur ar an margadh nó ar úsáid na substaintí dá dtagraítear i bpointe (f) a luaitear a bheidh prionsabail chothrománacha maidir le húsáid riachtanach ceimiceán foilsithe aige.

⁽²⁾ Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na heisceachtaí ón toirmeasc ar mhonarú, láithreach sa táirge deiridh nó san aschur deiridh, nó cur ar an margadh na substaintí dá dtagraítear sa mhír seo a luaitear a bheidh prionsabail chothrománacha maidir le húsáid riachtanach ceimiceán foilsithe aige.

Foscríbhinn D

Critéir ghinearálta le haghaidh DNSH maidir le bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú

Cuireadh Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol (MTC) nó scagadh ⁽¹⁾ i gcrích i gcomhréir le Treoir 2011/92/AE ⁽²⁾.

I gcás ina ndearnadh MTC, tá na bearta maolaithe agus cúiteacha a éilítear chun an comhshaol a chosaint curtha chun feidhme.

Maidir le suíomhanna/oibríochtaí atá suite i limistéir atá íogair ó thaobh na bithéagsúlachta de nó gar dóibh (lena n-áirítear líonra limistéir faoi chosaint Natura 2000, láithreáin Oidhreacht Domhanda agus Príomhlimistéir Bithéagsúlachta Unesco, chomh maith le limistéir eile faoi chosaint), rinneadh measúnú iomchuí ⁽³⁾, i gcás inarbh infheidhme, agus bunaithe ar a chonclúidí cuirtear na bearta maolaithe riachtanacha ⁽⁴⁾ i bhfeidhm.

⁽¹⁾ An nós imeachta trína gcinneann an t-údarás inniúil cé acu a bheidh nó nach mbeidh na tionscadail a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2011/92/AE faoi réir ag measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol (dá dtagraítear in Airteagal 4(2) den Treoir sin).

⁽²⁾ Maidir le gníomhaíochtaí i dtríú tíortha, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó leis na caighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme lena n-éilítear go ndéanfaí MTC nó scagadh, mar shampla, Caighdeán Feidhmíochta 1 na Corparáide Airgeadais Idirnáisiúnta (IFC): Measúnú agus Bainistíocht Rioscaí Comhshaoil agus Sóisialta.

⁽³⁾ I gcomhréir le Treoracha 2009/147/CE agus 92/43/CEE. Maidir le gníomhaíochtaí atá suite i dtríú tíortha, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó leis na caighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme, a dhíríonn ar chaomhnú gnáthóg nádúrtha, fána fhiáin agus flóra fhiáin, agus lena n-éilítear go ndéantar (1) nós imeachta scagtha lena chinneadh an bhfuil gá, le haghaidh gníomhaíocht ar leith, le measúnú cuí ar na tionchair fhéideartha ar ghnáthóga agus speicis faoi chosaint; (2) measúnú cuí den sórt sin i gcás ina gcinntear ón scagadh go bhfuil gá leis, mar shampla, Caighdeán Feidhmíochta IFC 6: Caomhnú na Bithéagsúlachta agus Bainistíocht Inbhuanaithe na mBeo-Acmhainní Nádúrtha.

⁽⁴⁾ Sainaithníodh na bearta sin chun a áirithiú nach mbeidh aon éifeacht shuntasach ag an tionscadal, ag an bplean ná ag an ngníomhaíocht ar chuspóirí caomhnaithe an limistéir faoi chosaint.

IARSCRÍBHINN III

Critéir scagtha theicniúla chun na coinníollacha a chinneadh faoina bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch cáilithe mar rannchuidiú substaintiúil le cosc agus rialú ar thruailliú agus chun a chinneadh cé acu a dhéantar nó nach ndéantar aon díobháil shuntasach leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch sin d'aon cheann de na cuspóirí comhshaoil eile

Clár na nÁbhar

Leathanach

1. Monaraíocht	89
1.1. Comhábhair ghníomhacha chógaisíochta (API) nó substaintí gníomhacha a mhonarú	89
1.2. Monarú táirgí íocshláinte	94
2. Soláthar uisce, séarachas, bainistíocht dramhaíola agus gníomhaíochtaí feabhsúcháin	99
2.1. Dramhaíl ghuaiseach a bhailiú agus a iompar	99
2.2. Dramhaíl ghuaiseach a chóireáil	101
2.3. Líontaí talún nach bhfuil comhréireach leis an dlí agus láithreáin dumpála dramhaíola thréigthe nó neamhdhleathacha a fheabhsú	104
2.4. Láithreáin agus limistéir éillithe a fheabhsú	108

1. **Monaraíocht**1.1. **Comhábhair ghníomhacha chógaisíochta (API) nó substaintí gníomhacha a mhonarú**

Tuairisc ar an ngníomhaíocht

Comhábhair ghníomhacha chógaisíochta (API) nó substaintí gníomhacha a mhonarú.

D'fhéadfadh na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa chatagóir seo a bheith bainteach le cód NACE C21.1 i gcomhréir le haicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006.

Critéir scagtha theicniúla

Rannchuidiú mór le cosc agus rialú ar thruailliú

1. Comhlíonann an ghníomhaíocht na ceanglais uile a shonraítear thíos maidir le hionadú táirge.

1.1. Comhlíonann API ceann de na ceanglais seo a leanas:

- (a) tá API ina shubstaint a fhaightear go nádúrtha, amhaíl vitimíní, leictrilítí, aimíonaigéid, peiptídí, próitéiní, núicléitídí, carbaihiodráití agus lipídí agus, i gcomhréir le Treoirlíne na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí maidir le measúnú riosca comhshaoil ar tháirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine (treoirlínte EMA ERA) ⁽¹⁾, meastar go ginearálta go bhfuil sé in-díghrádaithe sa chomhshaoil ⁽²⁾;

⁽¹⁾ Treoirlínte na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí maidir le measúnú riosca comhshaoil ar tháirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine, leagan 27.6.2023 le fáil ag <https://www.ema.europa.eu/en/environmental-risk-assessment-medicinal-products-human-use-scientific-guideline>.

⁽²⁾ Is éard is príomh-mheitibíltí ann meitibíltí daonna ar dócha go n-eisfhearfar isteach sa chomhshaoil iad. Sainithnítear na meitibíltí sin i staidéir (neamh-)chliniciúla maidir le meitibíleacht táirgí íocshláinte atá ar fáil sna hiarratais ar údarú margaíochta. Tá meitibíltí den sórt sin le sainithint de réir EMA/CPMP/ICH/286/1995, leathanach 8. Is iad príomhtháirgí trasfhoirmiúcháin (TP) príomh-mheitibíltí daonna sin na máthairchomhdhúile (API) na cinn ar mó iad ná 10 % de Charbón Orgánach Tuaslagtha (DOC) nó de Charbón Orgánach Iomlán (TOC) na máthairchomhdhúile.

- (b) i gcás nach gcomhlíonann API na ceanglais a shonraítear i bpointe (a), comhlíonann API, a phríomh-mheitibilítí daonna agus a phríomhtháirgí trasfhoirmiúcháin sa chomhshaoil ceann díobh seo a leanas:
- (i) aicmítear iad a bheith so-bhithdhíghrádaithe bunaithe ar cheann amháin, ar a laghad, de na modhanna tástála ó Threoirlínte ECFE maidir le Ceimiceáin a Thástáil, Tástáil 301 (A-F), Bith-dhíghrádaitheacht Réidh ⁽³⁾, i gcomhréir leis an luach pas le haghaidh bith-dhíghrádaitheacht réidh mar a shainmhínítear sa treoirlíne sin í;
 - (ii) is féidir teacht ar an gconclúid go mianraítear iad bunaithe ar an Tástáil shonrach Uimh. 308: Trasfhoirmiú Aeróbach agus Anaeróbach i gCórais Dríodair Uiscigh (ECFE 308) ⁽⁴⁾ de Threoirlíne ECFE maidir le Ceimiceáin a Thástáil ⁽⁵⁾ i gcomparáid le critéir mharthanachta mar a shainmhínítear i dtreoirlíne EMA ERA.
- 1.2. Cáilíonn API mar ionadach iomchuí ar API eile, laistigh den réimse teiripeach céanna nó den aicme substainte céanna, atá ar fáil ar an margadh nó a bhí ar fáil le 5 bliana anuas agus nach gcomhlíonann na ceanglais a dtugtar tuairisc orthu i bpointe 1.1.

Léirítear comhlíonadh an cheanglais sin trí anailís atá ar fáil go poiblí arna fíorú ag tríú páirtí neamhspleách.

- 1.3. Ní bhaineann modh monaraíochta API le húsáid substaintí, ina n-aonar nó i meascáin, a chomhlíonann na critéir a leagtar amach in Airteagal 57 de Rialachán (CE) 1907/2006 ach amháin i gcás ina measann agus ina ndoiciméadaíonn an t-oibreoir nach bhfuil aon substaint nó teicneolaíocht mhalartach oiriúnach eile ar fáil ar an margadh, agus go n-úsáidtear faoi dhálaí rialaithe iad ⁽⁶⁾.
2. Comhlíonann an ghníomhaíocht na ceanglais seo a leanas maidir le hastaíochtaí truailléan:
- 2.1. I gcás ina dtiocfaidh an ghníomhaíocht faoina raon feidhme, tá na teorainnluachanna astaíochta níos ísle ná lárphointe raonta na leibhéil astaíochta a bhaineann leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT-AEL) ⁽⁷⁾ a leagtar amach in:
- (a) na conclúidí maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT) le haghaidh córais choiteanna bainistíochta agus cóireála dramhgháis in earnáil na gceimiceáin i gcás astaíochtaí isteach san aer ó shuiteálacha nua (nó i gcás suiteálacha atá ann cheana laistigh de 4 bliana ó fhoilsiú BATC) i gcás inarb infheidhme coinníollacha ábhartha ⁽⁸⁾;
 - (b) an Doiciméad Tagartha maidir leis na Teicnící Is Fearr atá ar Fáil (BREF) i ndáil le Mínceimiceáin Orgánacha (OFC) a Mhonarú ⁽⁹⁾ le haghaidh na gníomhaíochta monaraíochta faoi dhálaí nach gcumhdaítear le BATC a luaitear thuas;

⁽³⁾ Treoirlínte ECFE maidir le Ceimiceáin a Thástáil, Tástáil 301 (A-F), Bith-dhíghrádaitheacht Réidh, leagan 27.6.2023 le fáil ag <https://www.oecd.org/chemicalsafety/risk-assessment/1948209.pdf>. Úsáidtear tástáil ECFE 301 (A-F) chun substaintí a shainaithint a nglactar leis go mbithe-dhíghrádaithe go mear agus ar deireadh iad, i.e. go mianraítear faoi dhálaí comhshaoil aeróbacha iad).

⁽⁴⁾ Toradh staidéar ag sraith níos airde (ECFE 308) a bhfuil leathréanna ann, mar a ghairtear díobh, a léiríonn an t-am ar ina dhiaidh a bhaintear amach 50 % de bith-dhíghrádú API. Tá feidhm ag leathréanna atá inghlactha chun bith-dhíghrádú tapa go leor a léiriú, i.e., neamh-mharthanacht, de réir Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, Iarscríbhinn XIII, dá dtagraítear freisin i dtreoirlíne EMA ERA.

⁽⁵⁾ Treoirlínte ECFE maidir le Ceimiceáin a Thástáil, Tástáil Uimh. 308: Trasfhoirmiú Aeróbach agus Anaeróbach i gCórais Dríodair Uiscigh, leagan 27.6.2023 le fáil ag: https://www.oecd-ilibrary.org/environment/test-no-308-aerobic-and-anaerobic-transformation-in-aquatic-sediment-systems_9789264070523-en.

⁽⁶⁾ Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na heisceachtaí ón toirmeasc ar na substaintí dá dtagraítear i bpointí (f) agus (g) a mhonarú, a chur ar an margadh nó a úsáid nuair a bheidh prionsabail chothrománacha maidir le húsáid riachtanach ceimiceán foilsithe aige.

⁽⁷⁾ Téann na ceanglais faoin bpointe seo i ngleic leis na truailléan a shainaithnítear faoi phríomh-shaincheisteanna comhshaoil gach doiciméid tagartha maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BREF) nó faoi BAT-AEL i gCinntí Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún maidir le conclúidí ábhartha BAT. I gcás ina ndéanann BAT-AEL idirdhealú idir 'gléasraí atá ann cheana' agus 'gléasraí nua', léiríonn oibreoirí go gcomhlíonann siad BAT-AEL le haghaidh gléasraí nua. I gcás ina bhfuil luach aonair BAT-AEL ann seachas raon luachanna, tá leibhéil astaíochta faoi bhun an luacha sin. I gcás ina sloinntear raon BAT-AEL mar a leanas: '<x-y aonad' (i.e. sloinntear ceann íochtair raon BAT-AEL mar luach atá 'níos ísle ná'), ríomhtar an lárphointe ag úsáid x agus y. Tá na tréimhsí meánaithe mar an gcéanna leis na cinn in BAT-AEL na ndoiciméad tagartha maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil a leagtar amach thuas.

⁽⁸⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2427 ón gCoimisiún an 6 Nollaig 2022 lena mbunaítear conclúidí maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT), faoi Threoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha, le haghaidh córais choiteanna bainistíochta agus cóireála dramhgháis in earnáil na gceimiceán (IO L 318, 12.12.2022, lch. 157).

⁽⁹⁾ An Doiciméad Tagartha maidir leis na Teicnící Is Fearr atá ar Fáil (BREF) i ndáil le Mínceimiceáin Orgánacha (OFC) a Mhonarú, le fáil ag https://eippcb.jrc.ec.europa.eu/sites/default/files/2019-11/ofc_bref_0806.pdf.

- (c) na conclúidí maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT) le haghaidh gnáthchórais bainistíochta/cóireála dramhgháis in earnáil na gceimiceán ⁽¹⁰⁾;
- (d) an Doiciméad Tagartha maidir leis na Teicnící Is Fearr atá Ar Fáil (BREF) don tionscal Ceimiceáin Neamhorgánacha d'Ardtoirt – Soladacha agus Eile ⁽¹¹⁾;
- (e) an Doiciméad Tagartha maidir leis na Teicnící Is Fearr atá Ar Fáil (BREF) maidir le Ceimiceáin Neamhorgánacha d'Ardtoirt a mhonarú – Amóinia, Aigéid agus Leasacháin ⁽¹²⁾;
- (f) an Doiciméad Tagartha maidir leis na Teicnící Is Fearr atá ar Fáil (BREF) i ndáil le ceimiceáin neamhorgánacha speisialtachta (SIC) a tháirgeadh; ⁽¹³⁾; le haghaidh na gníomhaíochta monaraíochta faoi dhálaí nach gcumhdaítear le BATC a luaitear thuas.

Gléasraí laistigh de raon (raonta) BAT-AEL a théann i dtreo leibhéal uailmhéine an lárphointe, ní spreagann siad aon tionchar suntasach trasmheáin. Suiteálacha ar deonáíodh maolú dóibh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 15(4) de Threoir 2010/75/AE, ní bhreithnítear go gcomhlíonann siad na critéir scagtha theicniúla le haghaidh thréimhse an mhaolaithe.

- 2.2. I gcás ina mbeidh modheolaíocht ar fáil le haghaidh tomhas leanúnach ar thruailleán áirithe, cuirfidh an t-oibreoir Córais um Fhaireachán Leanúnach ar Astaíochtaí (CEMS), Córais um Fhaireachán Leanúnach ar Cháilíocht Eisiltigh (CEQMS) agus bearta eile i bhfeidhm chun a áirithiú go bhfíorófar go tráthrialta nach bhfuil an comhshaol á dhíghrádú.
- 2.3. Cuireann an t-oibreoir deighilt dramhaíola tuaslagáí i bhfeidhm chun tuaslagóirí a aisghabháil ó shruthanna dramhaíola tiubhaithe i gcás inar féidir sin go teicniúil.

Tuaslagóirí á áirítear i dTábla 1 de Threoirlíne ICH Q3C (R8) na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí maidir le heisíontais: treoirlíne maidir le tuaslagóirí iarmharacha ⁽¹⁴⁾, seachnaítear iad.

Ní mó ná caillteanas 3 % é an caillteanas uasta tuaslagóirí ó ionchuir iomlána. Tá éifeachtúlacht aisghabhála na gcomhdhúl soghalaithe orgánach (VOC) iomlán 99 % ar a laghad.

Fíoraíonn an t-oibreoir nach sáraíonn aon astaíocht VOC éalaitheach na critéir a shonraítear thíos a mhéid a bhaineann le tairseacha toirtmhéadracha ina gcodanna sa mhilliún (ppmv) trí fheachtais braite agus deisithe sceití (LDAR) a dhéanamh, gach 3 bliana ar a laghad. Moltar infheistíochtaí le haghaidh trealamh ard-sláine a úsáid, ar choinníoll go suiteáiltear iad sin i ngléasraí atá ann cheana i gcomhair cásanna a luaitear faoi BAT 23, pointe b, de na conclúidí maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT) le haghaidh córais choiteanna bainistíochta agus cóireála dramhgháis in earnáil na gceimiceán (WGC), agus go dtugtar an tairseach bhrú go 200 bar. Féadfar an sceideal íosta fíorúcháin a laghdú i gcásanna ina ndéanfar cainníochtú astaíochtaí VOC iomlána ón ngléasra a cháiliú go tréimhsiúil trí chomhghaolú rianaire (TC) nó trí theicnící optúla bunaithe ar ionsú, amhail ionsú difreálach braite agus raonála solais (DIAL) nó flosc ceilte gréine (SOF) nó bearta eile a bhfuil feidhmíocht choibhéiseach acu.

Astaíochtaí idirleata substaintí nó meascán a aicmítear mar CMR1A nó 1B ó threalamh a sceitheann, ní sáraíonn siad tiúchan 100 ppmv ⁽¹⁵⁾.

⁽¹⁰⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/902 ón gCoimisiún an 30 Bealtaine 2016 lena mbunaítear conclúidí maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT), faoi Threoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, do ghnáthchórais bainistíochta/cóireála dramhúisce agus dramhgháis in earnáil na gceimiceán (IO L 152, 9.6.2016, lch. 23).

⁽¹¹⁾ An Doiciméad Tagartha maidir leis na Teicnící Is Fearr atá Ar Fáil (BAT) le haghaidh thionscal na gCeimiceáin Neamhorgánach d'Ardtoirt – Soladacha agus Eile, (leagan 27.6.2023: https://eippcb.jrc.ec.europa.eu/sites/default/files/2019-11/lvic-s_bref_0907.pdf).

⁽¹²⁾ An Doiciméad Tagartha maidir leis na Teicnící Is Fearr atá Ar Fáil (BREF) maidir le Ceimiceáin Neamhorgánacha d'Ardtoirt a mhonarú – Amóinia, Aigéid agus Leasacháin (leagan 27.6.2023: https://eippcb.jrc.ec.europa.eu/sites/default/files/2019-11/lvic_aaf.pdf).

⁽¹³⁾ An Doiciméad Tagartha maidir leis na Teicnící Is Fearr atá ar Fáil (BREF) i ndáil le ceimiceáin neamhorgánacha speisialtachta (SIC) a tháirgeadh, (leagan 27.6.2023: <https://eippcb.jrc.ec.europa.eu/reference/production-speciality-inorganic-chemicals>).

⁽¹⁴⁾ Treoirlíne ICH Q3C (R8) na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí maidir le heisíontais: treoirlíne maidir le tuaslagóirí iarmharacha. Céim 5, 2022, leagan 27.6.2023 le fáil ag https://www.ema.europa.eu/en/documents/scientific-guideline/international-conference-harmonisation-technical-requirements-registration-pharmaceuticals-human-use_en-33.pdf.

⁽¹⁵⁾ I gcás inarb infheidhme an eisceacht faoi chritéir 1.3.

Ag feachtais LDAR tá na gnéithe a dtugtar tuairisc orthu in BAT19 de na conclúidí maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT) le haghaidh córais choiteanna bainistíochta agus cóireála dramhgháis in earnáil na gceimiceán, ar a n-áirítear sceití a bhrath, a dheisiú agus a chothabháil laistigh de 30 lá ó bhraitear iad agus tairseach sceite atá níos ísle ná 5 000 ppmv, nó cothrom leis, i gcás substaintí nó meascán seachas iad siúd a aicmítear mar CMR 1A nó 1B, a athbhreithnítear agus a thugtar cothrom le dáta ar mhaithe le feabhsú leanúnach na suiteála. Déantar faireachán ar chaillteanais tuaslagóirí agus ar éifeachtúlacht aisghabhála VOC bunaithe ar phlean bainistithe tuaslagóirí ina n-úsáidtear maischothromaíocht chun comhlíonadh a fhíorú, i gcomhréir le Caibidil V de Threoir 2010/75/AE.

- 2.4. Déantar séarachas, bruscar agus dramhaíl eile (lena n-áirítear seachtháirgí soladacha, leachtacha nó gásacha ón monaraíocht) a dhiúscairt ar bhealach sábháilte tráthúil sláintiúch. Sainithnítear go soiléir coimeádáin nó píopaí le haghaidh ábhar dramhaíola. Sonraí anailíseacha lena léirítear tiontú na substaintí sin agus a n-iarmhar ina n-ábhair dramhaíola neamhghuaiseacha, tá siad ar fáil ag an tsaraíid agus coimeádtar cothrom le dáta iad.

Gan dochar suntasach a dhéanamh ('DNSH')

(1) Maolú ar an athrú aeráide	I gcás ina mbaineann an ghníomhaíocht le téamh/fuarú a ghiniúint ar an láthair nó lena gcomhghiniúint, lena n-áirítear cumhacht, tá astaíochtaí GCT díreacha na ghníomhaíochta níos ísle ná 270 gCO₂e/kWh. I gcás na tairsí cuisneáin, níl an poitéinseal téimh dhomhanda níos mó ná 150 agus an tsubstaint á fuarú. I gcás ina ndéantar comhábhair ghníomhacha chógaisíochta (API) nó substaintí ghníomhacha as substaintí a liostaítear i Ranna 3.10 go 3.16 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmilgthe (AE) 2021/2139, ní sháraíonn astaíochtaí GCT na teorainneacha a leagtar amach ina gcritéir faoi seach maidir le DNSH don mhaolú ar an athrú aeráide. Ní bhíonn méadú ar astaíochtaí GCT saolré ann mar thoradh ar an ionadú. Déantar astaíochtaí saolré GCT a ríomh ach Moladh 2013/179/AE ón gCoimisiún a úsáid nó, ina áit sin, ISO 14067:2018 ⁽¹⁶⁾ nó ISO 14064-1:2018 ⁽¹⁷⁾. Tríú páirtí neamhspleách a dhéanann an laghdú ar astaíochtaí saolré GCT cainníochtaithe a fhíorú.
(2) Oiriúnú don athrú aeráide	Na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn A a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo, comhlíontar leis an ghníomhaíocht iad.
(3) Úsáid inbhuanaithe a bhaint as uisce agus acmhainní mara agus iad a chosaint	1. Cóireáil dramhuisce Feidhmíocht próiseas cóireála dramhuisce a dhéanann an mhonarcha mhonaraíochta nó a dhéantar thar a ceann, ní leanann aon díghrádú ar dhobharlaigh nó acmhainní muirí aisti. I gcás ina dtagann gníomhaíochtaí faoina raon feidhme, comhlíonann siad ceanglais Threoracha 91/271/CEE, 2008/105/CE, 2006/118/CE, 2010/75/AE, 2000/60/CE, (AE) 2020/2184, 76/160/CEE, 2008/56/CE agus 2011/92/AE.

⁽¹⁶⁾ Caighdeán ISO 14067:2018, Gáis cheaptha teasa – Lorg carbóin táirgí – Ceanglais agus treoirilínte maidir le cainníochtú, leagan 27.6.2023 le fáil ag: <https://www.iso.org/standard/71206.html>.

⁽¹⁷⁾ Caighdeán ISO 14064-1:2018, Gáis cheaptha teasa – Cuid 1: Sonraíocht lena ngabhann treoraíocht ar leibhéal na heagraíochta maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus aistriú a chainníochtú agus a thuairisciú (leagan 27.6.2023 le fáil ag: <https://www.iso.org/standard/66453.html>).

	Dea-chleachtais a shonraítear in Best Environmental Management Practice for the Public Administration Sector [An Cleachtas Bainistithe Comhshaoil is Fearr d'Earnáil an Riaracháin Phoiblí] leis an Airmheán Comhpháirteach Taighde ⁽¹⁸⁾, cuirtear chun feidhme sa ghníomhaíocht iad. I gcás ina ndéanann gléasra cóireála fuíolluisce uirbigh cóireáil ar fhuíolluisce thar ceann na monarchan monaraíochta, áirithítear: (a) nach bhfuil aon éifeacht dhiúltach ag an ualach truaileán a scaoileann an mhonarcha mhonaraíochta ar phróiseas cóireála an ghléasra cóireála fuíolluisce uirbigh; (b) nach bhfuil aon riosca nó díobháil do shláinte na foirne a oibríonn i ngléasraí cóireála fuíolluisce ag baint le hualach agus saintréithe truaileán; (c) go bhfuil an gléasra cóireála fuíolluisce uirbigh deartha agus feistithe go hiomchuí chun na substaintí truailliúcháin scaoilte a laghdú; (d) nach ndéantar ualach foriomlán na dtruaileán lena mbaineann a sceitear isteach sa dobharlach a mhéadú i gcomparáid le cás ina leanann astaíochtaí ón tsuiteáil lena mbaineann de bheith ag comhlíonadh teorainneacha astaíochta arna socrú le haghaidh scaoilte díreacha; (e) nach ndéantar difear d'inúsáidteacht sloda séarachais le haghaidh timthriall (athchúrsáil) cothaitheach. I gcás suiteálacha inar áiríodh teorainneacha truaileán breise nó coinníollacha níos doichte ina gcead comhshaoil i gcomparáid le ceanglais na reachtaíochta a luaitear thuas, is infheidhme na coinníollacha níos doichte sin. 2. Cosaint ithreach agus screamhuisce Tá bearta iomchuí i bhfeidhm chun astaíochtaí isteach san ithir a chosc agus déantar faireachas tráthrialta chun sceití, doirteadh, teagmhais nó timpistí le linn don trealamh a bheith á úsáid agus le linn stórála a sheachaint. 3. Ídiú Uisce Déanann oibreoirí measúnú ar lorg uisce na bpróiseas táirgthe ceimiceán i gcomhréir le ISO 14046:2014 ⁽¹⁹⁾ agus áirithíonn nach gcuireann siad le ganntanas uisce. Bunaithe ar an measúnú sin, soláthraíonn oibreoirí dearbhú nach gcuireann siad le ganntanas uisce, rud a fhíoraíonn tríú páirtí neamhspleách. 4. Na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn B a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo, comhlíontar leis an ngníomhaíocht iad.
(4) Aistriú chuig geilleagar ciorclach	Déanann an ghníomhaíocht infhaighteacht teicnící a mheasúnú agus, i gcás inarb indéanta, na teicnící sin a ghlacadh chun tacú leis an méid a leanas: (a) amhábhair thánaisteacha agus comhpháirteanna athúsáidte a athúsáid agus a úsáid sna táirgí a mhonaraítear; (b) dearadh don ardmharthanacht, in-athchúrsáilteacht, díchoimeáil éasca agus don inoiriúnaitheacht sna táirgí a mhonaraítear;

⁽¹⁸⁾ An tAirmheán Comhpháirteach Taighde, 'Best Environmental Management Practice for the Public Administration Sector' (An Cleachtas Bainistithe Comhshaoil is Fearr d'Earnáil an Riaracháin Phoiblí), 2019, leagan 27.6.2023 le fáil ag <https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/6063f857-7789-11e9-9f05-01aa75ed71a1/language-en>.

⁽¹⁹⁾ ISO 14046:2014 Bainistíocht chomhshaoil – Lorg uisce – Prionsabail, ceanglais agus treoirínte, leagan 27.6.2023 le fáil ag: <https://www.iso.org/standard/43263.html>.

	(c) bainistíocht dramhaíola lena dtugtar tosaíocht don athchúrsáil in áit na diúscartha sa phróiseas monaraíochta; (d) faisnéis maidir le comhábhair táirge ar feadh an tslabhra soláthair.
(6) Bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú	Na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn D a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo, comhlíontar leis an ngníomhaíocht iad.

1.2. Monarú táirgí íocshláinte

Tuairisc ar an ngníomhaíocht

Monarú táirgí íocshláinte.

D'fhéadfadh na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa chatagóir seo a bheith bainteach le cód NACE C21.2 i gcomhréir le haicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006.

Critéir scagtha theicniúla

Rannchuidiú mór le cosc agus rialú ar thruailliú

1. Comhlíonann an ghníomhaíocht ceann de na tacaí ceanglas seo a leanas a leagtar amach i bpointe 1.1 nó 1.2 a bhaineann le hionadú táirge. In aon chás, comhlíonann an ghníomhaíocht na ceanglais a leagtar amach i bpointe 1.3.
- 1.1. Comhlíonann an táirge íocshláinte na ceanglais seo a leanas a leagtar amach i bpointí 1.1.1. agus 1.1.2.:
- 1.1.1. Comhlíonann an táirge íocshláinte ceann amháin de na ceanglais seo a leanas:
 - (a) na comhábhair arb é atá iontu foirmliú an táirge íocshláinte, is substaintí iad a fhaightear go nádúrtha, amhail vitimíní, leictrilítí, aimíonaigéid, peiptídí, próitéiní, núicléitídí, carbaihiodráití agus lipídí agus, i gcomhréir le Treoirlíne na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí maidir le measúnú riosca comhshaoil ar tháirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine (treoirlíne EMA ERA) ⁽²⁰⁾, meastar go ginearálta go bhfuil siad in-díghrádaithe sa chomhshaoil ⁽²¹⁾;
 - (b) i gcás nach gcomhlíonann na comhábhair, arb é atá iontu foirmliú an táirge íocshláinte, na ceanglais a shonraítear i bpointe (a), comhlíonann na comhábhair sin, a phríomh-mheitibilítí daonna agus a phríomhtháirgí trasfhoirmiúcháin sa chomhshaoil ceann díobh seo a leanas:
 - (i) aicmítear iad a bheith so-bhithdhíghrádaithe bunaithe ar cheann amháin, ar a laghad, de na modhanna tástála ó Threoirlíne ECFE maidir le Ceimiceáin a Thástáil, Tástáil 301 (A-F), Bith-dhíghrádaitheacht Réidh ⁽²²⁾, i gcomhréir leis an luach pas le haghaidh bith-dhíghrádaitheacht réidh mar a shainmhínítear sa treoirlíne sin í;

⁽²⁰⁾ Treoirlíne na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí maidir le measúnú riosca comhshaoil ar tháirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine, leagan 27.6.2023 le fáil ag <https://www.ema.europa.eu/en/environmental-risk-assessment-medicinal-products-human-use-scientific-guideline>.

⁽²¹⁾ Is éard is príomh-mheitibilítí ann meitibilítí daonna ar dócha go n-eisfhearfar isteach sa chomhshaoil iad. Sainithnítear na meitibilítí sin i staidéir (neamh-)chliniciúla maidir le meitibileacht táirgí íocshláinte atá ar fáil sna hiarratais ar údarú margaíochta. Tá meitibilítí den sórt sin le sainithint de réir EMA/CPMP/ICH/286/1995, leathanach 8. Is iad príomhtháirgí trasfhoirmiúcháin (TP) príomh-mheitibilítí daonna sin na máthairchomhdhúile (API) na cinn ar mó iad ná 10 % de Charbón Orgánach Tuaslagtha (DOC) nó de Charbón Orgánach Iomlán (TOC) na máthairchomhdhúile.

⁽²²⁾ Treoirlíne ECFE maidir le Ceimiceáin a Thástáil, Tástáil 301 (A-F), Bith-dhíghrádaitheacht Réidh, leagan 27.6.2023 le fáil ag <https://www.oecd.org/chemicalsafety/risk-assessment/1948209.pdf>. Úsáidtear tástáil ECFE 301 (A-F) chun substaintí a shainithint a nglactar leis go mbithe-dhíghrádaithe go mear agus ar deireadh iad, i.e. go mianraítear faoi dhálaí comhshaoil aeróbacha iad).

(ii) is féidir teacht ar an gconclúid go mianraítear iad bunaithe ar an Tástáil shonrach Uimh. 308: Trasfhoirmiú Aeróbach agus Anaeróbach i gCórais Dríodair Uiscigh (ECFE 308) ⁽²³⁾ de Threoirlíne ECFE maidir le Ceimiceáin a Thástáil ⁽²⁴⁾ i gcomparáid le critéir mharthanachta mar a shainmhínítear i dtreoirlíne EMA ERA.

1.1.2. Cáilíonn an táirge íocshláinte mar ionadach iomchuí ar tháirge íocshláinte eile, laistigh den réimse teiripeach céanna nó den aicme substainte céanna, atá ar fáil ar an margadh nó a bhí ar fáil le 5 bliana anuas agus nach gcomhlíonann na ceanglais a dtugtar tuairisc orthu i bpointe 1.1.

Léirítear comhlíonadh an cheanglais sin trí anailís atá ar fáil go poiblí arna fíorú ag tríú páirtí neamhspleách.

1.2. Cruthaíonn an monaróir nach bhfuil aon chomhábhar ann chun táirge íocshláinte malartach a tháirgeadh a cháilíonn mar ionadach iomchuí ar tháirge íocshláinte eile, laistigh den réimse teiripeach céanna nó den aicme substainte céanna, a chomhlíonann na ceanglais a dtugtar tuairisc orthu i bpointe 1.1.1. Comhlíonann an ghníomhaíocht na ceanglais uile a shonraítear i bpointí 1.2.1 go 1.2.6.

1.2.1. Déanann an monaróir anailís a léiríonn nach ann d'aon ionadach iomchuí ar an táirge íocshláinte táirgthe, foilsíonn sé príomhthorthaí na hanailíse sin agus léiríonn sé gur chuir siad tús le tionscnaimh chun an rogha mhalartach sin a fhorbairt.

1.2.2. I gcomhréir le treoirlíne EMA ERA, cóimheas PEC/PNEC le haghaidh an táirge íocshláinte a fhaightear sa Mheasúnú Riosca Comhshaoil, tá sé faoi bhun 1.

1.2.3. Le córais phacáistithe agus dáileacháin, tugtar caoi don duine an méid a dhíoltar a choigeartú go dtí an méid is gá de réir na cóireála (na gcóireálacha), agus an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme á cur san áireamh.

1.2.4. Déantar faisnéis phoiblí, amhail bileoga eolais nó suíomhanna gréasáin, arna dtabhairt cothrom le dáta de réir na húrscóthachta, a sholáthar maidir leis an dáileog agus modh na dáileoige chun ródháileog API a íoslaghdú.

1.2.5. Le córais phacáistithe agus dáileacháin, tugtar caoi don duine an córas dáileoige is éifeachtúla atá ar fáil de réir na húrscóthachta a úsáid agus bealach riartha an chógais, ag gairmithe cúraim sláinte nó sa bhaile mar shampla, á bhreithniú. Foilsíonn an monaróir príomhthorthaí na hanailíse sin.

1.2.6. Rannchuidíonn an monaróir le maolú a dhéanamh ar an tionchar comhshaoil a bhaineann le dramhaíl táirgí íocshláinte neamhúsáidte a dhiúscairt go mícheart, lena n-áirítear trí fhaisnéis ábhartha a sholáthar d'úsáideoirí iarthachtacha maidir le diúscairt iomchuí táirgí íocshláinte neamhúsáidte.

1.3. Ní bhaineann an modh monaraíochta le húsáid substaintí, ina n-aonar nó i meascáin, a chomhlíonann na critéir a leagtar amach in Airteagal 57 de Rialachán (CE) 1907/2006 ach amháin i gcás ina measúnaíonn agus ina ndoiciméadaíonn an t-oibreoir nach bhfuil aon substaint nó teicneolaíocht mhalartach oiriúnach eile ar fáil ar an margadh, agus go n-úsáidtear faoi dhálaí rialaithe iad ⁽²⁵⁾.

2. Comhlíonann an ghníomhaíocht na ceanglais seo a leanas maidir le hastaíochtaí truailléan:

⁽²³⁾ Toradh staidéar ag sraith níos airde (ECFE 308) a bhfuil leathréanna ann, mar a ghairtear díobh, a léiríonn an t-am ar ina dhiaidh a bhaintear amach 50 % de bhith-dhíghrádú API. Tá feidhm ag leathréanna atá inghlactha chun bith-dhíghrádú tapa go leor a léiriú, i.e., neamh-mharthanacht, de réir Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, Iarscríbhinn XIII, dá dtagraítear freisin i dtreoirlíne EMA ERA.

⁽²⁴⁾ Treoirlíne ECFE maidir le Ceimiceáin a Thástáil, Tástáil Uimh. 308: Trasfhoirmiú Aeróbach agus Anaeróbach i gCórais Dríodair Uiscigh, leagan 27.6.2023 le fáil ag: https://www.oecd-ilibrary.org/environment/test-no-308-aerobic-and-anaerobic-transformation-in-aquatic-sediment-systems_9789264070523-en.

⁽²⁵⁾ Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na heisceachtaí ón toirmeasc ar na substaintí dá dtagraítear i bpointí (f) agus (g) a mhonarú, a chur ar an margadh nó a úsáid nuair a bheidh prionsabail chothrománacha maidir le húsáid riachtanach ceimiceán foilsithe aige.

2.1. I gcás ina dtiocfaidh an ghníomhaíocht faoina raon feidhme, beidh na teorainneacha astaíochta níos ísle ná lárphointe raonta na leibhéal astaíochta a bhaineann leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT-AEL) ⁽²⁶⁾ a leagtar amach in:

- (a) na conclúidí maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT) le haghaidh córais choiteanna bainistíochta agus cóireála dramhgháis in earnáil na gceimiceán ⁽²⁷⁾ i gcás astaíochtaí isteach san aer ó shuiteálacha nua (nó i gcás suiteálacha atá ann cheana laistigh de 4 bliana ó fhoilsiú BATC) i gcás inarb infheidhme coinníollacha ábhartha;
- (b) an Doiciméad Tagartha maidir leis na Teicnící Is Fearr atá ar Fáil (BREF) i ndáil le Mínceimiceáin Orgánacha (OFC) a Mhonarú ⁽²⁸⁾; le haghaidh na gníomhaíochta monaraíochta faoi dhálaí nach gcumhdaítear le BATC a luaitear thuas;
- (c) na conclúidí maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT) le haghaidh gnáthchórais bhainistíochta/chóireála dramhgháis in earnáil na gceimiceán ⁽²⁹⁾;
- (d) an Doiciméad Tagartha maidir leis na Teicnící Is Fearr atá Ar Fáil (BREF) don tionscal Ceimiceáin Neamhorgánacha d'Ardoirt – Soladacha agus Eile ⁽³⁰⁾;
- (e) an Doiciméad Tagartha maidir leis na Teicnící Is Fearr atá Ar Fáil (BREF) maidir le Ceimiceáin Neamhorgánacha d'Ardoirt a mhonarú – Amóinia, Aigéid agus Leasacháin ⁽³¹⁾;
- (f) an Doiciméad Tagartha maidir leis na Teicnící Is Fearr atá ar Fáil (BREF) i ndáil le ceimiceáin neamhorgánacha speisialtachta (SIC) a tháirgeadh le haghaidh na gníomhaíochta monaraíochta faoi dhálaí nach gcumhdaítear le BATC a luaitear thuas ⁽³²⁾.

Gléasraí laistigh de raon (raonta) BAT-AEL a théann i dtreo leibhéal uailmhéine an lárphointe, ní spreagann siad aon tionchar suntasach trasmheáin.

Suiteálacha ar deonaíodh maolú dóibh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 15(4) de Threoir 2010/75/AE, ní bhreithnítear go gcomhlíonann siad na critéir scagtha theicniúla le haghaidh thréimhse an mhaolaithe.

2.2. I gcás ina mbeidh modheolaíocht ar fáil le haghaidh tomhas leanúnach ar thruailleán áirithe, cuirfidh an t-oibreoir Córais um Fhaireachán Leanúnach ar Astaíochtaí (CEMS), Córais um Fhaireachán Leanúnach ar Cháilíocht Eisiltigh (CEQMS) agus bearta eile i bhfeidhm chun a áirithiú go bhforófar go tráthrialta nach bhfuil an comhshaol á dhíghrádú.

2.3. Cuireann an t-oibreoir deighilt dramhaíola tuaslagáí i bhfeidhm chun tuaslagóirí a aisghabháil ó shruthanna dramhaíola tiubhaithe i gcás inar féidir sin go teicniúil.

Tuaslagóirí áirítear i dTábla 1 de Threoirlíne ICH Q3C (R8) na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí maidir le heisíontais mar a shonraítear sa treoirlíne maidir le tuaslagóirí iarmharacha ⁽³³⁾, seachnaítear i dtáirgí íocshláinte iad.

⁽²⁶⁾ Téann na ceanglais faoin bpointe seo i ngleic leis na truailléin a shainaithnítear faoi phríomh-shaincheisteanna comhshaoil gach doiciméid tagartha maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BREF) nó faoi BAT-AEL i gCinntí Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún maidir le conclúidí ábhartha BAT. I gcás ina ndéanann BAT-AEL idirdhealú idir 'gléasraí atá ann cheana' agus 'gléasraí nua', léiríonn oibreoirí go gcomhlíonann siad BAT-AEL le haghaidh gléasraí nua. I gcás ina bhfuil luach aonair BAT-AEL ann seachas raon luachanna, tá leibhéal astaíochta faoi bhun an luacha sin. I gcás ina sloinntear raon BAT-AEL mar a leanas: '<x-y aonad' (I.e. sloinntear ceann íochtair raon BAT-AEL mar luach atá 'níos ísle ná'), ríomhtar an lárphointe ag úsáid x agus y. Tá na tréimhsí meánaithe mar an gcéanna leis na cinn in BAT-AEL na ndoiciméad tagartha maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil a leagtar amach thuas.

⁽²⁷⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2427.

⁽²⁸⁾ An Doiciméad Tagartha maidir leis na Teicnící Is Fearr atá ar Fáil (BREF) i ndáil le Mínceimiceáin Orgánacha (OFC) a Mhonarú, 27.6.2023: https://eippcb.jrc.ec.europa.eu/sites/default/files/2019-11/ofc_bref_0806.pdf.

⁽²⁹⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/902.

⁽³⁰⁾ An Doiciméad Tagartha maidir leis na Teicnící Is Fearr atá Ar Fáil (BAT) le haghaidh thionscal na gCeimiceáin Neamhorgánach d'Ardoirt – Soladacha agus Eile, (leagan 27.6.2023: https://eippcb.jrc.ec.europa.eu/sites/default/files/2019-11/lvic-s_bref_0907.pdf).

⁽³¹⁾ An Doiciméad Tagartha maidir leis na Teicnící Is Fearr atá Ar Fáil (BREF) maidir le Ceimiceáin Neamhorgánacha d'Ardoirt a mhonarú – Amóinia, Aigéid agus Leasacháin (leagan 27.6.2023: https://eippcb.jrc.ec.europa.eu/sites/default/files/2019-11/lvic_aaf.pdf).

⁽³²⁾ An Doiciméad Tagartha maidir leis na Teicnící Is Fearr atá ar Fáil (BREF) i ndáil le ceimiceáin neamhorgánacha speisialtachta (SIC) a tháirgeadh, (leagan 27.6.2023: <https://eippcb.jrc.ec.europa.eu/reference/production-speciality-inorganic-chemicals>).

⁽³³⁾ Treoirlíne ICH Q3C (R8) na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí maidir le heisíontais: treoirlíne maidir le tuaslagóirí iarmharacha. Céim 5, 2022, leagan 27.6.2023 le fáil ag https://www.ema.europa.eu/en/documents/scientific-guideline/international-conference-harmonisation-technical-requirements-registration-pharmaceuticals-human-use_en-33.pdf.

Ní mó ná caillteanas 3 % é an caillteanas uasta tuaslagóirí ó ionchuir iomlána. Tá éifeachtúlacht aisghabhála na gcomhdhúl soghalaithe orgánach (VOC) iomlán 99 % ar a laghad.

Fíoraíonn an t-oibreoir nach sáraíonn aon astaíocht VOC éalaitheach na critéir a shonraítear thíos a bhaineann le tairseacha toirtmhéadracha ina gcodanna sa mhilliún (ppmv) trí fheachtais braite agus deisithe sceití (LDAR) a dhéanamh, gach 3 bliana ar a laghad. Moltar infheistíochtaí le haghaidh trealamh ard-sláine a úsáid, ar choinníoll go suiteáiltear iad sin i ngléasraí atá ann cheana i gcomhair cásanna a luaitear faoi BAT 23b de na conclúidí maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT) le haghaidh córais choiteanna bainistíochta agus cóireála dramhgháis in earnáil na gceimiceán, agus go dtugtar an tairseach bhrú go 200 bar. Féadfar an sceideal íosta fíorúcháin a laghdú i gcásanna ina ndéanfar cainníochtú astaíochtaí VOC iomlána ón ngléasra a cháiliú go tréimhsiúil trí chomhghaolú rianaire (TC) nó trí theicnící optúla bunaithe ar ionsú, amhail ionsú difreálach braite agus raonála solais (DIAL) nó flosc ceilte gréine (SOF) nó bearta eile a bhfuil feidhmíocht choibhéiseach acu.

Astaíochtaí idirleata substaintí nó meascán a aicmítear mar CMR1A nó 1B ó threalamh a sceitheann, ní sháraíonn siad tiúchan 100 ppmv ⁽³⁴⁾.

Ag feachtais LDAR tá na gnéithe a dtugtar tuairisc orthu in BAT19 de na conclúidí maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT) le haghaidh córais choiteanna bainistíochta agus cóireála dramhgháis in earnáil na gceimiceán, ar a n-áirítear sceití a bhrath, a dheisiú agus a chothabháil laistigh de 30 lá ó bhraítear iad agus tairseach sceite atá níos ísle ná 5 000 ppmv, nó cothrom leis, i gcás substaintí nó meascán seachas iad siúd a aicmítear mar CMR 1A nó 1B, a athbhreithnítear agus a thugtar cothrom le dáta ar mhaithe le feabhsú leanúnach na suiteála. Déantar faireachán ar chaillteanais tuaslagóirí agus ar éifeachtúlacht aisghabhála VOC bunaithe ar phlean bainistithe tuaslagóirí ina n-úsáidtear maischothromaíocht chun comhlíonadh a fhíorú, i gcomhréir le Caibidil V de Threoir 2010/75/AE.

- 2.4. Déantar séarachas, bruscar agus dramhaíl eile (lena n-áirítear seachtháirgí soladacha, leachtacha nó gásacha ón monaraíocht) a dhiúscairt ar bhealach sábháilte tráthúil sláintíoch. Saináithnítear go soiléir coimeádáin nó píopaí le haghaidh ábhar dramhaíola. Sonraí anailíseacha lena léirítear tiontú na substaintí sin agus a n-iarmhar ina n-ábhair dramhaíola neamhghuaiseacha, tá siad ar fáil ag an tsaoirid agus coimeádtar cothrom le dáta iad.

Gan dochar suntasach a dhéanamh ('DNSH')

(1) Maolú ar an athrú aeráide	I gcás ina mbaineann an ghníomhaíocht le téamh/fuarú a ghiniúint ar an láthair nó lena gcomhghiniúint, lena n-áirítear cumhacht, tá astaíochtaí GCT díreacha na gníomhaíochta níos ísle ná 270 gCO₂e/kWh. I gcás na tairsí cuisneáin, níl an poitéinseal téimh dhomhanda níos mó ná 150 agus an tsubstaint á fuarú. I gcás ina ndéantar táirgí íocshláinte as substaintí a liostaítear i Ranna 3.10 go 3.16 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139, ní sháraíonn astaíochtaí GCT na teorainneacha a leagtar amach ina gcritéir scagtha theicniúla faoi seach maidir le DNSH don mhaolú ar an athrú aeráide. Ní bhíonn méadú ar astaíochtaí GCT saolré ann mar thoradh ar an ionadú. Déantar astaíochtaí saolré GCT a ríomh ach Moladh 2013/179/AE ón gCoimisiún a úsáid nó, ina áit sin, ISO 14067:2018 ⁽³⁵⁾ nó ISO 14064-1:2018 ⁽³⁶⁾. Tríú páirtí neamhspleách a dhéanann an laghdú ar astaíochtaí saolré GCT cainníochtaithe a fhíorú.
-------------------------------	--

⁽³⁴⁾ I gcás inarb infheidhme an eisceacht faoi chritéar 1.3.

⁽³⁵⁾ Caighdeán ISO 14067:2018, Gáis cheaptha teasa – Lorg carbóin táirgí – Ceanglais agus treoirilnte maidir le cainníochtú, leagan 27.6.2023 le fáil ag: <https://www.iso.org/standard/71206.html>.

⁽³⁶⁾ Caighdeán ISO 14064-1:2018, Gáis cheaptha teasa – Cuid 1: Sonraíocht lena ngabhann treoraíocht ar leibhéal na heagraíochta maidir le hastaíochtaí gás cheaptha teasa agus aistriithe a chainníochtú agus a thuairisciú (leagan 27.6.2023 le fáil ag: <https://www.iso.org/standard/66453.html>).

(2) Oiriúnú don athrú aeráide	Na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn A a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo, comhlíontar leis an gníomhaíocht iad.
(3) Úsáid inbhuanaithe a bhaint as uisce agus acmhainní mara agus iad a chosaint	1. Cóireáil dramhuisce: Feidhmíocht próiseas cóireála dramhuisce a dhéanann an mhonarcha mhonaraíochta nó a dhéantar thar a ceann, ní leanann aon díghrádú ar dhobharlaigh nó acmhainní muirí aisti. I gcás ina dtagann gníomhaíochtaí faoina raon feidhme, comhlíonann siad ceanglais Threoracha 91/271/CEE, 2008/105/CE, 2006/118/CE, 2010/75/AE, 2000/60/CE, (AE) 2020/2184, 76/160/CEE, 2008/56/CE agus 2011/92/AE. Dea-chleachtais a shonraítear in Best Environmental Management Practice for the Public Administration Sector [An Cleachtas Bainistithe Comhshaoil is Fearr d'Earnáil an Riaracháin Phoiblí] leis an Airmheán Comhpháirteach Taighde ⁽³⁷⁾, cuirtear chun feidhme sa ghníomhaíocht iad. I gcás ina ndéanann gléasra cóireála fuíolluisce uirbigh cóireáil ar fhuíolluisce thar ceann na monarchan monaraíochta, áirithítear: (a) nach bhfuil aon éifeacht dhiúltach ag an ualach truaileán a scaoileann an mhonarcha mhonaraíochta ar phróiseas cóireála an ghléasra cóireála fuíolluisce uirbigh; (b) nach bhfuil aon riosca nó díobháil do shláinte na foirne a oibríonn i ngléasraí cóireála fuíolluisce ag baint le hualach agus saintréithe truaileán; (c) go bhfuil an gléasra cóireála fuíolluisce uirbigh deartha agus feistithe go hiomchuí chun na substaintí truailliúcháin scaoilte a laghdú; (d) nach ndéantar ualach foriomlán na dtruaileán lena mbaineann a sceitear isteach sa doibharlach a mhéadú i gcomparáid le cás ina leanann astaíochtaí ón tsuiteáil lena mbaineann de bheith ag comhlíonadh teorainneacha astaíochta arna socrú le haghaidh scaoilte díreacha; (e) nach ndéantar difear d'inúsáidteacht sloda séarachais le haghaidh timthriall (athchúrsáil) cothaitheach. I gcás suiteálacha inar áiríodh teorainneacha truaileán breise nó coinníollacha níos doichte ina gcead comhshaoil i gcomparáid le ceanglais na reachtaíochta a luaitear thuas, is infheidhme na coinníollacha níos doichte sin. 2. Cosaint ithreach agus screamhuisce Tá bearta iomchuí i bhfeidhm chun astaíochtaí isteach san ithir a chosc agus déantar faireachas tráthrialta chun sceití, doirteadh, teagmhais nó timpistí le linn don trealamh a bheith á úsáid agus le linn stórála a sheachaint. 3. Ídiú Uisce: Déanann oibreoirí measúnú ar lorg uisce na bpróiseas táirgthe ceimiceán i gcomhréir le ISO 14046:2014 ⁽³⁸⁾ agus áirithíonn nach gcuireann siad le ganntanas uisce. Bunaithe ar an measúnú sin, soláthraíonn oibreoirí dearbhú nach gcuireann siad le ganntanas uisce, rud a fhíoraíonn tríú páirtí neamhspleách.

⁽³⁷⁾ An tAirmheán Comhpháirteach Taighde, 'Best Environmental Management Practice for the Public Administration Sector' (An Cleachtas Bainistithe Comhshaoil is Fearr d'Earnáil an Riaracháin Phoiblí), 2019, leagan 27.6.2023 le fáil ag <https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/6063f857-7789-11e9-9f05-01aa75ed71a1/language-en>.

⁽³⁸⁾ ISO 14046:2014 Bainistíocht chomhshaoil – Lorg uisce – Prionsabail, ceanglais agus treoirínte, leagan 27.6.2023 le fáil ag: <https://www.iso.org/standard/43263.html>.

	4. Na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn B a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo, comhlíontar leis an ngníomhaíocht iad.
(4) Aistriú chuig geilleagar ciorclach	Déanann an ghníomhaíocht infhaighteacht teicnící a mheasúnú agus, i gcás inarb indéanta, na teicnící sin a ghlacadh chun tacú leis an méid a leanas: (a) amhábhair thánaisteacha agus comhpháirteanna athúsáidte a athúsáid agus a úsáid sna táirgí a mhonaraítear; (b) dearadh don ardmharthanacht, in-athchúrsáilteacht, díchoimeáil éasca agus don inoiriúnaitheacht sna táirgí a mhonaraítear; (c) bainistíocht dramhaíola lena dtugtar tosaíocht don athchúrsáil in áit na diúscartha sa phróiseas monaraíochta; (d) faisnéis maidir le comhábhair táirge ar feadh an tslabhra soláthair.
(6) Bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú	Na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn D a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo, comhlíontar leis an ngníomhaíocht iad.

2. Soláthar uisce, séarachas, bainistíocht dramhaíola agus gníomhaíochtaí feabhsúcháin

2.1. Dramhaíl ghuaiseach a bhailiú agus a iompar

Tuairisc ar an ngníomhaíocht

Dramhaíl ghuaiseach a bhailiú agus a iompar ar leithligh ⁽³⁹⁾ sula gcóireáiltear í, aisghabháil nó diúscairt ábhair, lena n-áirítear tógáil, oibriú agus uasghrádú saoráidí a bhfuil baint acu le dramhaíl den sórt sin a bhailiú agus a iompar, amhail stáisiúin aistrithe dramhaíola guaisí, mar mhodh le haghaidh cóireáil iomchuí.

D'fhéadfadh na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa chatagóir seo a bheith bainteach le roinnt cóid NACE, go háirithe E38.12 agus F42.9 i gcomhréir leis an aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhunaítear le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006.

Critéir scagtha theicniúla

Rannchuidiú mór le cosc agus rialú ar thruailliú

1. Déantar dramhaíl ghuaiseach a dheighilt ag an bhfoinse agus a bhailiú go leithleach ó dhramhaíl neamhghuaiseach chun traséiliú a chosc. Déantar bearta iomchuí chun a áirithiú nach ndéanfar dramhaíl ghuaiseach a mheascadh ná a chaolú le catagóirí eile dramhaíola guaisí nó le dramhaíl, substaintí nó ábhair eile le linn bailiú agus iompar go leithleach.
2. Cuireann bailiú agus láimhseáil cheart cosc ar sceitheadh dramhaíola guaisí le linn a bailithe, a hiompair, a stórála agus a seachadta chuig an tsaoráid chóireála, atá ceadaithe dramhaíl ghuaiseach a chóireáil, de réir reachtaíocht náisiúnta.
3. I gcás ina mbeidh stádas iompair mar earraí contúirteacha faoin gComhaontú maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha de Bhóthar (ADR) ⁽⁴⁰⁾ ag dramhaíl a aicmítear mar dhramhaíl ghuaiseach freisin, comhlíonann an t-iompar na ceanglais ábhartha a leagtar amach le ADR.

⁽³⁹⁾ Is éard is dramhaíl ghuaiseach ann dramhaíl ag a bhfuil ceann amháin nó níos mó de na hairíonna guaiseacha a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2008/98/CE. Áirítear léi sin sruthanna amhail codáin dramhaíola guaisí a tháirgeann teaghlaigh, dramh-olaí, ceallraí, dramhthrealamh leictreach agus leictreonach (WEEE) neamh-dhithruaillithe, feithiclí neamh-dhithruaillithe a bhfuil a ré caite, dramhaíl cúraim sláinte áirithe, amhail thógálach agus dramhaíl chíteatocsaineach, etc. Is féidir teacht ar aicmiú cuimsitheach dramhaíola guaisí ar an liosta dramhaíola (arna bhunú le Cinneadh 2000/532/CE ón gCoimisiún).

⁽⁴⁰⁾ Leagan 27.6.2023, le fáil ag <https://unece.org/transport/standards/transport/dangerous-goods/adr-2023-agreement-concerning-international-carriage>.

4. Úsáidtear feithiclí bailithe dramhaíola sa ghníomhaíocht atá comhréireach le caighdeán Euro V ar a laghad ⁽⁴¹⁾.
 5. Le linn bailithe agus iompair, déantar dramhaíl ghuaiseach a phacáistiú agus a lipéadú i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta agus caighdeáin an Aontais atá i bhfeidhm.
 6. An t-oibreoir a bhailíonn dramhaíl ghuaiseach, comhlíonann sé oibleagáidí coimeádta taifead lena n-áirítear a mhéid a bhaineann leis an gcainníocht, an cineál, an tionscnamh, an ceann scríbe, minicíocht an bhailithe, an modh iompair agus an modh cóireála a leagtar amach le reachtaíocht an Aontais agus leis an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme.
 7. I gcás dramhthrealamh leictreach agus leictreonach (WEEE):
 - (a) déantar na príomhchatagóirí WEEE a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2012/19/AE a bhailiú go leithleach;
 - (b) caomhnaíonn an bailiú agus an t-iompar sláine WEEE agus coisceann siad sceitheadh substaintí guaiseacha, amhail substaintí ídithe ózóin, gáis ceaptha teasa fhluaírnithe nó mearcair i lampaí fluaírnithe;
 - (c) cuireann an t-oibreoir bailithe agus lóistíochta córas bainistíochta ar bun chun bainistíocht a dhéanamh ar rioscaí comhshaoil, sláinte agus sábháilteachta.
- Comhlíontacht le ceanglais normatacha maidir le bailiú agus lóistíocht a leagtar amach in CLC/EN 50625-1:2014 ⁽⁴²⁾ agus CLC/TS 50625-4:2017 ⁽⁴³⁾ nó le ceanglais reachtúla atá coibhéiseach leo siúd a leagtar amach in CLC/EN 50625-1 agus CLC/TS 50625-4, is cruthúnas í sin go gcomhlíontar an ceanglas go ndéanfaidh an bailiú agus an t-iompar sláine WEEE agus ceallraí a chaomhnú agus sceitheadh substaintí guaiseacha a chosc.
8. Tráth a stóráiltear an dramhaíl, comhlíonann an ghníomhaíocht na ceanglais a leagtar amach in BAT 4 de na conclúidí maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT) le haghaidh cóireáil dramhaíola ⁽⁴⁴⁾.

Gan dochar suntasach a dhéanamh ('DNSH')

(1) Maolú ar an athrú aeráide	N/B
(2) Oiriúnú don athrú aeráide	Na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn A a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo, comhlíontar leis an ngníomhaíocht iad.
(3) Úsáid inbhuanaithe a bhaint as uisce agus acmhainní mara agus iad a chosaint	Na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn B a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo, comhlíontar leis an ngníomhaíocht iad.
(4) Aistriú chuig geilleagar ciorclach	Ní dhéantar dramhaíl a bhailítear go leithleach a mheascadh i saoráidí stórála agus aistrithe dramhaíola le dramhaíl nó ábhair eile ag a bhfuil airíonna éagsúla. Ní dhéantar dramhaíl in-athchúrsáilte ⁽⁴⁵⁾ a dhiúscairt, a loscadh nó a chomhloscadh.
(6) Bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú	Na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn D a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo, comhlíontar leis an ngníomhaíocht iad.

⁽⁴¹⁾ Arna ríomh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/858.

⁽⁴²⁾ CLC/EN 50625-1: 2014 Ceanglais maidir le bailiú, lóistíocht agus cóireáil WEEE – Cuid 1: Ceanglais chóireála ghinearálta.

⁽⁴³⁾ Ceanglais maidir le bailiú, lóistíocht agus cóireáil WEEE – Cuid 4: Sonraíocht le haghaidh bhailiú WEEE agus le haghaidh na lóistíochta atá bainteach le WEEE.

⁽⁴⁴⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1147.

⁽⁴⁵⁾ Is éard is 'dramhaíl in-athchúrsáilte' ann dramhaíl is féidir a athchúrsáil i gcomhréir le hAirteagal 3(17) de Threoir 2008/98/CE.

2.2. Dramhaíl ghuaiseach a chóireáil

Tuairisc ar an ngníomhaíocht

Tógáil, athrú cuspóra, uasghrádú agus oibriú saoráidí tiomnaithe chun dramhaíl ghuaiseach a chóireáil, lena n-áirítear loscadh dramhaíola guaisí neamh-athchúrsáilte ⁽⁴⁶⁾ (oibríochtaí D10), cóireáil bhitheolaíoch ar dhramhaíl ghuaiseach (oibríochtaí D8) agus cóireáil fhisiceimiceach (oibríochtaí D9) ⁽⁴⁷⁾.

Ní áirítear leis an ngníomhaíocht:

- (a) oibríochtaí diúscartha dramhaíola guaisí (mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2008/98/CE) amhaíl líonadh talún nó stóráil bhuan;
- (b) dramhaíl ghuaiseach in-athchúrsáilte a loscadh agus dramhaíl neamhghuaiseach a loscadh;
- (c) ainmhithe beo nó marbha tocsaineacha agus dramhaíl éillithe eile a chóireáil agus a dhiúscairt;
- (d) dramhaíl núicléach radaighníomhach a chóireáil agus a dhiúscairt.

D'fhéadfadh na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa chatagóir seo a bheith bainteach le roinnt cóid NACE, go háirithe E38.22 i gcomhréir le haicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006.

Critéir scagtha theicniúla

Rannchuidiú mór le cosc agus rialú ar thruailliú

1. I gcás gach próisis cóireála dramhaíola, comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir seo a leanas:
 - 1.1. De réir an chineáil gníomhaíochta, comhlíonann an ghníomhaíocht na ceanglais a leagtar amach sna conclúidí maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT) le haghaidh cóireáil dramhaíola ⁽⁴⁸⁾ nó sna conclúidí maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT) le haghaidh loscadh dramhaíola ⁽⁴⁹⁾.

Saoráidí ar deonáíodh maolú dóibh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 15(4) de Threoir 2010/75/AE, ní bhreithnítear go gcomhlíonann siad na critéir scagtha theicniúla.

- 1.2. Bailítear an fhaisnéis seo a leanas, ar a laghad, le linn na nósanna imeachta seiceála roimh an nglacadh le dramhaíl:
 - (a) an dáta a bhfuil coinne leis go dtiocfaidh sé go dtí an gléasra cóireála dramhaíola;
 - (b) sonraí teagmhála an táirgeora dramhaíola, an earnáil a bhfuil an dramhaíl dá tionscnamh agus cineál an phróisis a tháirgeann an dramhaíl, lena n-áirítear athraitheacht an phróisis;
 - (c) an chainníocht mheasta a bhfuil coinne lena seachadadh chuig an oibreoir in aghaidh an tseachadta agus in aghaidh na bliana;
 - (d) tuairisc ar an dramhaíl, lena n-áirítear a comhdhéanamh, airíonna guaiseacha na dramhaíola, cód dramhaíola agus an bealach oiriúnach cóireála.
- 1.3. Le linn na nósanna imeachta maidir le glacadh le dramhaíl, tá na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm:
 - (a) saoráid ghhlactha atá feistithe le saotharlann chun anailís a dhéanamh ar shamplaí ar an láthair agus nósanna imeachta oibriúcháin caighdeánacha anailísíochta doiciméadaithe, agus an rogha ann anailísí a ligean ar fochonradh chuig saotharlanna conarthacha seachtracha creidiúnaithe;

⁽⁴⁶⁾ Is éard is 'dramhaíl neamh-athchúrsáilte' ann dramhaíl nach féidir a athchúrsáil i gcomhréir le hAirteagal 3(17) de Threoir 2008/98/CE.

⁽⁴⁷⁾ Mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2008/98/CE.

⁽⁴⁸⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1147.

⁽⁴⁹⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2010 ón gCoimisiún an 12 Samhain 2019 lena mbunaítear conclúidí maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT), faoi Threoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, le haghaidh loscadh dramhaíola (IO L 312, 3.12.2019, lch. 55).

- (b) nós imeachta samplála doiciméadaithe i gcomhréir le caighdeán ábhartha, amhail EN 14899:2005 ⁽⁵⁰⁾;
- (c) anailís dhoiciméadaithe ar na paraiméadair fhisiciceimiceacha ábhartha le haghaidh na cóireála;
- (d) limistéar stórála dramhaíola coraintín tiomnaithe, chomh maith le nósanna imeachta i scríbhinn maidir le bainistíocht a dhéanamh ar dhramhaíl nach nglactar léi.

An pearsanra a dhéileálann leis na nósanna imeachta seiceála roimh an nglacadh le dramhaíl agus leis na nósanna imeachta maidir le glacadh le dramhaíl, tá siad in ann, de bharr a ngairme nó a dtaithí, déileáil leis na ceistanna uile atá ábhartha do chóireáil na dramhaíola sa tsaoráid cóireála dramhaíola. Leis na nósanna imeachta, beartaítear seiceáil a dhéanamh roimh an nglacadh le dramhaíl agus glacadh le dramhaíl ag an ngléasra cóireála dramhaíola sa chás go bhfuil bealach oiriúnach cóireála ar fáil agus go gcinntear bealach diúschartha nó aisghabhála aschur na cóireála agus sa chás sin amháin.

I gcás 'gníomhaíochtaí cumaisc nó measctha' (mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I, roinn 5.1(c) de Threoir 2010/75/AE), ní bhaineann an t-oibreoir úsáid as caolúchán chun tiúchan ceann amháin nó níos mó de na substaintí guaiseacha atá i láthair sa dramhaíl a íslíú, agus é d'aidhm aige go ndéanfar an meascán dramhaíola a leanann as a dhí-aicmiú agus go dtiocfaidh sí chun bheith ina 'dramhaíl neamhghuaiseach' agus go ndéanfar í a chóireáil ina dhiaidh sin i saoráidí nach bhfuil tiomnaithe do dhramhaíl ghuaiseach a chóireáil. Ní úsáidtear caolúchán 'in ionad' chóireáil leormhaith na dramhaíola.

2. I gcás cóireáil fhisiciceimiceach ar dhramhaíl sholadach nó thaosúil, aon chóireáil a dhéantar chun dramhaíl a chóireáil sula ndiúscrófar ar deireadh í, amhail i líontaí talún dramhaíola guaisí, ceaptar í chun na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh:
 - (a) teorainn uastiúchana 6 % a chur leis an gcarbón orgánach iomlán (TOC) i ngach ionchur dramhaíola aonair a chuirtear isteach sa líonadh talún;
 - (b) teorainn 1 000 mg/kg a chur leis an gcion ábhair thirim de charbón orgánach tuaslagtha (DOC) san aschur dramhaíola tar éis tástáil láiste ina bhfuil L/S = 10 l/kg bunaithe ar Chaighdeán AE EN 12457-2:2002 ⁽⁵¹⁾.
3. I gcás cóireáil fhisiciceimiceach ar dhramhaíl a bhfuil luach calrach aici, déantar bearta ionas nach gcaolófar agus nach leathfar substaintí guaiseacha, agus nach scaoilfear aon ualach ard isteach san aer mar gheall ar chóireáil deiridh mhíchúil ar dhramhaíl a bhfuil luach calrach aici. Aon suiteáil chóireála roimh chóireálacha teirmeacha deiridh (loscadh nó comhloscadh), tá sí le ceapadh chun teorainn a chur leis an gcion substaintí guaiseacha i ngach ionchur dramhaíola aonair a chóireáiltear sa tsuiteáil cóireála fhisiciceimice (agus chun critéir ghaolmhara eile a chomhlíonadh), ionas go n-urramófar na leibhéil ghilactha ar an mbealach isteach sna suiteálacha cóireála teirmí deiridh.
4. I gcás cóireáil ar dhramhaíl leachtach uiscí, déantar inchóireáilteacht bhitheolaíoch an fhuíolluisce a leanann as an gcóireáil ar dhramhaíl leachtach uiscebhunach i ngléasra cóireála bitheolaíche fuíolluisce a bhreithniú bunaithe ar an gcritéar seo a leanas:

Díbert > 70 % den charbón orgánach tuaslagtha (DOC) in 7 lá (> 80 % nuair a úsáidtear ionaclam oiriúnaithe) i gcomhréir le EN ISO 9888 ⁽⁵²⁾ (Zahn Wellens), nó caighdeán agus modheolaíochtaí coibhéiseacha eile an tionscail a nglactar go coitianta leo agus a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar bhithdhíbert agus ar fheidhmíochtaí gaolmhara.

5. I gcás cóireáil ar dhramhaíl a bhfuil truailleáin orgánacha mharthanacha (POP) inti, déantar an dramhaíl uile ina bhfuil substaintí POP a liostaítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 a rialú agus a rianú mar dhramhaíl ghuaiseach i gcomhréir le hAirteagal 17 de Threoir 2008/98/CE. Is infheidhme ceanglais shonracha d'Airteagal 7(4), 17, 18 agus 19 de Threoir 2008/98/CE. I gcás gluaiseacht trasteorann, is infheidhme ceanglais Chaibidil I de Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵³⁾.

⁽⁵⁰⁾ EN 14899:2005 Saintréithriú dramhaíola – Sampláil ábhar dramhaíola – Creat um Plean Samplála a ullmhú agus a chur i bhfeidhm.

⁽⁵¹⁾ EN 12457-2:2002 Saintréithriú dramhaíola – Láisteadh – Tástáil comhlíontachta le haghaidh láisteadh ábhar dramhaíola gráinneach agus slodaí – Cuid 2: Baisc-thástáil aonchéime de réir chóimheas 10 l/kg idir leachtach agus soladach i gcás ábhair ar lú méid a gcáithníní ná 4 mm (bíodh laghdú méide ann nó ná bíodh).

⁽⁵²⁾ EN ISO 9888:1999 Cáilíocht an uisce – Meastóireacht ar in-bhithdhíghrádaitheacht aeróbach deiridh comhdhúl orgánach i meán uiscí – Tástáil statach (modh Zahn-Wellens), (leagan an 27.6.2023 le fáil ag: <https://www.iso.org/standard/28121.html>).

⁽⁵³⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2006 maidir le loingsithe dramhaíola (IO L 190, 12.7.2006, lch. 1).

Leis an gcóras rianaithe atá i bhfeidhm sna suiteálacha, bunaithe ar na dea-chleachtais dá dtagraítear thuas, is féidir faireachán a dhéanamh ar an méid seo a leanas:

- (a) scaradh éifeachtach gach coda de tháirge nó de dhramhaíl amháil dramhthrealamh, ina bhfuil POP a sháraíonn na leibhéil a shainítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 nó atá éillithe ag an POP sin;
- (b) scriosadh éifeachtach nó trasfhoirmiú dochúlaithe dhramhaíl POP i gcomhréir le hAirteagail 7(2) – 7(4) agus le hIarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021.
6. I gcás cóireáil ar dhramhaíl a bhfuil mearcair inti ⁽⁵⁴⁾, gach suiteáil ar dócha go gcóireálfaidh sí dramhaíl arb é atá inti mearcair nó comhdhúile mearcair, nó dramhaíl a bhfuil mearcair nó comhdhúile mearcair inti nó atá éillithe ag mearcair nó comhdhúile mearcair (mar a shainmhínítear in Airteagal 11 de Choinbhinsiún Minamata), cuireann siad an córas inrianaitheachta a leagtar amach in Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2017/852 nó córas inrianaitheachta comhchosúil chun feidhme. Bunaithe ar an gcóras rianaithe sin, déanann na suiteálacha a chóireálann dramhaíl a bhfuil mearcair inti faireachán ar chinniúint shábháilte éifeachtach mearcair agus comhdhúl mearcair ag ceann scribe deiridh iomchuí.
7. I gcás cóireáil (neamhdhócháin) ar dhramhaíl cúraim sláinte, cuireann an tsuiteáil na dea-chleachtais a leagtar amach i lámhleabhar EDS maidir le bainistiú sábháilte dramhaíola ó ghníomhaíochtaí cúraim sláinte chun feidhme ⁽⁵⁵⁾.

Ag suiteáil cóireála neamhdhócháin dramhaíola cúraim sláinte, tá nós imeachta sonracha maidir le glacadh le dramhaíl, déantar faireachán ar na cineálacha dramhaíola cúraim sláinte seo a leanas, agus is féidir a chruthú nach nglactar leo lena gcóireáil:

- (a) dramhaíl chíteatocsaineach;
- (b) dramhaíl chógaisíochta;
- (c) dramhaíl cheimiceach;
- (d) dramhaíl radaighníomhach.

Deimhníonn comhlacht deimhniúcháin neamhspleách na teicneolaíochtaí a úsáidtear.

Gan dochar suntasach a dhéanamh ('DNSH')

(1) Maolú ar an athrú aeráide	N/B
(2) Oiriúnú don athrú aeráide	Na critéir a leagtar amach i bhFoscríbhinn A a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo, comhlíontar leis an ngníomhaíocht iad.
(3) Úsáid inbhuanaithe a bhaint as uisce agus acmhainní mara agus iad a chosaint	Na critéir a leagtar amach i bhFoscríbhinn B a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo, comhlíontar leis an ngníomhaíocht iad. Úsáidtear teicnící ábhartha chun uisce agus acmhainní muirí a chosaint, mar a leagtar amach sna conclúidí maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT) le haghaidh cóireáil dramhaíola ⁽⁵⁶⁾ .
(4) Aistriú chuig geilleagar ciorclach	N/B
(6) Bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú	Na critéir a leagtar amach i bhFoscríbhinn D a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo, comhlíontar leis an ngníomhaíocht iad.

⁽⁵⁴⁾ Ciallaíonn dramhaíl a bhfuil mearcair inti dramhaíl arb é atá inti mearcair nó comhdhúile mearcair, nó dramhaíl a bhfuil mearcair nó comhdhúile mearcair inti nó atá éillithe ag mearcair nó comhdhúile mearcair.

⁽⁵⁵⁾ EDS, *Safe management of wastes from health-care activities*, an dara heagrán, 2014 (leagan an 27.6.2023 le fáil ag https://www.euro.who.int/__data/assets/pdf_file/0012/268779/Safe-management-of-wastes-from-health-care-activities-Eng.pdf).

⁽⁵⁶⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1147.

2.3. Líontaí talún nach bhfuil comhréireach leis an dlí agus láithreáin dumpála dramhaíola thréigthe nó neamhdhleathacha a fheabhsú

Tuairisc ar an ngníomhaíocht

Líontaí talún nach bhfuil comhréireach leis an dlí⁽⁵⁷⁾ agus láithreáin dumpála dramhaíola thréigthe nó neamhdhleathacha⁽⁵⁸⁾ a fheabhsú, ar líontaí talún nó láithreáin dumpála dramhaíola iad a dúnadh agus nach bhfuil tuilleadh dramhaíola á cur iontu seachas, b'fhéidir, dramhaíl thámh nó bhithchobhsaithe atá le úsáid mar ábhar cumhdaigh (a mhéid a cheadaítear sin sa chead comhshaoil le haghaidh an tionscadail feabhsúcháin).

Féadfar a áireamh sa ghníomhaíocht aon cheann de na straitéisí agus foghníomhaíochtaí feabhsúcháin seo a leanas a chuirtear chun feidhme de ghnáth mar chuid de thionscadail arb é is aidhm dóibh astaíochtaí truailliúcháin⁽⁵⁹⁾ ó líontaí talún nach bhfuil comhréireach leis an dlí agus ó láithreáin dumpála dramhaíola thréigthe nó neamhdhleathacha a bhaint, a rialú, a shrianadh nó a laghdú:

- (a) feabhsúchán trí líontaí talún nach bhfuil comhréireach leis an dlí nó láithreáin dumpála dramhaíola neamhdhleathacha a leithlisiú ó thaobh an chomhshaoil de ag an láthair ina bhfuil siad, lena n-áirítear:
 - (i) leithlisiú fisiceach, comhchruinniú, cobhsú struchtúrach agus cosaint an líonta talún nach bhfuil comhréireach leis an dlí nó an láithreáin dumpála dramhaíola neamhdhleathacha, lena n-áirítear bacainní hiodrálacha, séalú, draenáil agus sraitheanna cumhdaigh a chur i bhfeidhm;
 - (ii) córais draenála agus córais bailithe agus cóireála ar leithligh a shuiteáil, a oibriú agus a choinneáil ar bun le haghaidh láisteáit agus uisce a ritheann chun srutha sula sceitear iad;
 - (iii) córais bailithe, laghdaithe agus rialaithe gáis líonta talún a shuiteáil, a oibriú agus a choinneáil ar bun, lena n-áirítear toibreacha, píopaí agus córais bladhmtha;
 - (iv) barrithir agus cumhdach fásra a chur i bhfeidhm chun críoch athnádúrúcháin;
- (b) feabhsúchán trí líontaí talún nach bhfuil comhréireach leis an dlí nó láithreáin dumpála dramhaíola neamhdhleathacha a thochailt agus a bhaint agus an dramhaíl thochailte a chóireáil, a aisghabháil nó a dhiúscairt ina dhiaidh sin, lena n-áirítear:
 - (i) an dramhaíl atá taiscthe sa láithreán a thochailt go roghnaitheach agus í a lastáil agus a iompar chuig saoráidí ceadaithe cóireála, aisghabhála nó diúscairthe atá ann cheana ina ndéantar bainistíocht ar leithligh ar dhramhaíl neamhghuaiseach agus ghuaiseach;
 - (ii) ábhair agus breoslaí ó dhramhaíl neamhghuaiseach thochailte a shórtáil agus a aisghabháil, lena n-áirítear saoráidí agus trealamh tiomnaithe a shuiteáil, a oibriú agus a choinneáil ar bun ar feadh ré an tionscadail feabhsúcháin;
- (c) feabhsúchán trí ithreacha, uisce dromchla agus screamhuisce a dhí-éilliú ag láthair an truaillithe, lena n-áirítear an méid seo a leanas:
 - (i) ithir a thochailt go roghnaitheach, a lastáil, a iompar, a stóráil go sealadach agus a aislíonadh, agus bainistíocht ar leithligh á déanamh ar ithreacha neamhéillithe agus éillithe;
 - (ii) ithir nó uisce éillithe a chóireáil, ar an láthair nó *ex situ*, ag baint úsáid go háirithe as modhanna fisiceacha, ceimiceacha nó bitheolaíocha, lena n-áirítear saoráidí tiomnaithe a shuiteáil, a oibriú agus a choinneáil ar bun ar feadh ré an tionscadail feabhsúcháin;
 - (iii) bacainní hiodrálacha a chur i bhfeidhm, ar bacainní gníomhacha agus éighníomhacha iad atá beartaithe ascnamh truailléan a theorannú/a chosc.

⁽⁵⁷⁾ Sainmhínítear 'líonadh talún' i dTreoir 1999/31/CE ón gComhairle an 26 Aibreán 1999 maidir le líonadh talún le dramhaíl (IO L 182, 16.7.1999, lch. 1) mar 'láithreán diúscairthe dramhaíola chun dramhaíl a thaisceadh ar an talamh nó isteach sa talamh (i.e. faoin talamh)' lena n-áirítear dramhaíl neamhghuaiseach agus ghuaiseach araon.

Is éard is líonadh talún 'nach bhfuil comhréireach leis an dlí' ann líonadh talún nach gcomhlíonann na ceanglais oibríochtúla agus theicniúla a shainítear i reachtaíocht ábhartha an Aontais nó i reachtaíocht ábhartha náisiúnta.

⁽⁵⁸⁾ Is éard is 'láithreán dumpála dramhaíola' ann láithreán a úsáidtear chun dramhaíl a thaisceadh nach bhfuil feistithe le córais laghdaithe truaillithe.

⁽⁵⁹⁾ Ciallaíonn 'astaíocht' scaoileadh substaintí, ullmhóidí, orgánach nó miocrorgánach isteach sa chomhshaoil, de thoradh ghníomhaíochtaí an duine (mar a leagtar amach in Airteagal 2 de Threoir 2004/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 maidir le dliteanas comhshaoil i ndáil le damáiste comhshaoil a chosc agus a leigheas (IO L 143, 30.4.2004, lch. 56).

Áirítear leis an ngníomhaíocht freisin na foghníomhaíochtaí seo uile a leanas a cheanglaítear chun na bearta feabhsúcháin thuas a ullmhú agus a phleanáil, chun faireachán a dhéanamh orthu agus chun bearta leantacha a dhéanamh ina leith:

- (a) imscrúduithe ullmhúcháin, lena n-áirítear gníomhaíochtaí bailithe sonraí agus suirbhéireachta (go háirithe suirbhéanna geolaíocha nó hidreolaíocha), staidéir féidearthachta teicniúla agus tionchair comhshaoil a cheanglaítear chun an tionscadal feabhsúcháin a shainiú;
- (b) ullmhú láithreán, lena n-áirítear oibreacha crécharta agus leibhéalaithe, ballaí imill nó fála a thógáil nó a threisiú, bóithre le haghaidh rochtain phríomhúil agus bóithre inmheánacha a thógáil, foirgnimh nó struchtúir eile ar an láithreán líonta talún a scartáil;
- (c) faireachán agus rialú a dhéanamh ar na bearta feabhsúcháin, lena n-áirítear:
 - (i) ithir, uisce, dríodar, bithra nó ábhair eile a shampláil;
 - (ii) anailís saotharlainne a dhéanamh ar shamplaí chun cineál agus tiúchan na dtruailléan a shainaithint;
 - (iii) saoráidí agus trealamh faireacháin amhail toibreacha breathnóireachta a shuiteáil, a oibriú agus a choinneáil ar bun laistigh agus lasmuigh d'imeall an láithreáin líonta talún;
- (d) bearta eile cosanta comhshaoil agus bearta eile um thruailliú a chosc agus a rialú a chur chun feidhme chun na coinníollacha a fhorchuirtear leis an gcead comhshaoil ar an tionscadal feabhsúcháin a chomhlíonadh, lena n-áirítear bearta chun sábháilteacht oibríochtaí ar an láthair agus sláinte oibrithe a choimirciú, amhail bearta um rialú dóiteáin, cosaint ar thuille, bainistiú dramhaíola guaisí.

Ní áirítear leis an ngníomhaíocht:

- (a) dúnadh buan agus athshlánú líontaí talún atá ann cheana nó líontaí talún nua, agus iarchúram ina leith, a chomhlíonann Treoir 1999/31/CE ⁽⁶⁰⁾ ón gComhairle, nó gníomhaíochtaí atá lonnaithe i dtríú tíortha a bhfuil reachtaíocht náisiúnta choibhéiseach acu nó atá ailínithe le caighdeáin idirnáisiúnta aitheanta an tionscail ⁽⁶¹⁾;
- (b) gás líonta talún a thrasfhoirmiú lena úsáid mar iompróir fuinnimh nó mar bhunábhar tionscail;
- (c) an láithreán feabhsaithe a athfhorbairt le haghaidh úsáid eacnamaíoch eile, amhail limistéir áineasa, chónaithe nó thráchtála, suiteáil grianphainéal;
- (d) bearta cúiteacha i leith truailliú de dheasca an líonta talún nó an láithreáin dumpála amhail córais mhalartacha soláthair uisce a fhorbairt agus a oibriú le haghaidh na ndaoine dá ndéantar dífear a chónaíonn sa cheantar máguaird.

D'fhéadfadh na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa chatagóir seo a bheith bainteach le roinnt cóid NACE, go háirithe E39, E38.2, E38.32 agus F42.9 i gcomhréir leis an aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006.

Critéir scagtha theicniúla

Rannchuidiú mór le cosc agus rialú ar thruailliú

1. Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir seo a leanas go léir:

- (a) ní hé an t-oibreoir ⁽⁶²⁾ ba chúis leis an truailliú nó táirgeoir dramhaíola nó duine atá ag gníomhú thar ceann an oibreora nó an táirgeoira sin a dhéanann an ghníomhaíocht feabhsúcháin chun Treoir 2004/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁶³⁾ a chomhlíonadh nó, i gcás gníomhaíochtaí atá lonnaithe i dtríú tíortha, chun reachtaíocht náisiúnta choibhéiseach nó caighdeáin idirnáisiúnta a chomhlíonadh lena ndéantar an prionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as a chur i bhfeidhm maidir le feabhsú thruailliú an chomhshaoil de dheasca gníomhaíochtaí eacnamaíocha;

⁽⁶⁰⁾ Treoir 1999/31/CE ón gComhairle an 26 Aibreán 1999 maidir le líonadh talún le dramhaíl (IO L 182, 16.7.1999, lch. 1).

⁽⁶¹⁾ Amhail, ar an leibhéal idirnáisiúnta, treoirlínte oibríochtúla maidir le líonadh talún arna bhfoilsíú ag an gComhlachas Idirnáisiúnta um Dhramhaíl Sholadach (ISWA).

⁽⁶²⁾ Mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe 6, de Threoir 2004/35/CE.

⁽⁶³⁾ Treoir 2004/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 maidir le dliteanas comhshaoil i ndáil le damáiste comhshaoil a chosc agus a leigheas (IO L 143, 30.4.2004, lch. 56).

- (b) déantar éilleáin ábhartha a bhaint, a rialú, a shrianadh nó a laghdú ag úsáid modhanna fisiceacha, ceimiceacha, bitheolaíocha nó eile chun a áirithiú nach bhfuil aon riosca suntasach dochair do shláinte an duine agus don chomhshaol ag baint a thuilleadh leis an líonadh talún agus an limistéar éillithe (talún, dobharlaigh nó eile), agus úsáid an limistéir tráth a rinneadh an damáiste nó an úsáid atá formheasta dó amach anseo á cur san áireamh, mar a shonraítear i gcaighdeáin rialála náisiúnta nó, i gcás nach bhfuil caighdeáin den sórt sin ar fáil, i measúnú riosca inmheánach ina gcuirtear san áireamh saintréith agus fairsinge an limistéir (talún, dobharlaigh nó eile) atá buailte, cineál, airíonna (marthanachta, soghluaisteachta agus tocsaineachta) agus tiúchan na substaintí, na n-ullmhóidí, na n-orgánach nó na miocrorgánach, conairí ascnaimh a d'fhéadfadh a bheith ann agus an dóchúlacht go n-easrófaí iad ⁽⁶⁴⁾.
2. Ullmhaítear agus déantar an ghníomhaíocht i gcomhréir le dea-chleachtas an tionscail agus áirítear léi na heilimintí seo uile a leanas:
- (a) dúnadh an líonadh talún nach bhfuil comhréireach leis an dlí nó an láithreán dumpála dramhaíola neamhdhleathach agus níl tuilleadh dramhaíola á cur ann seachas, b'fhéidir, dramhaíl thámh nó bhithchobhsaithe atá le úsáid mar ábhar cumhdaigh (a mhéid a cheadaítear sin sa chead comhshaoil le haghaidh an tionscadail feabhsúcháin);
- (b) déantar imscrúduithe ullmhúcháin, lena n-áirítear suirbhéanna a bhaineann go sonrach leis an láithreán agus bailiú sonraí fisiceacha, ceimiceacha nó micribhitheolaíocha i gcomhréir le dea-chleachtas an tionscail agus leis na teicnící is fearr atá ar fáil chun na nithe seo a leanas a shuí:
- (i) suíomh, saintréithe agus fairsinge an líonta talún agus an limistéir thruaillithe;
 - (ii) na dálaí foluiteacha geolaíocha agus hidreolaíocha;
 - (iii) cainníocht, comhdhéanamh agus foinsí dóchúla na dramhaíola sa líonadh talún;
 - (iv) truailliú ithreach agus uisce de thionscnamh na dramhaíola chomh maith leis na rioscaí do shláinte an duine agus don chomhshaol.
- (c) is ionchuir le haghaidh staidéar féidearthachta iad torthaí imscrúduithe feabhais den sórt sin lena sainítear cuspóirí, spriocanna agus raon feidhme an fheabhsúcháin agus lena ndéantar meastóireacht ar roghanna malartacha feabhais;
- (d) déantar anailís ar na roghanna feabhais i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2004/35/CE agus in Iarscríbhinn I agus III a ghabhann le Treoir 1999/31/CE, nó i gcás gníomhaíochtaí atá lonnaithe i dtríú tíortha, i reachtaíocht náisiúnta choibhéiseach nó i gcaighdeáin idirnáisiúnta a nglactar go coitianta leo ⁽⁶⁵⁾, agus tugtar tuairisc orthu i staidéar féidearthachta a dhéantar le haghaidh an tionscadail feabhsúcháin líonta talún a léiríonn go háiritheach an chaoi inarb é an rogha feabhais an réiteach is fearr ar an iomlán chun na cuspóirí agus na spriocanna sainithe feabhsúcháin a chomhlíonadh;
- (e) formheasann an t-údarás inniúil an tionscadal feabhsúcháin líonta talún, lena n-áirítear an plean faireacháin agus rialaithe a ghabhann leis, agus téitear i gcomhairle le páirtithe leasmhara maidir leis i gcomhréir le ceanglais dhlíthiúla náisiúnta;
- (f) na hábhair agus na breoslaí uile a aisghabhtar ó dhramhaíl i líonadh talún, comhlíonann siad caighdeáin cháilíochta ábhartha nó sonraíochtaí úsáideora maidir leis na hoibríochtaí aisghabhála beartaithe agus níl aon riosca don chomhshaol nó do shláinte an duine ag baint leo;
- (g) aon dramhaíl ghuaiseach a eastóscar nó a tháirgtear ar aon bhealach eile de thoradh na gníomhaíochta feabhsúcháin, tá sí faoi réir bailiú, iompar, cóireáil, aisghabháil nó diúscairt iomchuí ag oibreoir údaráithe, i gcomhréir le ceanglais dhlíthiúla náisiúnta;
- (h) ní úsáidtear modhanna feabhsúcháin ithreach agus screamhuisce bunaithe go heisiach ar thiúchan truailléan a laghdú trína chaolú le huisce nó substaint eile;

⁽⁶⁴⁾ Féach Treoir 2004/35/CE, Iarscríbhinn II, pointe 2. I gcás gníomhaíochtaí feabhsúcháin lasmuigh den Aontas Eorpach, ach amháin más éigeantach caighdeáin chomhionanna nó caighdeáin níos doichte faoin reachtaíocht náisiúnta, tagraítear do Threoraíocht Chlár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (UNEP) maidir le bainistiú láithreán éillithe.

⁽⁶⁵⁾ Féach Treoir 2004/35/CE, Iarscríbhinn II, pointe 1.3.1. I gcás gníomhaíochtaí feabhsúcháin lasmuigh den Aontas Eorpach, tagraítear do Threoraíocht UNEP maidir le bainistiú láithreán éillithe agus do na caighdeáin agus na treoirchoiciméid maidir le bainistiú líonta talún arna bhfoilsiú ag an gComhlachas Idirnáisiúnta um Dhramhaíl Sholadach, lena n-áirítear Treoirlínte Idirnáisiúnta maidir le Meastóireacht ar Líonadh Talún (2011), Treochlár um Láithreáin Dumpála Dramhaíola a Dhúnadh (2016) agus Treoirlínte Oibriúcháin maidir le Líonadh Talún (2014, 2019).

- (i) cuirtear plean rialaithe agus faireacháin chun feidhme, lena n-áirítear bearta chun tionchair na gníomhaíochtaí feabhsúcháin a rialú agus chun baint amach cuspóirí agus spriocanna an fheabhsúcháin a fhíorú, ar feadh 10 mbliana ar a laghad i gcás ina ndéantar an líonadh talún nó an láithreán dumpála dramhaíola a thochailt agus a bhaint agus ar feadh 30 bliain ar a laghad i gcás ina ndéantar an líonadh talún nó an láithreán dumpála dramhaíola a leithlisiú ó thaobh an chomhshaoil de, ach amháin má shainíonn an reachtaíocht náisiúnta nó an t-údarás rialála inniúil fad tréimhse difriúil atá leordhóthanach chun rialú riosca fadtéarmach a ráthú le haghaidh an tionscadail feabhsúcháin shonraigh.

Gan dochar suntasach a dhéanamh ('DNSH')

(1) Maolú ar an athrú aeráide	I gcás ina bhfuil méideanna suntasacha dramhaíola in-bhithdhíghrádaithe sa líonadh talún, tá córas gabhála agus laghdaithe gáis líonta talún agus plean faireacháin ar sceitheadh gáis líonta talún i bhfeidhm i gcomhréir le ceanglais oibríochtúla agus theicniúla Threoir 1999/31/CE nó, i gcás gníomhaíochtaí atá lonnaithe i dtríú tíortha, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta coibhéiseach nó le caighdeáin tionscail idirnáisiúnta a nglactar go coitianta leo ⁽⁶⁶⁾ .
(2) Oiriúnú don athrú aeráide	Na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn A a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo, comhlíontar leis an gníomhaíocht iad.
(3) Úsáid inbhuanaithe a bhaint as uisce agus acmhainní mara agus iad a chosaint	Na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn B a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo, comhlíontar leis an gníomhaíocht iad. Le bearta feabhais, cosnaítear uisce agus acmhainní muirí agus cuirtear dea-chleachtais an tionscail agus teicneolaíocht ⁽⁶⁷⁾ i bhfeidhm arb é is aidhm dóibh: (a) giniúint láisteaití ón líonadh talún a laghdú agus eis-sreabhadh nó insíothlú láisteaití isteach san ithir máguaird agus aon ghuais fhéideartha d'uisce dromchla agus screamhuisce a sheachaint; (b) uisce a ritheann chun srutha agus láisteaití a bhailiú go leithleach agus a chóiriú go hiomchuí sula sceitear iad; (c) rátaí giniúna láisteaití agus tiúchan agus comhdhéanamh láisteaití a rianú agus anailís a dhéanamh orthu sa tréimhse iarchúraim trí chórais agus próisis rialaithe agus faireacháin iomchuí; (d) ithir thruaillithe sa líonadh talún agus timpeall air a bhailiú go leithleach agus a chóireáil go hiomchuí chun bac a chur ar an gconair ón líonadh talún go dtí docharlaigh trí ithir atá ar maos go mór.
(4) Aistriú chuig geilleagar ciorclach	I gcás ina ndéanann an tionscadal feabhsúcháin foráil maidir leis an líonadh talún nó an láithreán dumpála dramhaíola atá ann cheana a thochailt agus a bhaint, déantar bainistíocht ar an dramhaíl thochailte i gcomhréir le prionsabal ord na réiteach dramhaíola, lena dtugtar tosaíocht don athchúrsáil thar chineálacha eile aisghabhála ábhair, thar loscadh agus diúscairt, a mhéid is féidir sin go teicniúil agus nach méadaíonn sé na rioscaí don chomhshaol nó do shláinte an duine.

⁽⁶⁶⁾ I gcás gníomhaíochtaí feabhsúcháin lasmuigh den Aontas Eorpach, tagraítear do Threoraíocht UNEP maidir le bainistiú láithreán éillithe agus do na caighdeáin agus na treoirghoiciméid maidir le bainistiú líonta talún arna bhfoilsíú ag an gComhlachas Idirnáisiúnta um Dhramhaíl Sholadach, lena n-áirítear Treoirlínte Idirnáisiúnta maidir le Meastóireacht ar Líonadh Talún (2011), Treochlár um Láithreáin Dumpála Dramhaíola a Dhúnadh (2016) agus Treoirlínte Oibriúcháin maidir le Líonadh Talún (2014, 2019).

⁽⁶⁷⁾ I gcás gníomhaíochtaí feabhsúcháin lasmuigh den Aontas Eorpach, tagraítear do Threoraíocht UNEP maidir le bainistiú láithreán éillithe agus do na caighdeáin agus na treoirghoiciméid maidir le bainistiú líonta talún arna bhfoilsíú ag an gComhlachas Idirnáisiúnta um Dhramhaíl Sholadach, lena n-áirítear Treoirlínte Idirnáisiúnta maidir le Meastóireacht ar Líonadh Talún (2011), Treochlár um Láithreáin Dumpála Dramhaíola a Dhúnadh (2016) agus Treoirlínte Oibriúcháin maidir le Líonadh Talún (2014, 2019).

(6) Bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú	Na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn D a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo, comhlíontar leis an ngníomhaíocht iad. I gcás inarb infheidhme, cuirtear cosc ar thabhairt isteach speiceas coimhthíoch ionrach nó déantar bainistíocht ar a leathadh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1143/2014.
---	---

2.4. Láithreáin agus limistéir éillithe a fheabhsú

Tuairisc ar an ngníomhaíocht

Áirítear leis an ngníomhaíocht:

- (a) ithreacha agus screamhuisce sa limistéar truaillithe a dhí-éilliú nó a fheabhsú, ar an láthair nó *ex situ*, go háirithe ag úsáid modhanna fisiceacha, ceimiceacha nó bitheolaíoch;
 - (b) gléasraí nó láithreáin thionsclaíoch éillithe a dhí-éilliú nó a fheabhsú;
 - (c) uisce dromchla agus a chladaí a dhí-éilliú nó a fheabhsú tar éis truailliú de thimpiste, amhail trí thruailleáin a bhailiú nó trí mhodhanna fisiceacha, ceimiceacha nó bitheolaíoch;
 - (d) doirteadh ola agus cineálacha eile truailléan ar na nithe seo a leanas nó isteach iontu a ghlanadh:
 - (i) uisce dromchla lena n-áirítear aibhneacha, lochanna, uiscí cósta nó uiscí trasdultacha;
 - (ii) screamhuisce mar a shainmhínítear i dTreoir 2000/60/CE;
 - (iii) uiscí mara mar a shainmhínítear i dTreoir 2008/56/CE;
 - (iv) dríodair (i gcás uisce dromchla de gach cineál);
 - (v) éiceachórais uisceacha;
 - (vi) foirgnimh;
 - (vii) ithir;
 - (viii) éiceachórais talún;
 - (e) laghdú ábhartha ar shubstaintí, meascáin nó táirgí guaiseacha, amhail aispeist nó péint luaidhe-bhunaithe;
 - (f) gníomhaíochtaí speisialaithe eile um rialú truaillithe;
 - (g) glantachán i ndiaidh tubaistí de dheasca guaiseacha nádúrtha, amhail tuile, nó crith talún;
 - (h) feabhsúchán ar láithreáin mhianadóireachta nach bhfuil in úsáid a thuilleadh nó láithreacha stairiúla mianadóireachta nach bhfuil bainteach le hioncaim eastósctha;
 - (i) oibríochtaí srianta, bacainní hiodrálacha, bacainní gníomhacha agus éighníomhacha atá beartaithe ascnamh truailléan a theorannú nó a chosc.

Áirítear leis an ngníomhaíocht freisin na gníomhaíochtaí uile a cheanglaítear chun an ghníomhaíocht feabhsúcháin nó dí-éillithe féin a ullmhú agus a phleanáil, chun faireachán a dhéanamh uirthi agus chun bearta leantacha a dhéanamh ina leith, amhail:

- (a) imscrúduithe ullmhúcháin, lena n-áirítear gníomhaíochtaí bailithe sonraí agus suirbhéireachta (go háirithe suirbhéanna geolaíoch nó hidreolaíoch), staidéir féidearthachta teicniúla agus tionchair comhshaoil a cheanglaítear chun an tionscadal feabhsúcháin a shainiú;
- (b) faireachán agus rialú a dhéanamh ar na bearta feabhsúcháin, lena n-áirítear:
 - (i) ithir, uisce, dríodar, bithra nó ábhair eile a shampláil;
 - (ii) anailís saotharlainne a dhéanamh ar shamplaí chun cineál agus tiúchan na dtruailléan a shainaithint;

- (iii) saoráidí agus trealamh faireacháin amhail toibreacha breathnóireachta a shuiteáil, a oibriú agus a choinneáil ar bun laistigh agus lasmuigh d'imeall an láithreáin feabhsúcháin;
- (c) foirgnimh nó struchtúir éillithe eile a scartáil, innealra agus trealamh mórsála a dhíchóimeáil (i.e. dhíchóimisiúnú) agus séalú agus coincreitiú an dromchla a bhaint;
- (d) créchartadh nó dreideáil, lena n-áirítear tochair, líonadh talún, leibhéalú, ballaí imill nó fála a thógáil nó a threisiú, bóithre le haghaidh rochtain phríomhúil agus bóithre inmheánacha a thógáil agus aon ghníomhaíocht eile is gá chun an dí-éilliú a oibriú;
- (e) bearta eile cosanta comhshaoil agus bearta eile um thruailliú a chosc agus a rialú a chur chun feidhme chun na coinníollacha a fhorchuirtear leis an gcead comhshaoil ar an tionscadal feabhsúcháin a chomhlíonadh, lena n-áirítear bearta chun sábháilteacht oibríochtaí ar an láthair agus sláinte oibrithe a choimirciú (amhail bearta um rialú dóiteáin, cosaint ar thuilte, bainistiú dramhaíola guaisí), cosaint oibrithe, rialú rochtana ar láithreáin, bainistiú ar speicis ionracha roimh dhí-éilliú nó feabhsúchán nó ina dhiaidh, oibríochtaí treisithe a dhéantar roimh dhí-éilliú nó lena linn.

Ní áirítear leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch:

- (a) rialú bitheolaíoch sa talmhaíocht;
- (b) íonú uisce chun críoch soláthair uisce;
- (c) gléasraí agus láithreáin núicléacha a dhí-éilliú nó a fheabhsú;
- (d) dramhaíl ghuaiseach nó neamhghuaiseach nach mbaineann le fadhb éillithe an láithreáin a chóireáil agus a dhiúscairt;
- (e) feabhsú moirfeolaíoch;
- (f) feabhsú líontaí talún nach bhfuil comhréireach leis an dlí nó láithreán dumpála dramhaíola tréigthe nó neamhdhleathach nach mbaineann leis an láithreán atá á fheabhsú (Féach Roinn 2.3. den Iarscríbhinn seo);
- (g) seirbhísí éigeandála (féach Roinn 14.1. d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139);
- (h) scuabadh agus uisciú sráideanna amuigh faoin aer.

D'fhéadfadh na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa chatagóir seo a bheith bainteach le roinnt cóid NACE, go háirithe 39, 33.20, 43.11, 43.12, 71.12, 71.20, 74.90, 81.30 i gcomhréir leis an aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhunaítear le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006.

Critéir scagtha theicniúla

Rannchuidiú mór le cosc agus rialú ar thruailliú

1. Ní hé an t-oibreoir ⁽⁶⁸⁾ ba chúis leis an truailliú nó duine atá ag gníomhú thar ceann an oibreora sin a dhéanann na gníomhaíochtaí feabhsúcháin chun ceanglais Threoir 2004/35/CE a chomhlíonadh nó, i gcás gníomhaíochtaí atá lonnaithe i dtríú tíortha, chun forálacha dliteanaís comhshaoil bunaithe ar an bprionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as a chomhlíonadh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.
 2. Déantar na héilleáin ábhartha a bhaint, a rialú, a shrianadh nó a laghdú ag úsáid modhanna meicniúla, ceimiceacha, bitheolaíocha nó eile ionas nach mbeidh aon riosca suntasach dochair do shláinte an duine agus don chomhshaoil ag baint a thuilleadh leis an limistéar éillithe (talún, dobharlaigh nó eile), agus úsáid an limistéir tráth a rinneadh an damáiste nó an úsáid atá formheasta dó amach anseo á cur san áireamh ⁽⁶⁹⁾, mar a leagtar amach i gceann díobh seo a leanas:
-

⁽⁶⁸⁾ Mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe 6, de Threoir 2004/35/CE.

⁽⁶⁹⁾ Féach Treoir 2004/35/CE, Iarscríbhinn II, pointe 2.

-
- (a) caighdeáin rialála náisiúnta;
- (b) i gcás nach bhfuil na caighdeáin sin ar fáil, measúnú riosca inmheánach a bhaineann go sonrach leis an láithreán ina gcuirtear san áireamh saintréith agus fairsinge an limistéir (talún, dobharlaigh nó eile) atá buailte, cineál, airíonna (marthanachta, soghluaisteachta agus tocsaineachta) agus tiúchan na substaintí, na n-ullmhóidí, na n-orgánach nó na miocrorgánach, conairí ascnaimh a d'fhéadfadh a bheith ann agus an dóchúlacht go n-easrófaí iad ⁽⁷⁰⁾.
3. Déantar an ghníomhaíocht feabhsúcháin i gcomhréir le dea-chleachtas an tionscail agus áirítear léi na heilimintí seo uile a leanas:
- (a) tá deireadh curtha leis an mbunghníomhaíocht oibríochtúil nó leis an ngléasra lochtach agus an trealamh coimhdeach ba chúis leis an éillíú nó tugadh aghaidh orthu ionas nach bhféadfadh tuilleadh éillithe teacht uathu sula ndéantar aon ghníomhaíocht mheasúnúcháin nó feabhsúcháin (cé is moite de thruailliú aer trasteorann fadraoin nó foinsí idirleata do-shainaitheanta eile);
- (b) déantar imscrúduithe ullmhúcháin, lena n-áirítear suirbhéanna a bhaineann go sonrach leis an láithreán agus bailiú sonraí fisiceacha, ceimiceacha nó micribhitheolaíocha i gcomhréir le dea-chleachtas an tionscail agus leis na teicnící is fearr atá ar fáil chun na heilimintí seo a leanas a shuí a úsáidtear chun spriocanna comhshaoil an fheabhsúcháin a shainiú agus meastóireacht a dhéanamh ar na roghanna feabhais:
- (i) suíomh, saintréithe agus fairsinge an láithreáin éillithe;
- (ii) na dálaí foluiteacha geolaíocha agus hidreolaíocha;
- (iii) cainníocht, comhdhéanamh agus foinsí dóchúla an éillithe;
- (iv) truailliú ithreach agus uisce de thionscnamh na dramhaíola chomh maith leis na rioscaí do shláinte an duine agus don chomhshaoil.
- (c) déantar anailís ar na roghanna feabhais i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2004/35/CE ⁽⁷¹⁾ agus sainítear na bearta feabhais is oiriúnaí i bplean feabhsúcháin tiomnaithe, lena n-áirítear ceanglais agus plean faireacháin;
- (d) aon dramhaíl ghuaiseach nó neamhghuaiseach a eastóscar nó a tháirgtear ar aon bhealach eile de thoradh na gníomhaíochta feabhsúcháin, tá sí faoi réir bailiú, iompar, cóireáil, aisghabháil nó diúscairt iomchuí ag oibreoir údaráithe, i gcomhréir le ceanglais dhlíthiúla agus glactar cúram ar leith cosc a chur ar ithreacha éillithe tochailte a mheascadh le hithreacha neamhéillithe;
- (e) ní áirítear ar mhodhanna feabhsúcháin laghdú ar thiúchan truailléan trína chaolú le huisce nó substaint eile, ach amháin má thugtar údar iomlán leis sin, ar chúiseanna nach breithnithe costais iad, sa phlean feabhsúcháin;
- (f) déantar gníomhaíochtaí rialaithe, faireacháin nó cothabhála sa chéim iarchúraim ar feadh 10 mbliana ar a laghad, ach amháin má shainítear sa dlí náisiúnta nó sa phlean feabhsúcháin agus faireacháin fad tréimhse difriúil atá leordhóthanach chun rialú riosca fadtéarmach a ráthú (féach pointe 4).
4. Formheasann an t-údarás inniúil an plean sonrach feabhsúcháin agus faireacháin i gcomhréir le ceanglais dhlíthiúla náisiúnta, tar éis dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara áitiúla.
-

⁽⁷⁰⁾ Féach Treoir 2004/35/CE Iarscríbhinn II, pointe 2. I gcás gníomhaíochtaí i dtríú tíortha, ach amháin más éigeantach caighdeáin níos doichte faoin reachtaíocht náisiúnta, cuirtear Treoraíocht UNEP maidir le bainistiú láithreán éillithe i bhfeidhm (UNEP/MC/COP.3/8/Rev.1) – Guidance Contaminated Sites_EN.pdf (mercuryconvention.org).

⁽⁷¹⁾ Féach Treoir 2004/35/CE, Iarscríbhinn II, pointe 1.3.1.

I gcás gníomhaíochtaí i dtríú tíortha, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta coibhéiseach is infheidhme nó le caighdeáin idirnáisiúnta (amhail Treoraíocht UNEP maidir le bainistiú láithreán éillithe (UNEP/MC/COP.3/8/Rev.1) – Guidance Contaminated Sites_EN.pdf (mercuryconvention.org) lena gceanglaítear feabhsúchán bunaithe ar phróiseas malartach a dtugtar tuairisc go trédhearcach air agus cur chuige luachála i leith straitéis oiriúnach a shainiú, lena gcuimsítear bearta feabhais (lena n-áirítear ceanglais faireacháin), bearta feabhais comhlántacha agus cúiteacha i bplean feabhsúcháin tiomnaithe.

Gan dochar suntasach a dhéanamh ('DNSH')

(1) Maolú ar an athrú aeráide	Ní bhaineann an ghníomhaíocht le díghrádú na talún ag a bhfuil ardstoc carbóin ⁽⁷²⁾ . Áirítear sa phlean feabhsúcháin bearta chun astaíochtaí GCT scóip 1 agus scóip 2 ⁽⁷³⁾ a laghdú sa phróiseas maidir le baint iomlán nó cóireáil.
(2) Oiriúnú don athrú aeráide	Na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn A a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo, comhlíontar leis an ngníomhaíocht iad.
(3) Úsáid inbhuanaithe a bhaint as uisce agus acmhainní mara agus iad a chosaint	Na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn B a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo, comhlíontar leis an ngníomhaíocht iad.
(4) Aistriú chuig geilleagar ciorclach	70 % ar a laghad (de réir meáchain) d'ábhair dramhaíola neamhghuaisí foirgníochta, scartála nó eile (cé is moite d'ábhar a fhaightear go nádúrtha arna shainiú in aicme 17 05 04 sa liosta dramhaíola a bhunaítear le Cinneadh 2000/532/CE) a ghintear ar an láithreán atá á fheabhsú, ullmhaítear iad lena n-athúsáid, lena n-athchúrsáil nó le haghaidh aisghabháil ábhar eile, lena n-áirítear oibríochtaí aislíonta ina n-úsáidtear dramhaíl in ionad ábhar eile, i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola agus le Prótacal Bainistíochta Dramhaíola Foirgníochta agus Scartála an Aontais Eorpaigh ⁽⁷⁴⁾ , ach amháin má thugtar údar soiléir lena mhalairt sa Phlean Feabhsúcháin bunaithe ar chúiseanna teicniúla nó comhshaoil nach breithnithe costais iad.
(6) Bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú	Na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn D a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo, comhlíontar leis an ngníomhaíocht iad. Áirítear an méid seo a leanas: (a) san Aontas, i ndáil le láithreáin Natura 2000: níl éifeachtaí suntasacha ag an ngníomhaíocht ar láithreáin Natura 2000 i bhfianaise a gcuspóirí caomhnaithe ar bhonn measúnú iomchuí arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 6(3) de Threoir 92/43/CEE; (b) san Aontas, in aon réimse: níl an ghníomhaíocht díobhálach do théarnamh ná do chothabháil líon na speiceas atá faoi chosaint faoi Threoracha 92/43/CEE agus 2009/147/CE a bhfuil stádas caomhantais fabhrach acu. Níl an ghníomhaíocht díobhálach do théarnamh nó do chothabháil na gcineálacha gnáthóige lena mbaineann agus atá faoi chosaint faoi Threoir 92/43/CEE a bhfuil stádas caomhantais fabhrach acu; (c) cuirtear cosc ar speicis choimhthíocha ionracha a thabhairt isteach, nó bainistítear leathadh na speiceas sin i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1143/2014.

⁽⁷²⁾ Ciallaíonn talamh a bhfuil ardstoc carbóin aici bogaigh, lena n-áirítear talamh portaigh, agus limistéir atá faoi fhórais leanúnach, féarthailte, mangróibh agus móinéir féir mara de réir bhrí Airteagal 29(4)(a), (b) agus (c) de Threoir (AE) 2018/2001.

⁽⁷³⁾ Ciallaíonn 'astaíochtaí GCT scóip 1' na hastaíochtaí gás ceaptha teasa díreacha a thagann as foinsí atá faoi úinéireacht nó rialú an oibreora. Ciallaíonn 'astaíochtaí GCT scóip 2' na hastaíochtaí gás ceaptha teasa indíreacha a thagann as giniúint an leictreachais a thomhlaíonn an t-oibreoir.

⁽⁷⁴⁾ Prótacal Bainistíochta Dramhaíola Foirgníochta agus Scartála an Aontais Eorpaigh, Meán Fómhair 2016: <https://ec.europa.eu/docsroom/documents/20509/>.

Foscábhinn A

Critéir ghinearálta le haghaidh DNSH maidir le hoiriúnú don athrú aeráide**I. Critéir**

Sainithníodh na rioscaí fisiceacha aeráide ó na cinn atá ábhartha don ghníomhaíocht a liostaítear sa tábla i Roinn II den Fhoscábhinn seo trí mheasúnú láidir a dhéanamh ar riosca agus ar leochaileacht i leith na haeráide leis na céimeanna seo a leanas:

- (a) scagadh na gníomhaíochta chun a shainithint cé na rioscaí fisiciúla aeráide ón liosta i Roinn II den Fhoscábhinn seo a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'fheidhmíocht na gníomhaíochta eacnamaíche le linn a saolré ionchais;
- (b) i gcás ina measfar go bhfuil an ghníomhaíocht i mbaol i ngeall ar cheann amháin nó níos mó de na rioscaí aeráide fisiciúla atá liostaithe i Roinn II den Fhoscábhinn seo, measúnú riosca agus leochaileachta aeráide chun ábharthacht na rioscaí aeráide fisiciúla don ghníomhaíocht eacnamaíoch a mheasúnú;
- (c) measúnú ar réitigh oiriúnaithe atá in ann an riosca fisiceach a sainithníodh don aeráid a laghdú.

Tá an measúnú ar riosca agus ar leochaileacht i leith na haeráide i gcomhréir le scála na gníomhaíochta agus lena saolré ionchasach, ionas gur fíor an méid seo a leanas dá réir sin:

- (a) maidir le gníomhaíochtaí lena mbaineann saolré ionchasach níos lú ná 10 mbliana, cuirtear an measúnú chun feidhme, ar a laghad, trí réamh-mheastacháin aeráide a úsáid ar an scála iomchuí is lú;
- (b) maidir leis na gníomhaíochtaí uile eile, cuirtear an measúnú i bhfeidhm agus na réamh-mheastacháin úrscothacha ardaifigh aeráide is airde atá ar fáil á n-úsáid thar an raon cásanna amach anseo atá ann cheana ⁽¹⁾ i gcomhréir le saolré ionchasach na gníomhaíochta, agus san áireamh leo, ar a laghad, cásanna réamh-mheastacháin aeráide 10 mbliana go 30 bliain i gcás infheistíochtaí móra.

Tá na réamh-mheastacháin aeráide agus na measúnuithe tionchair bunaithe ar dhea-chleachtas agus ar threoir atá ar fáil agus tugtar an eolaíocht is fearr atá ar fáil maidir le hanailís leochaileachta agus riosca agus modheolaíochtaí gaolmhara san áireamh leo i gcomhréir leis na tuarascálacha is déanaí ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide ⁽²⁾, le foilseacháin eolaíochta phiarmheasúnaithe agus le samhlacha foinse oscailte ⁽³⁾ nó samhlacha íocaíochta.

I gcás gníomhaíochtaí atá ann cheana agus gníomhaíochtaí nua ina n-úsáidtear sócmhainní fisiciúla atá ann cheana, cuireann an t-oibreoir eacnamaíoch réitigh fhisiceacha agus neamhfhisiciúla ('réitigh oiriúnaithe') chun feidhme thar thréimhse suas le 5 bliana, lena laghdaítear na rioscaí aeráide fisiciúla is tábhachtaí atá sainitheanta agus atá ábhartha don ghníomhaíocht sin. Dréachtaítear plean oiriúnaithe le haghaidh chur chun feidhme na réiteach sin dá réir sin.

Maidir le gníomhaíochtaí nua agus gníomhaíochtaí reatha ina n-úsáidtear sócmhainní fisiciúla nua-thógtha, comhtháthaíonn an t-oibreoir eacnamaíoch na réitigh oiriúnaithe a laghdaíonn na rioscaí aeráide fisiciúla is tábhachtaí atá aitheanta agus atá ábhartha don ghníomhaíocht sin tráth an deartha agus na tógála agus cuireann sé chun feidhme iad sula gcuirtear tús leis na hoibríochtaí.

Ní bhíonn tionchar diúltach ar na hiarrachtaí oiriúnaithe ná ar leibhéal na seasmhachta in aghaidh rioscaí fisiceacha don aeráid ó dhaoine eile, an dúlra, sócmhainní agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha eile; tá siad comhsheasmhach le straitéisí agus pleananna oiriúnaithe áitiúla, earnála, réigiúnacha nó náisiúnta; agus tugtar tús áite leo do réitigh dhúlraibhunaíthe ⁽⁴⁾ nó bíonn siad ag brath ar an mbonneagar glas nó gorm ⁽⁵⁾ a mhéid is féidir.

⁽¹⁾ Áirítear le cásanna sa todhchaí conairí tiúchana ionadaíoch RCP2.6, RCP4.5, RCP6.0 agus RCP8.5 den Phainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide.

⁽²⁾ Measúnuithe tionchair maidir le hAthrú Aeráide: Tionchair, Oiriúnú agus Leochaileacht a fhoilsíonn an Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) go tréimhsiúil, comhlacht de chuid na Náisiún Aontaithe atá freagrach as an eolaíocht a bhaineann leis an athrú aeráide a mheasúnú, <https://www.ipcc.ch/reports/>.

⁽³⁾ Amhail seirbhísí Copernicus arna mbainistiú ag an gCoimisiún Eorpach.

⁽⁴⁾ Sainmhínítear réitigh dhúlraibhunaíthe mar 'réitigh a fhaigheann inspioráid agus tacaíocht ón dúlra, atá costéifeachtach, agus a sholáthraíonn tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus eacnamaíocha ag an am céanna agus a chuidíonn chun athléimneacht a thógáil. Tugann réitigh den sórt sin níos mó gnéithe agus próisis de chuid an dúlra agus níos mó gnéithe agus próisis nádúrtha agus gnéithe agus próisis níos éagsúla isteach i gcathracha, tírdhreacha agus muirdhreacha, trí idirghabhálacha sistéamacha a chuirtear in oiriúint go háitiúil agus atá tíosach ar acmhainní. Dá bhrí sin, tairbhíonn réitigh dhúlraibhunaíthe don bhithéagsúlacht agus tacaíonn siad le raon seirbhísí éiceachórais a sheachadadh. (leagan an 27.6.2023: <https://ec.europa.eu/research/environment/index.cfm?pg=nbs>).

⁽⁵⁾ Féach an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Bonneagar Glas (GI) – Caipiteal Nádúrtha na hEorpa a Mhéadú (COM(2013) 249 final).

II. Guaiseacha a bhaineann leis an aeráid a aicmiú ⁽⁶⁾

	Rioscaí a bhaineann le teocht	Rioscaí a bhaineann le gaoth	Rioscaí a bhaineann le huisce	Rioscaí a bhaineann le mais sholadach
Ainsealach	Athrú teochta (aer, fionnuisce, uisce mara)	Athrú i bpátrúin ghaoithe	Athrú i bpátrúin agus i gcineáil frasaíochta (báisteach, clocha sneachta, sneachta/leac oighir)	Creimeadh cósta
	Strus teirmeach		Frasaíochta nó inathraitheacht hidreolaíocha	Díghrádú ithreach
	Inathraitheacht teochta		Aigéadú na n-aigéan	Creimeadh ithreach
	Talamh síorshioctha ag leá		Ionsá salanda	Sreabhadh ithreach
			Ardú ar leibhéal na farraige	
			Strus maidir le huisce	
Géar	Tonn teasa	Cioclón, hairicín, tíofún	Triomach	Maidhm shneachta
	Tonn fuachta/sioc	Stoirm (lena n-áirítear síobadh sneachta, deannach agus stoirmeacha gainimh)	Frasaíocht throm (báisteach, clocha sneachta, sneachta/leac oighir)	Maidhm shléibhe
	Falscaí	Tornádó	Tuile (chósta, srutha, bháistiúil, screamhuisce)	Turnamh
			Ráig locha oighrigh	

⁽⁶⁾ Níl an liosta de ghuaiseacha a bhaineann leis an aeráid sa tábla seo iomlán, agus ní chuimsítear ann ach liosta táscach de na guaiseacha is forleithne atá le tabhairt san áireamh mar íosmhéid sa mheasúnú ar riosca agus ar leochaileacht i leith na haeráide.

Foscúibhinn B

Critéir ghinearálta le haghaidh DNSH maidir le húsáid inbhuanaithe a bhaint as uisce agus acmhainní mara agus iad a chosaint

Sainithnítear rioscaí díghrádaithe comhshaoil a bhaineann le cáilíocht an uisce a chosaint agus strus uisce a sheachaint agus tugtar aghaidh ar na rioscaí sin agus é mar aidhm dea-stádas uisce agus cumas maith éiceolaíoch a bhaint amach mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointí (22) agus (23), de Rialachán (AE) 2020/852, i gcomhréir le Treoir 2000/60/CE ⁽¹⁾ agus plean bainistíochta úsáide agus cosanta uisce, a fhorbraítear fúthu don dobharlach nó na dobharlaigh a ndéantar difear dóibh, i gcomhairle le páirtithe leasmhara ábhartha.

I gcás ina ndéantar Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaoil i gcomhréir le Treoir 2011/92/AE agus ina bhfuil measúnú ar an tionchar ar an uisce san áireamh i gcomhréir le Treoir 2000/60/CE, ní éilítear aon mheasúnú breise ar thionchar ar an uisce, ar choinníoll gur tugadh aghaidh ar na rioscaí a sainithníodh.

Ní chuireann an ghníomhaíocht isteach ar bhaint amach stádas maith comhshaoil uiscí mara ná ní dhéantar meathlú léi ar uiscí mara a bhfuil stádas maith comhshaoil acu cheana féin mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (5), de Threoir 2008/56/CE ⁽²⁾, agus Cinneadh (AE) 2017/848 á chur san áireamh i ndáil leis na critéir ábhartha agus na caighdeáin mhodheolaíochta maidir leis na tuairisceoirí sin.

(¹) Le haghaidh gníomhaíochtaí i dtríú tíortha, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó na caighdeán idirnáisiúnta is infheidhme lena saothraítear cuspóirí coibhéiseacha dea-stádas uisce agus cumas maith éiceolaíoch, trí rialacha coibhéiseacha nós imeachta agus substainteacha, i.e. plean bainistíochta úsáide agus cosanta uisce i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara ábhartha 1) go ndéantar measúnú ar thionchar na ngníomhaíochtaí ar stádas nó cumas éiceolaíochta sainaitheanta an dobharlaigh nó na ndobharlach uisce dá ndéantar difear agus 2) seachnaítear meathlú nó cosc ar dhea-stádas/chumas éiceolaíoch nó, i gcás nach bhfuil sé seo féideartha, 3) go bhfuil údar leis mar gheall ar easpa malairtí comhshaoil níos fearr nach bhfuil costasach go díreireach/indéanta go teicniúil, agus go nglactar gach céim chun an drochthionchar ar stádas an dobharlaigh a mhaolú.

(²) Foráiltear leis an sainmhíniú a leagtar síos in Airteagal 3, pointe 5, de Threoir 2008/56/CE, go háirithe, go bhfuil stádas maith comhshaoil le cinneadh ar bhonn na dtuairisceoirí cáilíochtúla a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin.

Foscúbhinn D

Critéir ghinearálta le haghaidh DNSH maidir le bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú

Cuireadh Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol (MTC) nó scagadh ⁽¹⁾ i gcrích i gcomhréir le Treoir 2011/92/AE ⁽²⁾.

I gcás ina ndearnadh MTC, tá na bearta maolaithe agus cúiteacha a éilítear chun an comhshaol a chosaint curtha chun feidhme.

Maidir le suíomhanna/oibríochtaí atá suite i limistéir atá íogair ó thaobh na bithéagsúlachta de nó gar dóibh (lena n-áirítear líonra limistéir faoi chosaint Natura 2000, láithreáin Oidhreacht Domhanda agus Príomhlímistéir Bithéagsúlachta Unesco, chomh maith le limistéir eile faoi chosaint), rinneadh measúnú iomchuí ⁽³⁾, i gcás inarb infheidhme, agus bunaithe ar a chonclúidí cuirtear na bearta maolaithe riachtanacha ⁽⁴⁾ i bhfeidhm.

⁽¹⁾ An nós imeachta trína gcinneann an t-údarás inniúil cibé an mbeidh na tionscadail a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2011/92/AE faoi réir ag measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol (dá dtagraítear in Airteagal 4(2) den Treoir sin).

⁽²⁾ Le haghaidh gníomhaíochtaí i dtríú tíortha, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó leis na caighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme a cheanglaíonn go ndéanfaí MTC nó scagadh, mar shampla, Caighdeán Feidhmíochta 1 IFC: Measúnú agus Bainistíocht Rioscaí Comhshaoil agus Sóisialta.

⁽³⁾ I gcomhréir le Treoracha 2009/147/CE agus 92/43/CEE. Le haghaidh gníomhaíochtaí atá suite i dtríú tíortha, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó leis na caighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme, a dhíríonn ar chaomhnú gnáthóg nádúrtha, fána fiáin agus flóra fiáin, agus a éilíonn go ndéantar (1) nós imeachta scagtha lena chinneadh an bhfuil gá, le haghaidh gníomhaíochta ar leith, le measúnú cuí ar na tionchair féideartha ar ghnáthóga agus speicis chosanta; (2) measúnú cuí den sórt sin i gcás ina gcinntear ón scagadh go bhfuil gá leis, mar shampla, Caighdeán Feidhmíochta IFC 6: Caomhnú na Bithéagsúlachta agus Bainistíocht Inbhuanaithe na Beo-Acmhainní Nádúrtha.

⁽⁴⁾ Sainaithníodh na bearta sin chun a áirithiú nach mbeidh aon éifeachtaí suntasacha ag an tionscadal, ag an bplean ná ag an ngníomhaíocht ar chuspóirí caomhnaithe an limistéir faoi chosaint.

IARSCRÍBHINN IV

Critéir scagtha theicniúla chun na coinníollacha a chinneadh faoina gcáilíonn gníomhaíocht eacnamaíoch mar ghníomhaíocht lena rannchuidítear go substaintiúil le bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athchóiriú agus chun a chinneadh cé acu a dhéantar nó nach ndéantar dochar suntasach leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch sin d'aon cheann de na cuspóirí comhshaoil eile

Clár na nÁbhar

Leathanach

1. Gníomhaíochtaí cosanta agus athchóirithe an chomhshaoil	116
1.1. Gnáthóga, éiceachórais agus speicis a chaomhnú, lena n-áirítear iad a athchóiriú	116
2. Gníomhaíochtaí cóiríochta	120
2.1. Óstáin, cóiríocht saoire, tailte campála agus cóiríocht chomhchosúil	120

1. **Gníomhaíochtaí cosanta agus athchóirithe an chomhshaoil**1.1. **Gnáthóga ⁽¹⁾, éiceachórais ⁽²⁾ agus speicis a chaomhnú, lena n-áirítear iad a athchóiriú***Tuairisc ar an ngníomhaíocht*

Gníomhaíochtaí chaomhnaithe a thionscnamh, a fhorbairt agus a réadú ar bhonn féinchuntais nó ar bhonn táille nó conartha, lena n-áirítear gníomhaíochtaí athchóirithe, arb é is aidhm dóibh stádas agus treochothaí gnáthóga talún, fionnuisce agus muirí, éiceachóras talún, fionnuisce agus muirí agus pobal talún, fionnuisce agus muirí de speicis fána agus flóra lena mbaineann a chothabháil nó a fheabhsú.

Áirítear ar an ngníomhaíocht eacnamaíoch:

- (a) gníomhaíochtaí caomhnaithe *in situ*, arna sainmhíniú ag an gCoinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht ⁽³⁾ mar chaomhnú éiceachóras agus gnáthóg nádúrtha agus mar chothabháil agus athshlánú líon inmharthana speiceas ina dtimpeallacht nádúrtha;
- (b) gníomhaíochtaí athchóirithe arna sainmhíniú mar ghníomhaíochtaí lena gcabhraítear go gníomhach nó go heighníomhach i) le héiceachóras a athshlánú i dtreo an dea-reachta ⁽⁴⁾, ii) le cineál gnáthóige a athshlánú go dtí an leibhéal baile is airde is féidir a bhaint amach agus go dtí a limistéar tagartha fabhrach nó a fairsinge nádúrtha fabhrach, iii) le gnáthóg speicis ⁽⁵⁾ a athshlánú go cáilíocht agus cainníocht leordhóthanach, nó iv) líon speiceas a athshlánú go leibhéil shásúla.

Ní áirítear leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch caomhnú *ex-situ* comhpháirteanna den éagsúlacht bhitheolaíoch, lena n-áirítear i ngairdíní luibheolaíocha, zúnna, uisceadáin nó bainc síolta.

Níl cód tiomnaithe NACE ag na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa chatagóir seo ach cumhdaítear iad go páirteach faoi chód NACE R91.04 dá dtagraítear san aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006. Baineann na gníomhaíochtaí le hAicme 6 den aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí cosanta comhshaoil a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 691/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁶⁾.

⁽¹⁾ Ciallaíonn 'Gnáthóg' limistéar talún nó uisceach a bhfuil gnéithe geografacha, aibitheacha agus bitheacha mar shaintréithe acu, bídís go hiomlán nádúrtha nó leathnádúrtha, i gcomhréir le hAirteagal 1, pointe (b) de Threoir 92/43/CEE.

⁽²⁾ Ciallaíonn 'éiceachórais' coimpléasc dinimiciúil de phobail plandaí, ainmhithe agus miocrorgánach agus a dtimpeallacht neamhbheo, agus iad ag idirghníomhú mar aonad feidhmiúil, agus áirítear leo cineálacha gnáthóige, gnáthóga speiceas agus pobail speiceas.

⁽³⁾ Airteagal 2 'Úsáid Téarmaí' den Choinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht, (leagan an 27.6.2023: ar fáil ag <https://www.cbd.int/convention/articles/?a=cbd-02>).

⁽⁴⁾ Ciallaíonn 'dea-riocht' staid ina léiríonn príomh-shaintréithe éiceachórais, is é sin a staid fhisiceach, cheimiceach, chomhdhéanaimh, struchtúrach agus feidhmiúil, agus a shaintréithe tírdhreacha agus muirdhreacha, an leibhéal ard sláine éiceolaíochta, cobhsaíochta agus athléimneachta is gá chun a chothabháil fhadtéarmach a áirithiú, gan dochar a dhéanamh do shainmhínte níos sonraí ar 'dea-riocht' faoi chreataí dlíthiúla éagsúla.

⁽⁵⁾ Ciallaíonn 'gnáthóg speicis' timpeallacht a shainítear de réir fachtóirí sonracha aibitheacha agus bitheacha ina maireann an speiceas ag aon cheim dá thimthriall bhitheolaíoch.

⁽⁶⁾ Rialachán (AE) 691/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2011 maidir le cuntais Eorpacha eacnamaíocha chomhshaoil (IO L 192, 22.7.2011, lch. 1).

Critéir scagtha theicniúla

Rannchuidiú substaintiúil le bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athchóiriú

1. Coinníollacha ginearálta

1.1. Leis an ngníomhaíocht, rannchuidítear le ceann díobh seo a leanas:

- (a) dea-riochta choinneáil ar éiceachórais, speicis, gnáthóga nó gnáthóga speiceas;
- (b) éiceachórais, gnáthóga nó gnáthóga speiceas a athbhunú nó a athchóiriú i dtreo na dea-bhaile, lena n-áirítear trína limistéar nó a raon a mhéadú.

1.2. Féadfaidh aon chineál oibreora an ghníomhaíocht a dhéanamh gan beann ar phríomhréimse na gníomhaíochta.

2. Tuairisc thosaigh ar an limistéar a chumhdaítear leis an ngníomhaíocht chaomhnaithe

2.1. Tarlaíonn an ghníomhaíocht i limistéar ar a bhfuil tuairisc mhionsonraithe ar a dhálaí éiceolaíocha tosaigh ina bhfuil na heilimintí seo a leanas:

- (a) mapáil ar na gnáthóga reatha agus ar an riocht ina bhfuil siad;
- (b) i gcás inarb infheidhme, stádas cosanta an limistéir;
- (c) staid na bpríomhspeiceas a thréithriú i dtéarmaí ábharthacht an chaomhnaithe sa limistéar (lena n-áirítear liosta speiceas, neasmhéid an daonra, neasmhéid ghnáthóg an speicis agus cáilíocht na gnáthóige sin, an tréimhse ina n-úsáideann an speiceas an limistéar);
- (d) a thábhachtaí atá an limistéar chun dea-riocht a bhaint amach maidir le speicis, gnáthóga nó gnáthóga speiceas ar an leibhéal réigiúnach, náisiúnta nó idirnáisiúnta de réir mar is iomchuí;
- (e) i gcás inarb ábhartha, an acmhainneacht chun riocht na speiceas, na ngnáthóg nó ghnáthóga na speiceas atá sa limistéar a fheabhsú nó gnáthóga nó gnáthóga na speiceas a athbhunú sa limistéar nó chun nascacht idir gnáthóga a fheabhsú.

3. Plean bainistíochta nó ionstraim choibhéiseach

3.1. Cumhdaítear an limistéar le plan bainistíochta nó le hionstraim choibhéiseach, amhail plan athchóirithe ⁽⁷⁾, rud a thugtar cothrom le dáta go rialta agus i gcás ar bith gach 10 mbliana ar a laghad, agus ina bhfuil an fhaisnéis seo a leanas:

- (a) tuairisc ar rannchuidiú ionchasach an limistéir leis na cuspóirí caomhnaithe dúlra arna leagan síos ag an údarás dúlra inniúil nó an údarás comhshaoil inniúil agus comhthéacs réigiúnach, náisiúnta, Aontais agus idirnáisiúnta an dlí agus an bheartais á gcur san áireamh;
 - (b) liosta na speiceas, na ngnáthóg agus ghnáthóga na speiceas a bhainfidh tairbhe as na bearta caomhnaithe (dá ngairtear 'gnáthóga agus speicis spriocdhírithe' anseo feasta);
 - (c) fad an phlean agus tuairisc shoiléir ar na cuspóirí caomhnaithe do gach gnáthóg agus speiceas spriocdhírithe agus ar na bearta caomhnaithe comhfhreagracha lena dtugtar aghaidh ar bhrúnna agus bagairtí sainaitheanta, lena n-áirítear an spriocdháta ionchasach chun na cuspóirí caomhnaithe a bhaint amach. I gcás ina dtéann na spriocdháta níos faide ná fad an phlean bainistíochta, saineofar an dul chun cinn ionchasach (garspriocanna) i dtreo an phlean a bhaint amach;
 - (d) tuairisc ar na bagairtí agus ar na brúnna a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach na gcuspóirí caomhnaithe, lena n-áirítear claochluithe réamh-mheasta gnáthóige arb é an t-athrú aeráide is cúis leo;
 - (e) na bearta chun a áirithiú go mbainfear amach gach critéar DNSH don ghníomhaíocht sin;
 - (f) breithniú ar shaincheisteanna sóisialta (lena n-áirítear caomhnú an tírdhreacha, comhairliúchán le páirtithe leasmhara i gcomhréir leis na téarmaí agus na coinníollacha a leagtar síos sa dlí náisiúnta);
-

⁽⁷⁾ Is féidir leis an bplan athchóirithe a bheith mar chuid de phlean bainistíochta. I gcás ina gcumhdaítear an limistéar ag plan bainistíochta, níl aon phlean athchóirithe breise ag teastáil.

- (g) i gcás inarb infheidhme, tuairisc ar sheirbhísí éiceachórais feabhsaithe, amhail stóráil carbóin, íonú uisce, cosaint ar thuilte, cosc creimthe, pailniú, deiseanna áineasa, agus sochair shocheacnamaíocha níos leithne;
- (h) scéim faireacháin le táscairí sonracha agus ábhartha, lenar féidir dul chun cinn a thomhas i dtreo na cuspóirí caomhnaithe a bhaint amach agus bearta ceartaitheacha a shainaithint de réir mar is gá;
- (i) na daoine agus na heagraíochtaí a bhfuil baint acu le bainistiú nó le hathchóiriú an limistéir agus, más ábhartha, na comhoibrithe nó na comhpháirtíochtaí is gá a chur i bhfeidhm chun na cuspóirí caomhnaithe a bhaint amach;
- (j) na bearta arna ndéanamh chun trédhearcacht a áirithiú maidir leis na cuspóirí caomhnaithe, na bearta caomhnaithe agus an faireachán agus torthaí an fhaireacháin sin;
- (k) an cistiú is gá chun na bearta caomhnaithe a chur chun feidhme, chun faireachán a dhéanamh ar an limistéar agus chun é a iniúchadh.

3.2. I gcás nach bhfuil na heilimintí ar fad atá sonraith i bpointe 3.1 sa phlean bainistíochta nó san ionstraim choibhéiseach, is é oibreoir na gníomhaíochta a chuirfidh an fhaisnéis ar fáil.

4. Iniúchadh

- 4.1. Déanann deimhnitheoir neamhspleách tríú páirtí an tuairisc thosaigh ar an limistéar caomhantais agus ar an bplean bainistíochta nó ar an ionstraim choibhéiseach a shonraítear i bpointí 2 agus 3 a fhíorú ag tús na gníomhaíochta caomhnaithe.
- 4.2. Ag deireadh ré an phlean bainistíochta nó na hionstraime coibhéisí agus ar a laghad gach 10 mbliana, fíorófar baint amach na gcuspóirí arna socrú ag tús an phlean bainistíochta agus urramú chritéir DNSH.

Áirítear leis an bhfíorú tuairisc mhionsonraithe nuashonraithe ar dhálaí éiceolaíocha an limistéir mar a shonraítear i bpointe 2, meastóireacht ar éifeachtacht na mbearta caomhnaithe, agus ar bhaint amach na gcuspóirí caomhnaithe, meastóireacht ar leagan nuashonraithe den phlean bainistíochta nó den ionstraim choibhéiseach, agus na moltaí don chéad phlean bainistíochta nó ionstraim choibhéiseach eile.

4.3. Is ceachtar díobh seo a leanas a dhéanann an fíorú i gcomhréir le pointí 4.1 agus 4.2:

- (a) na húdaráis náisiúnta inniúla ábhartha;
- (b) deimhnitheoir tríú páirtí neamhspleách, ar iarratas ó údaráis náisiúnta nó ó oibreoir na gníomhaíochta.

D'fhonn costais a laghdú, féadfar iniúcháiríochtaí a dhéanamh i gcomhar le haon deimhniú foraoise, deimhniú úsáide talún, deimhniú bithéagsúlachta, deimhniú aeráide nó iniúcháiríocht eile.

Ní bheidh aon choinbhleacht leasa ag an deimhnitheoir neamhspleách tríú páirtí leis an úinéir ná leis an maoinitheoir, agus ní bheidh baint aige le forbairt ná le hoibríocht na gníomhaíochta.

Mar thoradh ar an bhfíorú, eisiúnn an deimhnitheoir tuarascáil iniúcháiríochta.

5. Ráthaíocht buaine

- 5.1. I gcomhréir leis an dlí náisiúnta, cumhdaítear an limistéar ina dtarlaíonn an ghníomhaíocht le ceann de na bearta seo a leanas:
 - (a) aicmítear an limistéar mar limistéar faoi chosaint i gcomhréir le Córas Catagóirí Limistéir faoi Chosaint IUCN ⁽⁸⁾, mar láithreán Natura 2000 faoi Threoir 92/43/CEE, nó mar Bheart Caomhnaithe Éifeachtach Limistéarbhunaithe Eile ⁽⁹⁾, de réir an dlí náisiúnta nó faoi choinbhinsiún idirnáisiúnta a bhfuil an tír ina sínitheoir air agus bainistítear go héifeachtach é chun meathlú a chosc agus chun athchóiriú speiceas agus gnáthóg nó gnáthóg speiceas a chumasú;

⁽⁸⁾ Féach <https://www.iucn.org/theme/protected-areas/about/protected-area-categories>, (leagan an 27.6.2023).

⁽⁹⁾ Leagtar amach an sainmhíniú ar Bheart Caomhnaithe Éifeachtach Limistéarbhunaithe Eile agus treoir maidir lena chur i bhfeidhm i gCinneadh 14/8 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an mBithéagsúlacht (leagan an 27.6.2023: <https://www.cbd.int/doc/decisions/cop-14/cop-14-dec-08-en.pdf>).

- (b) tá sé beartaithe go ndéanfar an limistéar a athchóiriú nó a chaomhnú i bplean reachtúil úsáide talún, fionnuisce nó muirí arna fhormheas ag na húdaráis inniúla;
- (c) tá an limistéar faoi réir ag socrú conarthach poiblí nó príobháideach lenar féidir a áirithiú gur féidir na cuspóirí caomhnaithe a bhaint amach agus a chothabháil.
- 5.2. Geallann oibreoir an limistéir ina ndéantar an ghníomhaíocht chaomhnaithe go gcuirfear plean bainistíochta nua nó ionstraim choibhéiseach atá ag teacht leis na cuspóirí caomhnaithe ar fáil roimh dheireadh an phlean roimhe sin.
6. Íoscheanglais bhreise
- 6.1. Eisiatar fritháireamh thionchar gníomhaíochta eacnamaíche eile faoin ngníomhaíocht seo ⁽¹⁰⁾. Ní féidir ach gnóthachain ghlana bithéagsúlachta a eascraíonn as caomhnú/athchóiriú a chur san áireamh mar rannchuidiú substaintiúil faoin ngníomhaíocht seo ⁽¹¹⁾.
- 6.2. Déantar tabhairt isteach speiceas coimhthíoch ionrach a chosc nó déantar leathadh na speiceas sin a bhainistiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1143/2014.

Gan dochar suntasach a dhéanamh

(1) Maolú ar an athrú aeráide	Ní bhaineann an ghníomhaíocht le díghrádú talún a bhfuil stoc ard carbóin aige ⁽¹²⁾ ná le díghrádú na timpeallachta muirí a bhfuil stoc ard carbóin aici.
(2) Oiriúnú don athrú aeráide	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn A a ghabhann leis an larscríbhinn seo.
(3) Úsáid inbhuanaithe a bhaint as uisce agus acmhainní muirí agus iad a chosaint	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn B a ghabhann leis an larscríbhinn seo.
(4) Aistriú chuig geilleagar ciorclach	Ní bhaineann le hábhar
(5) Cosc agus rialú ar thruailliú	Íoslaghdaítear úsáid lotnaidicídí agus táthar i bhfabhar cur chuige nó teicnící malartacha, a bhféadfadh roghanna malartacha neamhcheimiceacha ar lotnaidicídí a bheith san áireamh leo, i gcomhréir le Treoir 2009/128/CE, cé is moite de na hócáidí sin inar gá lotnaidicídí a úsáid chun ráigeanna lotnaidí agus galar a rialú. Leis an ngníomhaíocht, íoslaghdaítear úsáid leasachán, lena n-áirítear aoileach, lena áirithiú nach dtéann sí thar a bhfuil riachtanach chun cuspóirí caomhnaithe agus athchóirithe an limistéir a bhaint amach agus go gcomhlíonann sí na Cóid Dea-Chleachtais Talmhaíochta agus na Pleananna Gníomhaíochta maidir le Níotrátí i Limistéir Leochaileacha ó thaobh Níotrátí de a bunaíodh i gcomhréir le Treoir 91/676/CEE ón gComhairle ⁽¹³⁾. Comhlíonann an ghníomhaíocht Rialachán (AE) 2019/1009 nó na dlíthe náisiúnta maidir le leasacháin nó feabhsaitheoirí ithreach le haghaidh úsáid talmhaíochta.

⁽¹⁰⁾ Is torthaí intomhaiste caomhnaithe iad fritháireamh bithéagsúlachta a eascraíonn as bearta atá ceaptha chun drochthionchair iarmharacha dhosheachanta bithéagsúlachta a eascraíonn as gníomhaíocht nó tionscadal a chúiteamh tar éis bearta coisctheacha agus maolaithe iomchuí a bheith déanta. Is é sprioc na bhfritháireamh bithéagsúlachta na luachanna bithéagsúlachta céanna (gnáthóga, speicis nó éiceachórais) a bhfuil tionchar diúltach ag an ngníomhaíocht nó ag an tionscadal orthu a chaomhnú.

⁽¹¹⁾ D'fhéadfadh torthaí breise caomhnaithe/athchóirithe a bheith san áireamh leis sin thar bhearta fritháirimh.

⁽¹²⁾ Ciallaíonn 'talamh a bhfuil stoc ard carbóin aige' bogaigh, lena n-áirítear talamh portaigh, agus limistéir foraoise gan bhriseadh de réir bhrí Airteagal 29(4)(a), (b) agus (c) de Threoir (AE) 2018/2001.

⁽¹³⁾ Treoir 91/676/CEE ón gComhairle an 12 Nollaig 1991 maidir le huiscí a chosaint ar thruailliú de bharr níotrátí ó fhoinsí talmhaíochta (IO L 375, 31.12.1991, lch. 1).

	Glactar bearta dea-dhoiciméadaithe agus infhíoraithe chun go seachnófar úsáid comhábhar gníomhach a liostaítear in Iarscríbhinn I, cuid A, de Rialachán (AE) 2019/1021 ⁽¹⁴⁾, i gCoinbhinsiún Rotterdam maidir leis an nós imeachta um thoiú eolach roimh ré le haghaidh ceimiceáin agus lotnaidicídí guaiseacha áirithe i dtrádáil idirnáisiúnta, i gCoinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair, i bPrótacal Montréal maidir le Substaintí lena n-áirítear an Ciseal Ózóin, agus chun úsáid comhábhar gníomhach a sheachaint ar comhábhair ghníomhacha iad a liostaítear faoi aicme Ia ('fhorghuaiseach') nó Ib ('thar a bheith guaiseach') san Aicmiú Lotnaidicídí faoi Ghuais arna mholadh ag EDS ⁽¹⁵⁾. Seachnaítear truailliú uisce agus ithreach agus glactar bearta glantacháin nuair a tharlaíonn an truailliú. Comhlíontar an dlí náisiúnta maidir le comhábhair ghníomhacha leis an ngníomhaíocht.
--	---

2. Gníomhaíochtaí cóiríochta

2.1. Óstáin, cóiríocht saoire, tailte campála agus cóiríocht chomhchosúil

Tuairisc ar an ngníomhaíocht

Soláthar cóiríochta gearrthéarma turasóireachta ⁽¹⁶⁾ le seirbhísí gaolmhara nó dá n-éagmais, lena n-áirítear glantachán, seirbhísí bia agus dí, páirceáil, seirbhísí níos áineasa, linnte snámha agus seomraí aclaíochta, saoráidí áineasa chomh maith le saoráidí comhdhála agus coinbhinsiúin.

Áirítear leis sin cóiríocht arna soláthar ag na nithe seo a leanas:

- (a) óstáin agus móstáin de gach cineál;
- (b) tithe saoire;
- (c) árasáin do chuairteoirí, bungalónna, teachíní agus cábáin;
- (d) brúnna óige agus tearmainn sléibhe;
- (e) láithreacha campála agus páirceanna leantóirí;
- (f) spás agus saoráidí d'fheithiclí áineasa;
- (g) campaí áineasa agus campaí iascaireachta agus seilge;
- (h) scáthláin chosanta nó áiseanna biobháige simplí chun pubaill nó málaí codlata a chur.

Ní áirítear sa chatagóir seo na nithe seo a leanas:

- (a) tithe agus árasáin, bídís faoi thoscán nó gan troscán, a sholáthar le haghaidh úsáid níos buaine, ar bhonn míosúil nó bliantúil de ghnáth;
- (b) longa cúrsála.

Ní mheastar gur rannchuidiú le bearta caomhnaithe nó athchóirithe iad fritháirimh chaomhnaithe nó athchóirithe de chuid tionchar arna sainiú ag céim údaráithe fhoirmiúil na gníomhaíochta turasóireachta.

⁽¹⁴⁾ Lena gcuirtear Coinbhinsiún Stóicólm maidir le truailléin orgánacha leanúnacha (IO L 209, 31.7.2006, lch. 3.) chun feidhme san Aontas.

⁽¹⁵⁾ Aicmiú Lotnaidicídí faoi Ghuais arna Mholadh ag EDS (leagan 2019), (leagan an 27.6.2023: <https://apps.who.int/iris/bitstream/handle/10665/332193/9789240005662-eng.pdf?ua=1>).

⁽¹⁶⁾ Ciallaíonn 'turasóireacht' an ghníomhaíocht a dhéanann cuairteoirí nuair a théann siad ar thuras chuig príomhcheann scríbe lasmuigh dá ngnáththimpeallacht, ar feadh níos lú ná bliain amháin, ar mhaithe le príomhchuspóir ar bith, lena n-áirítear gnó, fóillíocht nó cuspóir pearsanta eile, seachas chun a bheith fostaithe ag eintiteas cónaitheach san áit a bhfuil cuairt á tabhairt air, féach an ghluais 'Staidreamh Eurostat Mínithe', (leagan an 27.6.2023: <https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=Glossary:Tourism>).

D'fhéadfadh na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa chatagóir seo a bheith bainteach le roinnt chóid NACE, go háirithe I55.10, I55.20 agus I55.30 i gcomhréir leis an aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006.

Critéir scagtha theicniúla

Rannchuidiú substaintiúil le bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athchóiriú

1. Rannchuidiú le gníomhaíochtaí caomhnaithe nó athchóirithe

1.1. Leis an ngníomhaíocht, rannchuidítear le bearta caomhnaithe nó athchóirithe a chomhlíonann na critéir scagtha theicniúla don ghníomhaíocht 'Gnáthóga, éiceachórais agus speicis a chaomhnú, lena n-áirítear iad a athchóiriú' a leagtar amach i Roinn 1.1 den Iarscríbhinn seo, i limistéir atá sainaitheanta go soiléir, laistigh den cheann scríbe turasóireachta ⁽¹⁷⁾ céanna leis an gcóiríocht nó gar dó. Is féidir aon chineál limistéir a bhfuil ardluach caomhantais dúlra aige atá cumhdaithe ag plean bainistíochta nó ag ionstraim choibhéiseach amhail plean athchóirithe (dá ngairtear 'limistéir caomhnaithe' thíos) a bheith ina limistéir den sórt sin.

1.2. Na gníomhaíochtaí lena rannchuidítear le bearta caomhnaithe nó athchóirithe dá dtagraítear i bpointe 1.1, sainmhínítear iad i gcomhaontú conarthach sonrathach nó in ionstraim choibhéiseach idir oibreoir na gníomhaíochta agus an eagraíocht atá i gceannas ar chaomhnú nó athchóiriú an limistéir. Cumhdaíonn an comhaontú 5 bliana ar a laghad agus déantar athbhreithniú rialta air, gach 5 bliana ar a laghad i gcás ar bith. Sainítear ann spriocanna soiléire faoi cheangal ama maidir le rannchuidiú leis an limistéir caomhantais nó athchóirithe. Féadfaidh an ranníocaíocht le bearta caomhnaithe nó athchóirithe dá dtagraítear i bpointe 1.1 a bheith ina ranníocaíocht airgeadais nó ina ranníocaíocht chomhchineáil agus féadfaidh sí a bheith i gceann de na foirmeacha seo a leanas:

- (a) cuairteanna ar limistéir caomhantais a thairiscint nó a eagrú ar limistéir caomhantais é ina gcuirtear táillí iontrála, ceada nó úsáideora i bhfeidhm;
- (b) lamháltais agus léasanna le haghaidh seirbhísí a bhaineann go díreach le limistéir caomhantais a oibriú (arna n-eisiúint ag an eagraíocht atá i gceannas ar bhainistiú an limistéir);
- (c) bunaíochtaí cóiríochta do thurasóirí a oibriú laistigh de limistéir caomhantais ach gan a bheith faoi réir lamháltais (i gcomhaontú leis an eagraíocht atá i gceannas ar bhainistiú an limistéir);
- (d) saorálaithe a thairiscint nó a bhainistiú le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann go díreach le caomhnú (i gcomhréir le cuspóirí caomhnaithe an limistéir caomhantais);
- (e) deiseanna oideachasúla a thairiscint nó a bhainistiú a bhaineann go díreach le caomhnú agus le hiompar iomchuí (i gcomhréir le cuspóirí caomhnaithe an limistéir caomhantais);
- (f) táirgí d'aon chineál a cheannach, lena n-áirítear bia, deochanna, lámhcheardaíocht, lena n-athdhíol nó lena n-úsáid go díreach, ar táirgí iad a dhíorthaítear ó chleachtais inbhuanaithe i limistéir caomhantais, i gcomhaontú leis an eagraíocht atá i gceannas ar bhainistiú an limistéir;
- (g) marsantacht a cheannach ó limistéir caomhantais lena n-athdhíol (nó socruithe tráchtála eile lena ráthaítear go bhfabhróidh an t-ioncam ó dhíol marsantachta chuig an limistéir caomhantais);
- (h) cóipcheart, lena n-áirítear íomhánna nó ainmneacha, a íoc go díreach leis an eagraíocht atá i gceannas ar bhainistiú an limistéir caomhantais;
- (i) tabhartais dheonacha ó thurasóirí a bhailiú ar bhonn rialta le haistriú chuig ciste nó cuntas tiomnaithe arna bhunú ag an eagraíocht atá i gceannas ar limistéir caomhantais a bhainistiú.

1.3. Tá an céatadán (%) ranníocaíochta a shainmhínítear sa chomhaontú conarthach coibhéiseach ar a laghad leis an méid seo a leanas:

- (a) 1 % de láimhdeachas bliantúil bunaíochta cóiríochta aonair do thurasóirí, i gcás nach bhfuil ach aon bhunaíocht amháin san áireamh sa chomhaontú conarthach;

⁽¹⁷⁾ Sainmhínítear 'ceann scríbe turasóireachta' sa chomhthéacs seo mar limistéir geografach a dtugtar cuairt air ina bhfuil tacar acmhainní agus nithe is díol spéise a chuireann Eagraíocht Bainistíochta Ceann Scríbe nó eagraíocht turasóireachta áitiúil, fhonáisiúnta nó náisiúnta chun cinn de ghnáth.

- (b) 0,7 % de láimhdeachas bliantúil bunaíochta cóiríochta aonair do thurasóirí, i gcás inar comhaontú comhchoiteann an comhaontú conarthach nó a choibhéis agus i gcás ina bhfuil grúpa de dhá go deich mbunaíocht san áireamh ann;
- (c) 0,5 % de láimhdeachas bliantúil bunaíochta cóiríochta aonair do thurasóirí, i gcás inar comhaontú comhchoiteann an comhaontú conarthach nó a choibhéis agus i gcás ina bhfuil grúpa de níos mó ná deich mbunaíocht san áireamh ann.

Maidir le ranníocaíochtaí éigeantacha airgeadais a chuirtear i bhfeidhm ar an ngníomhaíocht i gcomhthéacs an chreata rialála náisiúnta nó áitiúil, lena n-áirítear éiceachánacha nó taraifí, ní mheastar iad a bheith ina ranníocaíocht leis an ngníomhaíocht caomhnaithe nó athchóirithe.

2. Plean gníomhaíochta chun rannchuidiú le caomhnú an dúlra

2.1. Leis an ngníomhaíocht, tá plean gníomhaíochta a bhaineann go sonrach leis an tseirbhís turasóireachta nó leis an tairiscint a cuireadh ar fáil forbartha agus curtha i bhfeidhm, ar plean gníomhaíochta é ina sainítear an bealach lenar féidir an ghníomhaíocht a dhéanamh ar bhealach atá comhoiriúnach le cur chun feidhme an phlean bainistíochta nó na hionstraimhe coibhéis den limistéar caomhantais a bhfuil sé beartaithe ag an ngníomhaíocht rannchuidiú leis, agus ar bhealach lena rannchuidítear leis an gcur chun feidhme sin. Áirítear sa phlean gach ceann de na bearta seo a leanas atá ábhartha do chuspóirí caomhnaithe nó athchóirithe an limistéir:

- (a) sraith shoiléir cuspóirí agus gníomhaíochtaí atá dírithe ar thionchair dhiúltacha dhíreacha ar an mbithéagsúlacht a sheachaint nó a íoslaghdú, lena n-áirítear anailís ar acmhainn iompair nó teorainn athraithe inghlactha ⁽¹⁸⁾ an limistéir arna fhorbairt ag an eagraíocht atá i gceannas ar chaomhnú nó athchóiriú an limistéir nó ag oibreoir na gníomhaíochta i gcomhar leis an eagraíocht sin ⁽¹⁹⁾, lena n-áirítear na heilimintí seo a leanas ⁽²⁰⁾:
- (i) maidir le cuairteanna ar láithreáin nádúrtha: damáiste díreach ar éiceachórais nó ar ghnáthoga a sheachaint trí shreafaí agus gluaiseachtaí turasóirí a bhainistiú;
- (ii) maidir le hidirghníomhaíocht leis an bhfiadhúlra:
- díobháil dhíreach agus suaithheadh díreach a sheachaint, ar díobháil í nó ar suaithheadh é a dhéantar trí ghníomhartha díobhálacha amhail ainmhithe a bheathú, uibheacha agus neadacha a scriosadh nó damáiste a dhéanamh dóibh, plandaí nó coiréal a scriosadh nó a bhaint;
 - díobháil indíreach agus suaithheadh indíreach ar speicis ó ghluaiseachtaí áitiúla turasóirí, amhail bruscar, truailliú torainn, plaisteach, ceimiceach nó solais, a sheachaint;
 - tabhairt isteach speiceas coimhthíoch ionrach a chosc agus a sheachaint ⁽²¹⁾;
- (iii) maidir le buaint agus trádáil fiadhúlra ⁽²²⁾: ní dhéantar speicis fiadhúlra faoi chosaint a bhaint, a thomhailt nó a dhíol;

⁽¹⁸⁾ Sainmhínítear an 'acmhainn iompair' mar an líon uasta daoine a d'fhéadfadh cuairt a thabhairt ar cheann scríbe turasóireachta ag an am céanna, gan an timpeallacht fhisiciúil, eacnamaíoch, shoch-chultúrtha a scriosadh agus gan laghdú do-ghlactha ar cháilíocht shástaacht na gcuairteoirí. (UNEP/MAP/PAP, 1997).

⁽¹⁹⁾ Is féidir an acmhainn iompair a fhorbairt freisin mar chuid den Mheasúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol (MTC) nó den scagadh dá dtagraítear i bpointe 4.1.

⁽²⁰⁾ I gcomhréir leis na Critéir Thionscail maidir le hÓstáin ón gComhairle Dhomhanda um Thurasóireacht Inbhuanaithe, (leagan an 27.6.2023: <https://www.gstcouncil.org/gstc-criteria/gstc-industry-criteria-for-hotels/>).

⁽²¹⁾ Déantar tabhairt isteach speiceas coimhthíoch ionrach a chosc nó déantar leathadh na speiceas sin a bhainistiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le tabhairt isteach agus leathadh speiceas coimhthíoch ionrach a chosc agus a bhainistiú (IO L 317, 4.11.2014, lch. 35). Déantar tagairt lasmuigh den Aontas don reachtaíocht náisiúnta agus do Threoir Dheonach Fhorlíontach an Choinbhinsiúin maidir leis an mBithéagsúlacht maidir le Tabhairt Isteach Neamhbheartaithe Speiceas Choimhthíoch Ionrach a Bhaineann le Trádáil in Orgánaigh Bheo a Sheachaint, (leagan an 27.6.2023) ar fáil ag 14/11. Speicis choimhthíocha ionracha (cbd.int).

⁽²²⁾ I gcomhréir le Rialachán (CE) 338/97 ón gComhairle an 9 Nollaig 1996 maidir le speicis fána agus flóra fiáine a chosaint trí thrádáil iontu a rialáil (IO L 61, 3.3.1997, lch. 1) agus Rialachán (CE) Uimh. 865/2006 ón gCoimisiún an 4 Bealtaine 2006 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 338/97 ón gComhairle maidir le speicis fána agus flóra fiáine a chosaint trí thrádáil iontu a rialáil (IO L 166, 19.6.2006, lch. 1), lena gcuirtear chun feidhme an Coinbhinsiúin maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fána agus Flóra Fiáine i mBaol (CITES) laistigh den Aontas. Maidir le gníomhaíocht i dtríú tíortha, i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fána agus Flóra Fiáine i mBaol (CITES).

- (b) i gcás inarb infheidhme, tuairisc ar chomhaontuithe comhpháirtíochta le heintitis bhainistíochta caomhnaithe, le heagraíochtaí neamhrialtasacha áitiúla nó le pobail áitiúla chun rannchuidiú le caomhnú nó le hathbhunú an limistéir a bhfuil sé beartaithe aige rannchuidiú leis;
- (c) plean faisnéise agus feasachta bithéagsúlachta atá nasctha leis na tionchair shonracha a eascraíonn as gníomhaíochtaí turasóireachta ⁽²³⁾;
- (d) creat soiléir chun faireachán agus tomhas leanúnach a dhéanamh ar éifeachtacht an rannchuidithe, lena n-áirítear cur chuige oiriúnaitheach lenar féidir gníomhartha ceartaitheacha a shainaithint, i gcás inar gá.
3. Slabhra Soláthair Inbhuanaithe agus Córas Bainistíochta Comhshaoil
- 3.1. Tá cion cothrom de tháirgí ag an mbunáocht i gcomhréir le dea-chleachtais an mhargaidh (amhail bia agus deochanna, adhmad, lena n-áirítear troscán, páipéar, clár agus táirgí plaisteacha) atá deimhnithe de réir caighdeán chomhshaoil ⁽²⁴⁾. Geallann an bhunáocht feabhas leanúnach a chur ar sciar na dtáirgí atá deimhnithe ag tríú páirtí neamhspleách.
- 3.2. I gcás bunáochtaí cóiríochta ina bhfuil níos mó ná 50 fostaí, comhlíonann an ghníomhaíocht ceann de na critéir seo a leanas:
- (a) tá córas bainistíochta comhshaoil (EMS) ag an mbunáocht lena gceanglaítear deimhniú tríú páirtí, amhail Scéim an Aontais um Bainistíocht agus Iniúchóireacht Comhshaoil (EMAS) ⁽²⁵⁾, ISO 14001:2015 ⁽²⁶⁾ nó a choibhéis, atá ailínithe leis an gcleachtas bainistíochta comhshaoil is fearr agus feidhmíochtaí tagarmhairc amhail Doiciméad Tagartha EMAS d'Earnáil na Turasóireachta ⁽²⁷⁾ nó caighdeán coibhéiseach náisiúnta nó idirnáisiúnta;
- (b) bronnadh Éicilipéad AE ar an mbunáocht le haghaidh cóiríocht do thurasóirí nó Éicilipéad cineál I EN ISO 14024:2018 ⁽²⁸⁾ coibhéiseach nó lipéad deonach coibhéiseach a chomhlíonann ceanglais choibhéiseacha ⁽²⁹⁾.
4. Íoscheanglais
- 4.1. Cuireadh Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaoil (MTC) nó scagadh ⁽³⁰⁾ i gcrích i gcomhréir le Treoir 2011/92/AE ⁽³¹⁾. I gcás ina ndearnadh MTC, cuirtear chun feidhme na bearta maolaithe agus cúiteacha a éilítear chun an comhshaoil a chosaint.

⁽²³⁾ I gcomhréir le hÉicilipéad an AE le haghaidh seirbhísí cóiríochta do thurasóirí, Critéar 26 a: Leis an gcóiríocht do thurasóirí, cuirfear fógraí cumarsáide comhshaoil agus fógraí oideachais comhshaoil ar fáil d'aíonna maidir le bearta áitiúla bithéagsúlachta, tírdhreacha agus caomhnaithe dúlra.

⁽²⁴⁾ Amhail Éicilipéad an AE le haghaidh cóiríocht do thurasóirí, i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2017/175 ón gCoimisiún an 25 Eanáir 2017 lena mbunáitear critéir Éicilipéad an AE le haghaidh cóiríocht do thurasóirí (a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2017) 299) (IO L 28, 2.2.2017, lch. 9), deimhniú orgánach AE le haghaidh bianna agus deochanna i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle (IO L 150, 14.6.2018, lch. 1), an lipéad FSC le haghaidh táirgí adhmaid agus páipéir (leagan an 27.6.2023: <https://fsc.org/en>) nó Rainforest Alliance le haghaidh tráchtairraí áirithe (leagan an 27.6.2023: <https://www.rainforest-alliance.org/for-business/2020-certification-program/>).

⁽²⁵⁾ I gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009.

⁽²⁶⁾ ISO 14001:2015 Córais bainistíochta comhshaoil – Ceanglais le treoir maidir le húsáid.

⁽²⁷⁾ Cinneadh (AE) 2016/611 ón gCoimisiún an 15 Aibreán 2016 maidir leis an doiciméad tagartha ar chleachtas bainistíochta comhshaoil is fearr, ar thascairí feidhmíochta comhshaoil earnála agus ar thagarmharcanna barr feabhais i ndáil leis an earnáil turasóireachta faoi Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 maidir le rannpháirtíocht shaorálach eagraíochtaí i scéim Chomhphobail um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil (EMAS) (a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2016) 2137) (IO L 104, 20.4.2016, lch. 27).

⁽²⁸⁾ ISO 14024:2018 Lipéid agus dearbhuithe comhshaoil – Lipéadú comhshaoil de chineál I – Prionsabail agus nósanna imeachta.

⁽²⁹⁾ Go sonrach, áirítear leis na ceanglais na nithe seo a leanas: cur chuige ilchrítear a leanúint; forbraítear critéir trí phróiseas neamhspleách eolaíocht-bhunaithe, tá siad ar fáil go poiblí agus téann siad thar a bhfuil riachtanach de réir na reachtaíochta; go bhfuil an lipéad bunaithe ar nós imeachta rialaithe neamhchlaonta trí fhíorú tríú páirtí.

⁽³⁰⁾ An nós imeachta trína gcinneann an t-údarás inniúil cé acu a bheidh nó nach mbeidh na tionscadail a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2011/92/AE faoi réir ag measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaoil (dá dtagraítear in Airteagal 4(2) den Treoir sin).

⁽³¹⁾ I gcás gníomhaíochtaí i dtríú tíortha, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta coibhéiseach is infheidhme nó le caighdeán idirnáisiúnta choibhéiseacha is infheidhme a éilíonn go gcuirfí MTC nó scagadh i gcrích, mar shampla, Caighdeán Feidhmíochta 1 na Corparáide Airgeadais Idirnáisiúnta: Measúnú agus Bainistíocht Rioscaí Comhshaoil agus Sóisialta.

Níl éifeachtaí móra ag an ngníomhaíocht ar limistéir faoi chosaint (Láithreáin Oidhreacht Domhanda agus Príomhlimistéir Bhithéagsúlachta Unesco, chomh maith le limistéir eile faoi chosaint seachas láithreáin Natura 2000), ná ar speicis faoi chosaint, bunaithe ar mheasúnú ar a tionchar lena gcuirtear san áireamh an t-eolas is fearr atá ar fáil ⁽³²⁾. Níl an ghníomhaíocht díobhálach d'athchóiriú ná do chothabháil líon na speiceas ná d'athchóiriú ná do chothabháil na gcineálacha gnáthóige a chosnaítear faoin dlí náisiúnta ar stádas caomhantais fabhrach.

San Aontas, i ndáil le láithreáin Natura 2000, níl éifeachtaí suntasacha ag an ngníomhaíocht ar láithreáin Natura 2000 i bhfianaise a gcuspóirí caomhnaithe ar bhonn measúnú iomchuí arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 6(3) de Threoir 92/43/CEE.

San Aontas, in aon limistéar, ní dhéanann an ghníomhaíocht dochar d'athchóiriú ná do chothabháil líon na speiceas atá faoi chosaint faoi Threoir 92/43/CEE agus Threoir 2009/147/CE agus ar stádas caomhantais fabhrach. Ní dhéantar dochar leis an ngníomhaíocht ach oiread d'athchóiriú ná do chothabháil na gcineálacha gnáthóige atá faoi chosaint faoi Threoir 92/43/CEE ar stádas caomhantais fabhrach.

4.2. Déantar tabhairt isteach speiceas coimhthíoch ionrach a chosc nó déantar leathadh na speiceas sin a bhainistiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1143/2014.

4.3. Ní cheadaítear gníomhaíochtaí áineasa fiaigh agus iascaireachta ach amháin i gcás ina n-áirítear iad go sainráite mar chuid de phlean caomhnaithe nó bainistíochta an limistéir caomhantais arna bhunú ag an eintiteas bainistíochta agus ina ndéantar iad i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta is infheidhme.

5. Iniúchadh

Ag tús na gníomhaíochta agus ar a laghad gach 5 bliana ina dhiaidh sin, is iad na húdaráis náisiúnta inniúla ábhartha a rialaíonn comhlíonadh na gcritéar scagtha teicniúil, nó déanann deimhnitheoir tríú páirtí amhail scéim thiomnaithe deimhnithe nó creidiúnaithe amhlaidh, ar iarratas ó na húdaráis náisiúnta nó ó oibreoir na gníomhaíochta.

Ní bheidh aon choinbhleacht leasa ag an deimhnitheoir neamhspleách tríú páirtí, go háirithe leis an úinéir ná leis an maoinitheoir, agus ní bheidh baint aige le forbairt ná le hoibríocht na gníomhaíochta.

D'fhonn costais a laghdú, féadfar iniúcháireachtaí a dhéanamh i gcomhar le haon iniúcháireacht eile.

Gan dochar suntasach a dhéanamh

(1) Maolú ar an athrú aeráide	Maidir le foirgnimh a tógadh roimh an 31 Nollaig 2020, tá Deimhniú Feidhmíochta Fuinnimh aicme C, ar a laghad, ag an bhfoirgneamh. Mar mhalairt air sin, tá an foirgneamh laistigh den 30 % is airde den stoc foirgneamh náisiúnta nó réigiúnach arna chur in iúl mar Phríomhéileamh Fuinnimh oibríochta agus arna léiriú le fianaise leordhóthanach, lena gcuirtear feidhmíocht na sócmhainne ábhartha i gcomparáid ar a laghad le feidhmíocht an stoic náisiúnta nó réigiúnaigh a tógadh roimh an 31 Nollaig 2020 agus lena ndéantar idirdhealú ar a laghad idir foirgnimh chónaithe agus neamhchónaithe. Maidir le foirgnimh arna dtógáil tar éis an 31 Nollaig 2020, ní mó an Príomhéileamh Fuinnimh ⁽³³⁾ lena sainmhínítear feidhmíocht fuinnimh an fhoirgnimh ag eascairt as an bhfoirgníocht ná an tairseach a leagtar amach le haghaidh na gceanglas d'fhoirgnimh nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh sa rialachán náisiúnta lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2010/31/AE. Deimhnítear an fheidhmíocht fuinnimh trí Dheimhniú Feidhmíochta Fuinnimh.
-------------------------------	--

⁽³²⁾ Le haghaidh gníomhaíochtaí atá suite i dtríú tíortha, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta coibhéiseach is infheidhme nó le caighdeán idirnáisiúnta coibhéiseacha is infheidhme, arb é is aidhm dóibh gnáthóga nádúrtha, fána fiáin agus flóra fiáin a chosaint, agus a éilíonn go ndéantar (1) nós imeachta scagtha lena chinneadh an bhfuil gá, le haghaidh gníomhaíochta ar leith, le measúnú iomchuí ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ann ar ghnáthóga agus speicis faoi chosaint; (2) measúnú cuí den sórt sin i gcás ina gcinntear ón scagadh go bhfuil gá leis, mar shampla, Caighdeán Feidhmíochta 6 na Corparáide Airgeadais Idirnáisiúnta: Caomhnú na Bithéagsúlachta agus Bainistíocht Inbhuanaithe na nAcmhainní Nádúrtha Beo.

⁽³³⁾ An méid ríofa fuinnimh is gá chun freastal ar an éileamh fuinnimh a bhaineann le gnáth-úsáidí fuinnimh foirgnimh, á chur in iúl ag táscaire uimhriúil maidir le húsáid fuinnimh phríomha iomlán i kWh/m² in aghaidh na bliana agus bunaithe ar an modheolaíocht ríomha náisiúnta ábhartha agus mar a léirítear ar an Deimhniú Feidhmíochta Fuinnimh.

	Ní bhaineann an ghníomhaíocht le díghrádú talún a bhfuil stoc ard carbóin aige ⁽³⁴⁾ ná le díghrádú na timpeallachta muirí a bhfuil stoc ard carbóin aici.
(2) Oiriúnú don athrú aeráide	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn A a ghabhann leis an larscríbhinn seo.
(3) Úsáid inbhuanaithe a bhaint as uisce agus acmhainní muirí agus iad a chosaint	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn B a ghabhann leis an larscríbhinn seo.
(4) Aistriú chuig geilleagar ciorclach	An bhunaíocht chóiríochta: (a) ní bhaineann sí aon úsáid as aon cheann de na hítimí a liostaítear i gCuid B d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2019/904 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁵⁾ , ná ní thairgeann sí aon cheann díobh dá haonna; (b) deighleann sí páipéar, miotal, plaisteach, gloine agus bithdhramhaíl ag an bhfoinse i gcás ina bhfuil bailiúchán ar leithligh le haghaidh na n-ábhar sin ar fáil sa limistéar ⁽³⁶⁾ ; (c) tá plean aici chun cur amú bia a chosc ag a bhfuil sprioc chainníochtúil shonrach faoi cheangal ama maidir le cur amú bia a laghdú ⁽³⁷⁾ .
(5) Cosc agus rialú ar thruailliú	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach i bhFoscscríbhinn C a ghabhann leis an larscríbhinn seo. Tá an ghníomhaíocht i gcomhréir le Treoir (AE) 2015/2193 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁸⁾ . Déantar truailliú torainn, plaisteach, solais agus ceimiceach a íoslaghdú.

⁽³⁴⁾ Ciallaíonn 'talamh a bhfuil stoc ard carbóin aige' bogaigh, lena n-áirítear talamh portaigh, agus limistéir foraoise gan bhriseadh de réir bhrí Airteagal 29(4)(a), (b) agus (c) de Threoir (AE) 2018/2001.

⁽³⁵⁾ Treoir (AE) 2019/904 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le héifeachtaí pleananna agus clár áirithe ar an gcomhshaol a mheasúnú (IO L 155, 12.6.2019, lch. 1).

⁽³⁶⁾ Ní gá don bhunaíocht ach na hábhair dá bhfuil an bailiúchán ar leithligh ann a dheighilt ag an bhfoinse.

⁽³⁷⁾ 'Dramhaíl bia' mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe 4a; de Threoir 2008/98/CE.

⁽³⁸⁾ Treoir (AE) 2015/2193 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le hastaíochtaí truaileán áirithe san aer ó ghléasraí dócháin meánmhéide a theorannú (IO L 313, 28.11.2015, lch. 1).

Foscábhinn A

Critéir ghinearálta le haghaidh DNSH maidir le hoiriúnú don athrú aeráide**I. Critéir**

Sainaithníodh na rioscaí fisiceacha aeráide atá ábhartha don ghníomhaíocht ó na cinn a liostaítear sa tábla i Roinn II den Fhoscábhinn seo trí mheasúnú láidir a dhéanamh ar riosca agus ar leochaileacht i leith na haeráide leis na céimeanna seo a leanas:

- (a) scagadh na gníomhaíochta chun a shainaithint cé na rioscaí fisiceacha aeráide ón liosta i Roinn II den larscábhinn seo a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'fheidhmíocht na gníomhaíochta eacnamaíche i rith a saolré ionchasaí;
- (b) i gcás ina measúnaítear go bhfuil an ghníomhaíocht i mbaol i ngeall ar cheann amháin nó níos mó de na rioscaí fisiceacha aeráide a liostaítear i Roinn II den Fhoscábhinn seo, measúnú ar riosca agus ar leochaileacht i leith na haeráide chun measúnú a dhéanamh ar ábharthacht na rioscaí fisiceacha aeráide ar an ngníomhaíocht eacnamaíoch;

- (c) measúnú ar réitigh oiriúnaithe atá in ann an riosca fisiceach aeráide arna shainaithint a laghdú.

Tá an measúnú ar riosca agus ar leochaileacht i leith na haeráide i gcomhréir le scála na gníomhaíochta agus lena saolré ionchasaí, ionas gur fíor an méid seo a leanas dá réir sin:

- (a) maidir le gníomhaíochtaí lena mbaineann saolré ionchasaí níos lú ná 10 mbliana, cuirtear an measúnú chun feidhme, ar a laghad, trí réamh-mheastacháin aeráide a úsáid ar an scála iomchuí is lú;
- (b) maidir leis na gníomhaíochtaí uile eile, cuirtear an measúnú i bhfeidhm agus na réamh-mheastacháin úrscothacha ar an taifeach is airde atá ar fáil á n-úsáid thar an raon cásanna amach anseo atá ann cheana ⁽¹⁾ i gcomhréir le saolré ionchasaí na gníomhaíochta, lena n-áirítear, ar a laghad, cásanna réamh-mheastacháin aeráide 10 mbliana go 30 bliana i gcás infheistíochtaí móra.

Tá na réamh-mheastacháin aeráide agus na measúnuithe tionchair bunaithe ar dhea-chleachtas agus ar threoir atá ar fáil agus tugtar eolaíocht úrscothach maidir le hanailís leochaileachta agus riosca agus modheolaíochtaí gaolmhara san áireamh leo i gcomhréir leis na tuarascálacha is déanaí ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide ⁽²⁾, le foilseacháin eolaíochta phiarmheasúnaithe agus le samhlacha foinse oscailte ⁽³⁾ nó le samhlacha íocaíochta.

I gcás gníomhaíochtaí atá ann cheana agus gníomhaíochtaí nua ina n-úsáidtear sócmhainní fisiciúla atá ann cheana, cuireann an t-oibreoir eacnamaíoch réitigh fhisiceacha agus neamhfhisiceacha ('réitigh oiriúnaithe') chun feidhme thar thréimhse suas le 5 bliana, lena laghdaítear na rioscaí fisiceacha aeráide is tábhachtaí a shainaithnítear agus atá ábhartha don ghníomhaíocht sin. Dréachtaítear plean oiriúnaithe le haghaidh chur chun feidhme na réiteach sin dá réir sin.

Maidir le gníomhaíochtaí nua agus gníomhaíochtaí atá ann cheana ina n-úsáidtear sócmhainní fisiceacha nua-thógtha, comhtháthaíonn an t-oibreoir eacnamaíoch na réitigh oiriúnaithe lena laghdaítear na rioscaí fisiceacha aeráide is tábhachtaí a shainaithnítear agus atá ábhartha don ghníomhaíocht sin tráth an deartha agus na tógála agus cuireann sé chun feidhme iad sula gcuirtear tús leis na hoibríochtaí.

Ní bhíonn tionchar diúltach ag na réitigh oiriúnaithe a chuirtear i bhfeidhm ar na hiarrachtaí oiriúnaithe ná ar leibhéal na hathléimneachta in aghaidh rioscaí fisiceacha aeráide ó dhaoine eile, ón dúlra, ón oidhreacht chultúrtha, ó shócmhainní agus ó gníomhaíochtaí eacnamaíocha eile; tá siad comhsheasmhach le hiarrachtaí oiriúnaithe áitiúla, eanála, réigiúnacha nó náisiúnta; agus féachaint an bhféadfaí réitigh dhúlra bhunaithe ⁽⁴⁾ a úsáid nó brath ar bhonneagar gorm nó glas ⁽⁵⁾ a mhéid is féidir.

⁽¹⁾ Áirítear le cásanna amach anseo conairí tiúchana ionadaíochta RCP2.6, RCP4.5, RCP6.0 agus RCP8.5 den Phainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide.

⁽²⁾ Tuarascálacha Measúnachta ar an Athrú Aeráide: Tionchair, Oiriúnú agus Leochaileacht, a fhoilsíonn an Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) go tréimhsiúil, comhlacht na Náisiún Aontaithe atá freagrach as measúnú a dhéanamh ar an eolaíocht a bhaineann leis an athrú aeráide, <https://www.ipcc.ch/reports/>.

⁽³⁾ Amhail seirbhísí Copernicus arna mbainistiú ag an gCoimisiún Eorpach.

⁽⁴⁾ Sainmhínítear réitigh dhúlra bhunaithe mar 'réitigh arb é an nádúr atá ina inspioráid dóibh agus arb é an nádúr is crann taca dóibh, atá costéifeachtach agus lena dtugtar tairbhí comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha i gcomhthráth agus lena gcothaítear athléimneacht. Leis na réitigh sin, tugtar níos mó gnéithe agus próisis, ar gnéithe agus próisis níos éagsúla, níos nádúrtha agus a bhaineann leis an dúlra iad, isteach i gcathracha, tírdhreacha agus muirdhreacha, trí idirghabhálacha atá oiriúnaithe go háitiúil, tíosach ar acmhainní agus córasach'. Dá bhrí sin, tairbhíonn réitigh dhúlra bhunaithe don bhithéagsúlacht agus tacaíonn siad le raon seirbhísí éiceachórais a sheachadadh. (leagan an 27.6.2023): <https://ec.europa.eu/research/environment/index.cfm?pg=nbs>.

⁽⁵⁾ Féach an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Bonneagar Glas (GI) – Caipiteal Nádúrtha na hEorpa a Mhéadú (COM(2013) 249 final).

II. Guaiseacha a bhaineann leis an aeráid a aicmiú ⁽⁶⁾

	Guaiseacha a bhaineann le teocht	Guaiseacha a bhaineann le gaoth	Guaiseacha a bhaineann le huisce	Guaiseacha a bhaineann le mais sholadach
Ainsealach	Athrú teochta (aer, fionnuisce, uisce mara)	Athrú i bpátrúin ghaoithe	Athrú i bpátrúin agus i gcineáil frasaíochta (báisteach, clocha sneachta, sneachta/leac oighir)	Creimeadh cósta
	Strus teirmeach		Inathraitheacht frasaíochta nó hidreolaíoch	Díghrádú ithreach
	Inathraitheacht teochta		Aigéadú na n-aigéan	Creimeadh ithreach
	Talamh síorshioctha ag leá		Ionsá salanda	Sreabhadh ithreach
			Ardú ar leibhéal na farraige	
			Strus maidir le huisce	
Géar	Tonn teasa	Cioclón, hairicín, tíofún	Triomach	Maidhm shneachta
	Tonn fuachta/sioc	Stoirm (lena n-áirítear síobadh sneachta, stoirmeacha deannaigh agus stoirmeacha gainimh)	Frasaíocht throm (báisteach, clocha sneachta, sneachta/leac oighir)	Maidhm shléibhe
	Falscaí	Tornádó	Tuile (chósta, srutha, bháistiúil, screamhuisce)	Turnamh
			Ráig locha oighrigh	

⁽⁶⁾ Níl an liosta de ghuaiseacha a bhaineann leis an aeráid sa tábla seo iomlán, agus ní chuimsítear ann ach liosta táscach de na guaiseacha is forleithne atá le cur san áireamh mar íosmhéid sa mheasúnú ar riosca agus leochaileacht aeráide.

Foscúibhinn B

Critéir ghinearálta le haghaidh DNSH maidir le húsáid inbhuanaithe a bhaint as uisce agus acmhainní mara agus iad a chosaint

Sainithnítear rioscaí díghrádaithe comhshaoil a bhaineann le cáilíocht an uisce a chosaint agus strus maidir le huisce a sheachaint agus tugtar aghaidh ar na rioscaí sin agus é mar aidhm leis stádas maith uisce agus acmhainn maith éiceolaíoch a bhaint amach mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointí (22) agus (23), de Rialachán (AE) 2020/852, i gcomhréir le Treoir 2000/60/CE ⁽¹⁾ agus plean bainistíochta úsáide agus cosanta uisce, a fhorbraítear fúthu don dobharlach nó do na dobharlaigh a ndéantar difear dó nó dóibh, i gcomhairle le páirtithe leasmhara ábhartha.

I gcás ina ndéantar Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaoil i gcomhréir le Treoir 2011/92/AE agus i gcás ina bhfuil measúnú ar an tionchar ar an uisce san áireamh sa mheasúnú sin i gcomhréir le Treoir 2000/60/CE, ní éilítear aon mheasúnú breise ar thionchar ar an uisce, ar choinníoll gur tugadh aghaidh ar na rioscaí a sainithníodh.

Leis an ngníomhaíocht, ní chuirtear isteach ar bhaint amach stádais mhaith comhshaoil ag uiscí mara ná ní thagann meath léi ar uiscí mara a bhfuil stádas maith comhshaoil acu cheana féin mar a shainmhínítear i bpointe 5 d'Airteagal 3 de Threoir 2008/56/CE ⁽²⁾, agus Cinneadh (AE) 2017/848 ón gCoimisiún á chur san áireamh i ndáil leis na critéir ábhartha agus na caighdeáin mhodheolaíochta ábhartha do na tuairisceoirí sin.

⁽¹⁾ Maidir le gníomhaíochtaí i dtríú tíortha, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó na caighdeán idirnáisiúnta is infheidhme lena saothraítear cuspoirí coibhéiseacha stádais mhaith uisce agus acmhainne maithe éiceolaíche, trí rialacha coibhéiseacha nós imeachta agus substainteacha, i.e. plean bainistíochta úsáide agus cosanta uisce arna fhorbairt i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara ábhartha lena n-áiríthítear 1) go ndéantar measúnú ar thionchar na ngníomhaíochtaí ar stádas sainaitheanta nó acmhainn éiceolaíoch an dobharlaigh nó na ndobharlach uisce a bhféadfaí difear a dhéanamh dó nó dóibh agus 2) go seachnaítear meathlú nó cosc ar stádas maith/acmhainn éiceolaíoch nó, i gcás nach féidir sin a dhéanamh, 3) go bhfuil údar leis an ngníomhaíocht mar gheall ar easpa roghanna malartacha comhshaoil níos fearr nach bhfuil costasach go díréireach/dodhéanta go teicniúil, agus go nglactar gach beart praiticiúil chun an drochthionchar ar stádas an dobharlaigh a mhaolú.

⁽²⁾ Foráiltear leis an sainmhíniú a leagtar síos i bpointe 5 d'Airteagal 3 de Threoir 2008/56/CE go háirithe go bhfuil stádas maith comhshaoil le cinneadh ar bhonn na dtuairisceoirí cáilíochtúla a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin.

Foscúbhinn C

Critéir ghinearálta le haghaidh DNSH maidir le truailliú a chosc agus a rialú i dtaca le húsáid agus láithreach ceimiceán

Ní dhéantar na nithe seo a leanas a mhonarú, a chur ar an margadh ná a úsáid mar thoradh ar an ngníomhaíocht:

- (a) substaintí, bídis leo féin, i meascáin nó in earraí, a liostaítear in Iarscríbhinní I nó II a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021, ach amháin i gcás substaintí atá i láthair mar rian-éilleán neamhbheartaithe;
- (b) mearcair agus comhdhúil mhearcair, a meascáin agus táirgí ar cuireadh mearcair leo mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2017/852;
- (c) substaintí, bídis leo féin, i meascán nó in earraí, a liostaítear in Iarscríbhinní I nó II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1005/2009;
- (d) substaintí, bídis leo féin, i meascáin nó in earraí, a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2011/65/AE, ach amháin i gcás ina bhfuil comhlíontacht iomlán le hAirteagal 4(1) den Treoir sin;
- (e) substaintí, bídis leo féin, i meascáin nó in earraí, a liostaítear in Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) 1907/2006, ach amháin i gcás ina bhfuil comhlíontacht iomlán leis na coinníollacha a shonraítear san Iarscríbhinn sin;
- (f) substaintí, bídis leo féin, nó i meascáin nó in earraí, i dtiúchan is mó ná 0,1 % meáchan de réir meáchain (w/w), agus a chomhlíonann na critéir a leagtar síos in Airteagal 57 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 agus a sainaithníodh i gcomhréir le hAirteagal 59(1) den Rialachán sin ar feadh tréimhse 18 mí ar a laghad, seachas i gcás ina léirítear le measúnú agus doiciméadú ag na hoibreoirí nach bhfuil aon substaint nó teicneolaíocht mhalartach oiriúnach eile ar fáil ar an margadh, agus go n-úsáidtear iad faoi dhálaí rialaithe ⁽¹⁾.

Ina theannta sin, ní bheidh mar thoradh ar an ngníomhaíocht go monarófar substaintí eile, go mbeidh siad sa táirge deiridh nó san aschur deiridh, nó go gcuirfeadh ar an margadh iad, bíodh na substaintí sin leo féin, nó i meascáin nó in earraí, i dtiúchan is mó ná 0,1 % meáchan de réir meáchain (w/w), ar substaintí iad a chomhlíonann critéir Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 le haghaidh ceann de na haicmí guaise nó de na catagóirí guaise a luaitear in Airteagal 57 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, seachas i gcás ina léirítear le measúnú agus doiciméadú ag na hoibreoirí nach bhfuil aon substaint nó teicneolaíocht mhalartach oiriúnach eile ar fáil ar an margadh, agus go n-úsáidtear iad faoi dhálaí rialaithe ⁽²⁾.

⁽¹⁾ Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na heisceachtaí ón toirmeasc ar mhonarú, ar chur ar an margadh nó ar úsáid na substaintí dá dtagraítear i bpointe (f) a luaitear a bheidh prionsabail chothrománacha foilsithe aige maidir le húsáid riachtanach ceimiceán.

⁽²⁾ Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na heisceachtaí ón toirmeasc ar mhonarú, láithreach sa táirge deiridh nó san aschur deiridh, nó cur ar an margadh na substaintí dá dtagraítear sa mhír seo a luaitear a bheidh prionsabail chothrománacha foilsithe aige maidir le húsáid riachtanach ceimiceán.

IARSCRÍBHINN V

**Leasuithe ar Iarscríbhinní I, II, III, IV, V, VII, IX agus X a ghabhann le Rialachán Tarmligthe
(AE) 2021/2178**

- (1) Leasaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:
- (a) i Roinn 1.1.2.2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an chúigiú mír:
- ‘Beidh san uimhreoir an chuid de CapEx dá dtagraítear sa chéad mhír den phointe seo a rannchuidíonn go substaintiúil le haon cheann de na cuspóirí comhshaoil. Déanfar foráil san uimhreoir maidir le miondealú don chuid de CapEx a leithdháiltear do rannchuidiú substaintiúil do gach cuspóir comhshaoil.’;
